Energy for generations

# FUINNEAMH LE MAIREACHTÁIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2015

esb.ie



# FUINNEAMH LE MAIREACHTÁIL

Ó bunaíodh an ESB in 1927, tá fuinneamh á chur ar fáil aige do na himeachtaí saoil siúd, idir bheag agus mhór, idir shuntasach agus gnách, ina mbíonn tionchar níos fearr ar shaol na ndaoine mar thoradh ar an leictreachas. Baintear é sin amach ní amháin trí bhonneagar ríthábhachtach fuinnimh a sholáthar, ach tríd an ionchur atá ag an ESB freisin sa gheilleagar i bhfoirm infheistíochta, cánacha, díbhinní agus fostaíocht. Ina theannta sin, tá an ESB tiomanta do ról iomlán a imirt sa tsochaí trína iompar freagrach i ndáil leis an gcaoi a dhéanann sé a ghnó, ag obair i dtreo todhchaí ísealcharbóin agus ag tacú leis na pobail ina n-oibríonn sé.

**MAIDIR LEIS AN ESB:** **Bunaíodh an ESB sa bhliain 1927 mar chomhlacht corparáideach i bPoblacht na hÉireann faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Baineann 95% den ESB le Rialtas na hÉireann, atá mar sin ina úinéir tromlaigh. Baineann an 5% eile le hIontaobhas an Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP). Mar fhóntas láidir, éagsúlaithe, atá comhtháite go hingearach, oibríonn an ESB ar fud an mhargaidh leictreachais: idir ghiniúint, tharchur, dháileadh agus sholáthar do chustaiméirí. Lena chois sin, bainimid breisluach ag pointí áirithe feadh an tslabhra seo: ag soláthar gáis, ag úsáid ár ngréasán chun snáth a iompar ar mhaithe le teileachumarsáid agus tuilleadh. Príomhfhóntas Éireannach is ea an ESB, a bhfuil bonn sócmhainní rialaithe (RAB) aige tuairim is €9 billiún, 49% de ghiniúint an mhargaidh uile-oileáin agus muid an soláthraí leictreachais do thart ar 1.5 milliún custaiméir ar fud oileán na hÉireann. Leanfaidh an ESB leis an bhfás ar scála a ghnóthaí giniúna, trádála agus soláthair ionas go mbeidh sé in ann dul san iomaíocht laistigh den timpeallacht iomaíoch uile-oileán seo. Tá an ESB dírithe ar sheirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dá chustaiméirí agus ar a neart airgeadais a choimeád. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí tuairim is 7,300 duine fostaithe ag ESB Group.**

# CLÁR ÁBHAR


## 01 CAIBIDIL 1 - STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT 2

**Forbhreathnú Gnó** **2**
Ráiteas an Chathaoirligh 4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 6
Sracfhéachaint ar an ESB 8
Buaicphointí 9

**Samhail Ghnó, Tuarascáil Riosca agus Straitéis** **10**
Samhail Ghnó 12
Tuarascáil Riosca 14
Straitéis 20

**Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais** **24**
An Fhoireann Feidhmiúcháin 26
Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin 2015 28
Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIs) 32
Athbhreithniú Airgeadais 34
Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) 40
ESB Networks 42
Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) 44
Electric Ireland 46
Nuáil 48

**Freagracht Shóisialta Chorparáideach** **50**
Forbhreathnú 52
Sábháilteacht 53
Daoine 54
Inbhuanaitheacht 56
Úsáid Fuinnimh in 2015 58
Freagracht Chorparáideach 59
Ár mBrabús a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe 60

## 02 CAIBIDIL 2 - RIALACHAS CORPARÁIDEACH 62

An Bord in 2015 64
Coistí an Bhoird in 2015 66
Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach 68
Tuarascáil an Bhoird maidir le Rialachas 69
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 77
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 83


## 03 CAIBIDIL 3 - RÁITIS AIRGEADAIS 84

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird 87
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (an ESB) 88
Ráitis Airgeadais 91
An tAcht um Íoc Pras 166
Gluais 167




# NA FIRICÍ & NA FIGIÚIRÍ IS TÁBHACHTAÍ

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN 2015***





**EBITDA 2015***





*Roimh mhíreanna eisceachtúla. Amharc ar an Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 34.*


**IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ 2015**





**GLANFHIACHAS 2015**




**GINIÚINT**
Sciar den mhargadh uile-oileáin




**SOLÁTHAR**
Sciar den mhargadh uile-oileáin







# FUINNEAMH CHUN TAISCÉALAÍOCHT

# 01

## STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

### FORBHREATHNÚ GNÓ


Ráiteas an Chathaoirligh 4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 6
Sracfhéachaint ar ESB 8
Buaicphointí 9

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



**Ellvena Graham, Cathaoirleach**

> “Tá earnáil an fhuinnimh i mbun athraithe, faoi thionchar teicneolaíochta nua agus an gá atá ann cuspóirí maidir le hinacmhainneacht fuinnimh, slándáil fuinnimh agus dícharbónú a chothromú. Tá cinntí fadtéarmacha infheistíochta á ndéanamh againn, agus muid ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí atá níos casta agus níos éiginnte ná riamh”

## FORLÉARGAS

Is ábhar mór áthais agus onóra dom cathaoirleacht a dhéanamh ar ESB. Tá ESB ag tacú le fás agus forbairt in Éirinn agus ar fud an domhain le fada an lá. Chuige sin, ní hamháin go soláthraíonn ESB infreastruchtúr criticiúil fuinnimh, ach bíonn sé tiomanta dá chustaiméirí, déanann sé a chion ar son an gheilleagair agus bíonn ról iomlán dearfach aige sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Le deich mbliana anuas, tá beagnach €1.5 billiún íoctha i ndíbhinní ag ESB le státchiste na hÉireann.

Bhí torthaí maithe ag ESB in 2015, rinneadh brabús €286 mhilliún i ndiaidh cánach agus toradh ar chaipiteal in úsáid de 6.5%. Chuaigh feidhmthréimhse fheabhsaithe na monarchan giniúna chun sochair na mbrabús. Ach b'éigean sócmhainní giniúna a lagú; Corby Power Limited mar gheall ar bhrú leanúnach ar phraghsanna leictreachais mórdhíola sa Ríocht Aontaithe agus Coolkeeragh ESB Limited de bharr laghdú ar líon na monarchana ar mhargadh fuinnimh na hÉireann.

Tá an iomaíocht ag éirí níos géire i gcónaí sna margaí giniúna agus soláthair araon. In 2015, ghin ESB 49% den leictreachas a táirgeadh sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus sholáthair sé 38% den mhargadh leictreachais in Éirinn. Ar mhaithe lena sciar den mhargadh agus dílseacht na gcustaiméirí a choimeád, thug ESB tairiscintí nua custaiméirlárnacha isteach ar nós táirgí níos cliste íoc mar a úsáidtear agus tá seirbhísí eile dá leithéid á sheolfar in 2016 á dtástáil aige.

## STRAITÉIS ESB GROUP

D'ainneoin na cobhsaíochta réasúnta a choncthas in 2015, tá beagnach gach cuid den slabhra breisluacha leictreachais á athrú ó bhonn leis na hathruithe ar an tírdhreach fuinnimh. Tá ESB ag freagairt le hinfheistíocht nach beag sa nuálaíocht lena bheith tábhachtach i gcónaí agus freagrach ar riachtanais a gcustaiméirí.

Tá ESB aireach ar an bhfreagracht atá air chun réitigh a aimsiú ar na dúshláin a bhaineann leis an tionscal ar nós slándáil fuinnimh agus athrú aeráide. Tosaíocht is ea dícharbónú an chórais fuinnimh ar an gcostas is lú agus is féidir don chustaiméir. Le linn 2015, lean ESB leis ag cur lena bpunann acmhainní giniúna in-athnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe ar an gcladach in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Chuaigh ESB i gcomhfhiontair le Banc Infheistíochta Glas na Ríochta Aontaithe chun monarcha bithmhaise a fhorbairt ar bhruach thuaidh an Thames in Essex, agus le Kingspan chun seirbhís fhótavoltach ghréine a sheoladh, i dTuaisceart Éireann go háirithe. Forbairt an líonra leictreachais in Lean Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éirinn orthu ag infheistiú i rith na bliana, agus rinneadh infheistíocht €629 milliún ar fud oileán na hÉireann ar an iomlán.

Baineadh amach sprioc thábhachtach in 2015 nuair a seoladh SIRO, comhfhiontar le Vodafone, chun leathanbhanda 1 ghigibheart in aghaidh an tsoicind (Gbps) a chur ar fáil do 500,000 custaiméir i gcaoga baile ar fud na hÉireann tríd ár líonra dáileacháin. Tá an t-imlonnú sin ar an gcéad cheann den chineál sin san Eoraip.

## DÍBHINNÍ

D'íoc ESB díbhinn idirthréimhseach de €48 milliún i nDeireadh Fómhair 2015. Mhol an Bord íocaíocht dheiridh díbhinní de €31 mhilliún, sin €79 milliún de dhíbhinní iomlána in 2015 agus beagnach €1.5 billiún don deich mbliana seo caite.

## RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta chun an caighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach chun rioscaí a bhainistiú agus fás a spreagadh sa Ghrúpa. Chuir ESB na bearta cuí i bhfeidhm chun an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh, arb é an chreat comhaontaithe Rialtais do rialachas éifeachtach na gComhlachtaí Stáit é. Ina theannta sin, ar bhonn saorálach, déanann ESB an Cód maidir le Rialachas Corparáideach de chuid na Ríochta Aontaithe agus an Iarscríbhinn maidir le Rialachas Corparáideach in Éirinn a chomhlíonadh.

Ceapadh Andrew Hastings agus Peter O'Sullivan ar an mBord i mbliana.


## SÁBHÁILTEACHT

In 2015, lean ESB air ag cur chun feidhme moltaí an athbhreithnithe neamhspleách maidir le sábháilteacht a rinneadh in 2014 lena chinntiú go bhfuil cultúr cuí sábháilteachta i bhfeidhm ar gach leibhéal den eagraíocht.

## DAOINE

Tá Éire ar ceann de na fiche tír is fearr ar domhan ó thaobh iontaofacht an tsoláthair leictreachais. Tá iarrachtaí, tionscnaimh agus tiomantas fostaithe ESB mar bhonn agus mar thaca le cumas ESB ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil dá chustaiméirí. Is mian liom buíochas a ghabháil leo, go háirithe na fostaithe ar an líne thosaigh, a léirigh díograis le linn na stoirmeacha le déanaí, agus a bhfuil ardmholadh tuilte acu.

**DÍBHINNÍ 2006 – 2015**





## IONCHAS

Tá earnáil an fhuinnimh i mbun athraithe, faoi thionchar teicneolaíochta nua agus an gá atá ann cuspóirí maidir le hinacmhainneacht fuinnimh, slándáil fuinnimh agus dícharbónú a chothromú. Tá cinntí fadtéarmacha infheistíochta á ndéanamh againn, agus muid ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí atá níos casta agus níos éiginnte ná riamh. Fós féin, tá muinín agam gurb é Straitéis ESB Group go dtí 2025, dírithe ar nuálaíocht inbhuanaithe chun réimse leathan teicneolaíochtaí giniúna íseal charbóin agus líonraí forbartha a sholáthar, agus béim á leagan i gcónaí ar éifeachtúlacht costais, an cur chuige ceart do ESB, lena gcinnteofar go mbeimid ar thús cadhnaíochta san earnáil fuinnimh don mhargadh uile-oileáin.

## CONCLÚID

De réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927–2004, cuireann an Bord an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i láthair.



Ellvena Graham, Cathaoirleach
24 Feabhra, 2016

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

PAT O'DOHERTY, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

## FEIDHMÍOCHT

Ar an iomlán, bhain ESB torthaí maithe amach i ngach réimse dá ghnó in 2015. Chuaigh feidhmthréimhse fheabhsaithe na monarchan giniúna ó 86% in 2014 go 92% in 2015 chun socair na mbrabús. I ngeall ar an mbrú atá ar phraghsanna mórdhíola leictreachais sa Bhreatain Mhór agus rith laghdaithe monarchana gáis sa mhargadh Éireannach, shocraíomar athbhreithniú lagaithe a dhéanamh ar chuid dár sócmhainní giniúna. De thoradh an athbhreithnithe sin, thabhaíomar muirear lagaithe de €104 mhilliún i dtaca le dhá shócmhainn; Corby Power Limited (€58 milliún) agus Coolkeeragh ESB Limited (€46 mhilliún). Leanamar orainn ag infheistiú in infreastruchtúr criticiúil i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear giniúint ísealcharbóin nua agus uasghrádú ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin. D'íocamar €273 mhilliún i ndíbhinní lenár scairshealbhóirí, lena n-áirítear an tráthchuid dheiridh den díbhinn speisialta (€214 mhilliún).

## BUAICPHOINTÍ 2015

In 2015, rinneadh dul chun cinn ar Straitéis ESB Group i ngach cuid dá ghnó. Sna margaí giniúna agus mórdhíola, rinneadh dul chun cinn maith ar fhorbairt sócmhainní giniúna nua, lena n-áirítear críochnú Woodhouse, feirm ghaoithe 20 MW; dul chun cinn ar thógáil Carrington, ár stáisiún cumhachta gáis 881 MW in aice Mhainchain; agus tús a chur le hobair thógála ar roinnt tionscadal in-athnuaite eile, lena n-áirítear fuinneamh bithmhaise, gaoithe agus gréine. D'infheistigh ESB Networks €494 mhilliún chun forbairt a dhéanamh ar infreastruchtúr an líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh comóradh ar dhaichead bliain ESB International in 2015. Le linn na tréimhse sin, ní hamháin gur chabhair sé le tíortha ar fud an domhain caighdeán agus iontaofacht an tsoláthair leictreachais a fheabhsú, ach chuir sé ar chumas ESB teacht ar dhaoine cumasacha i réimse na hinnealtóireachta.

> "Is maith is eol dúinn gur ceist thábhachtach do chuid mhór dár gcustaiméirí é inacmhainneacht fuinnimh. Don dara bliain as a chéile, chuireamar laghdú 2% i bhfeidhm ar phraghsanna leictreachais sular tháinig ardú ar an éileamh sa gheimhreadh, an uair is mó a dteastaíonn sé ó chustaiméirí."

Cuireadh tús le gníomhaíochtaí SIRO, comhfhiontar ESB agus Vodafone, ag cur snáth-leathanbhanda ar fáil do chustaiméirí ar fud na hÉireann, a úsáideann líonra leictreachais ísealvoltais.

## INFHEISTIÚ I DTODHCHAÍ ÍSEALCHARBÓIN

Tá ESB ag ullmhú i gcomhair tírdhreach dícharbónaithe fuinnimh trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua in-athnuaite, ar nós gaoth ar an gcladach agus fuinneamh fótavoltach gréine, agus líonra níos cliste a fhorbairt atá in ann tacú le giniúint dháilte eatramhach. Beidh sciar níos mó den fhlít giniúna comhdhéanta de theicneolaíochtaí in-athnuaite sna blianta amach romhainn. Beidh cúltaca ag teastáil fós ó ghiniúint thraidisiúnta go ceann tamall fada, agus muid ag bogadh chuig todhchaí ísealcharbóin, chun inacmhainneacht a chinntiú agus seachadadh intuartha a chur ar fáil agus eadrannacht a chúiteamh agus a éascú.

## FÓCAS AR INACMHAINNEACHT

Ceist thábhachtach is ea inacmhainneacht fuinnimh do chuid mhór dár gcustaiméirí. Don dara bliain as a chéile, chuir Electric Ireland laghdú 2% i bhfeidhm ar phraghsanna leictreachais sular tháinig ardú ar an éileamh sa gheimhreadh, an uair is mó a dteastaíonn sé ó chustaiméirí. Ón 1 Eanáir 2016 i leith, chuireamar laghdú de 2.5% i bhfeidhm ar phraghsanna gáis do chustaiméirí cónaithe agus gnó FBM. Ina theannta sin, tá foireann speisialtóirí bunaithe ag Electric Ireland chun seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil fadhbanna inacmhainneachta breosla acu, ar nós pleananna íocaíochta oiriúnaithe agus táirgí íoc mar a úsáidtear atá níos cliste. Tháinig laghdú ar líon na gcustaiméirí a dícheanglaíodh ón líonra in 2015 – níos lú ná 30 custaiméir in aghaidh 10,000 a dícheanglaíodh.

## RÉITIGH IOMAÍOCHA, DÍRITHE AR AN GCUSTAIMÉIR

An bhliain seo, leanamar de tháirgí agus seirbhísí iomaíocha nuálacha a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus bhíomar ar an gcéad soláthraí a chuir táirge níos cliste íoc mar a úsáidtear ar fáil. Chuamar isteach sa mhargadh leictreachais intíre i dTuaisceart Éireann, agus tá sciar den mhargadh uile-oileáin de 38% againn i gcónaí. Ba é Electric Ireland an soláthraí a fuair an rátáil sástachta custaiméirí is airde i measc na soláthraithe go léir in 2015, a thuairisc an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh.

## TIONCHAR PRAGHSANNA OLA AGUS GÁIS ATÁ AG TITIM

Chuir Electric Ireland laghdú 4% agus 5% faoi seach i bhfeidhm ar phraghsanna leictreachais agus gáis do chustaiméirí cónaithe le dhá bhliain anuas. Táimid tiomanta go rachaidh na laghduithe sin ar phraghsanna mórdhíola chun socair ár gcustaiméirí. De ghnáth, cosnaíonn soláthraithe fuinnimh costais bhreosla mhórdhíola roimh ré chun praghsanna a shocrú do chustaiméirí agus dá bhrí sin, ní bhíonn ceangal díreach idir athruithe ar chostais bhreosla agus praghsanna fuinnimh do chustaiméirí, ach tiocfaidh athruithe ar phraghsanna breosla i bhfeidhm ar phraghsanna fuinnimh do chustaiméirí le himeacht ama. Cuimsíonn an breosla níos lú ná 30% den chostas iomlán a bhaineann le leictreachas a sholáthar don chustaiméir cónaithe. Ní dhéanfaidh Electric Ireland brabús as aon laghdú ar chostais mhórdhíola – má thagann tuilleadh laghdaithe ar phraghsanna, is iad na custaiméirí a bhainfidh tairbhe as.

## INFHEISTIÚ I SCILEANNA

Sheol ESB dhá mhórfheachtas earcaíochta in 2015; clár do chéimithe agus clár do phrintísigh. Leis na daoine a earcaíodh do na cláir seo, agus an infheistíocht leanúnach in oiliúint agus forbairt fostaithe, féadfaimid scileanna criticiúla a fháil agus a chothú don todhchaí agus fás a éascú.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**€873 milliún**

## AN TSÁBHÁILTEACHT INA BUNLUACH

Is croíluach de chuid ESB é an tsábháilteacht agus tugtar tús áite i gcónaí do shábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí, na gcustaiméirí agus an phobail. Agus mé i mo Phríomhfheidhmeannach, is ormsa atá an cúram foriomlán chun sláinte agus sábháilteacht san ESB a bhainistiú. Ón mbarr aníos, glacann an fhoireann ardbhainistíochta agus as sin gach bainisteoir, maor, ceannaire foirne agus, ar deireadh, gach ball foirne le ceannaireacht a thabhairt i leith na sábháilteachta. Ach níl sa cheannaireacht sábháilteachta ach cuid amháin dár straitéis sábháilteachta; tá tionscnaimh um rannpháirtíocht, comhlíonadh agus iniúlacht i gceist chomh maith.

## RÓL ESB CHUN AIBHNEACHA A BHAINISTIÚ

Feidhmíonn ESB stáisiúin chumhachta hidrileictreacha ar aibhneacha na Sionainne, na Life, na Laoi, na hÉirne agus Doire na Mainséar. Bunaíodh gach ceann de na scéimeanna faoi reachtaíocht, lena leagtar dualgas ar ESB na stáisiúin chumhachta hidrileictreacha agus na taiscumair, dambaí agus claífoirt agus talaimh lena mbaineann a oibriú agus a chothabháil chun leictreachas a ghiniúint. Agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích, téann ESB i gcomhairle le geallsealbhóirí eile a bhfuil dualgais shonracha orthu nó leasanna i dtaobh bainistíocht nó úsáid na n-aibhneacha sin.

Le linn Nollaig 2015, chuir na haibhneacha sin go léir thar bruach de bharr tréimhse fhada báistí os cionn an mheáin ar fud na hÉireann, agus go háirithe, dhá thréimhse báistí troime tar éis na stoirmeacha Desmond agus Frank. Le linn na tréimhse sin, rinne ESB a dhícheall ar son údarás áitiúil agus geallsealbhóirí. Ar leibhéal náisiúnta, d'fhreastail ESB ar ghrúpa náisiúnta comhordúcháin an rialtais gach lá.

## AG TACÚ LEIS AN BPOBAL

Le deich mbliana anuas, bhronn ESB níos mó ná €10 milliún ar thionscadail phobalbhunaithe i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann sna réimsí féinmharú a chosc, oideachas agus easpa dídine tríd an gCiste Fuinnimh do na Glúnta. Tá an ciste ar aon dul leis na spriocanna náisiúnta beartais, agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do na heagraíochtaí, tugaimid spreagadh dár bhfostaithe páirt a ghlacadh trí chláir dheonacha. Ina theannta sin, déanfaimid infheistíocht sa phobal trí urraíocht a thabhairt chun an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic a chur chun cinn, chomh maith leis an spórt, na healaíona agus tionscnaimh chultúrtha.

> **2%**
> Chuireamar laghdú 2% i bhfeidhm ar phraghsanna leictreachais chónaithe i gcaitheamh na bliana.


## AG BREATHNÚ CHUN CINN

Ag breathnú chun cinn, feictear dom go dtiocfaidh a thuilleadh athruithe ar an tionscal le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus teacht isteach rannpháirtithe neamhthraidisiúnta sa mhargadh. Ar an taobh réamhtheachtach, tiocfaidh tuilleadh forbairtí ar ghiniúint ísealcharbóin, agus ar an taobh iartheachtach, tiocfaidh táirgí agus seirbhísí nua as an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san eangach chliste. Is mian le ESB comhoibriú a dhéanamh aon uair is féidir chun borradh a chur faoin nuálaíocht i ngach réimse dár ngnó, mar a léiríonn na comhpháirtíochtaí is déanaí le Vodafone, Kingspan, Coillte Teoranta agus an Green Investment Bank. Sna blianta le teacht, beidh dúshláin mhóra roimh ESB mar thoradh ar thabhairt isteach an Mhargaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM), a sheolfar in 2017. Tá mé lánchinnte go bhfuil an mianach againn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, a bhuí le tiomantas agus saineolas fostaithe ESB.



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach
24 Feabhra, 2016


# SRACFHÉACHAINT AR ESB



| DEIGHLEÁN GNÓ | GINIÚINT AGUS MARGAÍ MÓRDHÍOLA (G&WM) | ESB NETWORKS | NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (LÍONRAÍ NIE) | ELECTRIC IRELAND | DEIGHLEÁIN EILE |
|---|---|---|---|---|---|
| CUR SÍOS | Giniúint Leictreachais | Tarchur agus Dáileadh Leictreachais | | Soláthar Leictreachais | Nuálaíocht agus Seirbhís Inmheánach Soláthraithe |
| IONCAM | €1,409m | €954m | €301m | €2,100m | €278m |
| BRABÚS OIBRIÚCHÁIN (lena n-áirítear míreanna eisceachtúla) | €137m | €287m | €48m | €44m | €15m |
| CAITEACHAS CAIPITIL | €176m | €494m | €135m | €11m | €57m |
| MEÁNLÍON NA BHFOSTAITHE | 973 | 3,204 | 1,208 | 346 | 1,574 |
| NASC LE CODANNA EILE DEN TUARASCÁIL SEO | G&WM Athbhreithniú Oibriúcháin, Leathanach 40 | Athbhreithniú Oibriúcháin ESB Networks, Leathanach 42 | NIE Networks Athbhreithniú Oibriúcháin, Leathanach 44 | Athbhreithniú Oibriúcháin Electric Ireland, Leathanach 46 | Nuálaíocht Athbhreithniú Oibriúcháin, Leathanach 48 |

# BUAICPHOINTÍ

## AIRGEADAS





TORADH AR CHAIPITEAL IN ÚSÁID 6.5%

CION TAIRBHE DO GHEILLEAGAR NA HÉIREANN



BREIS IS €2 BILLIÚN



B'ionann an díbhinn iomlán a íocadh agus beagnach €1.5 billiún le deich mbliana anuas

## OIBRIÚCHÁN

CUIREADH TÚS LE HOIBREACHA TÓGÁLA AR MHONARCHA BITHMHAISE CUMHACHTSA GLAISE 40 MW TILBURY

BHUNAIGH ESB AGUS KINGSPAN COMHFHIONTAR CHUN TIONSCADAIL GHRÉINE A THÓGÁIL AR LEIBHÉAL DÍN

CHRÍOCHNAIGH ESB NETWORKS AN ATHBHREITHNIÚ AR PHRAGHSANNA DON TRÉIMHSE RIALÁLA (2016–2020)

CUIREADH TÚS LE TÓGÁIL AN LÍONRA SIRO 'SNÁITHÍN CHUIG AN BHFOIRGNEAMH' SNA CHÉAD BHAILTE

## CUSTAIMÉIR AGUS MARGADH

2% LAGHDÚ AR PHRAGHSANNA TUGTHA DO CUSTAIMÉIRÍ LEICTREACHAIS CHÓNAITHE

2.5% LAGHDÚ AR PHRAGHSANNA DO CHUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE GÁIS

Giniúint Sciar den mhargadh 49%


An Margadh Soláthair 38%

SEOLADH AR MHARGADH CÓNAITHE THUAISCEART ÉIREANN

Creidiúnaithe le Caighdeán Domhanda an Chomhlachais um Theagmháil le Custaiméirí don ochtú bliain as a chéile

LÁRIONAD NÁISIÚNTA DO CHÚRAM CUSTAIMÉIRÍ

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH



Bhailigh agus chaith ElectricAid breis is €1.3 MILLIÚN in 2015 ar thionscadail forbartha agus fóirithinte i dtíortha i mbéal forbartha

THUG AN CISTE FUINNIMH DO NA GLÚNTA ATÁ AG TEACHT €2 MHILLIÚN DO THIONSCNAIMH PHOBAL-BHUNAITHE IN ÉIRINN

BREIS IS 30,000 UAIR D'OBAIR DHEONACH DÉANTA AG FOSTAITHE

TÁ 253 GWH DE CHOIGILTIS FUINNIMH AGUS BREIS IS €40 MILLIÚN TUGTHA AR AIS DO CHUSTAIMÉIRÍ GO DTÍ SEO MAR CHUID DEN SCÉIM OIBLEAGÁIDÍ

€40 MILLIÚN ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# FUINNEAMH DON SPRAOI



## MÚNLA GNÓ, TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ AGUS STRAITÉIS


| | |
|---|---|
| Múnla Gnó | 12 |
| Tuairisciú ar rioscaí | 14 |
| Straitéis | 20 |

# MÚNLA GNÓ

## TIMPEALLACHT GHNÓ

- Beartas Aeráide agus Fuinnimh
- Comhtháthú margaidh
- Éileamh ar Leictreachas
- Trasfhoirmiú agus Nuálaíocht
- Earnálacha gaolmhara
- Maicreacnamaíocht agus Margaí Breosla
- An Bhreatain Mhór (GB) Margaí Fuinnimh
- Toradh ar Acmhainní Rialaithe
- Neart Airgeadais

Féach leathanach 20 i gcomhair Timpeallacht Ghnó

## PRÍOMHRIOSCAÍ 2015

**Airgeadais**
- Déine iomaíochta
- Riosca Trádála Fuinnimh
- Torthaí Fadtéarmacha
- Tráchtálú Carrington

**Rialáil**
- Torthaí Rialála
- Clú

**Oibriúcháin**
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Tuilte i gCorcaigh
- Teip Infreastruchtúir
- Teip TF
- Rannpháirtíocht Fostaithe

**Straitéiseach**
- Teicneolaíocht Shuaiteach / Margadh
- Cumas eagraíochtúil
- Seachadadh Príomhinfreastruchtúir
- Timpeallacht Chaidrimh Oibreachais

Féach leathanach 14 i gcomhair an Tuairisciú ar Rioscaí agus Príomhrioscaí

**THÍOS ANSEO, SONRAÍTEAR NA PRÍOMHCHINEÁLACHA CAIPITIL A ÚSÁIDEANN ESB DÁ GHNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ CHUN LUACH A GHINIÚINT DON GHRÚPA AGUS DÁ GHEALLSEALBHÓIRÍ**

## CINEÁLACHA CAIPITIL

**1. CAIPITEAL DÉANTÚSAÍOCHTA**
**– Fuinneamh a ghiniúint agus a sholáthar ar bhealach sábháilte iontaofa**
- Acmhainn Giniúna 4,827 MW
- Breis is 180,000 km de líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann
- Breis is 47,000 km de líonra leictreachais i dTuaisceart Éireann

**2. CAIPITEAL AIRGEADAIS**
**– Luach a chruthú dár bpríomhgheallsealbhóirí**
- Rátáil chreidmheasa BBB+
- Sócmhainní iomlána €13.2 billiún
- Giaráil 55%
- Leachtacht €1.5 billiún

**3. CAIPITEAL INTLEACHTÚIL**
**– Luach a chruthú trí nuáil gan ídiú**
- Nuálaíocht chun réitigh nua a chruthú agus a chur chun feidhme
- Nuáil a chur chun cinn
- Struchtúr an rialachais chorparáidigh
- Córais agus scileanna bainistíochta tionscadail
- Go dtí seo, tá beagnach €130 milliún infheistithe ag Ciste Novusmodus

**4. CAIPITEAL DAONNA**
**– Fórsa oibre rannpháirteach aclaí**
- Breis is 7,300 fostaí
- Straitéis Ceannasaíochta Sábháilteachta
- Cláir forbartha d'fhostaithe

**5. CAIPITEAL SÓISIALTA AGUS CAIDRIMH**
**– Caidreamh bunaithe ar iontaoibh lenár bpríomhgheallsealbhóirí**
- 1.5 milliún custaiméir
- 30,000 uair sa taifead ar chláir oibre deonaí
- Breis is €10 milliún dáilte le tionscnaimh phobail le deich mbliana anuas
- Ranníocaíocht bhliantúil le ElectricAid de thart ar €1 mhilliún

**6. CAIPITEAL NÁDÚRTHA**
**– Réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus iomaíocha a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile.**
- 404 MW de shócmhainní giniúna in-athnuaite
- Rátaí athchúrsála os cionn 75%

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ GNÓ

**Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) – Féach leathanach 40 d'Athbhreithniú Oibriúcháin G&WM**
Faoi G&WM, cuimsítear gníomhaíochtaí giniúna, trádála agus forbartha sócmhainní i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

**ESB Networks – Féach leathanach 42 d'Athbhreithniú Oibriúcháin ESB Networks**
Is le ESB Networks é an líonra córais tarchuir agus dáileacháin leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus oibríonn ESB an líonra córais dáileacháin leictreachais i bPoblacht na hÉireann.

**Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) – Féach leathanach 44 don Athbhreithniú Oibriúcháin NIE Networks**
Is le NIE Networks é an líonra córais tarchuir agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann agus oibríonn NIE Networks an líonra córais dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann.

**Electric Ireland – Féach leathanach 46 d'Athbhreithniú Oibriúcháin Electric Ireland**
Tá Electric Ireland ar cheann de phríomhsholáthróirí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus lena chois sin tá sciar nach beag aige den mhargadh leictreachais neamhbhaile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

**Nuálaíocht – Féach Leathanach 48 don Athbhreithniú Oibriúcháin ar Nuálaíocht**

**– ESB International**
Seirbhísí comhairliúcháin innealtóireachta

**– Ciste Novusmodus**
Ciste teicneolaíochta glaine €200 milliún

**– Teileachumarsáid**
Líonra leathanbhanda snáthoptaice

**– An eCar**
Oibríonn an t-infreastruchtúr náisiúnta luchtúcháin d'fheithiclí leictreacha

## TORTHAÍ

€1.3 billiún EBITDA

6.5% de thoradh ar chaipiteal in úsáid (ROCE)

Os cionn €2 billiún ranníoctha le geilleagar na hÉireann

Beagnach €1.5 billiún i ndíbhinní le deich mbliana anuas

49% den mhargadh giniúna uile-oileáin

38% den mhargadh soláthair uile-oileáin

Cothabháil ar níos mó ná 180,000 ciliméadar de líonra dáileacháin agus tarchuir i bPoblacht na hÉireann

Cothabháil ar níos mó ná 47,000 ciliméadar de líonra dáileacháin agus tarchuir i dTuaisceart Éireann

Níos mó ná 3,200 MW d'fhuinneamh in-athnuaite nasctha leis an ngreille ar bhonn uile-oileáin

Níos mó ná 2,300 pointe luchtaithe eCarranna curtha ar fáil ar fud Phoblacht na hÉireann

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA




Féach leathanach 22 i gcomhair Tosaíochtaí Straitéiseacha

# TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ

## CUR CHUIGE I LEITH BAINISTÍOCHT RIOSCAÍ

Measann ESB gur gné fhíorthábhachtach í an bhainistíocht riosca lena chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Is ar an mBord a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as bainistiú riosca ESB agus as an gcóras rialála inmheánaí. Tá Polasaí Riosca ESB glactha aige, lena leagtar amach na spriocanna bainistíochta riosca agus lena leagtar síos róil agus freagrachtaí chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí ar fud an Ghrúpa.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca, faoi thairmligean an Bhoird, monatóireacht ar chineál agus méid an nochta ar na príomhrioscaí agus cuireann sé comhairle ar an mBord agus fonn riosca, lamháltas riosca agus straitéis riosca á meas don Ghrúpa. Tá mionsonraí faoin méid a rinne an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2015 i dtaca lena gcuid freagrachtaí riosca leagtha amach ar leathanach 74. Tá ról ag na Coistí Boird chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar ábhair riosca laistigh dá réimsí iniúlachta agus clúdach leordhóthanach a chinntiú ar son an Bhoird.

Tá na haonaid ghnó freagrach as rioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú laistigh dá réimsí faoi seach. Ar leibhéal feidhmiúcháin, déanann Fóram Riosca an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus Coiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa athbhreithniú ar phríomhrioscaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus déanann siad cinnte go bhfuil buntréithe dea-bhainistíocht riosca le feiceáil ar gach leibhéal cinnteoireachta den Ghrúpa.

## PRÍOMHRIOSCAÍ A AITHINT

Aithníonn ESB príomhrioscaí trí chur chuige ón mbonn aníos agus gnáthamh ón mbarr anuas a chuirtear i bhfeidhm gach bliain. Déanann gach aonad gnó an gnáthamh ón mbun aníos a chur chun feidhme. Déanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na foirne bainistíochta sinsearaí ó gach aonad gnó na torthaí a phlé agus a mheas ar bhealach iomlán, agus leithdháiltear an fhreagracht as gach ceann de na príomhrioscaí a bhainistiú chuig na húinéirí riosca.

I dtaobh an phróisis ón mbarr anuas, ní mór léargas comhdhlúite a fháil ar phróifíl an Ghrúpa bunaithe ar an ionchur a fuarthas ó gach aonad gnó agus ó thuairimí stuama ardbhainisteoirí de chuid feidhmeanna ar fud an Ghrúpa. Cuirtear treochtaí agus fachtóirí riosca seachtracha san áireamh sa phróiseas. Tar éis don Choiste Iniúchta agus Riosca na rioscaí a athbhreithniú, déanann an Bord na príomhrioscaí aitheanta a fhormheas.

## FACHTÓIRÍ MAIDIR LE RIOSCAÍ A AITHINT

Forbraítear tuairim chomhdhlúite ar phróifíl riosca an Ghrúpa bunaithe ar athbhreithniú ar na cineálacha ionchuir seo a leanas:

- Straitéis ESB Group go dtí 2025
- Ráitis um fhonn riosca
- Pleananna agus buiséid ghnó
- Athbhreithnithe rialachais agus rialála airgeadais bliantúla
- Measúnuithe riosca an aonaid ghnó
- Athbhreithnithe riosca sheachtraigh (m.sh. Measúnú Riosca Náisiúnta, Athbhreithniú Riosca Domhanda an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda)
- Tuairimí iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha
- Taighde agus idirmhalartú faisnéise seachtrach ag piaraí
- Cruinnithe leis an gCoiste Bainistíochta Riosca, le Fóram Riosca an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus leis an bPríomhfheidhmeannach

## CREAT UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

ÓN MBARR ANUAS

Ó BHUN ANÍOS

**AN BORD**

- Freagracht fhoriomlán as bainistiú riosca ESB agus as an gcóras rialála inmheánaí
- Cuspóirí straitéiseacha a shocrú agus fonn riosca a shainiú don Ghrúpa
- Monatóireacht ar chineál agus ar mhéid an nochta riosca i gcoinne foinn riosca i gcomhair na bpríomhrioscaí
- Socraítear an meon ón mbarr trí threoir a sholáthar i leith thábhacht an bhainistithe riosca agus an cultúr um bainistíocht riosca
- A chinntiú go bhfuil córais, acmhainní agus saineolas leordhóthanach ann le haghaidh bainistíocht riosca agus measúnú neamhspleách

| AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA | INIÚCHADH INMHEÁNACH | AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN AN FÓRAM RIOSCA (AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN) | COISTE BAINISTÍOCHTA RIOSCA AN GHRÚPA (An Leas-Phríomhfheidhmeannach in éineacht le lucht bainistíochta sinsearach ó na haonaid ghnó mar chathaoirligh) |
| --- | --- | --- | --- |
| ■ Cuireann sé comhairle ar an mBord maille lena dhearcadh maidir le fonn riosca, lamháltas riosca agus straitéis riosca foriomlán an Ghrúpa<br>■ Athbhreithníonn Plean Riosca bliantúil an Ghrúpa agus molann don Bhord lena fhaomhadh<br>■ Tacaíonn sé leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nochtadh riosca i gcoinne a fhonn riosca<br>■ Athbhreithníonn sé éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na gcóras rialála inmheánaí | ■ Tacaíonn sé leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh faoi éifeachtacht an chórais bhainistithe riosca agus rialála inmheánaí | ■ Déanann sé measúnú ar phríomhrioscaí, Plean Riosca Bliantúil an Ghrúpa agus an ráiteas maidir le fonn riosca lena n-iomláine a scrúdú<br>■ Déanann sé measúnú ar oiriúnacht na maoluithe agus ar an dóchúlacht gur maoluithe éifeachtúla a bheidh ann<br>■ Tacaíonn sé leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus leis an mBord lena gcuid freagrachtaí um bainistíocht riosca a chomhlíonadh<br>■ Déanann sé monatóireacht ar phróisis bhainistíochta riosca agus rialála inmheánaí<br>■ Aistríonn sé ionchais i leith fonn riosca ina spriocanna agus srianta d'aonaid ghnó<br>■ Cinntíonn sé go bhfuil Plean Riosca an Ghrúpa, an ráiteas um fhonn riosca agus príomhphróisis cinnteoireachta gnó ag teacht lena chéile | ■ Tacaíonn sé le tabhairt isteach dea-chleachtais um bainistíocht riosca<br>■ Athbhreithníonn agus ceistíonn sé an Plean Riosca Grúpa, bunaithe ar na measúnuithe agus pleananna ó na réimsí ghnó aonair agus molann sé d'Fóram Riosca an Stiúrthóra Feidhmiúcháin iad a fhaomhadh<br>■ Athbhreithníonn an ráiteas foinn riosca agus molann don Bhord é a fhaomhadh<br>■ Déanann sé athbhreithniú riosca meánbliana |

**AONAID GHNÓ**

- Próisis bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaí a thabhairt isteach
- Rioscaí a aithint, a mheas, a thomhas agus a mhaolú
- Tuairisc a thabhairt ar éifeachtacht na mbeart a glacadh chun rioscaí a mhaolú
- Feasacht riosca agus cultúr na sábháilteachta a chur i bhfeidhm





## FREAGRACHTAÍ

Is sa Bheartas Riosca a mhínítear an chaoi ina sásóidh an Bord, an Coiste Iniúchta agus Riosca, agus an lucht bainistíochta a gcuid freagrachtaí i leith bhainistíocht riosca agus rialáil inmheánach. Sonraítear na freagrachtaí sin ar leathanach 14 den chreat um bainistíocht riosca.

## CREAT UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

Is sa Bheartas Riosca a cheanglaítear bunú agus cothabháil, go dtí an dea-chleachtas idirnáisiúnta, de chreat iomchuí do bhainistiú riosca, chun tacú le bainistiú agus maoirsiú an riosca ar fud an Ghrúpa.


Glactar sa chreat bainistíochta riosca cur chuige don fhiontar ina iomláine, agus is ann atá na struchtúir iomchuí chun tacú le bainistíocht riosca, le sannadh foirmiúil na bhfreagrachtaí riosca, le nósanna imeachta agus córais chun rioscaí a aithint / measúnú / tuairisciú, chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhartha agus rialuithe do mhaolú riosca.

## PRÍOMHRIOSCAÍ

Bhí príomhrioscaí agus éiginnteachtaí ESB ó 2014 fós ann in 2015, cé gur tháinig athrú áirithe ar rangú i gcomparáid lena chéile. Rinne an Bord na príomhrioscaí agus Plean Mionsonraithe an Ghrúpa a fhormheas , tar éis don Coiste Iniúchta agus Riosca na rioscaí a athbhreithniú agus moladh a dhéanamh. Áiríodh na príomhrioscaí ina gcomhphléití um fhonn riosca agus maolú riosca i gcaitheamh na bliana. Tá sé de chumas ag an nGrúpa a gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach le bainistíocht éifeachtach na bpríomhrioscaí.

## MAPA TEASA RIOSCA

Léirítear sa léarscáil teasa riosca seo seasamh na bpríomhrioscaí i gcomparáid lena chéile ó thaobh tionchair de agus an dóchúlacht ag deireadh 2015 agus athrú ar an rangú ó dheireadh 2014.




| Airgeadais | Rialála | Oibriúcháin | Straitéiseach | |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| A. Déine iomaíochta | E. Torthaí Rialála | G. Sláinte agus Sábháilteacht | L. Teicneolaíocht Shuaiteach / Margadh | ▲ MÉADÚ |
| B. Riosca Trádála Fuinnimh | F. Clú | H. Tuilte i gCorcaigh | M. Cumas Eagraíochtúil | – GAN ATHRÚ |
| C. Torthaí Fadtéarmacha | | I. Teip Infreastruchtúir | N. Seachadadh Príomhinfreastruchtúir | ▼ LAGHDÚ |
| D. Tráchtálú Carrington | | J. Teip TF | O. Caidreamh Oibreachais An Timpeallacht | |
| | | K. Rannpháirtíocht Fostaithe | | |

## PRÍOMHRIOSCAÍ

| | TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TREOCHT/ GLUAISEACHT | MEASÚNÚ / UASDÁTÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AIRGEADAIS | **A. Déine Iomaíochta** | | An riosca go gcaillfí sciar den mhargadh de bharr leibhéal gníomhaíochta na n-iomaitheoirí nua agus na n-iomaitheoirí atá san earnáil soláthair chónaithe cheana. | ↑ | ■ Tá mórghluaiseachtaí ar bun sa mhargadh soláthair fuinnimh fós, agus tá iomaitheoirí ag leanúint de lascainí a mhéadú chun custaiméirí nua a mhealladh | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí agus tairiscintí um praghsanna iomaíochta agus táirgí nuálacha a chur ar an margadh chun an sciar den mhargadh a chosaint agus tairiscintí ESB le custaiméirí a dhealú.<br>■ Cabhrú le custaiméirí an méid fuinnimh a úsáideann siad a thuiscint agus a rialú trí leanúint de réitigh chliste nasctha a fhorbairt<br>■ Éifeachtúlacht costais a chur chun cinn chun praghas iomaíoch a choinneáil<br>■ Solúbthacht fheabhsaithe trí chomhpháirtithe seachfhoinsithe chun dul in oiriúint do riachtanais na gcustaiméirí ar bhealach níos tapúla<br>■ Díriú ar thionscnaimh / ardáin margaíochta digití chun tacú leis an mbranda Electric Ireland, agus é a dhealú ón gcuid eile<br>■ Dílseacht custaiméirí a chothú trí chláir fialais<br>■ Chuaigh Electric Ireland isteach sa mhargadh cónaithe i dTuaisceart Éireann agus tá sé mar aidhm aige an gnó a fhás tuilleadh in 2016<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Fócas athnuaite ar tháirgí ar phraghsanna iomaíocha agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí |
| AIRGEADAIS | **B. Fuinneamh Riosca Trádála** | | Is féidir gluaiseachtaí díobhálacha dul chun dochar maille le brabús agus sciar den mhargadh, nó trí earráid ábhartha i dtaca le trádáil fuinnimh. | ↔ | ■ Tá praghsanna cumhachta sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus na praghsanna breosla a íocann ESB i dtaca lena ngníomhaíochtaí chun fuinneamh a ghiniúint fós éagobhsaí le blianta beaga anuas | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déantar riosca margaidh a bhainistiú trí straitéisí trádála agus bainistíochta riosca a chur chun feidhme maidir le gnóthais ghiniúna agus gnóthais soláthair araon agus réimse tionscnamh a chur chun feidhme chun rochtain ESB ar mhargaí fuinnimh a mhéadú<br>■ Déantar riosca creidmheasa a bhainistiú trí thrádáil le heintitis a bhfuil rátáil sách ard acu, agus iad sin amháin agus a chinntiú go bhfuil cineálacha comhthaobhachta ann nuair is gá<br>■ Déantar riosca oibriúcháin a bhainistiú trí chreat rialála trádála a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar fhonn riosca agus ar an Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca i bhfianaise forbairtí sa mhargadh<br>■ Cur chun feidhme leanúnach rialuithe agus maoluithe, lena n-áirítear infheistíocht i gcórais agus oiliúint<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Coigeartú a dhéanamh ar fhonn riosca agus ar an Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca i bhfianaise forbairtí sa mhargadh<br>■ Aon teagmhas trádála a fhiosrú<br>■ Athbhreithnithe ar na ceachtanna foghlamtha |
| AIRGEADAIS | **C. Torthaí Fadtéarmacha** | | D'fhéadfaí go gcuirfí i bhfeidhm díghrádú creidmheasa de bharr feidhmíocht airgeadais mhíshásúil. Má tharlaíonn sé sin, beidh sé níos deacra maoiniú a fháil ar chostas cuí chun infheistíochtaí pleanáilte a mhaoiniú agus leachtacht ESB a chinntiú. | ↔ | ■ Tá riosca ann go sárófaí na tairsí rialála<br>■ Praghsanna fuinnimh éagobhsaí agus corrlach beag sna Margaí Giniúna agus Mórdhíola i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór<br>■ Athruithe suntasacha san earnáil fuinnimh de bharr teicneolaíocht nua agus cuspóirí dícharbónaithe | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Sprioc pleanála gnó socraithe ón bharr anuas ar bhonn bunmhéadraigh airgeadais, dírithe ar Straitéis ESB Group go dtí 2025 (Straitéis ESB Group) a bhaint amach agus neart airgeadais a chosaint<br>■ Sainrátaí íosta gnó agus / nó teicneolaíochta a úsáid, agus cinntí infheistíochta á nglacadh, lena chinntiú go leithdháiltear caiteachas caipitiúil ar na tionscadail sin a chomhlíonann idir riachtanais straitéiseacha agus riachtanais feidhmíochta gnó<br>■ Leanúint d'éifeachtúlacht costais a lorg<br>■ Baineann nuálaíocht le gnóthais / teicneolaíochtaí nua a aithint chun deiseanna fáis a spreagadh<br>■ Treoracha eolais a thabhairt do scairshealbhóirí agus infheisteoirí lena gcur ar an eolas faoi dhul chun cinn ar Straitéis ESB Group<br>■ Leithdháileadh caipitil a choinneáil faoi athbhreithniú ar fud an Ghrúpa<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Straitéis ESB Group a leasú chun neart airgeadais a atógáil |
| AIRGEADAIS | **D. Carrington Tráchtálú** | | Tá an riosca ann d'ESB nach mbeidh an corrlach fuinnimh agus an t-ioncam margaidh acmhainne atá ar fáil ó mhargadh na Breataine Móire leordhóthanach chun íoc as monarcha nua gáis a thógáil. | ↑ | ■ Roghnaigh Carrington conradh bliana i gceant acmhainne 2015, a fuarthas ar £18/kW (2014: £19.40/kW)<br>■ Tháinig méadú ar réimsí le déanaí nuair a fógraíodh díchoimisiúnú monarchan guail sa Bhreatain Mhór, ach is beag iad fós | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Leanúint de Straitéis Rochtana Margaidh don Bhreatain Mhór a chur chun feidhme<br>■ Páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin agus dul sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil le déantóirí beartais maidir le forbairtí todhchaí sa mhargadh sa Bhreatain Mhór<br>■ Tá tionscadal chun Carrington a thráchtálú ar bun chun aghaidh a thabhairt ar:<br>– Straitéis do cheantanna acmhainne na Breataine Móire<br>– Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca<br>– A chinntiú go gcuirtear córais agus próisis oibriúcháin ar fáil chun tacú le coimisiúnú agus bainistíocht leanúnach i Carrington<br>– Acmhainn trádála sa Bhreatain Mhór a fheabhsú<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Athbhreithniú ar Straitéis ESB Group |
| RIALÁLA | **E. Rialála Torthaí** | | Is as athruithe ar mhargadh fuinnimh an AE agus riachtanais i dtaca leis an athrú aeráide, an cur chuige rialála i leith athbhreithniú ar rialú praghsanna i ngnóthais líonra agus oibleagáidí maidir le ceadúnais agus oibleagáidí faoin dlí iomaíochta a thagann na príomhrioscaí rialála don Ghrúpa. | ↑ | ■ Éiginnteacht maidir le toradh an athbhreithnithe rialála ar phraghsanna sa Tréimhse Rialála Líonraí NIE 6 (2017 - 2024) (RP6)<br>■ Tionchar an Mhargaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM) ar dhearadh an mhargaidh mhórdhíola<br>■ Riachtanais bhreise a eascraíonn as níos mó táirgí in-athnuaite a bheith á nascadh leis na líonraí i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Foireann tionscadail a bhfuil taithí acu curtha ar bun in NIE Networks chun ullmhú do RP6 agus idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith<br>■ Páirt a ghlacadh i bpróisis chomhairliúcháin de chuid an Rialtóra ar DS3 - togra nuálach chun tacú le foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ar an gcóras leictreachais<br>■ An clár I-SEM a bunaíodh chun seasamh ESB a fhorbairt i leith ceisteanna rialála, margaidh agus struchtúrtha agus chun ullmhú don athrú chuig dearadh nua margaidh<br>■ Forbairtí rialála a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Straitéis ESB Group<br>■ Monatóireacht ceadúnais agus tuairisciú leis na Rialtóirí chun comhlíonadh leanúnach a léiriú<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna caipitil agus costais oibriúcháin a leasú le bheith in oiriúint don toradh rialúcháin<br>■ Neamh-chomhlíonadh rialála a thuairisciú agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun fadhbanna a réiteach<br>■ Pleananna cumarsáide a úsáid chun déileáil le haon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn |
| RIALÁLA | **F. Clú** | | Má thagann aon cheann de na príomhrioscaí chun cinn, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do chlú agus branda ESB agus go gcaillfadh geallsealbhóirí iontaoibh in ESB. D'fhéadfaí tacaíocht do Straitéis ESB Group a chur i mbaol, cur isteach ar chumas ESB chun maoiniú a fháil ar rátaí inghlactha, rud a chuirfeadh as do chumas ESB cláir infheistíochta caipitil a chur i bhfeidhm agus a fhágfadh go gcaillfí líon nach beag custaiméirí. | ↔ | ■ Roinnt teagmhas drochaimsire i gcaitheamh na bliana, stoirmeacha agus tuilte san áireamh<br>■ Ábhar imní leanúnach i leith praghsanna fuinnimh<br>■ Agus tuilleadh leasa á bhaint as na meáin shóisialta, tá sé níos éasca ná riamh do chustaiméirí agus grúpaí custaiméirí teagmháil a dhéanamh, tuairimí a roinnt agus a bheith páirteach i ngníomhartha díreacha agus feachtais eile | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Bainistíocht réamhghníomhach na bpríomhrioscaí<br>■ Rannpháirtíocht leanúnach leis na meáin chun cumarsáid oscailte shoiléir a éascú<br>■ Bainistíocht ghníomhach ar chomhlíonadh rialála<br>■ Plean bainistíochta geallsealbhóirí<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna Bainistíochta Géarchéime agus Bainistíochta Geallsealbhóirí a chur i ngníomh, mar is cuí |
| OIBRIÚCHÁIN | **G. Sláinte agus Riosca Sábháilteachta** | | Riosca tromghortaithe nó báis d'fhostaithe, conraitheoirí agus an pobal i gcoitinne. | ↔ | ■ Is tosaíochtaí fós iad na moltaí i leith tuairisciú básanna in ESB Networks agus Straitéis Sábháilteachta ESB a chur chun feidhme<br>■ Ceapadh Ceann nua Sábháilteachta sa Ghrúpa, dírithe ar Straitéis Sábháilteacht ESB a chur chun feidhme<br>■ Tugadh tús áite don tsábháilteacht phoiblí agus na dainséir a bhaineann le líonraí leictreachais in 2015 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Cur i bhfeidhm gach gné de Straitéis Sábháilteachta ESB a bhrostú<br>■ Creidiúnú córas bainistíochta ESB le OHSAS 18001 a choimeád<br>■ Tionscnaimh sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme ar bhonn anailíse ar fheidhmíocht sábháilteachta<br>■ Tionscnaimh sláinte agus folláine a sholáthar chun tacú le folláine coirp agus intinne na bhfostaithe<br>■ Feachtais feasachta sábháilteachta poiblí a chur i bhfeidhm<br>■ Pleanáil leanúnachais ghnó agus clár tástála<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Tabhairt faoi fhiosrú criticiúil agus tuairisciú teagmhais<br>■ Athbhreithnithe ar na ceachtanna foghlamtha |
| OIBRIÚCHÁIN | **H. Tuilte i gCorcaigh** | | An riosca go seasfaidh an Chúirt Achomhairc le cinneadh na hArdchúirte in UCC v ESB. | ↔ | ■ An 5 Deireadh Fómhair 2015, thug an Ardchúirt breithiúnas sa chás agus fuair sí go raibh an ESB freagrach as 60% den damáiste a rinneadh agus go raibh UCC freagrach as 40% ar bhonn faillí rannpháirteach<br>■ Rinne ESB achomharc leis an gCúirt Achomhairc – táthar ag súil leis go n-éistfí an t-achomharc go luath in 2017 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Tá foireann ildhisciplíneach ann chun an díospóid leanúnach a bhainistiú<br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna cumarsáide a chur i ngníomh chun na príomhgheallsealbhóirí a choinneáil ar an eolas<br>■ Breithniú a dhéanamh ar impleachtaí an chinnidh maidir le hoibríochtaí monarchan |

FÓNTAS LÁIDIR COMHTHÁITE ÉAGSÚLAITHE GO HINGEARACH · GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR · LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA · NUÁIL INBHUANAITHE · STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN · EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

## PRÍOMHRIOSCAÍ (*Ar Lean*)

| | TEIDEAL RIOSCA | COLÚN STRAITÉISEACH | TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ | TREOCHT/ GLUAISEACHT | MEASÚNÚ / UASDÁTÚ | FREAGAIRT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| OIBRIÚCHÁIN | **I. Teip Infreastruchtúir** | | An riosca go mbeadh an cumhacht briste ar feadh tréimhsí fada, nó go minic, de bharr teagmhas aimsire nó oibriúcháin a mbeadh ioncam níos ísle nó costais bhreise oibriúcháin mar thoradh orthu. | ↔ | ■ Roinnt teagmhas drochaimsire le linn na bliana ba chúis le briseadh cumhachta greille<br>■ Cé go raibh feidhmíocht na monarchan giniúna thar barr in 2015, is tosaíocht fós é feidhmthréimhse monarchan ardleibhéil | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déanann gnóthais líonra athbhreithniú bliantúil agus uasdátú ar shlándáil líonra na bpleananna soláthair<br>■ Leagan crann, cothabháil agus patról guaiseanna leanúnach<br>■ Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Comhordúcháin Éigeandála Náisiúnta i ndáil le himeachtaí géarchéime a bhaineann le stoirmeacha agus tuilte<br>■ Creidiúnú leanúnach i ndáil le caighdeán bainistíochta sócmhainní PAS 55 le haghaidh sócmhainní giniúna agus líonra<br>■ Plean fadtéarmach cothabhála sócmhainní do shócmhainní giniúna<br>■ Infhaighteacht páirteanna spártha straitéiseacha<br>■ Scileanna oibriúcháin / cothabhála a choimeád<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Athbhreithniú ar dhamáiste stoirme le haghaidh pleananna bainistíochta sócmhainní agus aighneachtaí rialaithe praghsanna don todhchaí<br>■ Ardleibhéal d'uathoibriú líonra chun athshlánú uathoibríoch agus / nó cianda an tsoláthair a chinntiú nuair is féidir<br>■ Pleananna teagmhasacha agus buantreoracha gaolmhara atá ar fáil do na Rialaitheoirí Líonra chun an soláthar a athchur tar éis mórmhonarcha a chailleadh<br>■ Uainchláir 24/7 de bhainisteoirí córais agus custaiméirí chun bainistíocht córais iar-ama a sholáthar le linn cásanna fabhtanna agus caidreamh geallsealbhóirí a bhainistiú tar éis na himeachta nó an cháis éigeandála<br>■ An cúis leis an mbriseadh cumhachta sa mhonarcha a aithint agus na bearta cothabhála cuí a chur chun feidhme agus, más gá, leasúcháin ar an bplean cothabhála leanúnaí |
| OIBRIÚCHÁIN | **J. Teip TF** | | Riosca go gcaillfí líon mór sonraí nó go dteipfí ar infreastruchtúr TF nó córais TF, de dheasca cibear-ionsaí rathúil nó teip neamhmhailíseach. | ↔ | ■ De bharr spleáchas an ghnó ar chórais TF agus teileachumarsáide, táthar ag díriú i gcónaí ar an riosca sin<br>■ Bhí torthaí an iniúchta ar Electric Ireland a rinne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (ODPC) in 2015 go breá ar an iomlán, ach aithníodh roinnt beag feabhsúchán | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Athléimneacht ionsuite, lena n-áirítear saoráidí cúltaca agus athshlánaithe<br>■ Athbhreithniú agus uasdátú rialta ar Phleananna Leanúnachais Ghnó agus Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste, lena n-áirítear athrú rialta suímh do phríomhchórais<br>■ Monatóireacht tiomnaithe agus leanúnach ar an cibear-riosca leis an bhFoireanna Slándála TF<br>■ Polasaithe cosanta sonraí<br>■ Bainisteoir tiomanta cosanta sonraí<br>■ Oiliúint leanúnach cosanta sonraí<br>■ Déanfar na torthaí ón iniúchadh cosanta sonraí a chomhroinnt ar fud an Ghrúpa agus tá na moltaí á chur chun feidhme<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna cumarsáide arna n-ullmhú do na príomhgheallsealbhóirí a ghníomhachtú ag brath ar an teagmhas, e.g. ODPC don sárú ar shonraí<br>■ Torthaí agus saineolas ó theagmhas a chomhroinnt chun rioscaí a bhainistiú sa todhchaí |
| OIBRIÚCHÁIN | **K. Rannpháirtíocht Fostaithe** | | Riosca um meanma lag i measc na bhfostaithe, caillteanas táirgiúlachta, riosca um ráta imeachta méadaithe agus caillteanas scileanna tábhachtacha, agus ar deireadh, riosca go dteipfeadh orainn spriocanna Straitéis ESB Group a bhaint amach. | ↔ | ■ Léirigh na freagraí sa tsuirbhé ar bhaill foirne ESB go bhfuil réimsí le feabhsú i dtaca le rannpháirtíocht fostaithe | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Úsáid fócasghrúpaí a mhéadú lena chur ar chumas d'fhostaithe aghaidh a thabhairt ar réimsí is cúis imní dóibh<br>■ Cainéil mhalartacha cumarsáide a chur ar fáil d'fhostaithe, e.g. na meáin shóisialta<br>■ Moltaí ón tsuirbhé ar na baill foirne a chur i bhfeidhm<br>■ Athbhreithniú ar an gcinnteoireacht agus ar phróisis fhormheasta chun tacú le cinnteoireacht sholúbtha<br>■ An ceangal idir ról na bhfostaithe agus Straitéis ESB Group a chur in iúl d'fhostaithe<br>■ Dámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Na scileanna agus na cumais is gá a thabhairt d'fhostaithe chun plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an teip<br>■ Plean rannpháirtíochta a thosú ina:<br>– Cuirtear iallach ar gach bainisteora líne rannpháirtíocht fostaithe a chinntiú<br>– Cuirtear in iúl príomhphointí, ag díriú ar ionchas todhchaí don Ghrúpa |
| STRAITÉISEACH | **L. Teicneolaíocht Shuaiteach / Margadh** | | Mura dtugtar freagairt ar fhorbairtí suaite margaidh / teicneolaíochta, d'fhéadfaí sciar nach beag den mhargadh a chailleadh agus dochar a dhéanamh don bhrabúsacht, an cuspóir stratiéiseach um nuálaíocht inbhuanaithe a chur i mbaol agus baint de chlú ESB mar mhórchuideachta teicneolaíochta / innealtóireachta in Éirinn. | ↑ | ■ Borradh ag teacht faoi fhorbairt teicneolaíochtaí nua | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Treochláir straitéiseacha um nuálaíocht a chur chun feidhme<br>■ Saineolas a aistriú idir Novusmodus, an Grúpa Teicneolaíochtaí Fuinnimh atá ag Teacht chun cinn agus aonaid ghnó<br>■ Deiseanna comhoibrithe seachtracha a aithint trí chomhfhiontair e.g. Kingspan ESB, SIRO<br>■ Forbairtí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a léiriú mar chuid den Taispeántas um Chumhachtú Acmhainne de chuid ESB agus imeachtaí eile<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leasú a dhéanamh ar Straitéis ESB Group agus cinneadh a dhéanamh maidir le dul isteach, seilbh a fháil nó riachtanais infheistíochta a bhreithniú<br>■ Na gnóthais a atheagrú agus infheistíocht a atreorú chuig malairt teicneolaíochtaí nó múnlaí gnó |
| STRAITÉISEACH | **M. Cumas eagraíochtúil** | | Mura n-éiríonn linn daoine ardchumasacha a mhealladh, agus na daoine atá ann cheana a choinneáil agus a scileanna a fhorbairt, d'fhéadfadh meath teacht ar fheidhmíocht gnó nó ar ár gcumas chun Straitéis ESB Group a chur i gcrích, ós rud é go bhfuil ESB ag brath go mór ar chumas teicniúil a gcuid bainisteoirí/fostaithe. | ↔ | ■ Agus téarnamh ag teacht ar an ngeilleagar, is dúshlán é fostaithe áirithe speisialaithe a choimeád agus a earcú | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ An Straitéis Daoine a chur i gcrích, atá dírithe ar rannpháirtíocht fostaithe, agus lena n-áirítear múnla cuí cúitimh a fhorbairt<br>■ Plean Mionsonraithe maidir le hAcmhainní an Ghrúpa lena leagtar amach riachtanais acmhainní sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma<br>■ Pleanáil comharbais a chur i bhfeidhm i ngach aonad gnó<br>■ Earcaíocht agus forbairt céimithe chun tacú le fás gnó<br>■ An t-am agus na hacmhainní a sholáthar do nuálaithe chun smaointe a fhorbairt<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna chun acmhainní gearrthéarmacha le haghaidh cumais nó scileanna criticiúla a fháil (e.g. acmhainní ar conradh nó comhpháirtíocht)<br>■ Na roghanna a bhreithniú chun daoine atá ann cheana a cheapadh d'fholúntais i bpoist thábhachtacha, ar bhonn scileanna ó phoist a bhí acu roimhe seo, agus daoine a chur faoi oiliúint ghasta lena cheapadh i bpoist chriticiúla sna gnóthais |
| STRAITÉISEACH | **N. Seachadadh Príomhinfreastruchtúir** | | Mura n-éiríonn linn príomhinfreastruchtúr a chur ar fáil in am agus cloí leis an mbuiséad, d'fhéadfadh caillteanais tarlú, gan torthaí beartaithe a bhaint amach agus gan Straitéis ESB Group a bhaint amach. | ↔ | ■ Tá tógáil Carrington beagnach críochnaithe<br>■ Críochnaíodh tógáil feirm ghaoithe Woodhouse le linn na bliana<br>■ Cuireadh tús le tógáil roinnt tionscadal in-athnuaite<br>■ Tá caiteachas caipitil ESB Networks agus NIE Networks ag teacht leis na spriocanna<br>■ Táthar ag díriú ar phróisis chasta pleanála agus ceadanna, bainistíocht conraitheoirí agus faireachais sábháilteachta i gcónaí | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Oifig Comhbhainistíochta Tionscadail bunaithe le EirGrid chun seachadadh tionscadal tarchuir a shruthlíniú<br>■ Cuireadh Fóram Foinsí In-athnuaite ESB Networks ar bun chun soláthar clár fuinnimh in-athnuaite a bhainistiú<br>■ Feidhm bainistíochta tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus tógáil tionscadal<br>■ Plean seachadta tionscadail ghaoithe meántéarma, ar aon dul le Straitéis ESB Group, agus punann de shuíomhanna óga forbartha gaoithe i gcomhair seachadadh fadtéarma a aithníodh<br>■ Leanúint de roghanna giniúna níos fadtéarmaí a fhorbairt<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Obair a dhéanamh chun téarnamh airgeadais a chinntiú sa mhéid agus is féidir i leith na sócmhainní a soláthraíodh go déanach<br>■ Sócmhainní oibriúcháin a cheannach<br>■ Dul le roghanna comhfhiontair |
| STRAITÉISEACH | **O. Timpeallacht Caidrimh Oibreachais** | | Riosca gníomhaíochta tionsclaíche, mura n-éiríonn linn teacht ar chomhaontú faoi mhúnla nua cúitimh inbhuanaithe. | ↔ | ■ Lean an Grúpa air ag obair leis an nGrúpa Ceardchumann in 2015 ar phá agus coinníollacha d'fhostaithe reatha agus todhchaí<br>■ Níor thángthas ar aon chomhaontú faoi dheireadh na bliana, agus leanfaidh an dá thaobh leis an bplé in 2016 | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Tá leas iomlán á bhaint as próisis agus nósanna imeachta tionsclaíocha chun teacht ar chonclúid rathúil<br>■ Cumarsáid leanúnach le fostaithe faoin gcomhaontú molta<br><br>**Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leas a bhaint as meicníochtaí agus nósanna imeachtaí inmheánacha réitigh chun ceisteanna sonracha a réiteach<br>■ Bainistíocht géarchéime agus socruithe pleanála teagmhasaí a thosú |

FÓNTAS LÁIDIR COMHTHÁITE ÉAGSÚLAITHE GO HINGEARACH · GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚINA / SOLÁTHAIR · LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA · NUÁIL INBHUANAITHE · STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN · EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

# STRAITÉIS

## PRÓISEAS PLEANÁLA STRAITÉISÍ

Áirítear an dá chomhpháirt seo i gcur chuige ESB i leith pleanáil straitéiseach:

- Déantar Athbhreithniú ar an Timpeallacht Ghnó gach bliain ar bhonn saineolas inmheánach agus seachtrach chun na fachtóirí is mó a bhfuil tionchar acu ar threo Straitéis ESB Group go dtí 2025 a aithint agus a thuiscint (Straitéis ESB Group)
- Críochnaítear Athbhreithniú Straitéiseach Feidhmíochta gach bliain ina ndéantar measúnú ar fheidhmíocht an Ghrúpa agus ar an dul chun cinn i dtaca le Straitéis ESB Group a chur i gcrích, agus más gá, aontaítear ceartúcháin

Forbraíodh Táscairí Feidhmíochta Straitéisí (SPlanna) a fhorbairt chun cuntas a choinneáil ar ghnóthachtáil spriocanna Straitéis ESB Group go dtí 2025; is dlúthchuid den athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht straitéiseach iad. Tosaíonn an Próiseas Pleanála Straitéisí le pléití mionsonraithe leis na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus lena gcuid aonad gnó sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad i gcomhair athbhreithnithe deiridh.

## AN TIMPEALLACHT GHNÓ

Tá achoimre ar na príomhfhachtóirí timpeallachta gnó a bhfuil tionchar acu ar Straitéis ESB Group leagtha amach thíos:

### 1 BEARTAS AERÁIDE AGUS FUINNIMH

Rud a chothóidh dúshlán marthanach agus deis don earnáil fuinnimh sna blianta fada amach romhainn is ea an gá fadtéarmach le sochaithe Eorpacha agus domhanda a dhícharbónú chun dul i ngleic leis an mbaol ó athrú aeráide ar fud an domhain.

I Nollaig 2015, tháinig na Náisiúin Aontaithe ar chomhaontú domhanda d'aon ghuth i leith an athraithe aeráide. I gComhaontú Pháras, tugtar gealltanas chun an t-ardú domhanda ar an teocht a choinneáil i bhfad faoi bhun 2°C, agus leagadh síos sprioc 1.5°C. Aontaíodh timthriall leanúnach athbhreithnithe cúig bliana ar ranníocaíochtaí náisiúnta, agus cé nach bhfuiltear ag súil leis go gcoinneofar an t-ardú ar an teocht dhomhanda faoi bhun 2°C leis na ranníocaíochtaí reatha, is féidir leis na hathbhreithnithe sin borradh a chur faoin uaillmhian agus an iarracht chomhpháirteach chun na spriocanna sin a bhaint amach. Is é beartas reatha an AE laghdú 80 - 95% a dhéanamh ar astaíochtaí iomlána gáis cheaptha teasa faoi 2050, i gcomparáid leis na leibhéil ó 1990. Tá sprioc socraithe ag Rialtas na hÉireann chun laghdú de 80% a dhéanamh ar astaíochtaí um leictreachas, iompar agus an timpeallacht tógtha faoi 2050, agus neodracht ó thaobh carbóin de a chinntiú sna réimsí talmhaíochta agus úsáide talún. Shocraigh Rialtas na Ríochta Aontaithe sprioc de laghdú 80% ar astaíochtaí faoi 2050. Sa mheántéarma, ghlac an tAE sprioc chun laghdú 40% a bhaint amach in astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi 2030. Beidh sprioc amháin bliantúil ceangailteach ag gach Ballstát i leith gás ceaptha teasa don talmhaíocht, don chóras iompair agus d'fhoirgnimh. Ó 2021 i leith, beidh Próiseas Rialachais Aontais Fuinnimh i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do phleananna náisiúnta fadtéarmacha agus dul chun cinn ar ghás ceaptha teasa agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal an AE a rianú.


Sa ghearrthéarma, faoin gcreat 2020, tá spriocanna atá ina gceangal dlí i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta chun astaíochtaí carbóin a laghdú in earnálacha amhail iompar, talmhaíocht agus foirgnimh. Tá an gealltanas dhlíthiúil déanta ag an earnáil leictreachais cheana chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí faoi scéim trádála astaíochtaí an AE agus tá sé ar an mbealach ceart chun iad sin a bhaint amach. Tá spriocanna ann chomh maith chun an cion d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú. Tá spriocanna socraithe ag Poblacht na hÉireann agus an Ríochta Aontaithe maille leis an gcéatadán leictreachais a thagann ó fhoinsí inathnuaite de 40% agus 30% faoi seach.

Cé go bhfuil an bealach chun an fhís do 2050 a bhaint amach sách soiléir, ní hamhlaidh an cás i leith na roghanna teicneolaíochta agus beartais a theastaíonn ón Eoraip chun teacht ar chóras fuinnimh slán inbhuanaithe ar chostas réasúnta. Faoi láthair, níl aon réiteach simplí amháin ann chun é sin a ghnóthú.

Ag deireadh 2015, d'fhógair an Ríocht Aontaithe laghdú ar fhóirdheontais d'fhuinneamh in-athnuaite agus go raibh sé beartaithe aige gach stáisiún giniúna gualbhreoslaithe a dhúnadh faoi 2025, agus cuirfear giniúint núicléach agus gásadhainte ina ionad.

I bPoblacht na hÉireann, ag deireadh 2015, d'fhoilsigh an Rialtas a Pháipéar Bán faoi fhuinneamh: Éire i dtreo Todhchaí Ísealcharbóin. Sa doiciméad sin, dírítear ar an dúshlán a bhaineann leis na gealltanais a rinne Éire chun laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach san iompar, sa téamh agus sa talmhaíocht agus creat um rannpháirtíocht saoránach agus beartais ar bhonn fhianaise chun é sin a bhaint amach. Ar an iomlán, tá Straitéis ESB Group ag teacht leis an bhfís fhadtéarmach sin chun dícharbónú a bhaint amach agus leis an treo ina bhfuil beartas na Ríochta Aontaithe ag dul.

**ASTAÍOCHTAÍ GÁIS CHEAPTHA TEASA NA HÉIREANN**




ETS[1] (27%; 16MT)
NACH ETS (73%; 42 MT)

[1] ETS – SCÉIM TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ AN AE

### 2 COMHTHÁTHÚ MARGAIDH

Is mórthosaíocht beartais é d'údaráis Eorpacha agus náisiúnta ar fud na mór-roinne margaí fuinnimh na hEorpa a chomhtháthú. Tá an tosaíocht sin le feiceáil i mbeartas rialaitheach chun an cumas cumhacht agus gás a thrádáil idir chórais mhargaidh náisiúnta éagsúla a fheabhsú agus i dtógáil idirnaisc fhisiciúil idir leictreachas agus gáis chun é sin a éascú. D'fhéadfadh an comhtháthú sin an timpeallacht iomaíoch ina n-oibríonn ESB a athrú ó bhonn agus imreoirí le sciartha i bhfad níos lú den mhargadh uile-Eorpach, fóntas uile-Eorpacha den chuid is mó, a dhéanamh de ghnólachtaí giniúna agus soláthair ESB, a bhfuil sciar nach beag aige sa Mhargadh Aonair Leictreachais faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, bheadh forlámhas an mhargaidh ag fóntais níos mó, ar fóntais uile-Eorpacha iad den chuid is mó.

### 3 ÉILEAMH AR LEICTREACHAS

Tá athrú ag teacht ar an gceangal traidisiúnta idir fás eacnamaíoch agus tomhaltas leictreachais. Leis an gcúlú eacnamaíochta, tháinig laghdú ar úsáid leictreachais, ach ní dócha go mbeidh an méadú ar úsáid leictreachais ag teacht go díreach le luas an téarnaimh gheilleagraigh. Cuirfidh fachtóirí ar nós éifeachtúlacht fuinnimh, a bhfuil feabhsuithe ar an teicneolaíocht agus beartais an Rialtais taobh thiar dóibh isteach ar an bhfás ar an éileamh ar leictreachas, ach d'fhéadfadh spriocanna idirnáisiúnta um an athrú aeráide éileamh nua a chruthú ar leictreachas in earnálacha ar nós iompar agus téamh (a bhfuil riachtanais mhór fuinnimh acu agus nach mór dóibh a dtionchar carbóin a laghdú).

### 4 TRASFHOIRMIÚ AGUS NUÁLAÍOCHT

Tá athrú roimh an earnáil fóntais ó theinceolaíocht fuinnimh, nuálaíocht atá cumasaithe ag an TF agus faoi threoir TF, éifeachtúlacht fuinnimh, múnlaí éagsúla gnó, iompar agus ionchais custaiméirí atá ag athrú. D'fhéadfadh go mbeadh foinsí éagsúla beaga scaipthe taobh thiar den athrú, seachas fachtóir amháin, agus ní féidir a bheith cinnte faoi cé chomh tapa, cathain ná faoi mhéid an athraithe a bheidh i gceist. Tá saineolas ag an ESB sa réimse sin agus tá sé rannpháirteach go díreach agus go hindíreach i réimsí éagsúla trasfhoirmithe agus nuálaíochta.

### 5 EARNÁLACHA GAOLMHARA

Tá giniúint leictreachais ar bhealach comhaontaithe chuig dícharbónú iomlán in Éirinn cheana ach, mar shampla, níl ann ach aon chúigiú d'úsáid fuinnimh ar leibhéal náisiúnta faoi láthair. Is léir go mbeidh ar earnálacha eile dícharbónú a dhéanamh chun tionchar na sochaí ar an aeráid a laghdú. Creideann ESB gur fiú úsáid níos mó a bhaint as leictreachais, go háirithe sna hearnálacha ar nós iompar agus téimh, toisc nach mór do na hearnálacha sin beart a dhéanamh lena dtionchar carbóin a laghdú.

Sa lá atá inniu ann, d'fhéadfaí a rá go bhfuil an t-infreastruchtúr cumarsáide chomh lárnach sa tsochaí is a bhfuil an leictreachas. Leis na blianta fada, tá a gcuid saineolais agus acmhainní inmheánaí á chur ar fáil ag an ESB chun freastal ar an margadh teileachumarsáide in Éirinn. Cuirfidh SIRO, an comhfhiontar le Vodafone, cumarsáid ardluais snáthoptaice ar fáil do chaoga baile ar fud na hÉireann ar dtús. Tá áiteanna eile in Éirinn, ceantair tuaithe den chuid is mó, a aithníodh mar ceantair ina bhfuil seirbhís neamhleor leathanbhanda acu. Dúshlán mór atá ann do dhéantóirí beartais plean náisiúnta a chur ar bun chun an deighilt dhigiteach a chúiteamh in Éirinn, dúshlán réalaíoch agus insroichte.

### 6 MAICREACNAMAÍOCHT AGUS MARGAÍ BREOSLA

Bhí an feabhas nach beag a tháinig ar gheilleagar Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe araon in 2014 fós ann in 2015 agus táthar ag tuar go leanfaidh an téarnamh sin, ach níl tairbhí an téarnaimh sin le brath san earnáil fuinnimh. Tá ionchais níos deacra ann i leith feidhmíocht fhairsing de gheilleagar na hEorpa.

Beidh foinsí agus tionscadail breosla, cibé acu an foinsí traidisiúnta (e.g. gual, gás), neamhthraidisiúnta (e.g. gás sceallа) nó in-athnuaite (e.g. gaoth) iad, ar fad buailte leis an ró-sholáthar domhanda d'fhoinsí traidisiúnta breosla - féach leathanach 30 i gcomhair tuilleadh eolais faoi phraghsanna domhanda tráchtearraí in 2015.

### 7 AN BHREATAIN MHÓR (GB) MARGAÍ FUINNIMH

Sa Bhreatain Mhór, ní raibh an bhearna idir an soláthar agus an t-éileamh chomh teann riamh is a bhí sé sa gheimhreadh agus is beag cabhair a bhí sa phróiseas ceant chun acmhainn nua mhórscála a fháil, mar is mian linn. Agus an cinneadh chun giniúint ghuail a bhaint den chóras faoi cheann cúig bliana, an mhoill leanúnach ar mhonarchana núicléacha a fhorbairt agus neart an gheilleagair á gcur san áireamh, is é tuairim ESB gurb é i margadh fuinnimh na Ríochta Aontaithe a bhfuil an deis is fearr chun fás fadtéarmach a chinntiú laistigh den AE. Ach ar deireadh, beidh an méid sin ag brath ar bheartas fuinnimh agus praghsáil chuí - féach leathanach 30 i gcomhair tuilleadh faisnéise faoi phraghsanna leictreachais sa Bhreatain Mhór in 2015.

Is dócha go mbeidh éiginnteacht ann i leith imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE ann go dtí 2017. Cé go bhfuil infheistíochtaí ag ESB sa Ríocht Aontaithe, ar nós Carrington, agus infheistíocht líonra i dTuaisceart Éirinn, is é tuairim ESB ar bhonn athbhreithnithe ar roinnt cásanna éagsúla, nach ndéanfaí dochar do na hinfheistíochtaí sin sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma, fiú má fhágann an Ríocht Aontaithe an tAE.

### 8 TORADH AR SHÓCMHAINNÍ RIALAITHE

Tá ceist straitéiseach ag teacht chun cinn maidir le inmharthanacht infheistíochtaí i líonraí, agus éiginnteacht ag teacht chun cinn faoi mhéid na dtorthaí sa todhchaí. Ní hamháin go mbaineann sé seo leis na rialuithe reatha ar phraghsanna ach freisin tá athshlánú infheistíochtaí mórscála faoi réir tréimhsí éagsúla athbhreithnithe rialála i gcomhthéacs ina bhféadfadh athrú ar an éileamh agus suaitheadh dul i bhfeidhm ar an úsáid a bhainfear as na sócmhainní sin sa todhchaí.

### 9 NEART AIRGEADAIS

Téann brabúsacht ESB i bhfeidhm ar a neart creidmheasa, leibhéil ghialála agus na méideanna atá ar fáil d'infheistíochtaí caipitil sa todhchaí. Agus ESB ina úinéir ar líonraí rialaithe, tá oibleagáidí infheistíochta mórscála air, agus cé go bhfuil sé ar an slabhra breisluacha fuinnimh, tá sé claonta go láidir i dtreo acmhainní líonra rialaithe.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## AN NASC IDIR AN TIMPEALLACHT GHNÓ AGUS STRAITÉIS ESB GROUP

Tá trí théama uileghabhálacha lena gceanglaítear an timpeallacht ghnó agus Straitéis ESB Group:

**1. Éiginnteacht agus Athrú**
Tá ESB ag feidhmiú i dtimpeallacht nach bhfacthas riamh roimhe seo ó thaobh méid an éiginnteachta agus luas féideartha an athraithe de. Is léir an éiginnteacht sin ar leibhéal eacnamaíoch, earnála, beartais agus margaidh.

**2. Inoiriúnaithe agus Sofhreagrach**
I bhfianaise na héiginnteachta sin i dtaobh méid agus luas an athraithe ar ghnéithe a théann go smior an ghnó, ní mór d'ESB a straitéis a oiriúnú agus bearta nuálacha a ghlacadh mar fhreagairt ar athruithe ar an timpeallacht, a bhfuil athrú dá leithéid ag teastáil ina dtaobh. Dá réir sin, tá ESB Group ag díriú ar sholúbthacht agus ilchineálacht thar réimse gnéithe éagsúla, lena n-áirítear éagsúlacht na ngnóthas fad an tslabhra breisluacha fuinnimh; láithreacht i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe; réimse foinsí giniúna le meascán de chineálacha breosla; agus a bheith oscailte do dheiseanna in earnálacha gaolmhara.

**3. >Neart Airgeadais**
Tá cur chuige smachta i leith costais, infheistíochtaí agus rioscaí a bhainistiú d'fhonn neart airgeadais ESB a choimeád mar bhonn agus mar thaca lena gcumas chun Straitéis ESB Group a bhaint amach agus dul in oiriúint agus freagairt do thimpeallacht atá ag athrú.

## STRAITÉIS ESB GROUP GO DTÍ 2025

Tá forbairt Straitéis ESB Group bunaithe ar an bhfís atá aige a bheith ar phríomhchuideachta fuinnimh na hÉireann a bhfuil ag éirí leis san iomaíocht ar an margadh uile-oileán.

Táthar ag díriú ar an bhfís sin a bhaint amach tríd an sprioc fhoriomlán a bheith mar Fhóntas Láidir Éagsúlaithe Comhtháite go hIngearach. Aithníodh cúig thosaíocht chun an sprioc sin a bhaint amach:

- Gnóthais Mhórscála Giniúna / Soláthair
- Líonraí Ardteicneolaíochtaí
- Nuáil Inbhuanaithe
- Struchtúr Costais Athraithe ó Bhonn
- Eagraíocht Ghníomhach Aclaí

Rinneadh dul chun cinn ar na trí tosaíochta sin agus coinnítear cuntas air de réir SPlanna comhaontaithe - féach leathanach 23 i gcomhair tuilleadh eolais.

## STRAITÉIS ESB GROUP GO DTÍ 2025 AGUS DUL CHUN CINN AR NA PRÍOMHTHÁSCAIRÍ STRAITÉISEACHA

**TIMPEALLACHT GHNÓ 2015**

1. Beartas Aeráide agus Fuinnimh
2. Comhtháthú margaidh
3. Éileamh ar Leictreachas
4. Trasfhoirmiú agus Nuálaíocht
5. Earnálacha Gaolmhara
6. Macra-Eacnamaíocht agus Margaí Breosla
7. Margaí Fuinnimh na Breataine Móire
8. Toradh ar Acmhainní Rialaithe
9. Neart Airgeadais

**TÉAMAÍ UILEGHABHÁLACHA**

- Éiginnteacht agus Athrú
- Inoiriúnaithe agus Sofhreagrach
- Neart Airgeadais

| TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA | CINEÁLACHA CAIPITIL | TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA STRAITÉISÍ (SPI) | 2015 | SPRIOC 2025 |
|---|---|---|---|---|
| **VIU Láidir Éagsúlaithe** I súile ESB, ciallaíonn comhtháthú ingearach cothromaíocht agus inoiriúnaitheacht a chinntiú i gcomhthéacs comhshaoil éiginnte dá leithéid. Cruthaíonn ESB luach trí réimse infheistíochtaí a bhainistiú agus a fhorbairt fad an slabhra breisluacha fuinnimh. Féachann sé freisin le leas a bhaint as na sócmhainní agus an saineolas atá aige ar mhargaí gaolmhara cóngaracha. Is trí bhainistiú airgeadais smachta a dhéanamh ar na haonaid ghnó a choinníonn ESB an tsolúbthacht chun freagairt d'athruithe seachtracha ón timpeallacht. | ■ Déantúsaithe ■ Airgeadais ■ Intleachtúil ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh ■ Nádúrtha | **Neart Airgeadais** | Rátáil BBB+ | Rátáil A- |
| | | **EBITDA** | €1,348 milliún | €2,400 milliún |
| **Gnóthais Mhórscála Giniúna / Soláthair** Mar fhreagairt ar chomhtháthú margaí leictreachais Phoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, méadóidh ESB scála agus cumais a ngnóthais ghiniúna, trádála, agus soláthair ionas go bhféadfaidh siad dul san iomaíocht sa timpeallacht nua iomaíochta uile-oileáin. Aithníonn ESB an gur gá an tsochaí a dhícharbónú san fhadtéarma, agus is dá réir sin a dhéanfaidh ESB infheistíocht chun an méid carbóin inár bhflít giniúna cumhachta a laghdú agus ról níos tábhachtaí a thabhairt d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite sa mheascán breosla, ar aon dul leis an mbeartas foriomlán margaidh agus poiblí. | ■ Déantúsaithe ■ Airgeadais ■ Intleachtúil ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh ■ Nádúrtha | **Giniúint iomlán acmhainn (MW)** | 4,827 MW | 7,000 MW |
| | | **Sciar den mhargadh giniúna uile-oileáin (% de tháirgeacht)** | 4% | 7% |
| | | **Toilleadh inathnuaite mar % den toilleadh giniúna iomlán** | 13% | 26% |
| **Líonraí Ardteicneolaíochta** Beidh ESB ag obair chun líonraí leictreachais inacmhainne ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá gcustaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Áireofar leis sin infheistíocht a bheidh mar bhonn taca le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, le slándáil an tsoláthair agus le gnóthú spriocanna don athrú aeráide. | ■ Déantúsaithe ■ Airgeadais ■ Intleachtúil ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh ■ Nádúrtha | **Bonn Sócmhainní Rialaithe (BSR)** | €9 billiún | €14 billiún |
| | | **Méadair / greillí cliste** | Cinntí tionscadail le déanamh ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh ar bhonn anailís costais is tairbhe | Riachtanais an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh curtha i bhfeidhm go hiomlán |
| | | **Fuinneamh gaoithe ceangailte** | Faoi dheireadh 2015, bhí 67% – 75% de raon sprice 2020 le haghaidh nasc bainte amach* | Naisc leis an líonra a dhéanamh agus tacú leis an sprioc chun 40% d'fhuinneamh in-athnuaite a ghnóthú faoi 2020 |
| **Nuáil Inbhuanaithe** Aithníonn ESB go n-imreoidh fórsaí amhail dícharbónú, iomaíocht agus forbairtí teicneolaíochta athrú mór ar an gcomhthéacs oibriúcháin, agus beidh sé i mbun nuálaíochta chun deiseanna nua a bhaineann lena bpríomhghnó go díreach a chruthú agus a fhás. | ■ Déantúsaithe ■ Airgeadais ■ Intleachtúil ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh ■ Nádúrtha | **Gnóthais atá ag teacht chun cinn** | **Novusmodus** – Plean chun Ciste Novusmodus a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi 2021 – Infheistíocht agus tacaíocht leanúnach do chuideachtaí punainn – Aistriú foghlama chuig gnóthais nua ESB a uasmhéadú **An eCar** – Infreastruchtúr luchtaithe suiteáilte agus barrfheabhsaithe i gcomhair oibriúcháin tráchtála – Comhairle ar an múnla nua praghsála **SIRO** – Seoladh an comhfhiontar SIRO le Vodafone i Meitheamh 2015 – Nascann SIRO a chéad chustaiméirí ar fud na hÉireann **ESB International** – Athbhreithniú ar sheirbhís agus spriocanna ESB International – An tairiscint a uasdátú chun riachtanais custaiméirí atá ag athrú a léiriú | Teacht i dtír ar dheiseanna nua infheistíochta agus méadú nach beag a dhéanamh ar ioncam seachtrach ESB International |
| **Struchtúr Costais Athraithe ó Bhonn** Le hiomaíocht mhéadaithe, éiginnteacht sa timpeallacht eacnamaíoch agus an gá chun fás a mhaoiniú sa todhchaí, beidh ar ESB dul i dtreo tuilleadh éifeachtúlachta. Cuirfidh ESB le héifeachtacht costais ár ngnó ionas go mairfidh sé agus go mbeidh rath air sa chomhthéacs nua seo,. | ■ Airgeadais ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh | **Bonn costais** | €270 milliún de choigilteas bliantúil athfhillteach costais bainte amach as an sprioc €280 milliún | Iomaíoch struchtúr costais |
| **Eagraíocht Ghníomhach Aclaí** Chun Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm beidh eagraíocht sholúbtha, an-spreagtha inoiriúnaithe ag teastáil. Cruthóidh ESB ionad oibre dinimiciúil a spreagfaidh daoine agus a bheidh in ann freagairt go tapa éifeachtach don athrú. | ■ Airgeadais ■ Intleachtúil ■ Daonna ■ Sóisialta agus Caidrimh | **Sábháilteacht** | 58 LTIs (Fostaithe agus Conraitheoirí) Bunaíodh Struchtúr Nua Eagraíochta Sábháilteachta Soláthraíodh córas TF Sábháilteachta (SHIELD) in 2015 | Gortú ar bith |
| | | **Rannpháirtíocht** | Críochnaíodh suirbhé foirne | Gníomhaíocht agus feidhmíocht ar ardleibhéal |
| | | **Athrú** | Múnla nua cúitimh d'iontrálaithe nua | Athrú gasta mar fhreagairt do dhálaí áitiúla |

*Faoi réir fíoraithe

I gcomhair tosaíochtaí gearrthéarma nó meántéarma, féach leathanaigh 40 go 49 le haghaidh mionsonraí aonaid ghnó.

FÓNTAS LÁIDIR COMHTHÁITE ÉAGSÚLAITHE GO HINGEARACH · GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR · LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA · NUÁIL INBHUANAITHE · STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN · EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ



# FUINNEAMH CHUN OBAIR

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN


| | |
|---|---|
| An Fhoireann Fheidhmeannach | 26 |
| Struchtúr an mhargaidh agus an Timpeallacht Oibriúcháin 2015 | 28 |
| Eochairtháscairí Feidhmíochta | 32 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 34 |
| Generation and Wholesale Markets (G&WM) | 40 |
| ESB Networks | 42 |
| Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) | 44 |
| Electric Ireland | 46 |
| Nuáil | 48 |

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

**Díríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin ar Straitéis ESB Group, ar fhorbairtí teicneolaíochta agus tráchtála, cláir a chur i bhfeidhm, feidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, forbairt daoine, forbairt eagraíochtúil agus polasaithe don Ghrúpa ar fad.**



## Pat O'Doherty

Ceapadh Pat O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach i Nollaig 2011. Roimhe sin, bhí sé i gceannas ar an ngnóthas is mó de chuid ESB mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESB Power Generation. Tá bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht bainte amach aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chríochnaigh sé an tArdchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School. Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe agus ina stiúrthóir ar Energy UK.



## Jerry O'Sullivan

Ceapadh Jerry O'Sullivan ina Leas-Phríomhfheidhmeannach i nDeireadh Fómhair 2014. Roimhe sin, ba é Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks Ltd. é. Chuaigh sé isteach in ESB i 1981 agus bhí roinnt post aige i dTógáil Stáisiún Cumhachta, Dáileadh agus Tarchur, Miondíol, Conraitheoireacht, Margaíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí. Ceapadh é ina Cheann ar Sheirbhísí Líonra in 2002 agus ina Cheann ar Inbhuanaitheacht agus ar Chórais Líonra in 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



## John Redmond

Ceapadh John Redmond ina Rúnaí ar an gCuideachta in 2002. D'oibrigh sé mar Rúnaí an Ghrúpa agus mar Leas-Uachtarán Sinsearach um Ghnóthaí Corparáideacha ar GPA Group plc. agus ina dhiaidh sin ba Rúnaí na Cuideachta é le debis AirFinance BV (cuideachta chomhlachaithe de chuid Daimler/ Chrysler) agus le Airplanes Limited atá cláraithe ag SEC. Ó 1980 go 1988, bhí sé ag obair sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Airgeadais. Is céimí de chuid Ollscoil Mhaigh Nuad é agus fuair sé cáilíochtaí iarchéime sa Rialachas Corparáideach ó Ollscoil Napier, Dún Éideann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Comhalta é d'Institiúid na Rúnaithe Cairte ó 1997.



## Donal Flynn

Ceapadh Donal Flynn mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa i mí Lúnasa 2010. Sular tháinig sé chuig an ESB bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais le Airtricity ó mhí Feabhra 2008 nuair a thóg SSE seilbh ar Airtricity. Bhí roinnt post éagsúla ag Donal san airgeadas le General Electric ó 1998 go 2003. Bhain sé cáilíocht amach mar chuntasóir cairte le Arthur Andersen. Tá Céim Bhaitsiléara ag Donal sa tráchtáil agus Céim Mháistir aige sa chuntasaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi seach.



## Paddy Hayes

Ceapadh Paddy Hayes ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Generation and Wholesale Markets i Meitheamh 2012. Roimhe sin, bhí roinnt post bainistíochta sinsearaí aige in ESB lena n-áirítear Ceann ar Ghiniúint Neamhspleách agus Bainisteoir na Punainne Fuinnimh. Sular thosaigh sé ag obair leis an ESB in 1999, bhí roinnt ról ag Paddy le British Steel. Is innealtóir cairte é agus tá céim mháistir aige san innealtóireacht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick sa Ríocht Aontaithe.



## Marguerite Sayers

Ceapadh Marguerite Sayers ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks Ltd. i Samhain 2014. Is innealtóir leictreach í agus chuaigh sí isteach sa Ghrúpa i 1992 agus tá taithí aici ar phoist éagsúla teicniúla agus bainisteoireachta in ESB. Tá céim aici san innealtóireacht leictreach ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, dioplóma i gCuntasaíocht agus Airgeadas ó Ollscoil Luimnigh agus dioplóma i mBainistíocht Tionscadal ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh. Roimhe seo, bhí sí ina Bainisteoir ar Sheirbhísí do Chustaiméirí Bhaile Átha Cliath Theas agus ina Ceann ar Fhorbairt Sócmhainní. Bhí sí ina Bainisteoir Giniúna, leis, ar Generation and Wholesale Markets ina a raibh sí freagrach as punann giniúna ESB.



## Jim Dollard

Ceapadh Jim Dollard ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Ionad Seirbhíse Gnó agus Electric Ireland in Iúil 2013. Is cuntasóir é Jim, agus thosaigh sé amach ar a ghairm réime in ESB i 1992 agus bhí poist éagsúla ardbhainistíochta aige sa Ghrúpa. Tá Céim Bhaitsiléara ag Jim sa tráchtáil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.




## Paul Mulvaney

Ceapadh Paul Mulvaney ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Nuáil i nDeireadh Fómhair 2014. Tháinig Paul isteach in ESB i 1985 agus bhí poist éagsúla sa bhainistíocht shinsearach aige, lena n-áirítear mar Bhainisteoir Stáisiúin Ghiniúna an Oileáin Mhóir agus Ghob na Muine, Bainisteoir an Ghrúpa ar Stáisiúin Ghuail / Ola / Gháis, Bainisteoir Sócmhainní i nGiniúint Cumhachta agus Clárbhainisteoir in Athrú Corparáideach. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an eCar in 2009 agus ina Cheann ar Dháileachán & Seirbhís do Chustaiméirí, ESB Networks in 2012. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Paul agus tá an Clár Ardbhainistíochta déanta aige ag Scoil Ghnó IESE in Ollscoil Navarra sa Spáinn.



## Pat Naughton

Ceapadh Pat Naughton ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Dhaoine agus Inbhuanaitheacht sa Ghrúpa in 2012. Is innealtóir meicniúil é Pat agus d'oibrigh sé i róil éagsúla ó thosaigh sé ag obair sa Ghrúpa i 1978. Bhí poist shinsearacha aige roimhe seo mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna in ESB Energy International, Bainisteoir ar Fhorbairt Straitéise agus Punainne in ESB Energy International agus Bainisteoir ar Hidrea-Stáisiúin in ESB Power Generation .



# STRUCHTÚR AN MHARGAIDH AGUS AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN 2015

## 1. FORBHREATHNÚ AR STRUCHTÚR NA MARGAÍ LEICTREACHAIS I BPOBLACHT NA HÉIREANN AGUS I DTUAISCEART ÉIREANN

Is féidir struchtúr an mhargaidh leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann a bhriseadh síos i gceithre dheighleog: giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. Tá iomaíocht i réim i ngach cuid de ghiniúint agus de sholáthar an leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Is monaplachtaí rialáilte iad tarchur agus dáileachán leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, agus socraíonn an rialaitheoir an t-ioncam ceadaithe don tréimhse athbhreithnithe praghsanna (cúig bliana).

### Beartas agus Rialáil Fuinnimh

Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i bPoblacht na hÉireann agus an tAire um Fhiontar, Trádáil agus Infheistíocht i dTuaisceart Éireann a shocraíonn na beartais fuinnimh. Tá beartas agus rialáil fuinnimh go mór faoi thionchar dhlí an Aontais Eorpaigh (AE).

Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh an rialtóir neamhspleách don mhargadh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann. Is é Údarás Tuaisceart Éireann um Rialáil Fóntais (NIAUR) rialtóir neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i dTuaisceart Éireann.

### An Margadh Aonair Leictreachais (SEM)

Is é an SEM an margadh aonair mórdhíola (linn) don leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Is linn chomhlán éigeantach é an SEM, agus ní mór do gach gineadóir an linn a úsáid chun cumhacht a dhíol agus do gach soláthraí é a úsáid chun cumhacht a cheannach. Socraíonn an linn spotphraghas don leictreachas, ar a dtugtar an Praghas Imeallach Córais, gach tríocha nóiméad. Faigheann gineadóirí íocaíochtaí ar leith chun acmhainn giniúna a sholáthar tríd an meicníocht íocaíochta acmhainne. Bainistíonn gineadóirí agus soláthraithe luaineacht praghsanna sa linn trí chonarthaí airgeadais seasta a chur i gcrích (conarthaí difríochta).

### An Margadh Aonair Chomhtháite Leictreachais (I-SEM)

Tabharfaidh I-SEM aghaidh ar cheisteanna éagsúla atá ag teacht chun cinn don dearadh margaidh reatha, de bharr athruithe ar ghiniúint, ar éileamh agus ar idirnasc. Cur chun feidhme éifeachtúil den Mhúnla Sprice an AE, ar foireann socruithe comhchuibhithe iad le haghaidh trádáil thrasteorann fuinnimh mhórdhíola agus seirbhísí cothromaíochta ar fud na hEorpa is mó atá taobh thiar de thabhairt isteach I-SEM. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh I-SEM in ionad SEM i nDeireadh Fómhair 2017. Mar fhreagairt ar na hathruithe molta sin, chuir ESB cláir I-SEM ar bun lena chinntiú go bhfuil an gnó ullamh do na socruithe nua margaidh.

Mar fhreagairt ar spriocanna ceangailteacha náisiúnta agus Eorpacha, chuir EirGrid Group tús le clár ilbhliana, ar a dtugtar Córas Slán Inbhuanaithe Leictreachais a Sholáthar (DS3). Is é is aidhm don Chlár DS3 ná na dúshláin a bhaineann le córas leictreachais a oibriú a shárú ar bhealach slán sábháilte agus na spriocanna i leith leictreachas in-athnuaite 2020 a bhaint amach. Ceapadh an Clár DS3 lena chinntiú gur féidir leis an gcóras cumhachta feidhmiú go slán ar bhonn líon giniúna in-athnuaite neamhshioncronaí athraithí (e.g. gaoth) sna blianta amach romhainn.

### Líonraí Leictreachais

Is éard atá ann i gcóras tarchuir leictreachais ná líonra ardvoltais chun soláthar leictreachais builc a tharchur. Seachadann an córas dáileacháin leictreachas do chustaiméirí aonair thar na líonraí 38kV / meánvoltais / ísealvoltais. I bPoblacht na hÉireann, is le ESB an líonra córais tarchuir agus dáileacháin agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais; oibríonn EirGrid an líonra córais tarchuir. I dTuaisceart Éireann is le Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) an líonra córais tarchuir agus dáileacháin leictreachais agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais. Oibríonn Oibreoir Córas Thuaisceart Éireann (SONI) an líonra córais tarchuir.

### Idirnasc

Ar chúiseanna tíreolaíochta, tá córais tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann scoite i gcomparáid le córais ar mhór-roinn na hEorpa agus sa Bhreatain Mhór (GB). Nascann Idirnasc na Maoile eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban trí cháblaí faoi uisce a ritheann idir stáisiúin tiontaire i dTuaisceart Éireann agus in Albain. 500 MW d'acmhainn atá sa nasc. Nascann an tIdirnasc Soir Siar an córas tarchuir leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchuir leictreachais sa Bhreatain Bheag, ionas gur féidir leictreachas a tharchur sa dá threo. Ritheann an tIdirnasc Soir Siar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí i bPoblacht na hÉireann. Tá na naisc faoi thalamh agus faoi uisce tuairim is 260 ciliméadar ar fad agus acmhainn ann chun 530 MW a iompar. Is rannpháirtí gníomhach é ESB ar na hidirnaisc agus is é a bhí freagrach as 16% de na hallmhairí ar fad agus as 4% de na honnmhairí in 2015.


### Giniúint leictreachais

12,785 MW d'acmhainn, nó geall leis, atá in earnáil ghiniúna an Mhargaidh Aonair Leictreachais agus é nasctha den chóras ar bhonn uile-oileáin. Ar áireamh in acmhainn an chórais tá meascán de sheanstáisiúin ghiniúna, gástuirbíní timthrialla comhcheangailte nua-aimseartha agus foinsí fuinnimh in-athnuaite ar nós cumhacht gaoithe. Gineann na stáisiúin seo leictreachas ó bhreoslaí amhail gás, gual agus ola chomh maith le breoslaí dúchasacha lena n-áirítear hidreachumhacht, gaoth, móin agus bithmhais.


Tá 2,963 MW de ghaoth suiteáilte ag SEM, acmhainn thábhachtach maidir le sprioc an Rialtais um 40% den leictreachas a ghiniúint trí acmhainní in-athnuaite faoi 2020. Gaoth a ghin 21% den leictreachas in 2015, níos mó ná an 18% in 2014, agus taifead déanta ar aschur uasta gaoithe 2,514 MW in Eanáir 2015. Ghin ESB 49% den leictreachas in SEM in 2015.

Bhí feidhmthréimhse mhaith don ghiniúint bhonnualaigh theirmigh in SEM in 2015, agus an gás agus gual fós ar na breoslaí is mó a úsáideadh le haghaidh giniúna ar an margadh. Thosaigh an t-aonad CCGT de chuid SSE ar an Oileán Mór i Loch Garman ag obair ar bhonn tráchtála in Aibreán 2015; leis sin baineadh 240 MW d'aonaid ola den chóras agus cuireadh 464 MW de ghás ina n-áit.


**AN MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS (SEM)**





**ALLMHAIRÍ IOMLÁNA IDIRNAISC**




**ONNMHAIRÍ IOMLÁNA IDIRNAISC**




**GINIÚINT LEICTREACHAIS DE RÉIR CINEÁL BREOSLA**




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

### Trádáil Leictreachais

Tá na margaí leictreachais agus gáis sa Bhreatain Mhór, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann nasctha ar an dá bhealach seo a leanas: trí ghás a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint agus trí nasc fisiciúil idir na líonraí gáis agus leictreachais. Dála roinnt cuideachtaí eile ar an margadh Éireannach, tá ESB gníomhach sna margaí gáis agus leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

Mar bhreis ar a leasa giniúna, tá ESB gníomhach i ngach earnáil den mhargadh gáis idir chónaithe agus mhórthráchtála, agus tá sé ar cheann de na lastóirí gáis is mó ar an oileán. Tá ESB ag fás i gcónaí ar na margaí leictreachais agus gáis agus i measc na bpríomhfhorbairtí in 2015, cuireadh tús le hoibriúchán tráchtála Fheirm Ghaoithe Thigh na Coille i gContae Phort Láirge, síníodh conradh don mhonarcha bithmhaise Tilbury in Essex agus leanadh den mhonarcha Carrington CCGT a thógáil in aice le Manchain. Ag tacú leis an ngníomhaíocht sin, tá lánacmhainn trádála ag ESB Trading i bhfíor-am agus láithreacht trádála 24 uair ar na margaí gáis agus leictreachais aige.

## 2. TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## NA MARGAÍ FUINNIMH DOMHANDA

### Praghsanna Gáis

Bhí rósholáthar ar an margadh domhanda gáis in 2015, de bharr méadú ar infhaighteacht Gáis Nádúrtha Leachtaithe (LNG) agus teocht níos airde ná an ghnáth-theocht, a chuir brú anuas ar phraghsanna, a thit ó 50p/teirm go 31p/teirm i gcaitheamh na bliana.

### Praghsanna Guail

Tháinig laghdú ar phraghsanna guail an bhliain seo ó $67/tonna ag tús na bliana go $47/tonna faoi Nollaig. Rósholáthar ar an margadh domhanda guail, éileamh beag ó thíortha a úsáideann gual agus laghdú ar phraghsanna ola a bhí taobh thiar den treocht anuas.

### Praghsanna Carbóin

Tháinig méadú ar phraghsanna carbóin le linn na bliana, go háirithe le linn an dara agus an tríú ráithe nuair a tuairiscíodh an praghas is airde don tréimhse trí bliana ag €8.70/tonna. Tá gluaiseachtaí ar phraghas carbóin ag brath go mór ar chinntí beartais agus cur chun feidhme ar leibhéal an AE, agus ní ar phraghsanna tráchtearraí.

### Praghsanna mórdhíola leictreachais SEM

Dhá chuid atá sa Phraghas Imeallach Córais san SEM, an costas imeallach gearr-reatha táirgthe arb ionann é agus costas an bhreosla (75% go tipiciúil) agus an t-uasardú arb ionann é agus aisghabháil na gcostas tosaithe agus gan aon chostas lódála - is costais sheasta iad sin nach n-athraíonn de réir an leibhéil aschuir (25% go tipiciúil).

In 2015, úsáideadh breoslaí iontaise le haghaidh 76% den ghiniúint, go mór mór gás agus gual. De bhrí gurb iad aonaid gáis CCGT na haonaid is éifeachtaí ar an gcóras, tá nasc láidir idir praghas an gháis mhórdhíola agus an SMP. Bliain i ndiaidh bliana, tá laghdú 10% tagtha ar an SMP 2015, a bhfuil titim sa phraghsanna gáis agus guail agus tuilleadh foinsí in-athnuaite fuinnimh ar an margadh ina gcúis leis.

Ag tús na bliana, bhí praghsanna an-luaineacha i réim tar éis Stoirm Rachel, ó bhuaicphointe €740/MWh an 11 Márta 2015 síos go híosphointe €0/MWh an 9 agus 12 Márta 2015. Bhí praghsanna níos cobhsaí ann i rith an tSamhraidh, de bharr tráchtearraí ag titim, feidhmthréimhsí maithe córais agus gaoth íseal. Bhí praghsanna sa Gheimhreadh íseal don séasúr sin, leis an teocht os cionn an mheáin agus stoirmeacha geimhridh a mhéadaigh an méid gaoithe ar an gcóras. Bhí praghsanna an-luaineacha i réim feadh tréimhse na Nollag agus Stoirm Eva le buaicphointí €412/MWh an 17 Nollaig 2015 síos go híosphointe €0/MWh an 19 Nollaig 2015. Ag deireadh na bliana, bhí meánphraghas €50.83/MWh i bhfeidhm (2014: €56.63/MWh).


### Praghsanna leictreachais na Breataine Móire

Tháinig laghdú ar phraghsanna cumhachta sa Bhreatain Mhóir le linn na bliana. Laghdú ar phraghsanna breosla (gual agus gás) a bhí taobh thiar de. Ach ba mhaith an cúiteamh ar an laghdú sin ar phraghsanna breosla é an méadú ar an mBonnphraghas Carbóin (beart a tugadh isteach mar chuid den Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais chun infheistíocht ísealcharbóin a spreagadh), ó £9.55/tonna go £18.08/tonna in Aibreán 2015. Bhí roinnt praghsanna luaineacha le feiceáil ag tús na bliana, le titim na teochta faoin ngnáthphointe, agus tháinig méadú ar phraghsanna faoi dheireadh na chéad ráithe. Sa chuid eile den bhliain, tháinig laghdú ar phraghsanna ar aon dul leis an titim i bpraghsanna breosla. Ba é £40.21/MWh an meánphraghas in 2015 ar laghdú 4% ar phraghsanna 2014 é.


Reáchtáladh ceant acmhainne na Breataine Móire i Nollaig 2015 do 2019 le 46.35 GW (2014: 49.30 GW) d'acmhainn faighte ar phraghas imréitigh £18/kW (2014: £19.40/kW). Tharraing ESB an monarcha Corby as sular críochnaíodh an ceant. Fuair CCGT nua de chuid ESB, Carrington, conradh aon bhliana. Féach Leathanach 40 i gcomhair tuilleadh mionsonraí i dtaca leis an gceant.

### PRAGHSANNA TRÁCHTEARRAÍ 2015


SMP (€/MWh)




BONNUALACH NA RÍOCHTA AONTAITHE (£/MWh)





GÁS, GUAL AGUS CARBÓN




# PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPI)

## AIRGEADAS


### EBITDA (€'m)




### Glanfhiachas (€'m)





### Caiteachas caipitil (€'m)





| KPI | SAINMHÍNIÚ | TÁBHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **EBITDA** | Tuilleamh roimh ús, cánachas, dímheas, bearnú, amúchadh agus míreanna eisceachtúla | Is critéir thomhais é EBITDA ar an airgead a tuilleadh sa Ghrúpa i rith na bliana agus atá ar fáil ansin i gcomhair infheistíochtaí straitéiseacha, aisíocaíocht fiachais agus íocaíocht díbhinne. | Baineann an méadú ar EBITDA in 2015 le feidhmthréimhse fheabhsaithe na monarchan giniúna. I gcomhair tuilleadh mionsonraí, féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 36. | |
| **Glanfhiachas** | Iasachtaí agus fiachais eile gan airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | Leis an nglanfhiachas, déantar tomhas ar cé chomh giaráilte is atá an Grúpa agus feictear an bhfuil sé ag cloí lena eochairchúnaint. Tá an glanfhiachas ag fás i gcónaí agus iasachtaí á n-úsáid ag ESB chun cuid dá chláir infheistíochta caipitil a mhaoiniú. | Tá an glanfhiachas ag fás i gcónaí agus clár infheistíochta caipitil á chur chun cinn ag ESB, atá á mhaoiniú, i bpáirt, le hiasachtaí breise. I gcomhair tuilleadh mionsonraí, féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 36. | |
| **Caiteachas Caipitil** | Méideanna breise do mhaoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | Tá ESB i mbun tréimhse infheistíochta caipitil nach beag dá ghnóthaí Networks agus Generation and Wholesale Markets (G&WM). Ar an gcaoi sin, féadfaidh ESB an líonra leictreachais a fhorbairt agus dul in iomaíocht sa timpeallacht uile-oileáin. | Baineann an laghdú ar chaiteachas caipitil in 2015 le laghdú ar chaiteachas ar Carrington CCGT agus é beagnach críochnaithe. I gcomhair tuilleadh mionsonraí, féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 37. | |

## CUSTAIMÉIR AGUS MARGADH

### Sciar den mhargadh




### Sástacht na gCustaiméirí Cónaithe




### Feasacht Branda




| KPI | SAINMHÍNIÚ | TÁBHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Sciar den Mhargadh** | Sciar den mhargadh uile-oileáin sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) | Is ríthábhachtach don ESB a sciar den mhargadh a choimeád agus a mhéadú chun dul san iomaíocht sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. | Ach díriú i gcónaí ar tháirgí ar phraghsanna iomaíocha agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí, d'éirigh le Electric Ireland méadú beag a bhaint amach ar an sciar foriomlán den mhargadh go 38%. | |
| **Sástacht na gCustaiméirí Cónaithe** | Tomhas ar shástacht custaiméirí cónaithe (Foinse: Torthaí an tSuirbhé Mhíosúil le Research Perspective) | Déanann ESB a dhícheall chun ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a chur ar fáil agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach chun an t-eispéireas do chustaiméirí a fheabhsú chun an sciar den mhargadh a choimeád. | Tá laghdú tagtha ar shástacht custaiméirí de bharr méadú ar iomaíocht agus na lascainí móra atá á gcur ar fáil ag iomaitheoirí. | |
| **Feasacht Branda** | Clú Electric Ireland mar Sholáthraí Fuinnimh (Foinse: Torthaí Suirbhé Custaiméara IPSOS) | Branda Electric Ireland a choimeád mar an príomhbhranda soláthair fuinnimh in Éirinn. | Seasamh láidir i gcónaí ar 95% a bhuí le margaíocht, urraíocht agus feachtais promóisin i rith na bliana. | |

FÓNTAS LÁIDIR COMHTHÁITE ÉAGSÚLAITHE GO HINGEARACH
GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR
LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA




## OIBRIÚCHÁN

### Feidhmthréimhse Monarchan




### MW In-athnuaite Oibriúcháin





### Nóiméid a Chaill Custaiméirí (CMLanna)




| KPI | SAINMHÍNIÚ | TÁBHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Feidhmthréimhse Monarchan** | Céatadán den am sa bhliain ina raibh an mhonarcha ghiniúna ar fáil chun leictreachas a tháirgeadh, is cuma cé acu ar ghin nó nár ghin sé leictreachas | Is ríthábhachtach i leith feidhmíocht thráchtála ESB é feidhmíocht láidir tráchtála agus oibriúcháin a chur ar fáil i ngach cuid de mhonarcha giniúna ESB, trí oibríochtaí agus cothabháil dea-chleachtais agus trí ollchóiriú a chríochnú go tráthúil. | Rinneadh feidhmthréimhse monarchan a fheabhsú in 2014 a bhuí le feidhmthréimhse fheabhsaithe sa fhlít, go háirithe i nGob na Muine (stáisiún guail 915 MW) a bhain roinnt bristeach seirbhíse dó in 2014. | |
| **MW In-athnuaite Oibriúcháin** | Líon iomlán na MW giniúna in-athnuaite ina bhfuil an dáta oibriúcháin tráchtála sroichte ag na sócmhainní | Gné lárnach is ea an ghiniúint in-athnuaite chun sprioc an ESB a bhaint amach maidir le dlús carbóin a fhlít giniúna a laghdú. | Baineann an méadú 20 MW le feirm ghaoithe Woodhouse a thosaigh oibriúcháin tráchtála in 2015. | |
| **Nóiméid a Chaill Custaiméirí (CML) ESB Networks** | Meánfhad na mbristeach (pleanáilte agus fabht) do gach custaiméir i rith na bliana | Is ríthábhachtach d'ESB é iontaofacht na heangaí agus briseadh seirbhíse do chustaiméirí a mhaolú. | Clár mór cothabhála a glacadh de láimh in 2015 is cúis leis an méadú ar líon na nóiméad a cailleadh in 2015. | |

## DAOINE

### Líon daoine




### LTIanna Fostaithe




| KPI | SAINMHÍNIÚ | TÁBHACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Líon daoine** | Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain, lena n-áirítear fostaithe sealadacha arna bhfostú ag ESB | Teastóidh eagraíocht sách mór, sholúbtha, inoiriúnaithe, an-spreagtha chun an straitéis a chur i ngníomh. | Leis an méadú ar líon na mball foirne, cinnteofar pleanáil éifeachtach chomharbais. Earcaíodh 179 printísteach agus céimí i gcaitheamh na bliana. | |
| **LTIanna Fostaithe** | Is éard is LTI ann ná díobháil cheirde a bhfuil mar thoradh uirthi go bhfuil an fostaí as láthair ar feadh lá amháin ar a laghad (an lá a tharla an díobháil á chur as an áireamh) | Tá an tsábháilteacht ina croíluach den Ghrúpa. Tá ESB ag díriú i gcónaí ar rioscaí sa ghnóthas is cúis le gortuithe a laghdú. | Bhí líon níos lú LTIanna in 2015 i gcomparáid le 2014 agus ESB ag díriú ar rioscaí is cúis le teagmhais dhíobhálacha a laghdú sa ghnóthas. | |

NUÁIL INBHUANAITHE
STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN
EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# ATHBHREITHNIÚ AR AIRGEADAS



"Chruthaigh EBS go maith in 2015. Tháinig méadú ar an mbrabús tar éis cánach ó €215 mhilliún go €286 mhilliún agus méadú ar ROCE ó 6.0% go 6.5%. Feidhmthréimhse fheabhsaithe na monarchan giniúna ó 86% go 92% is mó atá taobh thiar den ardú feidhmíochta. Ag deireadh na bliana, bhí ardleibhéal leachtacha ag ESB de €1.5 billiún."

**Donal Flynn, Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa**

## FIGIÚR 1: ACHOIMRE CÚIG BLIANA

| | 2015 €'m | 2014 €'m | 2013 €'m | 2012 €'m | 2011 €'m |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla[1] | **3,364** | 3,293 | 3,445 | 3,295 | 2,995 |
| Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla[2] | **635** | 552 | 684 | 576 | 469 |
| Brabús coigeartaithe roimh cháin[3] | **381** | 307 | 450 | 351 | 283 |
| EBITDA, míreanna eisceachtúla á gcur as an áireamh[4] | **1,348** | 1,301 | 1,342 | 1,256 | 1,121 |
| Caiteachas Caipitil | **873** | 960 | 825 | 765 | 883 |
| Glanfhiachas | **4,975** | 4,639 | 4,144 | 4,414 | 4,324 |
| Giaráil (%)[5] | **55%** | 53% | 48% | 53% | 52% |
| Sócmhainní iomlána | **13,157** | 12,973 | 12,782 | 12,600 | 12,539 |

[1] Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2015: muirear bearnaithe (€104 mhilliún). 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 milliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún).

[2] Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2015: muirear bearnaithe (€104 mhilliún). 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 mhilliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní. (€95 mhilliún). 2012: costais scor foirne (€161 mhilliún).

[3] Brabús coigeartaithe roimh cháin: Figiúr an bhrabúis roimh cháin coigeartaithe le haghaidh míreanna eisceachtúla agus gluaiseachtaí cóirluacha ar bhabhtálacha ráta úis.

[4] Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2015: muirear bearnaithe (€104 mhilliún). 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainne (€38 milliún) agus gnóthachtan neamhairgid (€94 mhilliún): 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní. (€95 mhilliún). 2012: costais scor foirne (€161 mhilliún).

[5] Ní áirítear comhfhiontair.

## PRÍOMHFHIGIÚIRÍ

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA:**

€635 mhilliún

**BRABÚS I NDIAIDH CÁNACH**

€286 mhilliún

**CAITEACHAS CAIPITIL:**

€873 mhilliún

**DÍBHINNÍ 2015:**

€79 milliún[1]

**COIGILTIS AR CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN A BAINEADH AMACH Ó 2010 I LEITH:**

€270 milliún

[1] Féach nóta 17 le haghaidh sonraí díbhinne

## FIGIÚR 2: RÁITEAS COIMRITHE AR IONCAM

| | 2015 €'m | 2014 €'m |
|---|---|---|
| Ioncam reatha agus ioncam eile | 3,364 | 3,293 |
| Costais oibriúcháin | (2,729) | (2,741) |
| **Brabús Oibriúcháin** | **635** | **552** |
| Míreanna eisceachtúla | (104) | 132 |
| **Brabús oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla** | **531** | **684** |
| Glanchostais airgeadais | (245) | (243) |
| Gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | 30 | (225) |
| Sciar de chaillteanas in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (9) | (2) |
| **Brabús roimh cháin** | **307** | **214** |
| (Muirear) / creidmheas cánach | (21) | 1 |
| **Brabús tar éis cánach** | **286** | **215** |

## IONCAM

Is ionann ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla agus €3,364 milliún agus is €71 mhilliún de mhéadú é sin i gcomparáid le 2014 (€3,293 mhilliún).

Infhaighteacht fheabhsaithe i Generation and Wholesale Markets (G&WM) agus mórchonarthaí nua in Electric Ireland atá taobh thiar den mhéadú sin.

## COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

B'ionann na costais oibriúcháin foriomlána de €2,833 milliún agus méadú de €92 milliún.

- Tháinig laghdú beag €7 milliún ar costais bhreosla agus costais eile fuinnimh ó na leibhéil in 2014 de bharr costas gáis níos ísle.
- I gcomparáid le 2014, tháinig méadú de €14 mhilliún ar an dímheas ag €745 milliún de bharr an bhoinn sócmhainní níos leithne in 2015.
- I gcomparáid le 2014 tháinig méadú €7 milliún ar costais fostaithe go €421 mhilliún de bharr an mhéadaithe ar an líon fostaithe.
- Tháinig méadú de €24 mhilliún ar chostais oibriúcháin agus cothabhála. Costais oibriúcháin níos airde in Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) a bhaineann le neartú GBP atá taobh thiar den mhéadú sin. Má chuirtear tionchar an airgeadra eachtraigh as an áireamh, tá na costais sin ar an leibhéal céanna.
- Tar éis athbhreithniú ar bhearnú na sócmhainní giniúna, cinneadh muirear bearnúcháin de €104 mhilliún a aithint do Corby Power Limited (€58 milliún) agus Coolkeeragh Limited (€46 mhilliún). Is léiriú iad na muirir bhearnúcháin seo ar phraghsanna leictreachais mórdhíola níos ísle sa Bhreatain Mhór in 2015 agus laghdú ar an reáchtáil margaidh le haghaidh Coolkeeragh. Gheofar sonraí breise i dtaobh na mbearnuithe seo i Nótaí 4 agus 10.

Gheofar miondealú ar na costais oibriúcháin de réir deighleog ghnó i nóta 2.

## FIGIÚR 3: COSTAIS OIBRIÚCHÁIN, LENA N-ÁIRÍTEAR BEARNÚ

| | 2015 €'m | 2014 €'m |
|---|---|---|
| Costais bhreosla agus costais fuinnimh eile | **1,088** | 1,095 |
| Dímheas agus amúchadh | **745** | 731 |
| Costais fostaithe | **421** | 414 |
| Costais oibriúcháin agus chothabhála | **475** | 451 |
| Bearnú (mír eisceachtúil in 2015) | **104** | 50 |
| **Costais iomlána oibriúcháin, lena n-áirítear bearnú** | **2,833** | 2,741 |

## MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Baineann na míreanna eisceachtúla do 2015 le bearnú agus tá tuairisc déanta orthu sna costais oibriúcháin thuas.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN TAR ÉIS NA MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Tá laghdú de €153 mhilliún le feiceáil ar an mbrabús oibriúcháin tar éis na míreanna eisceachtúla. Seo a leanas na cúiseanna leis an laghdú:

- Gnóthachain eisceachtúla sa bhliain roimhe seo 2014 (€132 mhilliún). Baineann na gnóthachain sin le:
  – An brabús ar dhiúscairt leasa an ESB in Bizkaia Energia SL agus ESBI Facility Management España SL chuig cleamhnaí ArcLight Capital Partners, LLC (€38 milliún). Úsáideadh na fáltais ó dhíolacháin na sócmhainní sin chun cuid den díbhinn speisialta de €400 milliún a aontaíodh leis an Rialtas in 2012 a mhaoiniú.
  – An gnóthachain, nach airgead tirim é, a léiríonn luach cóir an sciar 50% atá ag ESB in SIRO le Vodafone (€94 mhilliún).
- Costas bearnaithe níos airde in 2015 de €54 mhilliún.
- Costais oibriúcháin níos airde in 2015 (bearnú á chur as an áireamh) de €38 milliún – féach na costais oibriúcháin i gcomhair tuilleadh mionsonraí.
- Arna chúiteamh le hollchorlach níos airde in 2015 de €71 mhilliún in G&WM de bharr fheidhmthréimhse fheabhsaithe na monarchan giniúna (2015: 92% v 2014: 86%).

Sonraítear an ghluaiseacht sa bhrabús oibriúcháin idir na blianta 2014 agus 2015 i réiteach an bhrabúis oibriúcháin 2014 go 2015 i bhFigiúr 4.

## FIGIÚR 4: RÉITEACH AN BHRABÚIS OIBRIÚCHÁIN 2014 GO 2015



## EBITDA*

Agus míreanna eisceachtúla á gcur as an áireamh, tá méadú €47 milliún ar EBITDA (€1,348 milliún) i gcomparáid le 2014. Corrluach fuinnimh níos airde atá taobh thiar den mhéadú seo, arna chúiteamh ag costais oibriúcháin níos airde, agus dímheas á chur as an áireamh.

## BRABÚS COIGEARTAITHE ROIMH CHÁIN

Mhéadaigh an brabús coigeartaithe roimh cháin de €74 milliún go €381 mhilliún (2014: €307 milliún). Is é an méadú ar an ollchorrlach a tuairiscítear thuas is mó atá taobh thiar de.

**FIGIÚR 5: RÉITEACH AN BHRABÚIS CHOIGEARTAITHE ROIMH CHÁIN**

| | 2015 €'m | 2014 €'m |
|---|---|---|
| Brabús roimh chánachas | 307 | 214 |
| Míreanna eisceachtúla | 104 | (132) |
| Gluaiseacht cóirluacha ar bhabhtálacha ráta úis | (30) | 225 |
| **Brabús coigeartaithe roimh cháin** | **381** | **307** |

## COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS

Is ísle de €253 mhilliún na costais iomlána airgeadais in 2015 ná muirir 2014

**FIGIÚR 6: COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS**

| | 2015 €'m | 2014 €'m |
|---|---|---|
| Glan-ús ar iasachtaí | 206 | 199 |
| Táillí maoinithe | 40 | 45 |
| Ioncam airgeadais | (1) | (1) |
| **Glanchostais airgeadais** | **245** | **243** |
| Babhtálacha Ráta Úis atá Nasctha le Boilsciú | (30) | 245 |
| Caillteanais luacha chóir ar ionstraimí airgeadais | - | (20) |
| **Costais iomlána airgeadais** | **215** | **468** |

**FIGIÚR 7: RÁITEAS ACHOIMRITHE AR SHREABHADH AIRGID**

| | 2015 €'m | 2014 €'m |
|---|---|---|
| EBITDA (míreanna eisceachtúla á gcur as an áireamh) | 1,348 | 1,301 |
| Úsáid an tsoláthair agus gluaiseachtaí eile | (185) | (64) |
| Ús agus cáin | (306) | (299) |
| **Insreabhadh airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **857** | **938** |
| Fáltais ó dhíolacháin | 7 | 61 |
| Caiteachas Caipitil | (786) | (920) |
| Eile | 33 | 28 |
| **Eis-sreabhadh glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(746)** | **(831)** |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | **(124)** | **(338)** |
| **Laghdú glan in airgead tirim** | **(13)** | **(231)** |

Is é tionchar GBP ag dul i dtreis ar íocaíochtaí úis GBP agus leibhéal níos airde fiachais atá taobh thiar den mhéadú ar an ús glan ar iasachtaí.

Laghdaigh muirir airgeadais de bharr laghdú ar an ráta lascaine a úsáideadh lena ríomh.

In 2014, d'aontaigh an Grúpa agus bainc na gcontrapháirtithe athstuchtúrú ar bhabhtálacha atá ceangailte le boilsciú. I ngeall air sin, agus ar an timpeallacht ráta íseal úis sa Ríocht Aontaithe, thit an cóirluach go suntasach in 2014. Leis an téarnamh beag ar rátaí úis in 2015, bhí gluaiseacht dheimhneach chóirluacha le feiceáil i mbliana. Tá tuilleadh mionsonraí san áireamh i nóta 20.

## CÁNACHAS

Muirear cánach níos airde de €21 mhilliún, go háirithe de bharr
creidmheas cánach iarchurtha níos lú bliain
ar bhliain
(athrú 2% i ráta cánach na Ríochta Aontaithe).

## FEIDHMÍOCHT NA NDEIGHLEOG

Tá an Grúpa eagraithe ina chúig phríomhdheighleog intuairiscithe nó rannán straitéiseach, a bhainistítear ar leithligh. Gheofar mionsonraí breise ar fheidhmíocht airgeadais na ndeighleog gnó sna ranna athbhreithnithe ar leathanaigh 40 go 47 agus i nóta 2.

## GLANFHIACHAS AGUS GIARÁIL


Léiríonn an méadú ar an bhfiachas glan go €5.0 billiún in 2015 ó €4.6 billiún in 2014 infheistíocht leanúnach caipitil, lagú an euro agus íocaíochtaí díbhinne in 2015.

Tá an 55% de leibhéal giarála 2% níos airde ná in 2014, rud a léiríonn méadú ar ghlanfhiachas. Mhéadaigh na sócmhainní iomlána go €13.2 billiún i gcaitheamh na bliana ó €13.0 billiún, ar léiriú é ar an gclár infheistíochta caipitil sa Ghrúpa.





**FIGIÚR 8: CAITEACHAS CAIPITIL**




## CAITEACHAS CAIPITIL

In 2015 b'ionann an caiteachas caipitil agus €873 mhilliún, arb ionann agus laghdú de €87 milliún é ar leibhéil infheistíochta 2014.

Lean an infheistíocht caipitil sna gnóthais líonraí in 2015. Infheistíodh €629 milliún sa bhonneagar líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh an caiteachas sin mar chuid de na cláir chaiteachais chaipitil cúig bliana a aontaíodh leis na rialtóirí faoi seach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

Áirítear sa chaiteachas in G&WM in 2015 €93 mhilliún chun stáisiún cumhachta CCGT Carrington a thógáil sa Ríocht Aontaithe, sin laghdú de €168 milliún ar 2014 agus an stáisiún á chríochnú. Meastar go dtosóidh an tionscadal seo ag obair ar bhonn tráchtála i 2016. Infheistíodh €83 mhilliún eile sa ghnó giniúna, a mbaineann €66 milliún de le hollchóiriú ar stáisiúin chumhachta agus le tionscadail eile agus €17 milliún de le tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

## BAINISTÍOCHT CISTÍOCHTA

### CREAT MAIDIR LE HOIBRIÚCHÁIN CHISTÍOCHTA AGUS TRÁDÁLA

Baineann na príomhrioscaí airgeadais don Ghrúpa le:

- Leachtacht agus rochtain ar na margaí fiachais a choimeád
- Luaineacht in airgeadra eachtrach
- Gluaiseacht ráta úis ar réimse fiachais reatha agus todhchaí tuartha an Ghrúpa
- Gluaiseachtaí i bpraghasanna tráchtearraí breosla
- Nochtadh creidmheasa contrapháirtí
- Riosca oibriúcháin, lena n-áirítear nochtadh do chalaois agus earráidí

Tá Aonad Cistíochta an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá, agus dá bhrí sin, tá sé freagrach, go páirteach nó go hiomlán, as gach ceann de na rioscaí airgeadais sin. Is féidir cuid de na rioscaí sin a mhaolú trí ionstraimí airgeadais díorthaigh, agus nuair is cuí, cuirtear i bhfeidhm iad de réir shonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Faoin Acht seo cumasaítear don ESB conarthaí díorthacha a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca ó athruithe ar rátaí úis, ar airgeadra, ar phraghsanna tráchtearraí agus ó fhachtóirí eile den chineál céanna, nó é a mhaolú. Cuirtear cuntasaíocht fálaithe IAS 39 i bhfeidhm ar staideanna díorthacha an Ghrúpa áit is féidir. I gcás nach gcáilíonn na hionstraimí díorthacha atá ag an nGrúpa do chuntasaíocht fálaithe, féachtar orthu fós féin mar fhálta maithe eacnamaíocha.

Coinnítear Coiste Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta. Tá cur chuige an Ghrúpa i leith príomhrioscaí airgeadais ESB a bhainistiú leagtha amach i Nóta 26.

## MAOINIÚ AGUS LEACHTACHT.

Tá tábhacht straitéiseach le hoibriúcháin chistiúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le leachtacht dhóthanach a choimeád. Chuige sin, baineadh amach roinnt garspriocanna in 2015 chun seasamh maoinithe agus leachtachta an Ghrúpa a shlánú. In Eanáir 2015, leasaíodh agus cuireadh síneadh ama le Saoráid Creidmheasa Imrothlach an Ghrúpa, a aontaíodh i bhFeabhra 2013. Leis an leasú, a aontaíodh le grúpa de cheithre cinn déag de na príomhbhainc Éireannacha agus idirnáisiúnta, méadaíodh méid na saoráide ó €1.40 billiún go €1.44 billiún, agus rinneadh laghdú suntasach ar phraghsáil. Leis an tsaoráid sin, tugtar ardleibhéal leachtachta theannta don ESB le haghaidh na cúig bliana le teacht, agus rogha síneadh ama dhá bhliain a chur i bhfeidhm go dtí 2022.

I Meitheamh 2015, d'eisigh ESB banna ráta sheasta €500 milliún ar ráta cúpóin 2.125%, a thiocfaidh in aibíocht i Meitheamh 2027. Úsáideadh an chuid is mó de na fáltais chun cuid den bhanna 6.25% cúig bliana €600 milliún a ceannaíodh i Meán Fómhair 2012 a aischeannach. Chuidigh an láithrúchán banna agus an t-aischeannach rathúil leis an nGrúpa chun síneadh ama a chur le meántréimhse aibíochta an fhiachais fhadtéarmaigh ar rátaí an-iomaíocha.

Tar éis na n-idirbeart sin, ba é 5.4% an meánráta úis ualaithe i gcás punann d'iasachtaí amuigh an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2015, agus b'ionann agus sé bliana fadtréimhse meánach ualaithe na n-iasachtaí sin ar an dáta sin. Leanfaidh Ciste an Ghrúpa dá phróifíl aibíochta fiachais a bhainistiú go gníomhach d'fhonn a staid leachtachta a shlánú, an meánráta a laghdú a thuilleadh agus meánaibíocht phunann an Ghrúpa a mhéadú.

Le straitéis bhainistíochta fiachais an Ghrúpa dírítear ar phróifíl phunainne fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaofa agus maoiniú iontaofa teoranta nuair is cuí agus cuirtear san áireamh costais chistiúcháin agus an gá atá le maolú riosca. Comhlíonann gach áis iasachta na hAchtanna Leictreachais agus na ceanglais reachtúla ábhartha agus coinníonn Ciste an Ghrúpa éagsúlacht i mbonn iasachtóirí an ESB d'fhonn riosca a leathadh go straitéiseach.

Léiríonn staid cistiúcháin ESB a neart bunúsach airgeadais agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad ó gach ceann de na trí mhórghníomhaireacht. Tá dea-bhail ar phróifíl aibíochta fiachais ESB mar a leagtar amach i bhFigiúr 9 ar leathanach 39, go háirithe i gcomhthéacs feidhmíocht leanúnach láidir EBITDA (€1.3 billiún in 2015) agus leachtacht de €1.5 billiún (idir airgead tirim agus saoráidí geallta neamhtharraingthe) an 31 Nollaig 2015. Tá an Grúpa ag leanúint dá phróifíl aisíocaíochta iasachtaí a bhainistiú agus a chinntiú go bhféadfaidh sé maoiniú a fháil sa todhchaí trí dhea-chaidreamh a choinneáil leis na bainc, na hinfheistitheoirí agus na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

## AIRGEADRA EACHTRACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AN RÁTA ÚIS

Tá an chuidis mó de ghnóthas an Ghrúpa lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Dá réir sin, is in euro nó steirling go príomha a bhíonn sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe. An eisceacht mhór air seo ná ceannach guail, a ainmnítear i ndollair SA de ghnáth. Bainistítear an chuid is mó den nochtadh d'airgeadra eachtrach le díorthaigh airgeadra ar nós réamhchonarthaí ceannaigh.

Is é beartas an Ghrúpa gnó dá chuid atá ainmnithe in euro a mhaoiniú trí iasachtaí díreacha in euro nó iasachtaí in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro le díorthaigh. Is gnách infheistíochtaí sa RA (lena n-áirítear NIE Networks, agus monarcha chumhachta Carrington atá á thógáil faoi láthair) a mhaoiniú le fiachas atá ainmnithe i steirling. Tá tuairim agus 58% d'fhiachas an ESB ainmnithe in euro, agus an 42% d'fhuilleach in GBP.

Is cuid de bheartas ráta úis an Ghrúpa tromlach suntasach dá fhiachas a choimeád ar ráta úis seasta (nó ar ráta úis atá nasctha le boilsciú) go dtí aibíocht, agus 50% ar a laghad a bheith seasta (nó nasctha le boilsciú) riamh agus i gcónaí. Faoi láthair, tá 77% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí aibíocht agus 15% eile nasctha le boilsciú.

## AN RIOSCA MAIDIR LE PRAGHSANNA TRÁCHTEARRAÍ

Is tréith den ghnó é luaineacht na bpraghsanna breosla le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna ESB. Bainistíonn ESB an nochtadh iarmhartach ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna breosla ar bhonn fálú roghnaitheach. Tá conarthaí réamhphraghsanna tráchtearraí déanta ag ESB maidir le liúntais gháis, ghuail agus astaíochtaí carbóin go ceann trí bliana chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí i bpraghsanna mórdhíola leictreachais ag éirí as luaineachtaí dá shórt i bpraghsanna tráchtearraí. Is fál nádúrtha é gnó soláthair an Ghrúpa, Electric Ireland, maidir leis seo.

## RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ

Bíonn riosca creidmheasa ann don Ghrúpa ó chontrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a ndéanann an Grúpa idirbheartaíocht leo sna margaí airgeadais agus tráchtearraí. Is é beartas an Ghrúpa teorainn a chur leis an nochtadh do chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Tá nochtadh agus teorainneacha gaolmhara faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó, agus faoi réir Choiste Trádála an Ghrúpa, ar bhonn an Ghrúpa uile. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála a bhunú le contrapháirtithe.


De ghnáth, bíonn dlúthnasc idir teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a shocraíonn an GTC agus rátáil chreidmheasa gach contrapháirtí faoi mar a chinneann na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa é, cé gur féidir fachtóirí eile a chur san áireamh freisin, dála an tslándáil a chuirtear ar fáil agus struchtúr dlíthiúil an idirbhirt. Is é an teorainn a shocraítear do chontrapháirtí an méid nach ceadmhach suim mhéad an ghlanta, luach na marcála de réir margaidh agus an nochtadh féideartha todhchaí a shárú, agus athbhreithnítear na suíomhanna sin ar bhonn rialta (suas go gach lá).

## NA HIONCHAIS

Leis an athrú tapa ar an timpeallacht eacnamaíoch agus rialála, agus an luaineacht i bpraghsanna margaidh, tá dúshláin ann chun clár infeistíochta ESB in infreastruchtúr fuinnimh a chur i ngníomh, agus spriocanna eile atá leagtha síos i Straitéis ESB Group a bhaint amach. Chun dul in oiriúint do na dúshláin sin, thapaigh an Grúpa an deis le dhá bhliain déag anuas lena staid leachtachta a fheabhsú go suntasach, aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe tobanna ina phróifíl aibíochta iasachtaí, agus costas iasachtaí a laghdú. Rinneadh sreafaí airgid oibriúcháin sa todhchaí ó ioncam reatha leictreachais, soláthar breosla lena ngabhann agus riachtanais airgeadra eachtraigh a fhálú go cuí chun rioscaí a mhaolú.

Mar fhorbairt ar an dul chun cinn a rinneadh an bhliain seo caite, is é straitéis bainistíochta ciste an Ghrúpa ná leanúint d'fhorbairt agus leas a bhaint as na deiseanna chun tacú le fás agus trasfhoirmiú an Ghrúpa, trí rochtain a chinntiú ar mhaoiniú ar an gcostas agus den tréimhse is fearr atá ar fáil, agus trí phróisis stuama chun riosca a aithint agus a bhainistiú i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta.

FIGIÚR 9: PRÓIFÍL ESB MAIDIR LE HAIBÍOCHT FIACHAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015



# GENERATION AND WHOLESALE MARKETS (G&WM)



"Bliain dhearfach a bhí in 2015 do Generation & Wholesale Markets Rinneadh dul chun cinn maith ar shócmhainní nua a fhorbairt agus a thógáil, agus bhí feidhmíocht láidir sa trádáil agus giniúint mar bhonn agus mar thaca le brabús oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) de €241 milliún ar láimhdeachas €1.4 billiún. Tar éis muirear eisceachtúil de €104 milliún do bhearnú, b'ionann an brabús oibriúcháin agus €137 milliún."

**Paddy Hayes, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Generation and Wholesale Markets**

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

**2015** €137 milliún

2014 €162 mhilliún

(€25 mhilliún)

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**2015** €176 mhilliún

2014 €340 milliún

(€164 mhilliún)

## FORLÉARGAS

Is é G&WM a dhéanann sócmhainní giniúna leictreachais an ESB a fhorbairt, a oibriú agus a thrádáil. Áirítear sa phunann 4,827 MV de ghiniúint theirmeach agus in-athnuaite sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus sa Bhreatain Mhór, agus 1,017 MW sa bhreis atá á dtógáil.

Agus é ag díriú go mór ar shábháilteacht, déanann G&WN luach a sheachadh trí:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a chur ar fáil chun riachtanais an mhargaidh a shásamh
- Seirbhísí a thairiscint chun tacú le heangacha leictreachais láidre iontaofa
- Oibriúchán punainne giniúna ESB a optamú
- Sócmhainní nua giniúna a sholáthar chun dícharbónú leictreachais a chur chun cinn
- Gníomhú go dearfach i bpobail áitiúla sna ceantair ina bhfuil tionscadail tógála agus sócmhainní oibriúcháin

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá laghdú €25 mhilliún ar bhrabús oibriúcháin G&WN ó 2014 (míreanna eisceachtúla san áireamh) de €137 milliún. Tháinig feabhsú ar ollchorrlach €72 mhilliún de bharr feidhmthréimse stáisiúin arna chúiteamh le méadú €5 mhilliún ar chostais oibriúcháin i dteannta le táillí bearnaithe in 2015 de €54 mhilliún, i gcomparáid le gnóthachan eisceachtúil in 2014 (€38 milliún) i dtaca le sciar 50% in Bizkaia Energia SL agus ESBI Facility Management España SL a dhíol.

I muirear bearnaithe €104 mhilliún G&WN in 2015, áirítear muirear €58 milliún le haghaidh Corby Power Limited de bharr praghsanna leictreachais mhórdhíola tuartha agus muirear €46 mhilliún le haghaidh Coolkeeragh ESB Limited a bhaineann le laghdú oibriúcháin an stáisiúin sa mhargadh leictreachais.

Tháinig laghdú de €164 mhilliún ar chaiteachas caipitiúil, a léiríonn laghdú ar infheistíocht i stáisiúin Carrington agus é beagnach críochnaithe.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach a bhí ann sa Ríocht Aontaithe agus SEM le linn 2015. Cé gur tháinig fás beag ar éileamh leictreachais SEM, tháinig laghdú ar phraghsanna gáis, agus laghdú ar phraghsanna leictreachais SEM dá réir agus brú anuas ar chorrlach ó mhonarchana gualbhreoslaithe agus hidrileictreacha. Maolaíodh na gluaiseachtaí díobhálacha sa mhargadh go pointe áirithe le fáluithe fadtéarmacha, rud a chuir srian ar thionchar praghsanna gáis níos ísle ar chorrlaigh ó mhonarchana gáis. Chuaigh feidhmthréimhse agus aschur monarchan le linn 2015 den scoth, agus ardfheidhmíocht ó gach sócmhainn, chun tairbhe G&WM freisin.
Tá sócmhainní giniúna teirmí faoi réir reachtaíocht comhshaoil dhian agus tá G&WN ag obair leis chun ullmhú i gcomhair tabhairt isteach na Treorach maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016. Bhí roghanna le déanamh maidir le rialacha oibriúcháin fadtéarmacha do sean-stáisiúin ghiniúna agus cláraíodh na cinntí sin leis na húdaráis rialála ábhartha. Críochnaíodh mórinfheistíocht €353 mhilliún i stáisiún guail Ghob na Muine in 2015 chun caighdeáin an IED a chomhlíonadh.

Tiocfaidh athrú mór ar an timpeallacht ghnó do ghiniúint SEM agus oibriúcháin trádála nuair a thabharfar isteach an Margadh Aonair Chomhtháite Leictreachais (I-SEM) atá á mholadh ag na rialtóirí agus atá le seoladh sa cheathrú ráithe de 2017. Cuireadh tionscadal i ngníomh lena chinntiú go bhfuil G&WN lánpháirteach sa phróiseas agus go mbeidh sé réidh don athrú ar an margadh.

Táthar ag leanúint de chlár Athchóirithe Margadh Leictreachais Rialtas na Ríochta Aontaithe agus reáchtáladh an dara ceant acmhainne don Bhreatain Mhór i Nollaig 2015. Ghlac G&WM le conradh bliana le haghaidh Carrington don bhliain 2019 / 20 ach tharraing siar acmhainn Corby sular críochnaíodh an ceant.

Chuir Corby isteach ar thairiscint Eangach Náisiúnta le haghaidh acmhainn bhreise um Chúlchiste Cothromaithe Forlíontach do gheimhrí 2016 / 17 agus 2018 / 19, agus d'éirigh leis síneadh ama a fháil leis an gconradh don tréimhse sin.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá G&WM freagrach as deiseanna a aithint agus a fhorbairt chun punann giniúna ESB a fheabhsú agus a fhairsingiú, chun punann giniúna chothrom, ísealcharbóin a fhorbairt don mhargadh uile-oileáin, i gcomhthéacs spriocanna straitéiseach ESB maidir le Gnóthais Mhórscála Giniúna / Soláthair a chur ar fáil.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an gcuspóir sin in 2015, le forbairt, tógáil agus seachadadh sómhainní nua giniúna.



## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2015 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2016

| TOSAÍOCHT 2015 | DUL CHUN CINN IN 2015 | TOSAÍOCHT 2016 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Ionad oibre sláintiúil agus saor ó ghortú a choimeád, mar fhorbairt ar an gclár 4You, an Tionscadal Sábháilteachta Próisis a chur i bhfeidhm, agus tuilleadh feabhsúcháin a lorg maidir le Creat Ceannaireachta Sábháilteachta ESB. | ■ Neartaigh G&WM an cur chuige 4You<br>■ Seachadadh céim a haon den Chlár Sábháilteachta Próisis<br>■ Neartaíodh cur i bhfeidhm Creat Ceannaireachta Sabháilteachta ESB | ■ Ionad oibre sláintiúil agus saor ó ghortú a choinneáil in 2016, sábháilteach a fheabhsú |
| Dul chun cinn sábháilte a dhéanamh i dtaca le tógáil agus coimisiúnú Stáisiún Cumhachta 881 MW Carrington in aice le Manchain agus tógáil na feirme gaoithe 20 MW ag Tigh na Coille i bPort Láirge a thabhairt chun críche. | ■ Feirm ghaoithe Thigh na Coille a thabhairt chun críche go sábháilte<br>■ Dul chun cinn ar thógáil Carrington<br>■ Tionscadail éagsúla gréine JV ar leibhéal dín a thabhairt chun críche go sábháilte | ■ Carrington a chríochnú go sábháilte, dul chun cinn a dhéanamh ar Tilbury, ar thionscadail ghaoithe agus gréine, réimse níos leithe sócmhainní fuinnimh a fhorbairt agus dlús carbóin a laghdú |
| Feidhmíocht láidir tráchtála agus oibriúcháin a chur ar fáil i ngach cuid de stáisiúin ghiniúna an ESB, trí oibriúcháin dea-chleachtais agus cothabháil agus trí ollchóiriú a chríochnú go tráthúil. | ■ Feidhmíocht thráchtála láidir a bhfuil ardfheidhmíocht oibriúcháin ó ghiniúint agus trádáil taobh thiar díobh<br>■ ,Creidiúnú PAS 55, an Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a choimeád | ■ Infheistíocht nach beag i sócmhainní atá ann cheana agus fócas leanúnach ar nuálaíocht agus feabhsú feidhmíochta sa ghiniúint agus trádáil |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Tús a chur le tionscadail bhreise fuinnimh in-athnuaite a thógáil chun laghdú a bhaint amach i ndéine carbóin na giniúna, agus leanúint de roghanna éagsúla in-athnuaite agus fás téirmigh a fhorbairt. | ■ Borradh a chur faoin athrú ar líon na sócmhainní in-athnuaite atá á dtógáil, lena n-áirítear gaoth, bithmhais adhmaid dramhaíola agus fuinneamh gréine ar leibhéal dín | ■ Tionscadail bhreise fuinnimh in-athnuaite agus leanúint de roghanna chun fuinneamh in-athnuaite agus teirmeach a fhorbairt |
| Forbairt a dhéanamh ar chórais nua trádála G&WM agus ar a chumas bainistíochta rioscaí agus ullmhú faoi choinne thabhairt isteach an mhargaidh leictreachais mhórdhíola I-SEM in 2017. | ■ Optamú nua punainne agus cumas bainistíochta riosca curtha ar fáil<br>■ Cumas trádála feabhsaithe trí chórais, próisis agus eagraíocht nuálach feabhsaithe | ■ Trádáil Carrington agus dearadh na bpróiseas nua trádála agus na dtáirgí mórdhíola atá oiriúnach do struchtúr I-SEM |

### Seachadadh Sócmhainní

- Críochnaíodh Feirm Ghaoithe Thigh na Coille (20 MW) a thosaigh ag obair ar bhonn tráchtála
- Thóg an comhfhiontar Kingspan ESB níos mó ná 500 kW de thionscadail ghréine ar leibhéal dín i dTuaisceart Éireann go háirithe

### Tógáil Sócmhainní

- Cuireadh tús le coimisiúnú na monarchan gástuirbín timthrialla comhcheangailte in aice le Manchain, agus tá an chéim sin beagnach críochnaithe, agus oibriúchán ar bhonn tráchtála beartaithe do 2016
- Tosaíodh ar thógáil na monarchan bithmhaise 40 MW Tilbury Green Power, in Essex, ar bhonn comhfhiontair idir Banc Infheistíochta Glaise na Ríochta Aontaithe agus na Conraitheoirí Lochlannacha BWSC & AET
- Cuireadh tús le tógáil Fheirm Ghaoithe an Ráithín Léith (35 MW i gContae Chill Mhantáin) – comhfhiontar le Coillte Teoranta
- Tosaíodh ar réamhoibreacha innealtóireachta ar roinnt feirmeacha gaoithe eile i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

### Forbairt Sócmhainní

- Fuarthas cead pleanála le haghaidh monarchan CCGT 1,500 MW i Knottingley sa Bhreatain Mhór
- Síníodh comhaontú le Coriolis Energy, cuideachta speisialaithe forbartha feirme gaoithe, chun rochtain a chinntiú ar phíblíne forbartha do thionscadail ghaoithe in Albain
- Tá réimse forbartha ESB ag fás i gcónaí, agus rachaidh roinnt tionscadal gaoithe ó fhorbairt go tógáil idir 2016 agus 2020

### Infheistíocht i Sócmhainní atá ann Cheana

- Lean G&WM air ag déanamh infheistíochtaí móra (€66 mhilliún) sa phunann giniúna atá ann cheana i rith 2015

## CUSTAIMÉIRÍ G&WM

Tairgeann G&WM conarthaí éagsúla trádáilte do na cuideachtaí soláthair uile sa Mhargadh Aonair Leictreachais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach tríd an ardán trádála thar an gcuntar. Tugann na conarthaí seo deis do na soláthraithe uile a gceannacháin cumhachta a fhálú, a fhágann gur fusa dóibh riosca agus luaineacht praghsanna cumhachta a mhaolú ar son a gcustaiméirí cónaithe agus tráchtála.

## DAOINE

Le 973 fostaithe, tá an líon fostaithe in G&WN mar an gcéanna le 2014 agus beagnach 20% níos ísle ná 2011. Ba phríomhphointe fócais é oibriú leis an líon fostaithe sin, agus feidhmíocht shábháilte éifeachtach an ghnóthais agus Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm, in 2015.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tsábháilteacht agus chuir clár feabhsúcháin sábháilteachta G&WM le linn 2015 san áireamh an cur chuige sábháilteachta iompraíochta (4You) agus chuir sé i bhfeidhm an chéad chéim de thionscadal mór sábháilteachta próisis.

Tá gach suíomh laistigh de G&WM clúdaithe le córas bainistíochta sábháilteachta deimhnithe OHSAS iniúchta go seachtach, agus coinníodh creidiúnú ina leith. Choimeád G&WM an creidiúnú Barr Feabhais trí Dhaoine.

## INBHUANAITHEACHT

Oibríonn G&WM a ghnó ag díriú ar thionchar comhshaoil a íoslaghdú, ag díriú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus dlús carbóin na giniúna a laghdú. Tá na leibhéil ghlana $CO_2$ ó stáisiúin ghiniúna G&WM ar aon dul le 2014 agus níos lú ná 2005 le thart ar 37%.

Tá G&WM ag leanúint d'infheistíocht a dhéanamh ina Chláir um Chaomhnú an Iascaigh, lena n-áirítear trí cinn de ghorlanna caomhnaithe bradán a oibriú, mar aon le cláir cuimsitheach athchóirithe abhann, agus na cláir faoina ndéantar eascanna óga agus eascanna airgid a ghaistiú agus a iompar. Tá na cláir sin dírithe ar stoic éisc agus gnáthóga nádúrtha aibhneacha a fheabhsú.

## FUINNEAMH CHUN MAIREACHTÁIL

### Cistí Pobail Ghaoithe ESB

Tugann cistí pobail ghaoithe G&WM tacaíocht do réimse leathan tionscadal, ag dul i bhfeidhm ar shaol na gcónaitheoirí áitiúla sna pobail ina dtógann agus ina n-oibríonn G&WM feirmeacha gaoithe. Seo roinnt samplaí de na tionscadail a thacaigh G&WM leo in 2015:

- Bunaíodh Arigna Mining Experience – grúpa pobail, taobh le feirmeacha nua gaoithe i Tullynahaw agus Gléibh Gharbhach, chun suíomh turasóireachta nuálach oidhreachta a fhorbairt i nGleann na hAirgní i Ros Comáin Thuaidh; agus
- Grúpa Garchabhrach Pobail na hEaglaise – grúpa pobalbhunaithe, in aice le Feirm Ghaoithe Thigh na Coille, a bunaíodh chun seirbhísí garchabhracha a chur ar fáil sula dtagann an tseirbhís otharchairr, atá lonnaithe 25 nóiméad amach.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# ESB NETWORKS



"Fágann an €494 mhilliún d'infheistíocht nua a rinneadh i sócmhainní líonra le linn 2015, go bhfuil infheistíocht iomlán in infreastruchtúr i líonraí leictreachais le cúig bliana anuas ar €2.2 billiún, chun timpeallacht inbhuanaithe fuinnimh a chothú in Éirinn, agus tacú le fás eacnamaíoch trí sholáthar stuma, slán, iontaofa a chinntiú do bhailte agus tionscail."

**Marguerite Sayers, Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks Ltd**

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| 2015 | €287 milliún |
| 2014 | €293 mhilliún |
| | (€6 mhilliún) |

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

| | |
|---|---|
| 2015 | €494 mhilliún |
| 2014 | €448 milliún |
| | €46 mhilliún |

## BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (RAB)

| | |
|---|---|
| 2015 | €7.4 billiún |
| 2014 | €7.1 billiún |
| | €0.3 billiún |

## FORLÉARGAS

Tógann ESB Networks líonra tarchuir agus dáileacháin de bhreis is 180,000 ciliméadar ar leis é, agus ar a ndéanann sé cothabháil i bPoblacht na hÉireann. Rinne an gnóthas €494 mhilliún (glan ó rannaíochtaí custaiméara) chun líonra nua a thógáil in 2015, sin infheistíocht iomlán le cúig bliana anuas de €2.2 billiún. I gcaitheamh 2015, caitheadh €111 milliún ar chothabháil an líonra atá ann anois.

Le linn 2015, bhain ESB Networks athchreidiúnú amach dá gcóras bainistíochta sócmhainní trí theastasú ISO 55001 agus dá gcóras bainistíochta slándála trí chreidiúnú OHSAS. Is tábhachtach iad na creidiúnaithe seachtracha sin lena dhearbhú go bhfuil an gnóthas á fheidhmiú de réir tagarmharcanna arda seachtracha.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

B'ionann brabús oibriúcháin ESB Networks in 2015 agus €287 milliún, sin laghdú €6 mhilliún ó 2014. Baineann an laghdú sin le hioncam rialáilte taraifí níos ísle.

Tá an caiteachas caipitiúil ardaithe €46 mhilliún i gcomparáid le 2014 go dtí €494 mhilliún. Baineann an méadú le caiteachas breise ar an gcóras líonra dáileacháin.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Lean an téarnamh geilleagrach in 2015 sna hearnálacha tógála tithe agus gnó, agus méadú ar líon na nasc nua sa dá earnáil sin, ardú 8% i gcomparáid le 2014. Táthar ag súil le fás measartha in 2016.

Sháraigh an méid giniúna gaoithe a nascadh leis an líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann 2,400 MW agus tá sé ag fás bliain ar bhliain. Tá Éire go maith chun cinn ó thaobh an sprioc náisiúnta de 40% de riachtanais leictreachais a chur ar fáil ó acmhainní in-athnuaite faoin 2020 a bhaint amach.

In 2015, chuaigh ESB Networks i gcomhairle leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) chun teacht ar chomhaontú maidir leis an ioncam rialáilte don chéad Tréimhse Athbhreithnithe Praghsanna eile (2016 - 2020). D'fhéach aighneacht ESB Networks chun an clár infheistíochta substaintiúil a mhaoiniú, agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a choimeád ar phraghas inacmhainne. Foilsíodh an socrú deiridh agus tá ESB Networks sásta gur creat réasúnta atá ann chun líonra slán iontaofa a chur ar fáil amach anseo.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is é Líonraí Ardteicneolaíochta a chur ar fáil an phríomhsprioc straitéiseach a bhaineann le ESB Networks. In 2015, rinne ESB Networks dul chun cinn ar réimsí éagsúla a bhaineann leis an sprioc seo:

### Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ESB Networks lántiomanta chun sláinte agus sábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus an phobail a chinntiú. Mar chuid de Straitéis Sabháilteachta ESB, chuaigh ESB Networks i gcomhairle le speisialtóirí seachtracha in 2015 chun suirbhé neamhspleách a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta ESB Networks. Leis an measúnú sin, deimhníodh go bhfuil an cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá á nglacadh ceart agus rinneadh moltaí maidir leis an gcaoi is féidir tuilleadh feabhais a chur ar phleananna sábháilteachta. Cuireadh torthaí an tsuirbhé sin in iúl do gach fostaí.

### Infreastruchtúr Leictreachais Infheistíocht agus Fás

Maidir le hinfheistíocht sa líonra tarchuir in 2015, bhíothas ag díriú ar an gcóras tarchuir a neartú chun nascadh giniúna leictreachais nua in-athnuaite a éascú. Lean ESB Networks, leis, de bheith ag infheistiú sa chóras dáileacháin leictreachais chun iontaofacht an tsoláthair a fheabhsú agus sábháilteacht an líonra a chinntiú.

- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar mhórthionscadal €400 milliún san Iardheisceart, lena n-áirítear cúig stáisiún nua 220/110kV ag Cill Pháideog, Baile Uascail, Cnoc an Iúir, Baile na hUla agus Moneypoint
- Rinneadh dul chun cinn ar roinnt mór nasc do chustaiméirí – tá cuid acu fós á bpleanáil agus cuid eile acu á dtógáil
- Críochnaíodh tionscadal líne nua 110kV 14 ciliméadar ó Trien chuig stáisiún nua ag an gClochbhuaile, rinneadh 220 ciliméadar de line tharchuir a athchóiriú agus uasrátálaíodh 80 ciliméadar de línte tharchuir, mar chuid den Chlár um Athneartú na Greille Tarchuir 2025
- Cuireadh tús le tionscadal ciorcaid Old Street - Woodland 400kV freisin
- Caiteachas €202 mhilliún chun an líonra a neartú agus a athchóiriú, lena n-áirítear infheistíocht i stáisiún HV agus athchóiriú cuimsitheach ar an líonra MV/LV

### An clár Méadrachta Cliste

Tá céim an deartha mhionsonraithe agus soláthair ar bun, ag díriú ar athruithe don mhargadh a dhearadh, sonraíochtaí teicneolaíochta a thabhairt chun críche agus próisis soláthair a sheoladh le haghaidh na táirgí agus na seirbhísí méadair agus cumarsáide is gá chun an chlár a chur i bhfeidhm. Tar éis d'ESB

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2015 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2016

| TOSAÍOCHT 2015 | DUL CHUN CINN IN 2015 | TOSAÍOCHT 2016 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail a chinntiú agus i bhfianaise nádúr an leictreachais tuigeann ESB Networks a chasta atá an dúshlán atá faoi ó thaobh sábháilteachta. | ■ Fostaíodh speisialtóirí seachtracha in 2015 chun suirbhé neamhspleách a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta ESB Networks<br>■ Seoladh roinnt feachtais nua sábháilteachta agus tionscnaimh | ■ Leanúint den straitéis chun sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na conraitheoirí agus an phobail a chinntiú |
| Leanúint den dlúthobair leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh chun spriocanna maidir le seirbhís do chustaiméirí a bhaint amach, spriocanna atá leagtha síos sa chinneadh rialála ar aon dul leis an bPlean um Fheabhsú ar Sheirbhís do Chustaiméirí (2013–2016). | ■ Tá rátálacha sástachta custaiméirí fós chun tosaigh ar an sprioc | ■ Staidéar a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i líonraí leictreachais ar fud na hEorpa agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt dá réir, chun ESB Networks a fhorbairt i gcomhair athruithe todhchaí sa tionscadal |
| | | ■ Suíomh Gréasáin a sheoladh chun líon na seirbhísí breise do chustaiméirí ar líne a éascú |
| | | ■ Leanúint de bheith ag obair go dlúth le SIRO chun cur i bhfeidhm gan fabht den snáth-infreastruchtúr i mbailte ar fud na hÉireann |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Socrú ioncaim inghlactha a bhaint amach do 2016 - 2020. Táthar ag tnúth le cinneadh ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh i leith aighneacht PR4 i samhradh 2015, a shocróidh an t-ioncam ceadaithe d'ESB Networks don tréimhse 2016 - 2020. Ar an mbunús sin, déanfar cinneadh maidir le cumas ESB Networks chun tacú le forbairt an líonra leictreachais in 2016 - 2020. | ■ Cuireadh PR4 i gcrích i Nollaig 2015 agus tá Líonraí ESB sásta gur creat réasúnta atá ann chun líonra slán iontaofa a chur ar fáil | ■ Torthaí a bhaint amach don chéad bhliain de chláir chaipitil agus chothabhála PR4, agus an creat chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht PR4 a fhorbairt |
| An bonneagar criticiúil atá riachtanach chun tacú le fás leanúnach gheilleagar na hÉireann a chur ar fáil. | ■ Dul chun cinn maith le linn na bliana maidir le tionscadail tarchuir agus dáileacháin | ■ An bonneagar criticiúil atá riachtanach chun tacú le fás leanúnach gheilleagar na hÉireann a chur ar fáil |
| A bheith ina cheannaire aitheanta i réimse na hinbhuanaitheachta fuinnimh agus comhshaoil agus Straitéis chomhtháite Líonraí Cliste a fhorbairt chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach. | ■ Ábhar a chur isteach ar bheartais Méadraithe Chliste a d'fhoilsigh an Coiste um Rialáil Fuinnimh in 2015 | ■ A bheith ina cheannaire aitheanta i réimse na hinbhuanaitheachta fuinnimh agus comhshaoil agus Straitéis chomhtháite Líonraí Cliste a fhorbairt chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach |

Networks agus gníomhaithe eile cur go mór leis, d'fhoilsigh an CER dá shraith de chinntí beartais in Iúil agus Nollaig 2015. Táthar ag súil le cinneadh deiridh faoin gclár le linn 2016.

### Luach ar Airgead don Chustaiméir

Tháinig an Comhaontú um Rochtain Líonra idir ESB agus SIRO (comhfhiontar ESB le Vodafone, chun snáth-leathanbhanda a chur ar fáil do chustaiméirí ar fud na hÉireann a úsáideann an líonra dáileacháin) i bhfeidhm in 2015. Leis an gcomhaontú sin, tugtar cead do SIRO snáth-infreastruchtúr a imlonnú ar shócmhainní áirithe de chuid ESB Networks mar mhalairt ar tháille rochtana, lena laghdaítear táillí leictreachais do chustaiméirí. Ach an líonra a úsáid ar an mbealach nuálach sin, léirítear tiomantas ESB Networks chun an luach is fearr a chur ar fáil do chustaiméirí leictreachais, agus ag an am céanna, na cearta chun forlámhas ar an líonra don leictreachas a choimeád.

## CUSTAIMÉIRÍ ESB NETWORKS

Leanann ESB Networks de bheith ag feabhsú a sheirbhís do gach custaiméir agus soláthraí leictreachais.

Le linn 2015, chuir ESB Networks réimse seirbhísí ar fáil do sholáthraithe leictreachais, éascaíodh 310,644 athrú suímh, 17,012 nasc nua cónaithe agus gnó agus lean ESB Networks chun tacaíocht a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu trí 12,319 méadar íoc-mar-a-úsáidtear a shuiteáil.

Tá sástacht custaiméirí le ESB Networks thar réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear léamh méadair agus naisc nua atá go maith chun cinn ar an sprioc i gcónaí, ar 80%.
Leanann an tIonad Cúraim Custaiméara Náisiúnta (NCCC) lena ardleibhéil seirbhíse custaiméara a choimeád, agus tá an leibhéal sástachta custaiméara ar 90%. Is cuid thábhachtach dá Phlean Feabhsúcháin Seirbhíse do Chustaiméirí é tuilleadh cainéil cumarsáide custaiméirí a chur ar fáil chun cabhrú le custaiméirí teagmháil a dhéanamh le ESB Networks chun faisnéis a fháil. Tá fás ag teacht i gcónaí ar líon na leantóirí ar fhotha Twitter ESB Networks, @esbnetworks, agus i dteannta an Fheidhmchláir PowerCheck, is cainéal tábhachtach é chun faisnéis a chur ar fáil do chustaiméirí faoi shábháilteacht, briseadh cumhachta pleanáilte agus fabhta agus an t-am measta chun an tseirbhís a chur ar fáil arís.

In 2015, chuir ESB Networks Polasaí maidir le Custaiméirí Leochaileacha ar bun, lena leagtar amach an chaoi inar féidir leis cabhrú le custaiméirí atá cláraithe mar chustaiméirí leochaileacha leis an soláthraí leictreachais.

Is cuid thábhachtach den chumarsáid le custaiméirí é sábháilteacht an phobail i dtaca leis an leictreachas. In 2015, sheol ESB Networks roinnt feachtas agus tionscnamh nua, lena n-áirítear an clár Bí Slán, Fan Amach do scoileanna, agus mhéadaigh sé fógraíocht raidió agus feachtais ar na meáin shóisialta.

## DAOINE

Tá fostaithe ESB Networks mar chroílár cur chun feidhme na straitéise gnó. Léirítear an t-éiteas sin tríd an mbéim a leagtar ar fhorbairt fostaithe in 2015. Le linn na bliana, d'fhostaigh ESB Networks 120 printíseach teicneoirí, a léiríonn tiomantas ESB Networks maidir leis na hacmhainní agus na scileanna a bheith aige chun an líonra a chothabháil agus a fheabhsú.

## INBHUANAITHEACHT

Le linn 2015, choimeád ESB Networks creidiúnú seachtrach le ISO 14001: 2004 – an Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistíocht Córas Comhshaoil. Nascadh 222 MW d'acmhainn feirme gaoithe leis an gcóras tarchuir in 2015 – tá níos mó ná 2,700 MW d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nasctha leis an eangach ar an iomlán. Tá sé beartaithe ag ESB Networks 500 MW d'fhuinneamh in-athnuaite eile a nascadh in 2016.

## FUINNEAMH CHUN MAIREACHTÁIL

### Clár Printíseachta

Tá ESB ag tairiscint printíseachtaí le fada an lá, lena mbaintear amach cáilíochtaí i réimsí ceirde leictreachais agus meicniúla ag a ndeiridh. In 2015, d'fhógair an Grúpa go bhfostóidh sé trí chéad printíseach sna cúig bliana amach anseo mar chuid de chlár earcaíochta agus forbartha mórscála. Is é sin infheistíocht €40 milliún maidir le fórsa oibre todhchaí ESB a chur faoi oiliúint agus a fhorbairt. Tá an córas printíseachta mar chuid d'fhealsúnacht agus éiteas ESB agus an infheistíocht i bprintísigh agus oiliúint leanúnach ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil na scileanna is gá ar fáil d'ESB chun an córas leictreachais a chothabháil, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú chun freastal ar riachtanais na hÉireann sa lá atá inniu ann.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS)



"Leis an ainm nua, Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks), déantar soiléiriú do chustaiméirí maidir le ról na cuideachta mar sholáthraí líonraí leictreachais i dTuaisceart Éireann."

**Jerry O'Sullivan, Leas-Phríomhfheidhmeannach**

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

2015 €48 milliún

2014 €56 mhilliún

(€8 milliún)

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

2015 €135 mhilliún

2014 €102 mhilliún

€33 mhilliún

## BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR)

2015 £1.3 billiún

2014 £1.3 billiún

Nialas

## FORLÉARGAS

Tá NIE Networks freagrach as leictreachas a tharchur agus a dháileadh ó ghineadóirí do gach baile, feirm agus gnóthas i dTuaisceart Éireann. Oibríonn NIE Networks 24/7 chun an líonra leictreachais a phleanáil, a thógáil, a dheisiú agus a fhorbairt agus an líonra dáileacháin a fheidhmiú agus na soilse a choinneáil lasta do chustaiméirí. Tá NIE Networks freagrach as méadrú chomh maith, agus cuireann sé faisnéis méadraithe ar fáil do gach soláthraí leictreachais. Forbraíonn agus athchumraíonn sé an líonra leictreachais chun giniúint foinsí in-athnuaite a nascadh.

Mar a éilítear faoi na ceadúnais rialála, is gnó neamhspleách é NIE Networks de chuid ESB, a bhfuil Bord Stiúrthóirí dá chuid fein aige, bainisteoirí agus fostaithe.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

B'ionann brabús oibriúcháin NIE Networks agus €48 milliún, laghdú €8 milliún i gcomparáid le 2014, de bharr ioncam taraife rialáilte níos ísle agus costais oibriúcháin ardaithe i ndáil le táillí dímheasa ar bonn sócmhainní atá ag dul i méid.

Tháinig ardú €33 mhilliún ar an gcaiteachas caipitiúil de €135 mhilliún i gcomparáid le 2014 de bharr neartú GBP agus treisiú an chláir infheistíochta caipitiúla chun na torthaí a éilítear faoin socrú RP5 a fháil.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

In 2010, faoin Creat Straitéiseach Fuinnimh (SEF), shocraigh Tionól Thuaisceart Éireann sprioc chun 40% de thomhaltas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach faoi 2020, agus garsprioc 20% faoi 2015. Faoi dheireadh 2015, b'ionann an ghiniúint in-athnuaite nasctha agus 24% den ghiniúint iomlán leictreachais i dTuaisceart Éireann. Ba mhór a chuidigh tacaíocht ón rialtas agus scéim Fuinnimh In-athnuaite Éigeantach Thuaisceart Éireann (NIRO) chun é sin a bhaint amach agus tá athbhreithniú meántéarmach den SEF ar bun.

Tá NIE Networks freagrach as gach nasc leis an líonra leictreachais a thógáil faoi láthair. D'fhógair an Rialtóir Fóntais (UR) go dtabharfaí isteach iomaíocht (oscailt an mhargaidh do sholáthraithe eile) le haghaidh gach nasc líonra, chun iomaíocht a thabhairt isteach ó sholáthraithe eile neamhspleácha naisc. Tá NIE Networks ag obair leis an UR chun an chéad chéim a ghlacadh chun an margadh a oscailt ar iomaíocht i mBealtaine 2016, agus an margadh a oscailt go hiomlán ag deireadh 2017.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is príomhsprioc straitéiseach do NIE Networks é plean infheistíochta sa líonra a chur i bhfeidhm faoin rialú praghsanna don tréimhse rialála 5 (RP5). In 2015, rinne NIE Networks dul chun cinn ar roinnt réimsí éagsúla a bhaineann leis an sprioc seo:

Cuireadh leis an gclár caiteachais caipitiúil chun na torthaí a shonraítear sa phlean infheistíochta líonra do RP5 a bhaint amach, go háirithe maidir le hathchur sócmhainní agus táthar ag déanamh an dul chun cinn is gá chun na torthaí sonraithe sin a fháil. Nascadh tuilleadh foinsí in-athnuaite fuinnimh leis an líonra.

Le linn 2015, d'infheistigh NIE Networks €135 mhilliún (glan ó ranníocaíochtaí custaiméirí) go háirithe le haghaidh sócmhainní athchóirithe agus athchur sócmhainní tarchuir agus dáileacháin chun iontaofacht an tsoláthair agus sábháilteacht an líonra a chinntiú do chustaiméirí. I measc na bpríomhthionscadail, bhí: tógáil fostáisiúin nua 110/33kV i mBéal Feirste atá le críochnú sa samhradh 2016; rinneadh dul chun cinn maith maidir le hathchóiriú trí fhostáisiún 275/110kV agus tosaíodh athchóiriú mór ar dhá fhostáisiún 110/33kV atá ann cheana.

Tugadh faoi fhorbairt líonra chun nasc giniúna breise foinsí in-athnuaite a éascú, lena n-áirítear fostáisiún nua 275/110kV sa Tamhnach Mhór agus tús curtha le trí fhostáisiún feirme gaoithe a thógáil i mbraisle. Cuireadh tús le clár chun 25% de mhéadair custaiméirí a athchur agus a nuashonrú faoi 2017.

Le dúnadh beartaithe na scéime NIRO, tháinig méadú mór ar an éileamh ar naisc ghiniúna fuinnimh in-athnuaite, go háirithe giniúint ghaoithe ar bheagscála. D'oibrigh NIE Networks leis an UR agus an tionscal fuinnimh in-athnuaite chun freastal ar an méadú ar an éileamh ar mhaithe le custaiméirí.

Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí tábhachtacha, trí chlár comhairliúcháin le custaiméirí agus geallsealbhóirí eile maidir lena ndearcadh ar leibhéal seirbhíse na cuideachta agus na torthaí a theastaíonn uathu don todhchaí. Cuirfear na tuairimí sin i gcuntas agus plean gnó á fhorbairt don chéad tréimhse eile rialaithe praghsanna (RP6) ó 2017 go 2024, a chuirfear faoi bhráid an UR i samhradh 2016.

## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2015 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2016

| TOSAÍOCHT 2015 | DUL CHUN CINN IN 2015 | TOSAÍOCHT 2016 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Tabharfaidh NIE Networks tús áite do shláinte agus sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne i gcónaí. | ■ Teagmhas am caillte ar bith<br>■ Creidiúnú ISO OHSAS | ■ Sláinte agus sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre gan díobháil ar bith a chinntiú trí thionscnaimh chun gortú agus timpistí a chosc |
| Ardchaighdeáin i bhfeidhmíocht líonra agus i seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil go comhsheasmhach. | ■ Tugadh naisc chustaiméara agus ghiniúna isteach in aon ghnó amháin chun an soláthar a fheabhsú<br>■ Seirbhísí feabhsaithe ar líne do chustaiméirí<br>■ Seoladh an tionscnamh Tús áite don chustaiméir | ■ Cur i bhfeidhm an tionscnamh Tús áite don chustaiméir |
| | | ■ Ardleibhéal de naisc ghiniúna a sheachadadh |
| | | ■ Naisc a oscailt ar iomaíocht |
| Déanfaidh NIE Networks a dhícheall chun cloí leis na an gcaiteachas ceadaithe atá socraithe sa rialú praghsanna, éifeachtúlacht costais a bhaint amach agus feabhsú a dhéanamh ar fheidhmíocht áit is féidir. | ■ Forbraíodh modhanna nua chun monatóireacht a dhéanamh ar chostais os coinne lamháltais rialaithe praghsanna<br>■ Athailíniú ar struchtúr na heagraíochta | ■ Tuilleadh forbartha ar chórais tuairiscithe airgeadais |
| | | ■ Costais saothair a choinneáil faoin tagarmharc cuí |
| | | ■ Cumas ceannaireachta a fheabhsú |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Dlús eile a chur faoin gclár infheistíochta sa líonra chun sócmhainní caite / aosta a athsholáthar agus chun gur féidir giniúint athnuaite a nascadh laistigh de liúntais rialála. | ■ Clár infheistíochta líonra ag teacht leis an sprioc<br>■ Fostáisiún mór a chríochnú sa Tamhnach Mhór | ■ Na spriocanna a bhaineann leis an gclár infheistíochta sa líonra do RP5 a bhaint amach |
| | | ■ Trí fhostáisiún nua feirm gaoithe a thógáil i mbraisle |
| Leanúint den infheistíocht sna fostaithe chun cur le hacmhainn na heagraíochta trí chláir eile um fhorbairt fostaithe, rannpháirtíocht méadaithe fostaithe agus cumhachtú maidir le for-rochtain oideachais | ■ Creidiúnú IET ar an gclár forbartha d'innealtóirí<br>■ Méadú ar líon na bhfostaithe, gó háirithe maidir le naisc líonra | ■ Rannpháirtíocht fheabhsaithe fostaithe |
| | | ■ Tuilleadh earcaíochta |
| Dul i mbun oibre go héifeachtach leis na príomh-gheallsealbhóirí lena n-áirítear rialtóirí, grúpaí tionscail in-athnuaite, Confederation of British Industry (CBI) agus le mórúsáideoirí fuinnimh. | ■ Teagmháil rialta le custaiméirí agus geallsealbhóirí eile chun cinntí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí infheistíochta do RP6 | ■ Caidreamh a chothú le geallsealbhóirí go héifeachtach |
| | | ■ Clár comhairliúcháin geallsealbhóirí RP6 a chríochnú |
| | | ■ Plean gnó a chur isteach do RP6 sa UR |

Leanadh d'infheistíocht a dhéanamh i móracmhainn an Líonra, na daoine, le gníomhaíocht fhairsing um rannpháirtíocht fostaithe, deiseanna forbartha d'fhostaithe agus earcaíocht.

## CUSTAIMÉIRÍ NIE NETWORKS

Tá ionchais custaiméirí maidir le caighdeán na seirbhíse ag éirí níos déine de réir a chéile. I gcomhthéacs an clár infheistíochta líonra a mhéadú, lean NIE Networks ag bainistiú bristí seirbhíse a mbíonn gá leo chun cothabháil agus forbairt chriticiúil a bhainistiú d'fhonn teagmhais agus tréimhsí gan leictreachas a íoslaghdú do chustaiméirí. Ba é 66 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr briseadh seirbhíse pleanáilte, sin méadú ar an mbliain roimhe seo. Ba é 65 nóiméad meánlíon na nóiméad a cailleadh de bharr fabhtanna sa líonra dáileacháin, sin méadú ar an mbliain roimhe seo a léiríonn fabhtanna de bharr damáiste ó stoirmeacha. Níor chuir Comhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann ach líon beag gearán, ceithre gearán, isteach ar son custaiméirí. Seoladh tionscnamh nua seirbhíse custaiméirí, Tús áite don chustaiméir, san fhómhair.
Tá éileamh ag teacht chun cinn i measc custaiméirí chun an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an ngnóthas. Leanadh de sheirbhísí nua ar líne a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear fiseán a thugann comhairle faoin méid atá le déanamh i gcás gearradh leictreachais. Seoladh ainm nua na cuideachta chun soiléiriú a thabhairt do chustaiméirí maidir leis na cásanna inar ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le NIE Networks.

## DAOINE

Is é an príomhluach i gcroílár oibríochtaí uile an NIE Networks sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú. Is é is aidhm leis sin ná timpeallacht oibre de dhochar nialasach a chur ar fáil, timpeallacht ina ndéantar rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a mheasúnú agus a rialú. Níor tharla aon teagmhas sábháilteachta a bhí mar thoradh air gur chaill fostaithe am oibre ó Mheán Fómhair 2014, rud a léiríonn tiomantas na bhfostaithe d'ardchaighdeán sábháilteachta a chinntiú i gcónaí.

Maidir leis an gcreidiúnú ó Choimisiún na Ríochta Aontaithe don Fhostaíocht agus Scileanna leis an gCaighdeán de chuid Infheisteoirí i nDaoine go luath in 2015, rinne an Institiúid Innealtóireachta agus Teicneolaíochta clár forbartha NIE Networks d'innealtóirí a chreidiúnú.

## INBHUANAITHEACHT

Le linn na bliana sin, nascadh dhá fheirm ghaoithe mhóra, trí chéad tionscadal giniúna fuinnimh in-athnuaite agus na céadta tionscadal micrighiniúna leis an líonra, sin 90 MW de ghiniúint in-athnuaite breise in 2015. Faoi dheireadh na bliana, bhí 840 MW de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite nasctha, sin thart ar 24% den ghiniúint iomlán leictreachais i dTuaisceart Éireann. Bhí Tuaisceart Éireann sa chéad áit maidir le líon na giniúna leictreachais in-athnuaite nasctha ar fud na Ríochta Aontaithe (ar bhonn figiúirí 2014)

## FUINNEAMH CHUN MAIREACHTÁIL

### Feasacht Leanaí ar Shábháilteacht Leictreachais

Tá an leictreachas ag teastáil ón bpobal i gcoitinne agus tá NIE Networks tiomanta don dainséar a bhaineann leis an leictreachas a mhúineadh do leanaí óga.

Bhí NIE Networks páirteach i saoráid thiomnaithe oiliúna sábháilteachta a fhorbairt do leanaí agus daoine óga ar a dtugtar RADAR (Acmhainn um Rioscaí a Sheachaint agus Feasacht ar Dhainséar). Thóg NIE Networks líne lastuas agus fostáisiún suite ar talamh le héifeachtaí speisialta chun aithris a dhéanamh ar an bhfuaim agus an solas a bhaineann le teagmháil thimpisteach le gléasraí leictreachais. Táthar ag súil le 10,000 cuairteoir idir leanaí agus daoine óga chuig RADAR in 2016.

# ELECTRIC IRELAND



"Tá Electric Ireland tiomanta do luach ar airgead a chur ar fáil do gach custaiméir agus ba chúis áthais dom laghdú de 2% ar phraghsanna leictreachais chónaithe a fhógairt i Samhain 2015, tar éis laghdú comhchosúil in 2014, roimh an tréimhse buaicéilimh gheimhridh sa dá chás. Leis na laghduithe ar phraghsanna gáis de 5% ar an iomlán le linn 2015, cuireadh coigiltis €90 euro ar an meán ar fáil don chustaiméir in aghaidh na bliana ó Shamhain 2014 i leith. Leanfaidh Electric Ireland de mhonatóireacht a dhéanamh ar mhargaí fuinnimh agus cuirfidh sé na coigiltis praghsanna ar fáil don chustaiméir a luaithe is a thagann deis chun cinn. In 2015, thug Electric Ireland isteach táirgí agus seirbhísí nua do chustaiméirí, ar nós íoc-mar-a-úsáidtear níos cliste, chun eispéireas an chustaiméara agus cumhachtú an chustaiméara a fheabhsú."

**Jim Dollard, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Ionaid Seirbhíse Gnó agus Electric Ireland**

## IONCAM

| | |
|---|---|
| **2015** | **€2,100 milliún** |
| 2014 | €2,057 milliún |
| | €43 mhilliún |

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| **2015** | **€44 mhilliún** |
| 2014 | €64 milliún |
| | (€20 milliún) |

## FORLÉARGAS

Is é Electric Ireland géag mhiondíola an ESB; soláthraíonn sé seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh do chustaiméirí ar fud oileán na hÉireann. Agus 1.5 milliún custaiméirí agus sciar den mhargadh uile-oileáin de 38% aige, bíonn Electric Ireland ag freastal ar gach deighleog den mhargadh, ó theaghlaigh go gnóthais mhóra tionscail agus tráchtála, i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Ag díriú go mór ar sheirbhís do chustaiméirí, luach ar airgead a chinntiú go gach custaiméir agus ag cur le pobail ar fud na tíre, tá clú ar Electric Ireland mar bhranda mór miondíola i measc custaiméirí agus gnóthais Éireannacha.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

B'ionann ioncam Electric Ireland in 2015 agus €2,100 milliún, méadú 2% i gcomparáid le 2014 a bhfuil méadú ar sciar den mhargadh sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) foriomlán taobh thiar de. In 2015, mhéadaigh sciar den mhargadh Electric Ireland de 1% go 38% de bharr ardfheidhmíocht san earnáil thionsclaíoch agus tráchtála.

Thuairiscigh Electric Ireland brabús oibriúcháin de €44 mhilliún, arb ionann é agus corrlach brabúis oibriúcháin níos lú ná 2% agus laghdú €20 milliún ón leibhéal in 2014.

In 2015, d'iarr Electric Ireland soiléiriú maidir le hioncam foinsí in-athnuaite fuinnimh a fuair sé a ríomh. Tugadh lacáiste ar chuid den ioncam sin arb ionann é agus €12 mhilliún den laghdú bliain ar bhliain. Léiríonn an ghluaiseacht de €8 milliún eile an corrlach níos lú agus timpeallacht níos iomaíche in 2015 i gcomparáid le 2014.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá Electric Ireland ag feidhmiú i gceann de na margaí miondíola fuinnimh is dinimiciúla agus is iomaíche san Eoraip, mar is léir ó líon na soláthraithe nua a tháinig isteach sa mhargadh le blianta beaga anuas agus ardleibhéal athraithe i measc custaiméirí.

D'ainneoin teacht isteach soláthraí nua sa mhargadh cónaithe in 2015 agus an líon feachtas margaíochta a sheol na hiomaitheoirí reatha, lean Electric Ireland de bheith san iomaíocht trína dhíriú ar tháirgí ar phraghsanna iomaíocha agus ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí agus mhéadaigh sé a sciar foriomlán den mhargadh go 38%.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

D'fhonn an cuspóir straitéiseach a bheith ina Ghnóthas Soláthair Mhórscála a bhaint amach, tá Electric Ireland ag iarraidh a bheith ina mhórsholáthraí fuinnimh ar mhargadh Phoblacht na hÉireann i gcónaí, ag tairiscint réitigh chliste nuálacha do bhailte agus ghnóthais. Tá sé sin á bhaint amach trí thairiscintí iomaíocha, sárseirbhís do chustaiméirí agus táirgí nuálacha a chur ar fáil chun riachtanais an chustaiméara a chomhlíonadh.
Le linn 2015, bhain Electric Ireland torthaí maithe maidir lena spriocanna straitéiseacha agus roinnt gnóthachtálacha sna réimsí seo a leanas:

- Luach ar airgead do chustaiméirí
- Táirgí agus margaí nua
- Ardchaighdeán seirbhíse agus cúraim custaiméirí

## CUSTAIMÉIRÍ ELECTRIC IRELAND

Tugann Electric Ireland tús áite don chustaiméir i gcónaí. Ní hamháin gur laghdaigh Electric Ireland praghsanna agus gur sheol sé táirgí nua agus nuálacha ar nós íoc mar a úsáidtear níos cliste (PAYG), ach rinne sé feabhsúcháin éagsúla tábhachtacha ar an tseirbhís do chustaiméirí chun na rátálacha sástachta custaiméara is airde i measc na soláthraithe fuinnimh a choinneáil.

Leis an méadú ar úsáid an ghréasáin, an ríomhphoist agus na gcainéal meán sóisialta ar nós Twitter agus Facebook, tá bealaí nua ag custaiméirí le cumarsáid a dhéanamh le Electric Ireland. Chun freastal ar riachtanais custaiméirí atá ag athrú, agus ag díriú go mór ar chumhachtú custaiméirí agus féinseirbhís, sheol Electric Ireland suíomh gréasáin nua móibíleach le linn na bliana. Ina theannta sin, cruthaíodh saoráid nua bainistíochta cuntais ar líne do ghnóthais, a chuireann tuilleadh faisnéise ar fáil do chustaiméirí maidir le tomhaltas fuinnimh agus costais agus tairseach nua r-bhilleáil do chustaiméirí cónaithe.

Ag díriú i gcónaí ar thairiscint ar ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí, choinnigh Electric Ireland an t-ardleibhéal sástachta do chustaiméirí agus an leibhéal is airde sástachta do chustaiméirí i measc na soláthraithe leictreachais go léir in 2015, mar a thuairiscigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Ina theannta sin, lean Electric Ireland den leibhéal seirbhíse a chur ar fáil i gcónaí de réir ár gCairt do Chustaiméirí agus ár gCóid Chleachtais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí.
Tá eispéireas custaiméara agus feabhsúcháin ar acmhainn dhigiteach an ghnóthais ar ceann de mhórthosaíochtaí seirbhíse Electric Ireland do 2016 i gcónaí.



## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2015 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2016

| TOSAÍOCHT 2015 | DUL CHUN CINN IN 2015 | TOSAÍOCHT 2016 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur ar fáil a thugann sárluach ar airgead do chustaiméirí. | ■ An chéad chuideachta ar an margadh le táirge níos cliste PAYG do chustaiméirí cónaithe | ■ Leanúint de nuáil a dhéanamh ar mhaithe leis na custaiméirí trí tháirgí agus seirbhísí nua cliste nuálacha a chur ar fáil |
| Ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú. | ■ Suíomh gréasáin nua cumasaithe don fhón póca<br>■ Saoráid nua ar líne chun cuntais a bhainistiú do chustaiméirí cónaithe agus gnó | ■ Cur i bhfeidhm córas freagartha gutha idirghníomhach (IVR) |
| Branda Electric Ireland a choimeád mar an phríomhbhranda soláthair fuinnimh in Éirinn. | ■ Leanúint le hurraíocht a thabhairt do roinnt imeachtaí spóirt, cultúrtha agus carthanais<br>■ Seoladh an feachtas branda Maireachtáil Chliste d'fhonn gealltanas Electric Ireland leas a bhaint as smaointe simplí chun an saol a fheabhsú a chur chun cinn<br>■ Dul isteach i margadh cónaithe Thuaisceart Éireann | ■ Urraíocht d'fhoireann na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha in Rio |
| | | ■ Tacú le custaiméirí Electric Ireland agus a bpobail trí urraíocht agus tioncscnaimh freagrachta sóisialta chorparáidí |
| Luach ar airgead a chinntiú do chustaiméirí trí dhíriú ar bhonn costas iomaíoch solúbtha a choimeád. | ■ Laghdú de 2% ar phraghsanna leictreachais i Samhain 2015 tar éis laghdú comhchosúil in 2014, roimh an bhuaicphointe gheimhridh sa dá chás<br>■ Fógraíodh laghdú 2.5% ar rátaí aonaid gáis ón 1 Eanáir 2016 amach tar éis laghdú dá leithéid in Aibreán 2015 | ■ Leanúint den luach a chuirtear ar fáil do gach custaiméir (reatha agus nua) a fheabhsú agus an den ghealltanas chun laghduithe eile praghsanna fuinnimh a chur ar fáil nuair is féidir a chomhlíonadh |
| Dul i mbun oibre go réamhghníomhach le custaiméirí chun roghanna íocaíochta a d'éascódh aisíoc fiachais a thairiscint. | ■ Bunaíodh foireann speisialtóirí san Ionad Cúraim Seirbhíse do Chustaiméirí chun réimse seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí a bhfuil fadhbanna inacmhainne breosla acu<br>■ Tháinig laghdú ar líon na gcustaiméirí a dícheanglaíodh ón líonra in 2015 – níos lú ná 30 custaiméirí in aghaidh 10,000 a dícheanglaíodh. | ■ Luathaithint custaiméirí ar ardriosca maidir le deacrachtaí íocaíochta agus tabhairt faoi tháirgí oiriúnachta agus pleananna íocaíochta a thairiscint |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Infheistiú chun ardán digiteach a fhorbairt ionas go bhféadfaidh custaiméirí leas níos mó a bhaint as seirbhísí ar líne. | ■ Suíomh gréasáin nua atá cumasaithe don fhón póca le saoráidí nua bainistíochta cónaithe agus gnó ar líne | ■ Díriú i gcónaí ar áisiúlacht don chustaiméir, cumhachtú agus smacht an chustaiméara trí fhorbairt leanúnach ar an gcumas seirbhíse digití tríd an eispéireas custaiméara ar fad |
| Réitigh nuálacha a fhorbairt do thithe agus do ghnóthais chun go mbeidh siad níos tíosaí ar fhuinneamh. | ■ Scéim dreasachtaí um éifeachtúlacht fuinnimh lenar cuireadh coigiltis fuinnimh 15 GWh ar fáil go dtí seo agus lenar tugadh €1 mhilliún ar ais do chustaiméirí<br>■ Cuireadh le réimse na dtáirgí agus seirbhíse cliste don bhaile | ■ Seasamh Electric Ireland a choinneáil mar an chéad chuideachta ar an margadhtrí spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar agus táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil do chustaiméirí lena lorg carbóin a laghdú |
| Dul i bpáirt leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus leis na geallsealbhóirí uile maidir le príomhfhorbairtí sa mhargadh (m.sh. an Margadh Aonair Comhtháite Leictreachais (I-SEM) agus an Clár Náisiúnta Méadrachta Cliste) ar mhaithe leis an tomhaltóir. | ■ Bunaíodh foirne tionscadail maidir le I-SEM agus an Clár Méadrachta Cliste chun tacú agus dul i bhfeidhm ar na forbairtí suntasacha sin ar an margadh | ■ A chinntiú go bhfuil leas an chustaiméara lárnach don dearadh maidir le I-SEM agus an Clár MéadrachtaCliste |

## DAOINE

Tá cumas, saineolas agus feidhmíocht na bhfostaithe ríthábhachtach chun tosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin Electric Ireland a chur ar fáil go rathúil. Ach díriú go láidir ar fhorbairt fostaithe agus earcaíocht dhírithe thar réimse disciplíní agus gníomhaíochtaí éagsúla, cinnteofar go leanfaidh Electric Ireland de thairiscintí iomaíocha, ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí agus táirgí nua nuálacha ar chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. In 2015, d'fhostaigh Electric Ireland tríocha fostaithe nua a bhfuil réimse leathan scileanna agus taithí acu, lena n-áirítear anailís sonraí, saineolas digiteach agus margaíochta, chun tacú leis an ngnóthas lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

## INBHUANAITHEACHT

Bíonn Electric Ireland aireach dá ghnó a fheidhmiú ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Tá na gníomhaíochtaí inmheánacha gnó teastaithe de réir chaighdeán ISO 14001 agus tá Electric Ireland ag obair go gníomhach chun cabhrú le custaiméirí inbhuanaitheacht a mbailte agus a ngnóthais a fheabhsú trí úsáid éifeachtach an fhuinnimh a chuirtear ar fáil dóibh. Déantar é sin trí fheachtais promóisin, leideanna agus léargas a thabhairt ar úsáid éifeachtúil fuinnimh agus iniúchadh mionsonraithe fuinnimh agus comhairliúcháin dírithe ar úsáid agus riachtanais an chustaiméara.

Cuireann Electric Ireland coigiltis fuinnimh ar fáil mar chuid den chlár Náisiúnta Oibleagáidí Éifeachtúlachta Fuinnimh. In 2015, thug Electric Ireland cúnamh d'údaráis áitiúla agus cumainn tithíochta ar fud na tíre chun éifeachtúlacht fuinnimh tithíochta sóisialta a fheabhsú trí réimse beart éagsúil lena n-áirítear insliú áiléir agus ballaí, feabhsúcháin ar an gcóras téimh agus uasghrádaithe rialaithe téimh.

Tá Electric Ireland ag cúiteamh custaiméirí a dhéanann beart chun éifeachtúlacht fuinnimh a mbailte a fheabhsú tríd an Scéim Dreasachtaí um Éifeachtúlacht Fuinnimh, lena dtugtar lascainí do chustaiméirí ar a mbillí. Bhí Electric Ireland ar an gcéad chuideachta a thug isteach Rialuithe Cliste Téimh, mar chuid de phleananna praghsanna chun cabhrú le custaiméirí a riachtanais fuinnimh a bhainistiú. Agus chuidigh Electric Ireland le custaiméirí gnó athbhreithniú a dhéanamh ar a dtomhaltas fuinnimh agus rinneadh coigiltis shuntasacha trí tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua ó uasghrádaithe soilse go feabhsúcháin tomhaltais fuinnimh.

## FUINNEAMH CHUN MAIREACHTÁIL

### PAYG NÍOS CLISTE

In 2015, sheol Electric Ireland feachtas nua branda ar an téama Maireachtáil níos Cliste. Geallann Electric Ireland, trí thuiscint a fháil ar chustaiméirí, go dtabharfaidh sé smaointe simplí ar fáil chun an saol a fheabhsú. Tar éis dó éisteacht le riachtanais a gcustaiméirí, sheol Electric Ireland táirge nua leictreachais PAYG do chustaiméirí, PAYG níos cliste.

Is é an táirge leictreachais PAYG is mó chun tosaigh é PAYG níos cliste. Tá taispeáint baile ag gabháil leis a thugann sonraí beo ar úsáid leictreachais, is féidir le custaiméir úsáid a chur i gcomparáid don lá, don tseachtain, don mhí agus spriocanna úsáide laethúla a shocrú agus an chaoi inar mian leo a íoc a roghnú trí bhreisiú sceidealaithe, breisiú uathoibríoch agus roghanna ar líne agus téacs.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# NUÁLAÍOCHT



> “Is dlúthchuid den ghnó ina bhfuilimid ag obair é an t-athrú. Tá an earnáil fuinnimh de shíor i mbun taisceálaíochta agus athchóirithe. Níl an dara rogha againn ach oiriúnú, dul ar aghaidh agus déanamh go maith agus, dá bhrí sin, is gá dul leis an nuáil. In ESB, is éard a bhíonn i gceist leis an nuáil ná comhoibriú inmheánach agus seachtrach a dhéanamh, ceisteanna a chur faoin gcaoi is féidir linn an obair a dhéanamh ar bhealach níos cliste agus an gnó a fhás le táirgí agus seirbhísí nua.”

**Paul Mulvaney, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Nuáil**

## LÍNTE GNÓ NUÁLA

**ESB International**
- Tairgeann sé raon iomlán réiteach innealtóireachta, oibríochtaí agus cothabhála, chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin don mhargadh domhanda fuinnimh

**Novusmodus**
- Ciste teicneolaíocht ghlan agus fuinneamh in-athnuaite €200 milliún a infheistíonn sna hearnálacha fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh

**Telecoms**
- Tá líonra leathanbhanda snáthoptaice aige mar aon le líonra túr neamhspleách fón móibíleach
- SIRO, comhfhiontar le Vodafone snáithín chuig an bhfoirgneamh

**Teicneolaíochtaí fuinnimh ag teacht chun cinn**
- Ag tacú le forbairt réimse teicneolaíochtaí agus múnlaí gnó chun freastal ar riachtanais chustaiméara fuinnimh agus an mhargaidh atá ag athrú

**eCars**
- Oibríonn sé an t-infreastructhúr náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus cuireann ar fáil seirbhísí tráchtála don earnáil leictreamhóibíleach go hidirnáisiúnta

## FORLÉARGAS

Tá an nuáil dírithe ar réitigh nua a chruthú agus a chur chun feidhme san eagraíocht chun deiseanna fáis a chruthú agus athrú dearfach ar shaol chustaiméirí ESB.

Ba bhliain thábhachtach é 2015 don nuáil, rinneadh tuilleadh infheistíochta i ndeiseanna agus comhpháirtíochtaí nua gnó d'fhonn tairiscintí seirbhíse a fheabhsú sa todhchaí. Sa Sárthaispeántas Acmhainn a Chumhachtú de chuid ESB, ócáid mhór i réimse na teicneolaíochta, tugadh léargas ar dhearcadh ESB ar thodhchaí an fhuinnimh, na teileachumarsáide agus an iompair agus an chaoi ina bhfuil ESB ag freagairt ar athruithe i riachtanais fuinnimh na gcustaiméirí. Chomh maith leis sin, reáchtáil ESB Dámhachtainí um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe, chun réitigh chruthaitheacha a d'fhorbair foirne agus daoine aonair lena mbaineann luach iarbhír don Ghrúpa a aithint.

Tá ag éirí go breá le trádáil réimsí gnó áirithe ar nós ESB International agus ESB Telecoms, agus iad ag fáil conarthaí nua custaiméirí. Thosaigh comhfhiontar SIRO soláthar céimneach dá líonra snáthoptaice mórdhíola a chur i bhfeidhm.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá na gnóthai i Nuáil ag feidhmiú i margaí iomaíocha agus ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán.

Beidh ESB International ag ceilliúradh daichead bliain ar an bhfód i mbliana agus ag leanúint dá thairiscint don chustaiméir a oiriúnú chun teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach, agus custaiméirí nua a fháil dá réir. Tá éileamh mór i gcónaí ar sheirbhísí ESB International.

Tá Telecoms ag feidhmiú i margadh mórdhíola Éireannach snáithín agus túr a bhfuil comhdhlúthú mór á dhéanamh air. Tá sé ag obair le custaiméirí chun líonraí todhchaí a dhearadh lena chinntiú go mbaintear leas iomlán as an seasamh uathúil atá aige mar sholáthraí, le hinfreastruchtú náisiúnta atá comhtháite leis an líonra náisiúnta snáithín. Sheol Telecoms tairiscintí um tháirgí nua freisin, lena n-áirítear táirge Metro Express lena thairiscint do chustaiméirí a fheabhsú maidir le hionaid sonraí ar fud Bhaile Átha Cliath a nascadh.

Tá Novusmodus ag infheistiú agus ag tacú le cuideachtaí punainne agus tá sé ag dul i dtreo luach a fháil as a gcuid infheistíochtaí, mar a rinne sé nuair a dhíol sé Lumicity in 2015. Leanfaidh Novusmodus de dhíriú ar infheistíocht nua i bhfuinneamh in-athnuaite / teicneolaíocht ghlan agus de smaointe nua agus deiseanna nua gnó a chur chun cinn.

D'uasghrádaigh agus rinne eCars feabhas ar an infreastruchtúr in 2015 agus chuaigh sé i mbunoibre le déantúsóirí feithicle agus geallsealbhóirí eile chun tacú leis an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar líon na bhfeithiclí leictreacha ar fud oileán na hÉireann.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is cuspóir straitéiseach mór é nuáil inbhuanaithe i ngach líne gnó de chuid Nuáil, agus ról tábhachtach ag Nuáil freisin maidir leis an gcuspóir sin a chur chun cinn sna haonaid eile gnó in ESB.

Tá Nuáil ag díriú ar na réimsí seo a leanas i dtaca le Nuáil Inbhuanaithe.

### Teicneolaíochtaí Bunathraithe

D'athraigh na teicneolaíochtaí nua an tionscadal fuinnimh ó bhonn. Níl samhail de chustaiméirí an lae inniu feicthe san am atá thart. Tá réitigh ghlasa, nasc níos tapúla agus tuilleadh solúbthachta uathu. Trí fhoirne tiomnaithe, tá ESB ag infheistiú chun réitigh a fhorbairt chun leas a bhaint as cumhacht na gréine, na gaoithe, na tonnta agus stórais chun freastal ar na riachtanais sin agus tairiscintí tráchtála a thabhairt do chustaiméirí ESB.

### Foireann ESB ag Cumhachtú an Todhchaí

Tá Nuáil ag scrúdú slite nua chun leas a bhaint as cumas daoine chun smaointeoireacht nua a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta. Tá gach gnóthas ar fud ESB ag obair lena chinntiú go dtabharfaí chun críche smaointe agus réitigh nua d'ESB agus dá gcustaiméirí. Rinneadh sárthaispeántas d'éachtaí na bhfostaithe ag Dámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe ina raibh caoga iomaitheoirí sa bhabhta ceannais do dheich dámhachtain as cúig chéad iarratas ar fad.

### Compháirtíochtaí Cumhachtacha

Trí chomhpháirtíochta cumhachtacha le móreagraíochtaí eile, déanann ESB saineolas, smaointe agus taithí a chomhroinnt. Tá comhpháirtíochtaí nua á bhforbairt i réimsí nua agus foinsí nua ioncaim á fhás leis an obair chun an tairiscint a fhairsingiú chuig custaiméirí tráchtála ar nós Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA). Tá Nuáil ag tacú freisin leis an





## UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2015 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2016

| TOSAÍOCHT 2015 | DUL CHUN CINN IN 2015 | TOSAÍOCHT 2016 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Leanfaidh ESB International agus Telecoms araon dá mbonn custaiméirí seachtracha agus dá n-ioncam uathu a mhéadú trí tháirgí agus seirbhísí saincheaptha a thairiscint do mhargaí atá anois ann agus rachfar sa tóir ar dheiseanna chun leathnú isteach i réimsí nua. | ■ Tá líon mór custaiméirí faighte ag ESB International sa Mheán Oirthear agus san Afraic<br>■ Sheol Telecoms an táirge Metro Express lena thairiscint do chustaiméirí a fheabhsú maidir le hionaid sonraí ar fud Bhaile Átha Cliath a nascadh | ■ Leanfaidh ESB International agus Telecoms ag tacú lena gcustaiméirí seachtracha agus ag iarraidh an t-ioncam acu a fheabhsú trí tháirgí nua a fhorbairt do chustaiméirí atá acu cheana agus custaiméirí nua. |
| Leanfaidh Novusmodus den phunann infheistíochta a bhainistiú agus ag tacú leis, ag cruthú luacha d'ESB ó thaobh an airgeadais agus ó thaobh táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt. | ■ Rinne Novusmodus infheistíochtaí breise ina phunann agus tá a leas in Luminicity díolta aige<br>■ Ar bhonn léargas ar mhargaí agus teicneolaíochtaí a d'athbhreithnigh Novusmodus, cruthaíodh roinnt réimsí nua gnó laistigh den ESB | ■ Leanfaidh Novusmodus air ag díriú ar luach a chruthú agus a réadú ina phunann infheistíochta, agus tacú le roghanna gnó nua d'ESB |
| Críochnóidh eCars an bonneagar náisiúnta pointí luchtaithe agus tosófar ag cur tairiscintí tráchtála i bhfeidhm tríd an líonra a úsáid. | ■ Tá tógáil na pointí luchtaithe críochnaithe ag eCars anois, agus uasghrádú a phróisis chustaiméara<br>■ Tá freagracht glactha ag eCars ar oibriú, cothabháil agus forbairt an líonra pointí luchtaithe i dTuaisceart Éireann | ■ Tosóidh eCars ag cur tairiscint tráchtála i bhfeidhm ar an mbonneagar náisiúnta pointí luchtaithe agus ag dul sa tóir ar dheiseanna eile san earnáil leictrea-shoghluaisteacht lasmuigh d'Éirinn |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Measúnú a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar na samhlacha gnó is ábhartha don ESB agus pleananna a fhorbairt lena chinntiú gur féidir táirgí agus seirbhísí tráchtála a dhéanamh díobh ar son an ESB. | ■ Cuireadh foirne tiomnaithe ar bun chun dul chun cinn a dhéanamh ar threophleananna straitéiseacha - táirgí agus seirbhísí nua a aithint a d'fhéadfadh ESB a thairiscint - agus obair ar siúl cheana maidir le tairiscintí nua 2016 | ■ Tabharfaidh Teicneolaíochtaí Fuinnimh atá ag teacht chun cinn táirgí nua tráchtála isteach i bpríomh-mhargaí ESB mar fhreagairt ar athrú ar riachtanais custaiméirí |
| Tosóidh SIRO oibriúcháin tráchtála agus méadófar go suntasach luas agus scála an rollta amach do spriocphobail ar fud Phoblacht na hÉireann. | ■ Thosaigh SIRO gníomhaíochtaí agus suiteáladh an snáithín i bhfoirgnimh in áiteanna roghnaithe ar fud na hÉireann | ■ Leanfaidh SIRO air ag cur dlús le cur ar fáil an tsraith uathúil táirgí sin do níos mó miondíoltóirí i níos mó áitreabh sprice |
| Caidreamh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhpháirtithe seachtracha agus deiseanna nua a chruthú chun tionscnaimh nua a thráchtálú ar son ESB. | ■ Clár Taighde Nuálach Gnóthas Beag (SBIR) a tosaíodh le SEI agus Fiontraíocht Éireann chun tacú le forbairt réiteach luchtaithe feithicle leictrí d'áiteanna cónaithe ina bhfuil níos mó ná tionónta amháin | ■ Leanúint d'obair i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha |

gcéad Clár Taighde Nuálach Gnóthas Beag (SBIR) a tosaíodh le SEI agus Fiontraíocht Éireann (chun réitigh nua a fhorbairt le haghaidh luchtú feithicle leictrí in áiteanna cónaithe ina bhfuil níos mó ná tionónta amháin)

## CUSTAIMÉIRÍ LE NUÁIL

Tá na bacainní chun dul isteach sa tionscal fuinnimh ag titim agus iomaitheoirí nua ag teacht isteach san ionad margaidh dá thoradh sin. Agus an timpeallacht ag athrú, tá ESB ag díriú ar sheirbhísí nua a fhorbairt i gcomhar le cuideachtaí eile chun réitigh iomaíocha breisluacha a chur ar fáil dá chustaiméirí.

Fuair ESB International líon mór custaiméirí nua sa Mheán-Oirthear agus san Afraic agus tá sé mar sprioc aige tuilleadh fáis a dhéanamh sa mhargadh sin, áit inar féidir lena thaithí tacú le réitigh d'oibreoirí eile fóntais.

Tá caidreamh ag Telecoms le gach ceann de na soláthraithe i margadh telecom mhórdhíola na hÉireann agus tá siad ag obair leis na custaiméirí sin chun freastal ar a riachtanais agus an tionscadal ag athrú agus ag comhdhlúthú.

Tá cur chun feidhme córais nua bainistíochta críochnaithe ag eCars dá infreastruchtúr in 2015, agus feabhas curtha ar phointí luchtaithe agus suíomhanna luchtaithe. Ina theannta sin, ghlac eCars freagracht as oibríocht, cothabháil agus forbairt an líonra pointí luchtaithe i dTuaisceart Éireann, agus anois, tacaíonn sé le córas comhtháite, lena gcumasaítear luchtú trasteorann do líon feithiclí leictreacha atá ag dul i méid in Éirinn.

## DAOINE

I dtionscal atá ag athrú is fachtóir chriticiúil é caighdeán an fhórsa saothair lena gcinntítear go bhfuil na scileanna ag ESB chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimhe. Ní hamháin go leanfaidh sí d'infheistíocht a dhéanamh i bhfoirne agus ina gcumais, ach leanfaidh Nuáil d'fhostaithe cumasacha a earcú chun tacú lena riachtanas gnó féin, chomh maith le riachtanais an Ghrúpa.

## FUINNEAMH CHUN MAIREACHTÁIL

### Dámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe

Ní hamháin go bhfuil an nuáil mar chuid d'obair ESB; is saintréith ESB é, agus sin é an fáth gur cheiliúir ESB a chuid nuálaithe féin trí na Dámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe. Aithníonn na dámhachtainí sin gnóthachtálacha fostaithe a léirigh smaointe nua agus a d'fhorbair réitigh chruthaitheacha ar dhúshláin ar fud an Ghrúpa. Léiríonn na réitigh sin caighdeán, doimhneacht agus tiomantas fostaithe ESB chun an gnóthas a fheabhsú agus tairbhí a chinntiú do chustaiméirí.

**Buaiteoir Foriomlán Dámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht - an Chéad Deisiúchán ar Domhan de Chábla faoin Fharraige**

Rinne foireann ildisciplíneach an chéad deisiúchán ar chábla faoi fharraige ar domhan ar an idirnascóir idir Tuaisceart Éireann agus Albain le gnáthóg tumadóra sainforbartha. Leis an gcur chuige nuálach seo, laghdaíodh go suntasach costas agus fad an deisiúcháin agus cuireadh iarratas ar phaitinn isteach ina leith.





# FUINNEAMH CHUN AISLINGÍ

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH


| | |
|---|---|
| Forléargas | 52 |
| Sábháilteacht | 53 |
| Daoine | 54 |
| Inbhuanaitheacht | 56 |
| Úsáid Fuinnimh in 2015 | 58 |
| Freagracht Chorparáideach | 59 |
| Ár mBrabús a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe | 60 |

# FORLÉARGAS



Pat Naughton, Stiúrthóir Feidhmeannach, Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa

"Is mian liom aitheantas a thabhairt do rannchuidiú gach duine ar fud an Ghrúpa do rath leanúnach an ghnóthais in 2015. A bhuí lena ndúthracht, is féidir linn seirbhís leictreachais a sholáthar atá iontaofa, inbhuanaithe agus lena dtugtar luach maith ar airgead dár gcustaiméirí uile. Táimid tiomanta don obair sin a dhéanamh de réir na gcaighdeán sábháilteachta is airde. Is bunluach ESB é sábháilteacht ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí agus an phobail a chinntiú, is tá na ceithre cholún sábháilteachta seo a leanas mar bhonn is mar thaca le gach oibríocht againn: ceannaireacht, inniúlacht, comhlíonadh agus rannpháirtíocht.

Tugaimid faoin obair seo i dtimpeallacht ghnó atá de shíor ag éirí níos dúshlánaí agus níos casta. Tá ár ngnóthais faoi bhrú mór iomaíoch agus rialála agus caithfimid a bheith cinnte go bhfuil an múnla cúitimh is ceart againn lena chinntiú gur féidir linn an eagraíocht a choinneáil ar an bhfód san fhadtéarma. Is mór an dul chun cinn atá déanta againn chuige sin in 2015. Chuamar i gcomhairle lenár bhfostaithe maidir leis na múnlaí éagsúla cúitimh le haghaidh daoine nua ag teacht isteach, a bheidh ina phacáiste iomlán cúitimh inbhuanaithe a thacaíonn le tuilleadh comhtháite laistigh dár ngnó agus le hardchaighdeán fostaíochta, saintréith ESB i gcónaí.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí ESB chun an fhoireann cheart fostaithe a choimeád:

- Cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le fostaithe, an t-am a chur ar fáil dóibh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairm réime
- Pleanáil éifeachtach comharbais a chinntiú, go háirithe i gcomhthéacs fórsa saothair ina bhfuil suas le dhá mhíle fostaithe in ainm le dul ar scor sna deich mbliana atá le teacht
- Feasacht a léiriú gurb iad na fostaithe is éifeachtaí iad siúd atá in ann an chothromaíocht cheart a choinneáil idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh
- Céimeanna a ghlacadh chun lucht iarrtha róil atá cothrom agus ilchineálach a chinntiú laistigh d'ESB
- Ionad oibre den scoth a dhéanamh d'ESB, agus ar an gcaoi sin, daoine spreagtha tiomanta a choimeád agus líon mór iarrthóirí ilchineálacha a mhealladh do róil nua

Táimid tiomanta do mheas a chothú san ionad oibre agus fórsa oibre cuimsitheach a fhorbairt ar bhonn fiúntais agus cumais. Is treoirfhealsúnacht an Ghrúpa é gach fostaí a fhorbairt, agus oiliúint agus foghlaim scileanna a chinntiú agus conair ghairme shuimiúil agus deiseanna chun scileanna a fheabhsú a chur ar fáil. Cuirimid tacaíocht ar fáil dár bhfostaithe ó thaobh sláinte fhisiciúil agus intinne a choimeád, agus thug Cumann Chomhlachais na hÉireann aitheantas dár gclár cuimsitheach folláine ag Dámhachtainí um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach 2015.

Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde bainistíochta comhshaoil a bhaint amach agus d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide. Cuirimid cláir i bhfeidhm i ngach cuid dár n-oibriúcháin chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne a chur chun cinn, agus ina theannta sin, nuálaíocht táirgí agus próisis ar mhaithe leis an gcomhshaol agus deiseanna nua gnó a fhorbairt.

Creidimid go bhfuil rath leanúnach an ghnóthais bunaithe ag brath ar chaidrimh mhaithe a fhorbairt le gach geallsealbhóir. Is cúis áthais dúinn a fhógairt go bhfuil an Marc Gnóthais atá ag Obair go Freagrach de chuid Gnó sa Phobal faighte againn arís i mbliana ar feadh tréimhse trí bliana go dtí 2018.

Chomh maith leis sin, aithnímid freagracht níos fairsinge ná ár bpríomhghníomhaíochta gnó sna pobail ina bhfuilimid ag obair. In 2015, thugamar tacaíocht do níos mó ná 190 eagraíocht trí Chiste do na Glúnta de chuid ESB sna réimsí oideachais, féinmharú a chosc, agus easpa dídine. Fuair ár gcuid oibre le Teach Pieta ar an tsiúlóid bhliantúil 'Darkness into Light' chun feasacht a mhúscailt maidir le féinmharú aitheantas ó Dhámhachtainí Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann (CSR) i mbliana.

Ar deireadh, tá 30,000 uair oibre deonaí sa taifead ag ár bhfostaithe le carthanais ar fud na hÉireann agus is cúis mórtais dúinn tacú leo ina gcuid iarrachtaí."

**Pat Naughton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa



# SÁBHÁILTEACHT

## FORLÉARGAS

Geallann ESB Networks sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail dá bhfónann sé a chosaint. Is croíluach de chuid an Ghrúpa í an tsábháilteacht agus tugtar tús áite i gcónaí do shábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí, na gcustaiméirí agus an phobail. Creideann an ESB gur féidir gach próiseas oibriúcháin a cheapadh agus a oibriú ar shlí atá sábháilte tríd is tríd. Is é an t-alt creidimh seo a threoraíonn an cur chuige i leith na sábháilteachta i ngach gníomhaíocht gnó agus a athneartaítear trí cheannaireacht láidir infheicthe ar fud an ESB. Táimid mórtasach as na gnóthachtálacha maidir le sábháilteacht agus as an gcultúr réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta a chuirtear chun cinn le rannpháirteacht an uile dhuine.

Is ar an bPríomhfheidhmeannach atá an cúram foriomlán as sláinte agus sábháilteacht san ESB a bhainistiú. Glacann an fhoireann ardbhainistíochta agus, as sin, gach bainisteoir, maor, ceannaire foirne agus gach ball foirne le freagracht as ceannaireacht a thabhairt i leith na sláinte. Tá Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ag an mBord, a dhéanann monatóireacht ar an fheidhmíocht sábháilteachta agus a thuairiscíonn don Bhord i dtaobh gnóthaí beartais agus straitéise agus feidhmíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht an Ghrúpa.

Tá córais bhainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm ag gach aonad gnó den ESB, agus tá mórchuid díobh deimhnithe go caighdeán OHSAS 18001:2007 nó a choibhéis. Déantar beartais agus caighdeáin sábháilteachta ESB a fhorfheidhmiú gan eisceacht, chun a sprioc dheiridh maidir le timpeallacht gan teagmhas gan ghortú a bhaint amach.

## FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA IN 2015

Níor bhain aon ghortú marfach d'fhostaithe ná conraitheoirí de bharr gníomhaíochtaí ESB in 2015.

Leis an gclár sábháilteachta in 2015, bhíothas ag díriú ar chur chun feidhme na Straitéise Ceannaireachta Sábháilteachta chuimsitheach ar bhonn cheithre cholún: ceannaireacht, inniúlacht, comhlíonadh agus an rannpháirtíocht agus bunaítear gach clár áitiúil sláinte agus sábháilteachta sna haonaid ghnó ar na ceithre cholún sin.

Rinne ESB measúnú ar chultúr na sábháilteachta, ina raibh gach fostaí de ghnó ESB Networks páirteach, agus forbraíodh straitéis mhionsonraithe chun moltaí a chur chun feidhme ar bhonn an tsuirbhé. Lean ESB de dhul chun cinn a dhéanamh ar aonaid eile ghnó maidir le feidhmíocht i leith na sábháilteachta a fheabhsú i réimsí áirithe riosca don ghnó, lena n-áirítear sábháilteacht próisis, conraitheoirí a bhainistiú agus sláinte an phobail a úsáideann na seirbhísí.

Chuir ESB bailchríoch ar Chóras nua Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta, a thacaíonn le cur chuige bunaithe ar riosca ar fud an Ghrúpa. Tagann an córas nua in ionad roinnt córas taifeadta teagmhais agus iniúchta i ngach aonad gnó, agus cabhróidh sé chun gach teagmhas sábháilteachta agus comhshaoil a thaifead agus a rianú ar fud ESB.


Ar an drochuair, básaíodh duine den phobal i Meitheamh 2015 i dteagmhas leictreach nuair a rinneadh teagmháil idir díogálaí fáil teileascópach agus líne leictreachais lasnairde.

## GORTUITHE AMA CAILLTE (LTI)

Tá laghdú seasmhach tagtha ar LTInna i measc fostaithe agus conraitheoirí ó 2004 i leith. Ba ísle líon na LTInna in 2015 (58) ná in 2014 (78), ach méadú atá ann os coinne 2013 (43) agus 2012 (37). Cé nár ghortuithe tromchúiseacha iad formhór na ngortuithe seo, is údar imní é d'ESB an méadú suntasach ar ghortuithe ama caillte le blianta beaga anuas agus leanfar de bheith ag díriú ar laghdú a dhéanamh sa ghnó ar rioscaí as a dtagann teagmhais dhíobhálacha. Is é an chúis is coitianta le gortú am caillte sleamhnú agus tuislí, láimhseáil, ardú agus úsáid uirlisí agus trealaimh.

## TEAGMHAIS ARDCHONTÚIRTE

Le cois díriú ar ghortuithe am caillte, déanann an ESB teagmhais dhíobhálacha agus neasteagmhais a chatagóiriú agus dírítear go háirithe ar theagmhais ardchontúirte a bhféadfadh torthaí níos tromchúisí a bheith orthu. Déantar gach teagmhas ardchontúirte agus gach gortú ama caillte a imscrúdú le féachaint cérbh é an bhunchúis leis an teagmhas. Is iad na rioscaí sábháilteachta is suntasaí a bhaineann le teagmhais ardchontúirte i gcás an ESB ná an leictreachas, tiomáint agus iompar, obair ar airde agus úsáid uirlisí agus trealaimh.









# DAOINE

## STRAITÉIS DAOINE ESB

Is é cumas agus tiomantas fostaithe ESB a dhéanann cuideachta ar leith d'ESB. In 2015, ba é Straitéis Daoine ESB a chuir an fócas agus an treo ar fáil don iliomad tionscnamh agus gníomh acmhainní daonna. Tá an straitéis sin ceaptha chun tacú leis an gcuspóir de chuid Straitéis ESB Group maidir le heagraíocht rannpháirteach aclaí a fhorbairt. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, dírítear ar na ceithre réimse seo a leanas:

- Daoine a fhorbairt
- Sláinte agus folláine fostaithe
- Éagsúlacht agus cuimsiú
- Rannpháirtíocht fostaithe

## AG FORBAIRT DAOINE

Tá roinnt próiseas comhtháite acmhainní daonna mar dhlúthchuid den eagraíocht a chinntíonn go mbaineann ESB spriocanna na straitéise grúpa amach.

### Pleanáil Acmhainní

Tá pleanáil acmhainne in ESB dírithe ar líon na bhfostaithe a theastaíonn a aithint agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó na fostaithe sin chun straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm go rathúil. Le linn don phróiseas sin, aithníodh an bhearna idir an líon foirne agus cumas agus riachtanais don todhchaí. Glactar pleananna gníomhaíochta comhaontaithe agus cuirtear i bhfeidhm iad lena chinntiú go líontar na bearnaí sin.

### Forbairt Fostaithe

Tá ESB tiomanta dá bhfostaithe go léir a fhorbairt ionas go mbeidh na scileanna agus inniúlachtaí chun obair a dhéanamh go héifeachtach sa phost atá acu faoi láthair agus gairm réime a fhorbairt san eagraíocht ar bhonn a riachtanas féin agus riachtanais na heagraíochta. Gníomhaíocht thábhachtach straitéiseach is ea é i gcónaí acmhainn na bhfostaithe a fhorbairt de réir mar a fhéachann an ESB lena thimpeallachtaí éagsúla gnó a bhainistiú i bhfianaise an dúshláin atá i gceist le gach ceann díobh. Rinneadh Próiseas Feidhmíochta agus Forbartha Bliantúil an Ghrúpa a athdhearadh agus a athsheoladh agus cuireann sé ardán ar fáil chun réitigh spriocdhírithe foghlama agus forbartha a aithint agus a chur ar fáil. Bíonn forbairt éifeachtach bunaithe ar inniúlachtaí sonraithe atá ailínithe le riachtanais an Ghrúpa agus an duine aonair.

### Forbairt Bainisteoirí

Tar éis an Chreata Forbartha Bainistíochta a fhorbairt in 2014, forbraíodh Daoine a Bhainistiú in ESB - Treoir do Bhainisteoirí chun tacú le bainisteoirí tuiscint a fháil ar a ról, inniúlachtaí gaolmhara agus roghanna forbartha.

Lean an ESB d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna a bhainisteoirí agus cultúr ardfheidhmíochta a fhorbairt. In 2015, bhítear ag díriú ar an meánlíne agus an líne tosaigh / ceann foirne / leibhéal maoirseora i gClár Cumarsáide Ceannaireachta trí lá, ag díriú go háirithe ar scileanna chun comhrá a dhéanamh maidir le feidhmíocht.

Bronnadh an Dámhachtain Creidiúnaithe CPD, don tréimhse ón 1 Meitheamh 2015 go dtí an 1 Meitheamh 2018 ar an bPríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Bainistíochta an Ghrúpa Daoine agus Inbhuanaitheachta ag ócáid in Iúil 2015. Leis an dámhachtain sin, aithnítear ESB mar eagraíocht dea-chleachtais i leith na tacaíochta a cuireadh ar fáil dá innealtóirí chun forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) a dhéanamh trí chórais agus cleachtais acmhainní daonna.

Tá ESB ag leanúint den Chlár Bainistíochta Acmhainní Daonna do Bhainisteoirí Líne a reáchtáil, lena bhforbraítear acmhainn bainistíochta daoine i measc bainisteoirí líne. Tá an clár creidiúnaithe ag an Institiúid Cairte Pearsanta agus Forbartha (CIPD).

Ina theannta sin, reáchtáil ESB próiseas iomaíoch, a bhí oscailte do gach fostaí chun líon iarrthóirí a roghnú lena dtacófar chun tabhairt faoi MBA go páirtaimseartha.

### Earcaíocht Céimithe agus Printíseach agus Forbairt

Thosaigh seasca earcaigh nua (ó gach disciplín) clár nua céimithe trí bliana i Meán Fómhair 2015. Áirítear clár forbartha imeacht ionduchtúcháin a bhainistítear go lárnach, tascanna oibre, sainoiliúint gnó amach ón jab, forbairt scileanna pearsanta agus oiliúint éigeantach, le tacú ó ghaol meantóireachta.

In 2015, d'fhógair an Grúpa go bhfostóidh sé trí chéad printíseach sna cúig bliana amach anseo mar chuid de chlár earcaíochta agus forbartha mórscála.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE FOSTAITHE

Tá ESB an-tiomanta chun tacú le fostaithe sláinte agus folláine a choinneáil. Tá Clár Sláinte agus Folláine ESB dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe a mbarr cumais a bhaint amach sa chlár oibre trí fholláine intinne, fhisiciúil agus mothúcháin a chur chun cinn. Dírítear ar chláir shláinte réamhghníomhacha a chur ar fáil, trína gcuirtear faisnéis agus comhairle ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl mhaireachtála shláintiúil a chruthú agus a choimeád. Ina theannta sin, cuirtear tacaíocht éifeachtach leigheasacháin ar fáil d'fhostaithe atá i ndrochshláinte nó a bhfuil dúshláin saoil phearsanta eile le sárú acu trí sheirbhís leighis shláinte cheirde, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, tríd an gcomhairleoireacht síceolaíochta agus trí raon beart folláine éagsúla.

Aithníodh cur chun cinn folláine intinne agus sláinte i measc fostaithe ESB leis an Dámhachtain Barr Feabhais san Ionad Oibre de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann in 2015.

Maidir le sláinte agus folláine fostaithe, bhíothas ag díriú ar na nithe seo a leanas i mbliana:

- Beartais éifeachtacha sláinte fisiciúla agus intinne a fhorbairt a thacaíonn le dea-shláinte agus folláine san ionad oibre
- Gníomhaíocht choirp a chur chun cinn trí chomórtais agus dúshláin sláinte ar a dtugtar 'get active' (bí aclaí)
- Suíomh gréasáin sláinte agus folláine ESB a athchóiriú, rochtain níos éasca agus nuashonruithe rialta a thabhairt ar ábhair sláinte

### Cláir Réamhghníomhacha Sláinte

Tá cláir cothabhála sláinte ESB dírithe ar ghalair a chosc agus fostaithe a choinneáil, chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh saol níos sláintiúla agus níos aclaí a bheith acu. Aithnítear gur gnáthchuid den saol é an strus, ach tá fiúntas ar leith le cláir ghníomhacha san ionad oibre a chabhraíonn le fostaithe a thabhairt faoi deara cathain a bhíonn siad faoi strus agus conas déileáil leis na dúshláin sin, ionas gur lú a thionchar ar a bhfolláine. I measc na gclár agus na dtionscnamh a bhí ar fáil d'fhostaithe ESB i gcaitheamh na bliana bhí:

- Seimeanáir agus ceardlanna do 3,000 fostaithe faoi shláinte intinne dhearfach d'fhoirne, bainistíocht struis phearsanta, feasacht ar fhéinmharú, comhairle maidir le cothú, aire a thabhairt don droim agus feasacht airgeadais
- Comórtais dúshláin peidiméadair inar shiúl trí fhoireann is ochtó breis is 20,670 ciliméadar
- Clár scagthástála cardashoithíoch agus inne agus clár vacsaíniú in aghaidh an fhliú

## ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Tá ESB ag leanúint de thimpeallacht oibre dhearfach chuimsitheach a chothrú trí thuiscint agus feasacht ar na tairbhí a bhaineann le fórsa saothair ilchineálach cuimsitheach don duine aonair agus don eagraíocht a chothú. Déantar athbhreithniú ar Pholasaithe Comhionannais agus Ilchineálachta ESB go rialta, ar aon dul leis an reachtaíocht agus le dea-chleachtas, agus féachann siad le cultúr cuimsithe, measa agus dínite a chothú don duine aonair san ionad oibre agus do na custaiméirí a mbíonn sé ag freastal orthu. Tá tábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe san ionad oibre ag méadú i gcónaí ó thaobh chumas an ESB chun príomhscileanna agus buanna a mhealladh, a choimeád agus fhorbairt.

I measc na bpríomhthionscnamh i 2015 bhí na cinn seo a leanas:

- Urraíocht a thabhairt don Oíche Caidrimh Phroifisiúnta Ilchineálachta de chuid an Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha (GLEN) agus Chéad Dámhachtainí an Innéacs Comhionannais san Ionad Oibre
- Clár Oiliúnaithe an ESB do Dhaoine faoi Mhíchumas atá ina deichiú bliain anois
- Athrú saoil máithreachais a bhainistiú go rathúil trí chlár máithreachais ESB
- Tacú le tuismitheoirí atá ag obair trí Chlár Tuismitheoireachta Dearfaí ESB
- Meicníocht mhalartach maidir le réiteach díospóidí a chur chun cinn – trí bhainistíocht cás agus seirbhís neamhspleách eadrána
- Comhairle Comhionannais de chomhaltaí ó chineálacha éagsúla fostaithe mar aon le hionadaithe ceardchumainn agus áirítear ionadaí míchumais agus ionadaí lucht Leispiach, Aerach, Déghnéascach agus Trasinscneach (LGBT)
- Sprioc 3% an Údaráis Náisiúnta Míchumais (3%) maidir le fostaithe faoi mhíchumas a fhostú a shárú i gcónaí
- Grúpaí éagsúlachta an aonaid ghnó, a chothaíonn feasacht i gcónaí ar leibhéal áitiúil trí chleachtais agus tionscnaimh chomhionannais agus éagsúlachta a chomhtháthú ar son na bhfostaithe agus ar son na gcustaiméirí

| | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhFostaithe | 7,149 | 7,305 |
| Mná | 23% | 22% |
| Mná ar Leibhéal Bainistíochta | 19% | 19% |
| Lánaimseartha | 94% | 94% |
| Fostaithe faoi Mhíchumas | 5% | 5% |

## RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE

Tá bealaí éagsúla ag ESB chun faisnéis a chur ar fáil dá bhfostaithe, lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin, ríomhphoist, twitter, na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs agus físeáin agus faisnéisiú aonad gnó sonrach.

In 2015, tugadh cuireadh do na fostaithe suirbhé a dhéanamh chun leibhéil rannpháirtíochta ESB a thomhas agus comparáid a dhéanamh le cuideachtaí móra eile agus feidhmíocht sa tsuirbhé roimhe seo. Úsáideann ESB aiseolas ón tsuirbhé chun an chaoi a dhéanann sé cumarsáid le fostaithe a fheabhsú.

### TORTHAÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA FOSTAITHE

**81%** Is ábhar bróid dom a bheith ag obair in ESB

**68%** Dea-chumarsáid le mo bhainisteoir líne

**94%** Creidim go bhfuil ESB ag súil le hiompar eiticiúil agus obair mhacánta uaim

**87%** Tá na bainisteoirí i m'fhoireann / grúpa oibre tiomanta don tsábháilteacht san ionad oibre

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# INBHUANAITHEACHT

Is é seo an tríú bliain iomlán de straitéis ESB Group. Faoin straitéis sin, tá ESB ag infheistiú i nginiúint ísealcharbóin, líonraí cliste a thógáil agus éifeachtúlacht an ghnóthais a bharrfheabhsú. Tacaíonn an straitéis inbhuanaitheachta le Straitéis ESB Group, agus léiríonn sé tiomantas ESB chun gnó rathúil a fhorbairt san fhadtéarma agus é ag iarraidh gníomhaíochtaí giniúna a dhícharbónú faoi 2050. Tá ESB dírithe ar an leibhéal is airde bainistíochta comhshaoil agus inbhuanaitheacta a choimeád i ngach gné dá n-oibriúcháin, chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus cur le clú ESB mar eagraíocht eiseamláireach.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ INBHUANAITHEACHTA

Rinneadh athrú ar thuairisciú Inbhuanaiteachta ESB in 2015 ar aon dul leis an nuashonrú ar Threorlínte Tuairiscithe Inbhuanaitheachta mar a eisíodh sa Tionscnamh Tuairiscithe Uilíoch (treoirlínte tuairiscithe is infheidhme go huilíoch a fhorbairt agus a scaipeadh). Mar chuid den athrú sin, tugadh faoi phróiseas ábharthachta, lena n-aithnítear na saincheisteanna is mó tábhacht don ghnó i gcomhthéacs inbhuanaitheachta. Tá na cuspóirí inbhuanaitheachta straitéisí ag teacht leis na saincheisteanna ábhartha agus cúig chuspóir den Straitéis ESB Group go dtí 2025. Sonraítear an dul chun cinn ar na cuspóirí sin thíos.
Tá cóip den Tuairisc Inbhuanaitheachta ar fáil ó shuíomh gréasáin ESB, www.esb.ie

| ESB GROUP TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA | SAINCHEISTEANNA TÁBHACHTACHA ÁBHARTHA D'ESB | SPRIOCANNA INBHUANAITHEACHTA STRAITÉISÍ GAOLMHARA | Dul chun cinn 2015 |
|---|---|---|---|
| | Forbairt punainne ísealcharbóin | ■ Astaíochtaí aeir a laghdú (SOx, NOx) in aghaidh GWh agus astaíochtaí $CO_2$ 343g/KWh ó phunann giniúna ESB go dtí 2025<br>■ Foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i bpunann giniúna ESB go 26% faoi 2025 | ■ In 2015, bhí astaíochtaí iomlána $CO_2$ ESB mar an gcéanna le 2014 ar 9.2 milliún tonna agus mhéadaigh an dlús carbóin de 14.0g/kWh go 590g/kWh, cé gur tháinig laghdú isteach is amach de 37% ó na leibhéil in 2005.<br>■ Faoi dheireadh 2015, b'ionann an líon foinsí in-athnuaite fuinnimh i bpunann giniúna ESB agus 13%. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na tionscadal in-athnuaite fuinnimh seo a leanas i mbliana:<br>– Thosaigh Feirm Ghaoithe Thigh na Coille (20 MW) ag oibriú ar bhonn tráchtála<br>– Luath-thógáil / forbairt feirmeacha gaoithe i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe<br>– Tosaíodh ar thionscadal bithmhaise Tilbury (40 MW) a thógáil<br>– Cuireadh comhfhiontar ar bun le Kingspan chun córais gréine fótavoltacha a shuiteáil ar leibhéal dín |
| | | ■ Comhlíonadh leis an dlí is infheidhme agus an t-athrú chuig geilleagar ísealcharbóin á chur i bhfeidhm | ■ Thuairiscigh gach aonad gnó comhlíonadh leis an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme. Tá próiseas chun caidreamh a chothú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) ar bun maidir le ceisteanna ábhartha comhshaoil. |
| | Éifeachtúlacht agus inacmhainneacht fuinnimh do chustaiméirí | ■ Dul i bhfeidhm ar an mbeartas carbóin ar leibhéal náisiúnta agus AE<br>■ Obair le custaiméirí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus freagairt ar an éileamh trí theicneolaíochtaí baile cliste a thabhairt isteach.<br>■ Spriocanna Fuinnimh Níos Fearr de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bhaint amach | ■ Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le saincheisteanna beartais carbóin roimh Chomhaontú Pháras 2015.<br>■ Tríd an scéim dreasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh, chuir Electric Ireland coigiltis fuinnimh 15 GWh ar fáil go dtí seo agus tugadh €1 mhilliún ar ais do chustaiméirí<br>■ Leis an Scéim Oibleagáidí Éifeachtúlachta Fuinnimh, rinneadh 253 GWh (os coinne sprioc 3 bliana de 420 GWh) de choigiltis fuinnimh do chustaiméirí in 2015 agus tugadh coigiltis costais €40 milliún ar ais do chustaiméirí go dtí seo, chomh maith le €6 mhilliún díreach ó Electric Ireland mar dheontais, dreasachtaí agus creidmheas. |
| | Líonraí athléimneacha a fhorbairt agus foinsí in-athnuaite a éascú | ■ Caillteanais tarchuir agus dáileacháin a laghdú ar an líonra uile-oileáin<br>■ Nascadh fuinnimh in-athnuaite leis an líonra uile-oileáin a éascú<br>■ Seasamh ESB a choimeád mar cheannaire domhanda chun líonraí cliste a chur i bhfeidhm<br>■ Méadrú cliste a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais thodhchaí custaiméirí, ESB agus geallsealbhóirí | ■ Tiontaíodh 1,198 gciliméadar den líonra ó 10kV go 20kV in 2015, agus ar an gcaoi sin, laghdaíodh caillteanais dáileacháin.<br>■ Nascadh 312 MW de ghiniúint ghaoithe leis an eangach ar bhonn uile-oileáin in 2015, sin líon iomlán MW in-athnuaite atá nasctha leis an eangach de 3,200 MW.<br>■ Leis an tionscadal líonra cliste RealValue, suiteálfar réiteach stórais agus méadrú próifíle in 800 baile in Éirinn agus ardchumas monatóireachta agus rialaithe i bhfostáisiún meánvoltais atá páirteach sa triail.<br>■ Tar éis d'ESB Networks agus gníomhaithe eile cur go mór leis, d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) dhá shraith de chinntí beartais in Iúil agus Nollaig 2015. Táthar ag súil le cinneadh deiridh faoin gclár le linn 2016. |
| | Forbairt ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn | ■ Feithiclí leictreacha a chur chun cinn in Éirinn trí líonra náisiúnta pointí luchtaithe chliste a shuiteáil<br>■ An poitéinseal chun infreastruchtúr líonra ESB a úsáid chun leathanbhanda a chur i bhfeidhm ar bhonn tráchtála<br>■ Infheistiú i bhfuinneamh glan agus san earnáil éifeachtúlachta fuinnimh atá ag teacht chun cinn<br>■ Deiseanna gnó maidir le réimsí teicneolaíochta glan atá ag teacht chun cinn ar nós stórais fuinnimh stórais gabhála carbóin ar nós stóras fuinnimh, stóras gabhála carbóin (CCS), fuinneamh aigéin agus fuinneamh fótavoltach | ■ Ar fud Phoblacht na hÉireann, tá breis is 2,300 pointe luchtaithe suiteáilte ag eCars agus freagracht glactha aige maidir le hoibriú, cothabháil agus forbairt an líonra pointí luchtaithe i dTuaisceart Éireann.<br>■ Thosaigh SIRO, comhfhiontar ESB le Vodafone, ag tógáil snáithín mórdhíola don líonra leathanbhanda i sé bhaile in 2015.<br>■ Faoi láthair, tá Ciste Novusmodus ag bainistiú infheistíochtaí i seacht gcuideachta san earnáil teicneolaíochta glaise.<br>■ Thóg comhfhiontar Kingspan ESB breis is 500 tionscadal gréine ar leibhéal dín, an chuid is mó acu i dTuaisceart Éireann. |
| | Éifeachtúlacht fuinnimh oibriúcháin<br>Bainistíocht comhshaoil | ■ An lorg carbóin $CO_2$ a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh ESB a fheabhsú, breosla a úsáidtear dá fhlít feithiclí agus taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn d'fhostaithe<br>■ Feabhsúcháin a spreagadh ar bhainistíocht comhshaoil agus tionchar ESB ar an mbithéagsúlacht<br>■ Cainéil dramhaíola a laghdú, athchúrsáil a mhéadú agus líon an dramhaíola a chuirtear sa talamh a laghdú | ■ Rinneadh ESB laghdú de 24.7% ar úsáid príomhfhuinnimh, coibhéis príomhfhuinnimh de 53 GWh ón tréimhse bonnlíne i leith (meánmhéid 2006 - 2008).<br>■ Tá gach aonad gnó ag obair anois de réir chórais bhainistíochta comhshaoil teastasaithe ISO 14001: 2004<br>■ Tá rátaí athchúrsála os cionn 75% agus rátaí líonta talún os cionn 93%.<br>■ Tá naoi méadar is tríocha suiteáilte anois in iostaí ESB Networks, rud a spreag fócas ar úsáid uisce a laghdú . |
| | Feidhmíocht airgeadais | ■ Úsáid uisce a laghdú<br>■ Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh don Earnáil Phoiblí go dtí 2020 ghnóthú | ■ Maidir le feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí in 2015, tuairiscíodh go bhfuil 24.7% de choigiltis fuinnimh déanta ag ESB ón mbonnlíne go dtí seo. Tá sin ar aon dul leis an gcuspóir chun 33% d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020.<br>■ Féach leathanach 60 i gcomhair sonraí ar an gcaoi ina bhfuil ESB ag úsáid a bhrabúis ar bhealach inbhuanaithe. |
| | An tionchar ar an tsochaí | ■ Dul i gcomhairle le fostaithe chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn san ionad oibre, sa phobal agus sa bhaile<br>■ Clár foriomlán maidir le Freagracht Chorparáideach ESB a bhunú, lena gcuirtear obair dheonach chun cinn agus lena ndéantar monatóireacht ar an tionchar atá aige<br>■ Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a dhéanamh ar bhonn rialta maidir leis an dul chun cinn ar spriocanna inbhuanaitheachta ESB chun clú ESB a fheabhsú<br>■ A bheith ag obair le fostaithe agus soláthraithe chun soláthar inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i ngach aonad gnó<br>■ Sláinte agus sábháilteacht | ■ Catagóir dámhachtana na hinbhuanaitheachta fuinnimh mar chuid de Dhámhachtainí ESB um aitheantas a thabhairt do nuálaíocht ó fhostaithe.<br>■ Le deich mbliana anuas, tá níos mó ná €10 milliún ar fáil ag an gCiste Fuinnimh do na Glúnta le haghaidh thionscadal pobalbhunaithe ar fud na tíre. Go dtí deireadh mhí na Nollag 2015, tá níos mó ná 30,000 uair d'obair dheonach déanta ag fostaithe ESB.<br>■ Foilsítear tuairisc ar an dul chun cinn gach sé mhí agus ullmhaítear tuarascáil inbhuanaitheachta gach bliain.<br>■ Tá ceardlanna inbhuanaitheachta á reáchtáil ar bhonn leanúnach mar chuid den phróiseas sonraíochta agus de na riachtanais réamhthairiscintí le haghaidh tairiscintí ar mhó a luach ná €5 mhilliún.<br>■ Féach leathanach 53 i gcomhair sonraí maidir leis an tsábháilteacht. |

FÓNTAS LÁIDIR COMHTHÁITE ÉAGSÚLAITHE GO HINGEARACH · GNÓTHAIS MHÓRSCÁLA GINIÚNA / SOLÁTHAIR · LÍONRAÍ ARDTEICNEOLAÍOCHTA · NUÁIL INBHUANAITHE · STRUCHTÚR COSTAIS ATHRAITHE Ó BHONN · EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH ACLAÍ

# ÚSÁID FUINNIMH IN 2015

## ÚSÁID FUINNIMH IN 2015

Faoi Rialacháin Éifeachtúlacht Fuinnimh an AE I.R. Uimh. 426 de 2014 ceanglaítear ar an ESB a ídiú bliantúil fuinnimh a nochtadh, mar aon le haon tionscnamh atá ar bun chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Déanann ESB monatóireacht agus tuairisciú ar thomhaltas fuinnimh os coinn na bonnlíne (2005 i gcás giniúna, 2006-2008 meánach i gcás oibriúchán) agus tá sé tiomanta don fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Caitear os cionn 90% d'fhuinneamh an ESB ar ghiniúint leictreachais. In 2015, d'ídigh an ESB 26,204 GWh d'fhuinneamh breosla iontaise agus leictreachas á ghiniúint i bPoblacht na hÉireann.

Leis na coinníollacha margaidh atá ann faoi láthair, tá claonadh i bhfabhar giniúna guail, de bharr costais íseal na breosla agus an t-éileamh ar leictreachas inacmhainne. Leis an méadú ar ghiniúint ghuail, méadaíodh dlús carbóin foriomlán ESB go 590 g$CO_2$/kWh agus astaíochtaí 2015 de 9.2 milliún tonna de $CO_2$ ar aon dul le 2014. Sa Chóras Trádála Astaíochtaí AE (ETS), ní fhaigheann ESB aon leithdháileadh saor in aisce i gCéim III den ETS. Ceannaíonn ESB Lamháltais AE ar phraghas margaidh sa mhargadh tánaisteach thar an gcuntar. Ceannaítear gach Lamháltais ESB ar phraghas margaidh ó rannpháirtithe tríú páirtí.

Maidir le húsáid an fhuinnimh atá fágtha, is é an méid fuinnimh a úsáideann an ESB ina fhoirgnimh an chionroinnt is suntasaí, agus ina dhiaidh sin, an fuinneamh a úsáidtear sa fhlít agus i gcairr phríobháideacha a úsáidtear chun gnó na cuideachta a dhéanamh. Ídítear an chuid is mó den fhuinneamh ar spás a théamh. Ídíodh 114 GW den choibhéis príomhfhuinnimh go hinmheánach inár ngníomhachtaí neamhghiniúna (bonnlíne de 167 GWh).

Os coinne tomhaltais bonnlíne (meánmhéid 2006 - 2008), rinne ESB feabhsú 24.7% de dhul chun cinn ar ídiú na coibhéise príomhfhuinnimh. Tá sin ar aon dul le cuspóir an Rialtais de 33% d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 san earnáil phoiblí.

Áiríodh ar na céimeanna a tógadh chun an sprioc sin a bhaint amach in ESB in 2015:

- Cláir chun nuashonruithe éifeachtúlachta fuinnimh lena dtugtar tosaíocht d'fhoirgnimh agus íostaí chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú
- Teaschaidéil leictreacha agus teicneolaíochtaí eile fuinneamh in-athnuaite a shuiteáil ar bhonn trialach i bhfoirgnimh oifigí, mar chuid den Chlár um Fhuinneamh Níos Fearr

## TOMHALTAS FUINNIMH Ó OIBRIÚCHÁIN ESB (GINIÚINT)

| FOINSE FUINNIMH | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| Gual (GWh) | 10,596 | 13,106 |
| - Gás nádúrtha (GWh) | 11,989 | 7,791 |
| Móin (GWh) | 4,951 | 4,676 |
| Ola (GWh) | 543 | 631 |

## ÍDIÚ COIBHÉIS PRÍOMHFHUINNIMH DE BHARR OIBRIÚCHÁIN ESB (NEAMHGHINIÚINT)

| FOINSE FUINNIMH | 2006 - 2008 Meán* GWh | 2015 GWh | ATHRÚ GWh |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 39 | 28 | (11) |
| An Leictreachas mar Choibhéis Príomhfhuinnimh | 96 | 63 | (33) |
| Breoslaí Iontaise | | | |
| - Gás nádúrtha | 1 | 1 | – |
| - Ola Téimh | – | – | – |
| - Díosal | 70 | 50 | (20) |
| Breoslaí Iontaise san Iomlán | 71 | 51 | (20) |
| Fuinneamh In-athnuaite | – | – | – |
| Iomlán na Coibhéise Príomhfhuinnimh | 167 | 114 | (53) |

*Léiríonn an bhonnlíne ríomhanna maidir le comhlíonadh Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Figiúirí 2015 le haghaidh PEE mar a tuairiscíodh sa tuarascáil bhliantúil 2015 maidir le Feidhmíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí.

- Suiteáil agus oibriú tionscadail gréine fótavoltach in Íosta Bhaile na Lobar de chuid ESB
- Ardrialuithe a shuiteáil do shoilsiú amuigh
- An inbhuanaitheacht a chur chun cinn chun fostaithe a spreagadh lena gcuid iompair a athrú agus úsáid éifeachtúil a bhaint as fuinneamh
- Úsáid feithiclí leictreacha san fhlít agus trealamh cúnta leictreach agus leanúint de bhithbhreosla a úsáid
- Leis an gclár athnuaite flít, tá isteach is amach le míle cúig chéad feithicil curtha in ionad feithiclí nach bhfuil chomh tíosaí céanna ar fhuinneamh
- Úsáid leanúnach áis cruinnithe/cumarsáide ar an nGréasán a thabhairt isteach chun nach mbeidh gá le taisteal gnó





# FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH

Tá ESB lánpháirteach sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu le fada an lá. Tá sé mar aidhm aige daoine agus pobail ar fud na hÉireann a chumhachtú agus an saol atá acu a fheabhsú tríd an gclár freagrachta sóisialta corparáidí. Tugann ESB tacaíocht trí dheontais, urraíocht, comhpháirtíochtaí agus aistriú eolais óna bhfostaithe chuig daoine aonair agus an pobal.

## CISTE FREAGRACHTA CORPARÁIDÍ UM FHUINNEAMH DO NA GLÚNTA

Mar mhóreagraíocht Éireannach a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bpobal siar go dtí 1927, tá ESB tiomanta dá chuid a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhórcheisteanna sóisialta áirithe in Éirinn sa lá atá inniu ann. I Nollaig 2015, cheiliúir ESB deich mbliana dá chlár chun carthanais a chistiú agus thug sé painéal saineolaithe chun todhchaí na Freagrachta Shóisialta Chorparáidigh a phlé. Agus €10 milliún de chistiú ESB tugtha do bhreis is 400 eagraíocht phobail agus dheonach le deich mbliana anuas, is eol d'ESB go bhfuil toradh leis an infheistíocht sin ar fud oileán na hÉireann. Is é is aidhm d'ESB leis an gCiste Fuinneamh do na Glúnta, tionchar na hinfheistíochta a mhéadú a oiread agus is féidir trí chur chuige níos straitéisí a ghlacadh chun athrú a dhéanamh. In 2015, tugadh €2 mhilliún do thionscadal go háirithe sna réimsí míbhuntáiste oideachasúil, féinmharú a chosc agus easpa dídine agus obair dheonach fostaithe.

### Míbhuntáiste Oideachasúil

Tacaíonn ESB le roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear TechSpace, clár náisiúnta chun an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic a chur chun cinn i measc daoine óga ar fud na tíre. Agus tacaíonn ESB le Coláiste Pobail Fíorúil an Chosáin agus is é comhpháirtí náisiúnta don chlár 'Am Léitheoireachta' de chuid Ghnó sa Phobal.

### Féinmharú agus Easpa Dídine

Tá tacaíocht curtha ar fáil ag ESB chun féinmharú a chosc agus easpa dídine a laghdú ó 2005 i leith, tar éis dul i gcomhairle le fostaithe. Íocann an Ciste Fuinnimh do na Glúnta, a bhainistíonn Coiste tras-chuideachta, agus a íocann deontais go díreach le heagraíochtaí ar fud na tíre a dhéanann iarratas air.

### Tacaíocht d'Obair Dheonach a dhéanann Fostaithe

Cuireann an Ciste tacaíocht ar fáil d'fhostaithe ESB a dhéanann obair dheonach ina bpobail féin. Fostaí ar bith a bhfuil os cionn fiche uair an chloig d'obair dheonach déanta aici/aige le carthanas, is féidir leis nó léi iarraidh ar an ESB €250 a bhronnadh ar an eagraíocht sin. Fuarthas freagairt an-mhaith ar an tionscnamh, agus bronnadh airgead ar réimse leathan carthanas, lena n-áirítear Capuchin Day Centre, Aoisghníomhaíocht, Grúpaí Gasóg agus Banóglach agus Daisyhouse Housing. Go dtí deireadh mhí na Nollag 2015, tá níos mó ná 30,000 uair d'obair dheonach déanta ag fostaithe ESB.

## CISTE POBAIL FEIRME GAOITHE

Bíonn ESB ag tacú go gníomhach leis na pobail thart timpeall ar na feirmeacha gaoithe. In 2015, chuir ESB níos mó ná €500,000 ar fáil do raon leathan tionscadal pobail i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

## URRAÍOCHT

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa sna réimsí seo a leanas:

- Daoine óga a chur chun cinn sa spórt, trí chraobhchomórtas mionúr iomána\u00edochta agus peile Electric Ireland CLG, foireann rugbaí faoi 20 na hÉireann agus Foireann Éireann sna Cluichí Oilimpeacha
- Tacú leis an tsiúlóid / rith urraithe 'Darkness into Light' de chuid Teach Pieta - in 2015, bronnadh an Dámhachtain as Barr Feabhais sa Chumarsáid de chuid Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.
- Ag tacú le carthanais trí 'Powering Kindness' (Cineáltas a Chumhachtú), tionscnamh lena dtugtar spreagadh do dhaoine gníomh carthanachta a dhéanamh agus airgead a fháil air do cheann de na trí charthanas
- Ag tacú leis na healaíona agus leis an gceol trí urraíochtaí don Fheis Cheoil, don Phicnic Leictreach agus don Ghailearaí Náisiúnta
- Tacú le forbairt scileanna san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht trí chomhpháirtíochtaí le Gailearaí na hEolaíochta, Bhaile Átha Cliath, City Spectacular, agus Innealtóirí Éireann


## CSR IDIRNÁISIÚNTA

Is é ElectricAid carthanas ceartas sóisialta agus forbartha fostaithe agus pinsinéirí ESB agus EirGrid. Cé go dtacaíonn ESB go láidir leis an gcarthanas (faoi láthair, cuireann ESB le ranníocaíochtaí fostaithe agus pinsinéirí ar bhonn 2:3 leis), is faoi úinéireacht agus faoi stiúr na dhá mhíle sé chéad bhall is ranníocóirí é. In 2015, bhailigh agus chaith ElectricAid €1.33 milliún ar chéad seasca agus a ceathair tionscadal éagsúil forbartha agus fóirithinte in Éirinn agus i gceithre thír i mbéal forbartha is daichead. Thug ElectricAid breis is €153,000 do sheacht dtionscnamh cistithe is fiche le haghaidh fóirithint éigeandála in Éirinn, san Afganastáin, sa Chéinia, i Neipeal, sa Phacastáin, sa tSiria agus do ghéarchéim na dteifeach san Eoraip.


## MARC FREAGRACHTA OIBRE GNÓ

In 2015, fuair ESB an triú creidiúnú leis an t-aon chaighdeán freagrachta corparáidí arna bailíochtú go neamhspleách in Éirinn, an Marc Oibre Gnó Freagrachta. Ba é Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) a bhronn an creidiúnú; eagraíocht neamhbhrabúis tiomnaithe don fhreagracht chorparáideach agus arna iniúchadh ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSA). Tá sé bunaithe ar ISO 26000: 2010 agus tá sé bailí ar feadh trí bliana.

## CISTIÚ ELECTRICAID DE RÉIR CATAGÓIRE 2015



# ÁR MBRABÚS A ÚSÁID AR BHEALACH INBHUANAITHE



## BRABÚIS

### Infheistíocht
Beagnach €1 bhilliún a infheistiú in aghaidh na bliana chun timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a chothú, agus tacú le fás eacnamaíoch trí sholáthar stuama, sábháilte, iontaofa a chur ar fáil do thithe agus gnóthais.

**Caiteachas Caipitiúil 2015:**
**€873**
**Milliún**

### Seirbhís do Chustaiméirí
Táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt do chustaiméirí dírithe ar eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus an custaiméir a chumhachtú.

**Sástacht Custaiméirí 2015:**
**84%**

### Fostaíocht
Cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le fostaithe, an t-am a chur ar fáil dóibh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairm réime. Tacú le poist trí chonarthaí seirbhíse conraitheora agus soláthraí.

**Earcaíocht Printíseach agus Céimithe sa bhliain 2015:**
**179**

### Ag Tacú leis an bPobal
Tá sé mar aidhm aige daoine agus an pobal a chumhachtú agus an saol atá acu a fheabhsú tríd an gclár freagrachta sóisialta corparáidí.

**Caiteachas Freagrachta Sóisialta Corparáidí le deich mbliana anuas:**
**Breis is €10**
**Milliún**

### Cánacha
Íocaíochtaí bliantúla i gceanntáisc chánach éagsúla.

**Iomlán Cánacha 2015: Breis is**
**€500**
**Milliún**

### Torthaí do scairshealbhóirí
Íocann ESB díbhinn bhliantúil leis na geallsealbhóirí de 35% i mbliana, 38% in 2016, agus 40% in 2017.

**Iomlán Díbhinní Íoctha 2015:**
**€273**
**Milliún**

### Infheisteoirí Fiachais
Ús agus bunairgead a íoc le hinfheisteoirí fiachais ESB.

**Iomlán Úis agus Bunairgid 2015: Breis is**
**€600**
**Milliún**

# FUINNEAMH DON CHRUTHAITHEACHT



# 02

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH


| | |
|---|---|
| An Bord sa bhliain 2015 | 64 |
| Coistí de chuid an Bhoird sa bhliain 2015 | 66 |
| Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach | 68 |
| Tuairisc an Bhoird maidir le Rialachas | 69 |
| Tuairisc an Choiste \|Iniúchta agus Riosca | 77 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 83 |

# AN BORD SA BHLIAIN 2015

1


2


3


- AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA
- AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL
- AN COISTE DO LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BHAINISTÍOCHTA
- AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

4


5


6


7


8


9


10


11


## 1 Ellvena Graham

**Ceapadh ar an mbord:** Meán Fómhair 2010 agus ceapadh í ina Cathaoirleach ó Iúil 2015 i leith.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Cúig bliana agus trí mhí (cúig mhí mar Chathaoirleach).
**Taithí ghairme:** Tá breis is 30 bliain de thaithí ag Ellvena sa bhaincéireacht, agus an post is déanaí aici ar leibhéal bainistíochta Feidhmeannach le Banc Uladh, ina raibh sí ina Ceann Bhainc Uladh i dTuaisceart Éireann agus ina Stiúrthóir Bainistíochta do Bhaincéireacht FBM ar fud oileán na hÉireann. Roimhe sin, ba í Príomhoifigeach Oibriúcháin í Ellvena i nGrúpa Bhainc Uladh. Agus an ról feidhmeannach curtha i gcrích aici in 2015, ceapadh Ellvena ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i mBanc Uladh le ó Fheabhra 2016 i leith.
**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairliúcháin Eacnamaíoch (EAG) i dTuaisceart Éireann, comhalta de Chomhlachas Trádála agus Tionscadail Thuaisceart Éireann agus comhalta den Bhord Comhairliúcháin den Líonra Feidhmeannach Ban in Éirinn. Comhalta den Institiúid Baincéireachta.

## 2 Pat O'Doherty

**Ceapadh ar an mbord:** Tá sé ina Chomhalta Boird ó Eanáir 2013 agus ina Phríomhfheidhmeannach ó Nollaig 2011.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Trí bliana mar chomhalta den Bhord.
**Taithí ghairme:** Tá Baitsiléireacht agus Máistreacht san innealtóireacht bainte amach aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chríochnaigh sé Ardchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School. Bhí sé ina cheannasaí ar na ghnóthas is mó de chuid ESB mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ag ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag ESB Power Generation.
**Ceapacháin sheachtracha:** Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe agus ina stiúrthóir ar Energy UK.

## 3 Anne Butler

**Ceapadh ar an mbord:** Samhain 2012.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Trí bliana agus dhá mhí.
**Taithí ghairme:** Innealtóir cairte. D'oibrigh sí i sainchomhairleoireacht innealtóireacht in Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus mar Stiúrthóir bunaidh (Feidhmiúcháin) den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Iar-Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí agus is ball d'Acadamh Innealtóireacht na hÉireann í.
**Ceapacháin sheachtracha:** Bhí sí ar roinnt bord lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus REPAK.

## 4 Dave Byrne

**Ceapadh ar an mbord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Cúig bliana.
**Taithí ghairme:** Is ball foirne é i bhfoireann atá mar chuid den eagraíocht Ionad Seirbhíse Gnó ESB faoi láthair agus d'oibrigh sé in ESB Customer Supply (ar a dtugtar Electric Ireland anois) roimhe seo.
**Ceapacháin sheachtracha:** Uachtarán ar Chumann Oifigeach ESB (ESBOA) go dtí Aibreán 2010 agus ansin ceapadh mar ionadaí é ar Ghrúpa Ceardchumann sa Chomhpháirtíocht Lárnach.

## 5 Andrew Hastings

**Ceapadh ar an mbord:** Iúil 2015.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Sé mhí.
**Taithí ghairme:** Post mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin in Barclays Bank Ireland plc go dtí Márta 2015, agus freagracht air as Tuaisceart Éireann san áireamh. Comhalta den Institiúid Baincéireachta agus Stiúrthóir Cairte. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin BNP Paribas Ireland ó 2007 go 2011.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir Elavon Financial Services Limited, fochuideachta bunaithe i mBaile Átha Cliath de chuid Bancorp na Stát Aontaithe and agus Stiúrthóir Carrick Laurel Consulting Limited. Comhpháirtí le AP Partners agus comhairleoir le Valuation Consulting LLP atá bunaithe i Londain.

## 6 Sean Kelly

**Ceapadh ar an mBord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Cúig bliana.
**Taithí ghairme:** Chuaigh sé isteach in ESB i 1997 mar phrintíseach teicneora líonra.
**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach an Choiste Aoisliúntais Sochair Sainithe agus Oifigeach Oiliúna don Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe de chuid ESB. Tá Seán ina chomhalta d'Institiúid Eadránaithe na hÉireann.

## 7 Seamus Mallon

**Ceapadh ar an mBord:** Feabhra 2006 agus athcheapadh é i mí na Bealtaine 2011.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Naoi mbliana agus deich mí.
**Taithí ghairme:** Toghadh é ar Chomhairle Ceantair Ard Mhacha, ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus ar Choinbhinsiún Thuaisceart Éireann. Comhalta de Sheanad Éireann agus Teachta Parlaiminte don Iúir agus d'Ard Mhacha ag Westminster. Leas-Cheannaire ar an SDLP agus LeasChéad-Aire i dTuaisceart Éireann.

## 8 Tony Merriman

**Ceapadh ar an mBord:** Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Naoi mbliana.
**Taithí ghairme:** Thosaigh sé ag obair leis an ESB mar theicneoir gréasáin i 1979. Bhí sé ina oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB.
**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Bord ESB ESOP Trustee Limited agus Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe.

## 9 Noreen O'Kelly

**Ceapadh ar an mBord:** Aibreán 2013.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Dhá bhliain agus ocht mí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in KPMG. Bhí roinnt post sinsearach aici in Independent News and Media Group, mar Ceann Cistíochta agus Rúnaí an Ghrúpa. Ceapadh í ina Rúnaí Cuideachta ar C&C Group sa bhliain 2002. Comhairleoir maidir le rialachas corparáideach.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir / Cathaoirleach Choiste Iniúchta Rehab Group, Stiúrthóir / Cathaoirleach Choiste Iniúchta Barretstown Gang Camp Fund Limited agus ball seachtrach de Choiste Iniúchta na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach.

## 10 Peter O'Sullivan

**Ceapadh ar an mBord:** Eanáir 2015 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Aon bhliain.
**Taithí ghairme:** Chuaigh sé isteach in ESB den chéad uair mar theicneoir líonra i 1980. Ba Ionadaí Sábháilteachta in Iarthar Chorcaí é roimhe sin.
**Ceapacháin sheachtracha:** Iar-Uachtarán an Chomhlachais Teicneoirí Líonra, ball idirbheartaíochta den Ghrúpa Ceardchumann. Ina Chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited.

## 11 Noreen Wright

**Ceapadh ar an mBord:** Meitheamh 2011.
**Fad na tréimhse seirbhíse:** Ceithre bliana agus sé mhí.
**Taithí ghairme:** Glaodh chun Barra Thuaisceart Éireann í i 1976. D'oibrigh sí sa tionscadal leictreachais ar feadh 25 bliain agus bhí roinnt post ardbhainistíochta aici i Northern Ireland Electricity plc agus Viridian plc, Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Seirbhísí Dlí san áireamh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Giúistís Tuata, comhalta de Bhinse Tionsclaíoch agus de Bhinse Fostaíochta Cóire Thuaisce, agus Comhalta de Bhinse Luacahála Thuaisceart Éireann. Stiúrthóir ar Springvale Training Limited agus ar Co-operation Ireland Limited. Iontaobhaí ar Garfield Weston Trust.

# COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD SA BHLIAIN 2015

## AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste i rith 2015. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe arna bhfreastal orthu leagtha amach thíos:

| COMHALTAÍ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE: |
|---|---|---|
| Noreen O'Kelly, Cathaoirleach | Dhá bhliain agus sé mhí | 9 |
| Anne Butler (go dtí Meán Fómhair 2015) | 2 bhliain agus 9 mí | 6 |
| Ellvena Graham (go dtí Meán Fómhair 2015) | 2 bhliain agus 6 mhí | 6 |
| Andrew Hastings (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 4 |
| Noreen Wright (ó Mheán Fómhair 2015) | 3 mhí | 4 |

Tugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an Choiste in 2015 i dTuairisc an Choiste Iniúchta agus Riosca ar leathanach 77.

## AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2015. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| COMHALTAÍ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE: |
|---|---|---|
| Tony Merriman, Cathaoirleach | 8 mbliana agus 11 mhí | 5 |
| Seamus Mallon | 9 mbliana agus 8 mí | 5 |
| Noreen Wright (go dtí September 2015) | 2 bhliain agus 6 mhí | 3 |
| Pat O'Doherty | 4 bliana agus 1 mhí | 5 |
| Peter O'Sullivan (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 2 |
| Anne Butler (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 2 |

**Príomhghníomaíochtaí an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil in 2015**

| | |
|---|---|
| Uasdátú ar Fheidhmíocht | ■ Feidhmíocht sábháilteachta, lena n-áirítear athbhreithniú ar mhórtheagmhais sábháilteachta, teagmhais ama caillte (LTInna), teagmhais sábháilteachta ardchontúirte agus príomhrioscaí sa ghnóthas |
| Pleananna Sábháilteachta | ■ Athbhreithniú ar na pleananna sábháilteachta seo a leanas:<br>– ESB Networks<br>– Generation and Wholesale Markets (G&WM)<br>– Nuálaíocht<br>– Sábháilteacht Dambaí<br>– Sábháilteacht Phoiblí<br>– Iascaigh ESB |
| Sláinte agus Folláine | ■ Formheas ar Straitéis Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine ESB Group |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | ■ Faisnéisiú faighte maidir le Straitéis Sábháilteachta Bóithre |
| An Comhshaol | ■ Faisnéisiú faighte maidir le bainistíocht comhshaoil in G&WM |

## AN COISTE RIALÁLA

Reáchtáil an Coiste trí chruinniú le linn 2015. Ó Mheán Fómhair 2015 i leith, tuairiscítear ceisteanna rialála go díreach chuig an mBord agus tá deireadh leis an gCoiste Rialála. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| COMHALTAÍ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE: |
|---|---|---|
| Noreen Wright, Cathaoirleach (go dtí September 2015) | 3 bliana agus 9 mí | 3 |
| Dave Byrne (go dtí Meán Fómhair 2015) | 3 bliana agus 7 mí | 2 |
| Seamus Mallon (go dtí Meán Fómhair 2015) | 8 mbliana agus 8 mí | 3 |
| Sean Kelly (go dtí Meán Fómhair 2015) | 2 bhliain agus 6 mhí | 3 |

**Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Rialála sa bhliain 2015**

| | |
|---|---|
| An Margadh Aonair Chomhtháite Leictreachais (I-SEM) | ■ Faisnéisiú faighte maidir le Clár I-SEM |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise | ■ Fuarthas uasdátú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise agus rinneadh cur i bhfeidhm in ESB a bhreithniú |
| Athbhreithniú Rialaithe Praghsanna Líonraí 4 (PR4) | ■ Fuarthas nuashonrú ar aighneacht ESB, freagairt CER agus saincheisteanna / rioscaí gaolmhara a fháil |
| Rialacháin AE maidir le Sláinte agus Trédhearcacht an Mhargaidh Mórdhíola Fuinnimh (REMIT) | ■ Fuarthas faisnéisiú maidir leis na hoibleagáidí a éilíonn REMIT maidir le gníomhaíochtaí trádála fuinnimh mórdhíola |
| Rialacháin AE maidir le Bonneagar an Mhargaidh Eorpaigh (EMIR) | ■ Faisnéisiú faighte maidir leis an gcreat rialála, ról Bhanc Ceannais na hÉireann agus cur chuige ESB i leith comhlíonta |
| Páipéar Bán maidir le Fuinneamh | ■ Uasdátú faighte maidir leis an bPáipéar Bán a chumhdaíonn fócas agus tosaíochtaí an Rialtais agus breithniú ar na himpleachtaí d'ESB |
| Tuairisc shealadach ó Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe | ■ Rinneadh breithniú ar na himpleachtaí don mhargadh Éireannach agus ESB |

## AN COISTE DO LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BHAINISTÍOCHTA

Tionóladh trí chruinniú de chuid an Choiste i rith 2015. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| COMHALTAÍ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE: |
|---|---|---|
| Ellvena Graham, Cathaoirleach | 4 bliana | 3 |
| Andrew Hastings (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 1 |
| Noreen Wright | 4 bliana | 3 |

**Príomhghníomaíochta an Choiste don Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta in 2015**

| | |
|---|---|
| Spriocanna an Phríomhfheidhmeannaigh | ■ Feidhmíocht athbhreithnithe os coinne spriocanna 2014<br>■ Spriocanna 2015 a shocrú |
| Pleanáil Comharbais | ■ Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar phlean comharbais na Foirne CEO / Stiúrthóirí Feidhmiúcháin |

## AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

Tionóladh sé chruinniú de chuid an Choiste i rith 2015. Tá comhaltaí an Choiste agus líon na gcruinnithe ar a d'fhreastail siad leagtha amach thíos:

| COMHALTAÍ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE: |
|---|---|---|
| Ellvena Graham, Cathaoirleach | 2 bhliain agus 9 mí | 6 |
| Dave Byrne | 2 bhliain agus 9 mí | 6 |
| Pat O'Doherty | 2 bhliain agus 9 mí | 6 |
| Tony Merriman (go dtí Meán Fómhair 2015) | 2 bhliain agus 6 mhí | 2 |
| Andrew Hastings (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 3 |
| Sean Kelly (ó Mheán Fómhair 2015) | 3 mhí | 3 |
| Noreen O'Kelly (ó Mheán Fómhair 2015 i leith) | 3 mhí | 3 |

**Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta in 2015**

| | |
|---|---|
| Tuairisciú Feidhmíochta Airgeadais | ■ Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>– Torthaí ag deireadh na ráithe agus réamhaisnéis go deireadh na bliana<br>– Tuairisc ráithiúil ar chaiteachas caipitiúil<br>– Tuairisc ráithiúil ar iasachtaí, babhtálacha agus bannaí<br>■ Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>– Buiséad agus plean gnó cúig bliana |
| Tograí Infheistíochta | ■ Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>– Comhaontú comhfhiontair maidir leis an ngnóthas gréine ar leibhéal dín i dTuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann<br>– Infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh<br>– Ollchóiriú ar shócmhainní giniúna agus infheistíochta<br>– Athfhorbairt ar Cheannoifig ESB<br>– Rannpháirtíocht i gceant acmhainne na Breataine Móire |
| Uasdátú ar Fheidhmíocht | ■ Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>– Torthaí cheant toillte na Breataine Móire<br>– Feirm Ghaoithe an Ráithín Liath<br>– Feidhmíocht Chiste Novusmodus<br>– Seasamh riosca trádála ESB |

Tá freagrachtaí na gCoistí leagtha amach ar leathanach 70.

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH



Ellvena Graham, Cathaoirleach

"Is bunchloch de chruthú luach fadtéarmach ESB é an dea-rialachas agus tá Bord an ESB, agus mé féin, mar Chathaoirleach ag díriú go mór air sin. Óna thaobh sin de, agus ar aon dul le Cód an Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach), feictear dúinn go bhfuilimid freagrach as aidhmeanna straitéiseacha an Ghrúpa a shocrú, ceannasaíocht a thabhairt chun na haidhmeanna sin a chur i bhfeidhm agus tacaíocht agus dúshláin a chur roimh bhainisteoirí chun na torthaí is fearr a fháil d'ESB agus dá gheallsealbhóirí. Tá an saineolas is gá ag na bainisteoirí chun riachtanas oibriúcháin an ghnóthais a shásamh. Ní faoin mBord atá sé an obair sin a dhéanamh arís. Ach fiosraímid agus déanaimid monatóireacht i gcomhréir le luachanna agus treoir straitéiseach ESB. Dar linn, is trí chaidreamh gníomhach idir an mBord agus na bainisteoirí a chothú a dhéantar na cinntí is fearr.

## COMHLIONADH LEIS NA CÓID UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Agus é ag tabhairt faoi spriocanna rialála a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (Cód an Stáit) a chomhlíonadh, agus é ag cloí le Cód na Ríochta Aontaithe a oiread agus is féidir. Tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag ESB chun an Cód Stáit a chomhlíonadh lena leagtar amach an creat rialála a d'aontaigh an Rialtas don bhainistíocht inmheánach agus caidrimh inmheánacha agus seachtracha de chuid Chomhlachtaí Stáit. Déanann ESB athbhreithniú agus nuashonrú ar a gcuid polasaithe agus nósanna imeachta ar bhonn leanúnach chun comhlíonadh Chód an Stáit a chinntiú agus tuairiscítear an comhlíonadh sin gach bliain don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Tagann an ESB, a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach, le hIarscríbhinn um Rialachas Corparáideach na hÉireann (Iarscríbhinn Éireann). Cloímid go dlúth agus is féidir leis na caighdeán rialaithe atá i bhfeidhm i leith cuideachtaí liostaithe.

Tá cur síos ar an gcomhlíonadh rialachais leagtha amach ar leathanaigh 69 go 76.

Ghlac ESB a Chód Eitice féin lena leagtar amach ár gcur chuige i leith iompar freagrach eiticiúil. Is é bunphrionsabal an Chóid Eitice gur fearr a rachaidh fostaithe chun leasa ESB agus na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothromais agus rúndachta á chomhlíonadh, i dteannta riachtanas dlíthiúil agus rialála.

## MEASTÓIREACHT AN BHOIRD

Bíonn an Bord ag féachaint i gcónaí lena héifeachtacht a fheabhsú. Déanaimid é sin ar bhonn leanúnach trí phlé le comhaltaí an Bhoird agus aiseolas a thabhairt don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta. Agus déanaimid measúnú foirmiúil gach bliain agus athbhreithniú dhá uair sa bhliain. Tá cur síos déanta ar thorthaí an mheastóireacht a rinne Bhord don bhliain 2015 ar leathanach 72.

## ATHRUITHE AR AN MBORD AGUS AN GCOISTE

Ceapadh Andrew Hastings ina chomhalta neamhspleách ar an mBord in Iúil 2015. Tá taithí fhairsing ag Andrew san ardbhainistíocht agus ar leibhéil Boird. Ceapadh Peter O'Sullivan ar an mBord ina chomhalta is oibrí den Bhord in Eanáir 2015. Tá Peter ag obair in ESB ó 1980 i leith agus tá eolas fairsing aige ar ESB agus a ghnó. Mar thoradh ar athruithe ar bhallraíocht ar an mBord, rinneadh ballraíocht an Choiste a leasú le linn na bliana agus tá mionsonraí ar na Coistí athbhreithnithe agus ar a mballraíocht leagtha amach ar leathanach 66 go 67 den tuarascáil seo.

## RIOSCA

Ó fhoilsíodh Treoir ar Bhainstíocht Riosca, Rialú Inmheánach agus Tuairisciú Airgeadais agus Gnó de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, táthar ag díriú ar dhóthanacht na bpróiseas a úsáideann na cuideachtaí chun an phunann rioscaí a bhainistiú. Rinneadh athbhreithniú ar phróiseas riosca an Ghrúpa lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis na treoirlínte agus na feabhsúcháin a cuireadh i bhfeidhm dá bharr.

## INIÚCHÓIR SEACHTRACH

Os rud é go bhfuil an conradh reatha le hiniúchóir seachtrach ESB le dul as feidhm tar éis thorthaí 2016 a iniúchadh, tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh iniúchta ó 2017 amach. Críochnófar an próiseas sa dara leath den bhliain 2016. Tá súil ghéar á coimeád ag an mBord ar fhorbairtí ar leibhéal AE maidir le sealbhaíocht iniúchta. Agus forbairtí agus cleachtas margaidh á gcur faoi deara i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe, glacadh cinneadh chun iniúchóir seachtrach nua a roghnú don phróiseas tairisceana. Ba cheart don Bhord buíochas dá chroí a ghabháil as KPMG os coinne na blianta fada ardchaighdeáin seirbhíse a tugadh d'ESB. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas tairisceana leagtha amach ar leathanach 82.

## CONCLÚID

Is maith an rud é don ghnó é dea-rialachas agus tá sé bunaithe ar inniúlacht, trédhearcacht agus freagracht. Maidir lenár sprioc chun fás inbhuanaithe láidir a bhaint amach, tá an Bord agus lucht bainistíochta tiomanta i gcónaí don trédhearcacht agus don chuntasacht sin a bhaint amach inár gcleachtas uile."

Ellvena Graham

Ellvena Graham, Cathaoirleach
24 Feabhra, 2016





# AN BORD TUAIRISC ÓN RIALTAS

## PRIONSABAIL AN RIALACHAIS

Agus é ag tabhairt faoi spriocanna rialála a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát (Cód an Stáit) a chomhlíonadh, agus Cód Rialachais Corparáidigh na Ríochta Aontaithe 2014 (Cód na Ríochta Aontaithe) a chomhlíonadh a oiread agus is féidir. Leagann Cód na Ríochta Aontaithe amach cúig phrionsabal rialachais: Ceannasaíocht, Éifeachtacht, Cuntasacht, Luach Saothair agus Caidreamh le Geallsealbhóirí.

## 1. CEANNASAÍOCHT

### AN BORD

Tugann an Bord ceannaireacht don Ghrúpa go díreach nó trí obair na gCoistí, agus déanann sé ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais a bhreithniú go neamhspleách. In 2015, ba iad na comhaltaí den Bhord iad siúd a sonraítear ar leathanaigh 64 go 65. Ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí Neamhspleácha den Bhord agus ceapadh na ceathrar Comhalta is Oibrithe de bhun an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Is iad na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 - 2004 agus an tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) a rialaíonn an líon daoine ar an mbord agus struchtúr an bhoird.

Chinn an Bord go raibh na Comhaltaí den Bhord (sonraí ar leathanach 64 agus 65) neamhspleách i rith 2015. Tugadh aird sa chinneadh sin ar na forálacha iomchuí sa Chód um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí den Bhord ó thaobh carachtair agus breithiúnais de agus easpa caidreamh nó cúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas na gComhaltaí den Bhord. I bhfianaise na n-imthosca sin, is amhlaidh atá an Bord sásta maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí den Bhord mar a shonraítear thuas iad.


### COMHALTAS AR AN MBORD

Chuir Bord ESB sa bhliain 2015 taithí, neamhspleáchas agus dúshlán ar fáil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Tugtar cuntas ar an réimse leathan taithí atá ag comhaltaí den Bhord san innealtóireacht, san airgeadais, sa dlí, sa pholaitíocht agus in ESB sna beathaisnéisí ar leathanaigh 64 go 65. Tá muinín ag an mBord go bhfuil an saineolas, an cumas agus an taithí ag comhaltaí den Bhord chun na feidhmeanna a éilítear ar chomhalta den Bhord a chur i gcrích.


Is é príomhról an Bhoird breithiúnas feasach neamhchlaonta a a dhéanamh chun Straitéis ESB Group a chinneadh, lena chinntiú go bhfuil foireann bhainistíochta láidir ann chun feidhmíocht ghnó a fheidhmiú agus a mhonatóiriú agus creat rialuithe stuama éifeachtacha a choimeád chun an riosca a mhaolú. Braitheann cumas an Bhoird chun na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chur i gcrích go rathúil ar dhá bhunfhachtóir:

- Réimse leathan agus domhain de scileanna agus de thaithí ar an mBord
- Próisis lena gcinntítear go bhfuil tuiscint mhaith ag gach comhalta den Bhord ar oibriúcháin an Ghrúpa agus ar an dtimpeallacht sheachtrach agus go bhfuil sé de chumas orthu cinntí feasacha a dhéanamh


**TAITHÍ AR BHOIRD** (Comhaltaí Neamhspleácha den Bhord)





**TRÉIMHSE I SEILBH OIFIGE**




**COMHDHÉANAMH AN BOIRD** (Inscne)




**NEAMHSPLEÁCHAS AN BHOIRD**



## STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

Tá struchtúr ár n-eagraíochta leagtha amach ar bhealach chun cinnteoireacht éifeachtach agus éifeachtúil agus cuntasacht shoiléir a chinntiú.

**AN CATHAOIRLEACH**
**Ellvena Graham**

- An Bord a stiúradh
- Clár an Bhoird a chinneadh
- Éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus lánpháirtíocht gach Comhalta den Bhord a éascú
- Cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa a chinntiú

**AN BORD**

An Cathaoirleach, cúig chomhalta neamhspleácha den Bhord, ceithre chomhalta is oibrithe den Bhord agus an Príomhfheidhmeannach

- Freagrach as rath fadtéarmach ESB agus breithiúnas foriomlán a dhéanamh maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais

**AN PRÍOMHFHEIDH-MEANNACH**
**Pat O'Doherty**

- Ceannaireacht fheidhmeannach ar ghnó an Ghrúpa
- Straitéisí agus beartais an Ghrúpa a chur i bhfeidhm
- Dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an gCathaoirleach
- An Fhoireann Feidhmiúcháin a stiúradh

**COMHALTA NEAMHSPLEÁCH SINSEARACH DEN BHORD**
**Noreen Wright**

- Gníomhú mar bhonn braite don Chathaoirleach
- A bheith mar idirghabhálaí ar son na gcomhaltaí eile den Bhord

**RÚNAÍ NA CUIDEACHTA**
**John Redmond**

- Cabhraíonn sé leis an gCathaoirleach lena chinntiú go gcuirtear gach eolas ábhartha ar fáil do chomhaltaí den Bhord ar fad ar bhealach iomlán agus tráthúil
- Freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird i gceart agus as comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh
- Caidreamh idir an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**

- Cuidiú leis an mBord lena gcúraimí i dtaca le:
  – Tuairisciú Airgeadais
  – Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca
  – Comhlíonadh, sceithireacht agus calaois
  – Iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha

**An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta**

- Comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil

**An Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta**

- Comhairle a chur ar an mBord maidir le gach gné a bhaineann le luach saothair an Phríomhfheidmeannaigh
- Aon athrú ar luach saothair do chomhaltaí Oibrithe den Bhord a fhormheas
- Luach saothair na Foirne Feidhmeannaí a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ceannairí reatha agus todhchaí ESB

**An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta**

- Athbhreithniú ar thograí maidir le struchtúr caipitil agus caiteachas caipitiúil
- Athbhreithniú ar beartais agus nósanna imeachta maidir le trádáil fuinnimh
- Athbhreithniú ar thograí infheistíochta agus dífheistithe atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil ESB sa seasamh ceart le bheith rathúil sa todhchaí, de réir na straitéise atá aontaithe ag an mBord

**FOIREANN AN STIÚRTHÓRA FEIDHMIÚCHÁIN**
**Seachtar Stiúrthóirí Feidhmiúcháin**

- Ceannaireacht agus rialú an Ghrúpa

Foráiltear sa Chód Stáit go bhféadfaidh an Cathaoirleach dul i dteagmháil leis an Rialtas i ndáil le comharbas agus is deis é seo lena chinntiú go mbeidh meascán cuí oilteachtaí agus taithí ar an mBord.

### RÓL AN BHOIRD

Is é an Bord atá freagrach as rathúlacht fhadtéarmach ESB agus ní ghlactar cinntí ach amháin tar éis an méid faisnéise is gá a bheith curtha ar fáil do chomhaltaí an Bhoird agus tar éis measúnú cuí a dhéanamh ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá na príomhchinntí seo a leanas forchoimeádta do bhreithniú an Bhoird:

- Faomhadh Straitéis ESB Group, buiséad bliantúil agus ráiteas airgeadais bliantúil agus idirthréimhseach
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais
- Faomhadh mórchaiteachais chaipitiúil
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapacháin don Fhoireann Feidhmiúcháin ar mholadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta
- Móréadálacha, mórdhiúscairtí nó scoir mhóra
- Cinneadh maidir le cineál agus méid na rioscaí suntasacha a mbeadh an Grúpa sásta glacadh leo d'fhonn a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear Ráiteas an Ghrúpa maidir le Fonn Riosca

Tá sonraí beathaisnéise i ndáil leis an gCathaoirleach, an bPríomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach ar fáil ar leathaigh 64 agus 65.

Is féidir teacht ar shonraí beathaisnéise Rúnaí na Cuideachta ar leathanach 26.



## 2. ÉIFEACHTACHT

### CRUINNITHE AN BHOIRD


Tionóltar Bord go míosúil (seachas mí Lúnasa) agus ar ócáidí eile freisin de réir mar is gá. Is é an Bord atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa agus as rialáil inmheánach éifeachtach agus bainistíocht riosca a chinntiú. Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord a fhorchoimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnteoireachta. Cuirtear síos ar na hábhair a fhorchoimeádtar don Bhord ar leathanach 70.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord chuig an mbainistíocht chun gnáthchinntí gnó a dhéanamh faoi réir ag teorainneacha agus tairseacha sonraithe.

Féadfaidh na Comhaltaí Boird, i mbun a gcuid dualgas, comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas an ESB. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh i gcoinne dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tá clár ionduchtúcháin bunaithe chun cabhrú le Comhaltaí Boird nua dul i dtaithí ar oibriúcháin an Ghrúpa agus tá clár forbartha leanúnaí ann do gach comhalta Boird. Déantar tuairisciú airgeadais agus oibriúcháin chuig an mBord ar bhonn leanúnach agus seoltar cáipéisíocht an Bhoird chuig gach comhalta go tráthúil roimh chruinnithe an Bhoird. Áirítear le cáipéisíocht an Bhoird na miontuairiscí ó Chruinnithe Choiste an Bhoird.

Tá an Bord sásta gur ghlac an Cathaoirleach agus gach duine de chomhaltaí an Bhoird go leor ama le linn na bliana lena ndualgas a chur i gcrích mar chomhaltaí de Bhord ESB.

**AM CAITE AR GACH GNÍOMHAÍOCHT AG AN MBORD**




### SAMPLAÍ D'ÁBHAIR A BHREITHNIGH NÓ A D'FHORMHEAS AN BORD

**STRAITÉIS**

- Athbhreithniú agus nuashonrú na straitéise
- Uasdátú ar bheartas fuinnimh agus margaidh
- Éadálacha agus diúscairtí féideartha ábhartha
- Gníomh iomaitheora

**OIBRIÚCHÁIN**

- Tuairisc oibriúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuairiscí sláinte agus sábháilteachta
- Uasdátú ar thrádáil fuinnimh
- Clár ollchóirithe ar threalamh
- Meastachán ar infheistíocht chaipitil
- Feidhmíocht Chiste Novusmodus

**AIRGEADAS**

- Torthaí foilsithe gach sé mhí agus gach bliain
- Feidhmíocht agus réamhaisnéis airgeadais ráithiúil
- Buiséad bliantúil agus plean gnó cúig bliana
- Díbhinní
- Cistiú margaidh caipitiúil - eisiúint bannaí €500 milliún i Meitheamh 2015
- Uasdátú ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa
- Costas caipitil agus rátaí sochair íosta d'infheistíochtaí nua
- Luacháil íosta caighdeánacha achtúireacha agus cistiúcháin do Chiste Pinsin Phoblacht na hÉireann ESB

**RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA**

- Ráiteas maidir le Fonn Riosca an Ghrúpa agus Plean Riosca an Ghrúpa
- Bainistíocht riosca agus rialú inmheánach éifeachtach
- Plean iniúchta inmheánach don bhliain
- Meastóireacht an bhoird
- Síneadh ama le ceapachán an iniúchóra sheachtraigh
- Athrú ar chomhaltaí den Choiste in 2015
- Téarmaí Tagartha an Choiste

**DAOINE**

- Torthaí an tsuirbhé ar an bhfoireann
- Athbhreithniú ar athruithe ar an margadh Plean Úinéireachta Scéime Fostaithe (ESOP)
- Idirbheartaíocht caidrimh thionscail maidir le múnla nua cúitimh

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## FREASTAL AR CHRUINNITHE 2015

Reáchtáladh 11 Chruinniú Ginearálta agus 2 Chruinniú Speisialta den Bhord i rith na bliana 2015. Léiríonn an uimhir le hais gach ainm thíos tinreamh gach comhalta den Bhord i rith na bliana.

| COMHALTAÍ DEN BHORD IN 2015 | Cruinnithe Ginearálta den Bhord | Cruinnithe Speisialta den Bhord |
|---|---|---|
| Ellvena Graham | 11 | 2 |
| Anne Butler* | 11 | 2 |
| Dave Byrne^ | 10 | 1 |
| Andrew Hastings*[1] | 4 | 2 |
| Sean Kelly^ | 11 | 2 |
| Seamus Mallon* | 9 | 2 |
| Tony Merriman^ | 11 | 2 |
| Noreen O'Kelly* | 11 | 2 |
| Peter O'Sullivan^ | 11 | 2 |
| Noreen Wright* | 11 | 1 |
| Pat O'Doherty | 11 | 2 |

* Comhaltaí Neamhspleácha den Bhord

^ Comhaltaí Boird is Oibrithe

[1] Ceapadh Iúil 2015

## COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD

Faigheann an Bord cabhair ó cheithre Choiste de chuid an Bhoird lena chuid freagrachtaí a chur i ngníomh agus tarmligeann an Bord freagrachtaí ar leith do Choistí Boird áirithe de réir mar a leagtar amach ina dTéarmaí Tagartha. Cabhraíonn na Coistí leis an mBord trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin, airgeadais agus gnó agus cuireann siad tuairisc chuig an mBord maidir le moltaí riachtanacha.

Mar thoradh ar athruithe ar bhallraíocht ar an mBord, rinneadh ballraíocht ar an gCoiste a leasú le linn na bliana agus tá mionsonraí ar na Coistí athbhreithnithe agus ar a mballraíocht leagtha amach ar leathanach 66 go 67 den tuarascáil seo.

## MEASTÓIREACHT AN BHOIRD

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gCoistí. Déantar an measúnú seo chun Cód an Stáit a chomhlíonadh, agus Cód na Ríochta Aontaithe chomhlíonadh a oiread agus is féidir. Baineann an measúnú le cruthúnas an Bhoird ina iomláine agus ní le feidhmíocht chomhaltaí aonair den Bhord. Is é cuspóir an mheasúnaithe athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúcháin an Bhoird féin agus bealaí a aithint chun a éifeachtacht a fheabhsú. Cabhraíonn sé freisin chun oilteachtaí sonracha a theastaíonn nó atá inmhianaithe i measc chomhaltaí an Bhoird a aithint, agus is féidir leis an gCathaoirleach é sin a chur in iúl don Rialtas le breithniú agus ceapacháin á ndéanamh.

Is é an Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar an measúnú, le tacaíocht ó Rúnaí na Cuideachta. Ceistneoir atá sa mheasúnú, agus déantar tuairisc chuig an mBord bunaithe ar fhreagraí na gcomhaltaí Boird i leith an toraidh, agus moltar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a luadh. Déantar athbhreithniú i lár na bliana ar a fhorfheidhmiú. Déantar measúnú neamhspleách gach trí bliana nó mar sin, ba é in 2013 an uair dheireanach a rinneadh measúnú.

Ina theannta sin casann an Cathaoirleach leis na comhaltaí den Bhord, an Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord san áireamh, i malartú tuairimí oscailte i measc na gcomhaltaí den Bhord maidir le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an Bhoird.

## CEAPACHÁIN AR AN MBORD

Ní dhéanann an ESB measúnú ar chomhaltaí aonair den Bhord ós rud é gur faoin Rialtas atá an fhreagracht sin, nó toghchán i measc fostaithe, iad na ceapacháin chuig an mBord. Téann an Cathaoirleach chun cainte leis an Rialtas roimh cheapacháin ar an mBord, áfach, maidir leis na scileanna sonracha a theastaíonn le haghaidh an Bhoird. Bíonn ceapacháin ar an mBord ag teacht leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, de réir mar d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014.

## MOLTAÍ AR BHONN MEASTÓIREACHT AN BHOIRD

| MOLTAÍ 2014 | GNÍOMHARTHA A GLACADH IN 2015 |
|---|---|
| **1. CRUINNITHE AN BHOIRD** | |
| Ba cheart do shocruithe agus faisnéis an Bhoird díriú níos mó ar shaincheisteanna straitéiseacha i ndoiciméid an Bhoird | ■ Athbhreithniú leanúnach ar chlár oibre an Bhoird lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna straitéiseacha / forbairtí sa tionscal ar bhonn rialta i ngach doiciméad de chuid an Bhoird |
| Ionad an ghnó agus cruinnithe neamhfhoirmiúla den Bhord agus de Choistí | ■ Roghnaíodh láithreacha an Ghrúpa mar shuíomhanna le haghaidh cruinnithe in 2015 agus rinneadh cuairteanna ar láithreacha |
| **2. CEAPACHÁIN AR AN MBORD** | |
| Caithfidh an Bord agus na Coistí an meascán ceart de dhaoine, scileanna, taithí, ilchineálacht, neamhspleáchas agus saineolas a bheith acu | ■ Rinneadh ballraíocht den choiste a athbhreithniú agus a athstruchtúrú in 2015<br>■ Aithnítear na scileanna agus na taithí is gá sa tsonraíocht do chomhaltaí den Bhord |

# 3. CUNTASACHT

## COMHLIONADH LEIS NA CÓID UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Déanann ESB an Cód Stáit a chomhlíonadh, lena leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach, agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Agus déanann ESB na dualgais a chomhlíonadh maidir le rialachas corparáideach agus eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Sa mhéid is féidir, cloíonn ESB le Cód Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe ar bhonn saorálach. Tacaíonn ESB le forálacha na Ríochta Aontaithe agus déanann sé iad a chomhlíonadh a oiread agus is féidir. Tá Cód na Ríochta Aontaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Ina theannta sin, cloíonn ESB, a oiread agus is féidir, le hIarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann ('an Iarscríbhinn Éireannach')

Leagtar amach prionsabail (phríomhúla agus tacúla) agus forálacha i gCód na Ríochta Aontaithe. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na Rialacha Liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm, agus a dheimhniú gur sásaíodh gach foráil iomchuí lena mbaineann ann Iarscríbhinn na hÉireann, nó go dtugtar míniúchán ar aon neamh-chomhlíonadh.

Is corparáid reachtúil é an ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 arna leasú agus, dá bharr sin, níl dualgas air an Cód na Ríochta Aontaithe ná an Iarscríbhinn Éireannach a chomhlíonadh. Mar a luadh thuas, tacaíonn an ESB le prionsabail agus le forálacha Chód na Ríochta Aontaithe agus leis an Iarscríbhinn Éireannach agus comhlíontar iad cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

- ■ Is gnó de chuid an Rialtais é ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag ESB.
- ■ Ceaptar na Comhaltaí den Bhord ar feadh téarmaí suas le cúig bliana nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Boird is Oibrithe agus is amhlaidh dá réir nach dtagann siad faoi réir atoghadh don Bhord roimhe sin.
- ■ Tá beartais agus nochtadh faisnéise an ESB maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhmithe an Rialtais. Ní áirítear i sonraí luach saothair na gcomhaltaí den Bhord ar leathanach 76 suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí Boird is Oibrithe mar fhostaithe ESB (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas ar an mBord), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí.
- ■ Ní dhearnadh measúnú go nuige seo ar fheidhmíocht na gComhaltaí aonair den Bhord mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird, mar níl aon ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin a chinneadh.
- ■ Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin ós rud tábhachtach é go gcomhlíonfaidh an ESB beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar an ról atá ag an gCathaoirleach mar phríomh-idirghabhálaí leis an Rialtas.
- ■ Tá folúntas amháin ar an mBord faoi láthair, agus dá bhrí sin, níl ach leath den Bhord neamhspleách, an Cathaoirleach á chur as an áireamh.

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS AGUS GNÓ

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measúnú cothrom sothuigthe ar sheasamh agus ionchais an Ghrúpa a chur i láthair. Tá freagrachtaí an Bhoird i leith na ráiteas airgeadais agus ghnóthais leantaigh leagtha amach ar leathanach 87.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá sé ag feidhmiú. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt i gcoinne riosca an mhíráitis ná an chaillteanais ábhartha. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na rialacháin, is amhlaidh a bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe ag baint leis.


Baineann an Grúpa leas as creat comhtháite um rialú inmheánach de réir mar a d'fhorbair Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway mar threoir chun rialú inmheánach a dhearadh agus a chur i gcrích agus a éifeachtúlacht a mheas. Eisíodh Creat COSO den chéad uair i 1992 agus uasdátaíodh é in 2013.

Tá creat daingean rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an ESB ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

- ■ Cód eitice a éilíonn ar gach Comhalta den Bhord na caighdeáin eitice is airde a chothú agus iad i mbun gnó
- ■ Struchtúr eagrúcháin ina shainiú go soiléir, ina sonraítear teorainneacha le húdarás agus modhanna tuairiscithe chuig leibhéil bhainistíochta níos airde agus chuig an mBord, a chuidíonn le timpeallacht thréan rialaithe a choinneáil
- ■ Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailís riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis fhoirmiúla bliantúla ó lucht bainistíochta na ngnóthas éagsuil maidir le comhlíonadh rialachais
- ■ Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- ■ Ní mór faomhadh an Bhoird a fháil le haghaidh mórthionscadal caipitiúil agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta monatóireacht ghéar orthu sin – agus is féidir iad a chur faoi iniúchadh iarchríochnaithe
- ■ Córais chuimsitheacha buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord
- ■ Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais
- ■ Tuairiscítear torthaí iarbhíre carnacha agus eochairtháscairí feidhmíochta os coinne buiséid agus breithníonn an Bord ar bhonn míosúil iad – ceistíonn an Bord aon athrú suntasach agus / nó athraithis diúltacha ábhartha agus glactar beartaíocht cheartaitheach de réir mar is cuí
- ■ Seirbhís líne cabhraí faoi rún chun bealach rúnda, agus gan ainm más gá, a chur ar fáil d'fhostaithe chun calaois nó cúiseanna imní eiticiúla a thuairisciú

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú córasach ar na rialuithe sin. Cuirtear béim sna hathbhreithnithe sin ar na réimsí is mó a mbaineann riosca leo de réir mar a aithnítear iad trí anailís riosca.

CREAT COSO




CREAT RIALAITHE INMHEÁNAIGH ESB

**An Timpeallacht Rialaithe**
1. Tiomantas don rialú agus do phrionsabail eiticiúla a léiriú
2. Freagracht a ghlacadh as maoirseacht
3. Struchtúr, údarás agus freagracht a bhunú
4. Tiomantas don inniúlacht a léiriú
5. Cuntasacht a fhorghníomhú

**Measúnú Riosca**
6. Cuspóirí oiriúnacha a shainiú
7. Riosca a aithint agus a anailísiú
8. Riosca calaoise a mheas
9. Athrú suntasach a aithint agus a anailísiú

**Gníomhaíochtaí Rialaithe**
10. Gníomhaíochtaí rialaithe a roghnú agus a rialú
11. Rialuithe ginearálta ar ghníomhaíochtaí a roghnú agus a fhorbairt
12. Imlonnú trí bheartais agus nósanna imeachta

**Eolas agus Cumarsáid**
13. Leas a bhaint as as eolas ábhartha
14. Cumarsáid inmheánach a dhéanamh
15. Cumarsáid sheachtrach a dhéanamh

**Gníomhaíochtaí Monatóireachta**
16. Measúnuithe leanúnacha agus / nó ar leithligh a dhéanamh
17. Measúnú agus cumarsáid maidir le heasnaimh

Baineann an Grúpa leas as creat rialaithe inmheánaigh chomhtháite arna bhforbairt ag Coiste na nEagras Urraitheach de chuid Choimisiún Treadway (COSO) mar threoir don rialú inmheánach.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an bainistiú riosca éifeachtach ríthábhachtach do ghnóthú chuspóirí straitéiseacha ESB agus d'fhás fadtéarmach inbhuanaithe a chuid gnó. Is ríthábhachtaí i bhfad i bhfianaise na n-athruithe meara atá ag tarlú san ESB go ndéantar athmheasúnú leanúnach ar rioscaí agus go mbíonn straitéisí soiléire ann chun iad a bhainistiú. Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chuige na cuideachta i leith riosca.

Is amhlaidh go sonrach atá an Bord freagrach as:
- A chinntiú go gcuirtear próiseas leordhóthanach ar bun atá ceaptha leis na príomhrioscaí agus na príomh-éiginnteachtaí a aithint
- Cultúr riosca iomchuí a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.
- Maoirseacht ar na próisis um bainistíocht riosca agus bainistíocht géarchéime
- Measúnacht ar éifeachtacht dhóchúil na mbeart maolaithe agus rialuithe ón lucht bainistíochta

Rinne an Bord measúnú láidir ar na príomhrioscaí roimh an nGrúpa, lena n-áirítear na rioscaí a chuirfeadh an múnla gnó, feidhmíocht, sócmhainneacht agus leachtacht i mbaol. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallach chun na rioscaí móra a aithint, a mheas agus a bhainistiú ar bun don bhliain atá á meas agus go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla. Leagtar amach na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí roimh an nGrúpa agus na straitéisí maolaithe amach i leathanaigh 15 go 19.

Is eol don Bhord nach mór dó a bheith ina eiseamláir chun luachanna an Ghrúpa a mhúnlú agus a thacú, luachanna a bheidh mar bhonn taca don chur chuige i leith an riosca. Teastaíonn ón mBord freisin a chinntiú go bhfuil dóthain oilteachtaí agus inniúlachtaí bainistíochta riosca ar fáil sa ghnó agus go mbaintear úsáid as saineolas agus taithí na bhfostaithe uile in ESB a bhfuil tuiscint acu ar na rioscaí a bhaineann lenár gcuid oibriúchán. Cabhraíonn tuairisciú rialta le heolas reatha a thabhairt don Bhord faoi rioscaí agus éiginnteachtaí atá ag teacht chun cinn.

D'fhéadfadh an fonn riosca athrú le himeacht ama freisin agus tá breithniú follasach déanta ag an mBord ar leibhéal an fhoinn riosca sin agus ar aon diallas óna fhonn riosca sloinnte a bheadh an ESB sásta glacadh leis i ndáil le rioscaí sonracha. Déantar an claonadh i dtreo riosca a chothromú i gcónaí trínár meon dírithe ar rialú a chur i bhfeidhm.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN BORD AGUS AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA I GCAITHEAMH NA BLIANA 2015 I NDÁIL LENA FHREAGRACHTAÍ UM RIOSCA

| GNÍOMHAÍOCHT | MIONSONRAÍ |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Fonn Riosca an Ghrúpa agus Plean Riosca an Ghrúpa | Mhol an Coiste Iniúchta agus Riosca Ráiteas an Ghrúpa um Fhonn Riosca agus mionsonraí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn in 2016 - 2019 i gcomhar formheas ón mBord |
| Nuashonrú Riosca maidir le Cosaint Sonraí / Cibear-ionsaí | Fuarthas nuashonrú ar an riosca slándála TF lena gclúdaítear saincheisteanna maidir le cosaint sonraí agus cibear-ionsaithe |
| Tuairisc ar Rioscaí Domhanda de chuid an Fhóraim Eacnamaíoch Domhanda | Fuarthas seisiún eolais maidir le rioscaí Domhanda WEF 2015 agus rinneadh na himpleachtaí d'ESB a breithniú |
| Treoir FRC maidir le Bainistíocht Riosca | Rinneadh athbhreithniú ar mhionsonraí maidir le comhlíonadh ESB le treoir ón FRC maidir le Bainistíocht Riosca |
| Plean Náisiúnta um Bainistíocht Riosca | Fuarthas faisnéisiú maidir le plean lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le sóiléire ar leibhéal náisiúnta ó thaobh úinéireacht riosca de agus lena ndéantar breithniú ar fhreagrachtaí sonracha ESB |
| Éigeandáil ar Leibhéal Náisiúnta / Freagairt Chriticiúil | Fuarthas faisnéisiú maidir le ról an ESB mar cheann de na príomhghníomhaireachtaí i móréigeandáil a théann i gcion ar bhriseadh an tsoláthair fuinnimh - clúdaíodh freisin ról an Tascfhórsa Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála agus an Oifig um Pleanáil Éigeandála |
| Urrús Sócmhainní Giniúna | Rinneadh athbhreithniú ar fhonn riosca maidir le hinfhaighteacht monarchan ar fud na punainne giniúna – rinneadh impleachtaí oibriúcháin agus sábháilteachta an chur chuige reatha a bhreithniú chomh maith |
| Tumadh Domhain Ardéifeachta Beagdóchúltacha (HILP) | Tugadh cuairt ar Seirbhísí Teileachumarsáide ESB Networks chun láithreoireacht a thabhairt ar na rioscaí HILP a bhaineann leis an ngnó |

## ATHBHREITHNIÚ 2015 AR ÉIFEACHTACHT NA RIALUITHE INMHEÁNAIGH AGUS NA BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Is ar an mBord a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as bainistiú riosca ESB agus as an gcóras rialála inmheánaí. Le linn 2015, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an Ghrúpa, go díreach agus trí údaras tairmligthe an Choiste Iniúchta agus Riosca, maidir le rialú inmheánach lena gcuimsítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca do 2015 agus cinnteofar go ndéantar athbhreithniú dá shamhail in 2016.

Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:
- Feidhm bainistíochta riosca atá sainithe don ESB
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bpróiseas leathbhliantúil athbhreithnithe riosca agus tuairiscí uasdátú a thabhairt go rialta maidir le bainistíocht riosca
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag an ESB i láthair na huaire
- Athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniúcháin ón lucht bainistíochta maidir le hoibriú sásúil, éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus breithniú ar a gcuid torthaí agus tuairiscí
- Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc rialta freisin maidir le stádas cur chun feidhme moltaí a d'eascair óna gcuid tuairiscí féin roimhe seo agus ó thuairiscí an iniúchóra seachtraigh
- Athbhreithniú ar thuairisciú ón iniúchóir seachtrach, KPMG, ina bhfuil sonraí maidir leis an obair atá déanta maidir le rioscaí tábhachtacha iniúchta

Ar bhonn an athbhreithnithe sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas do 2015:
- Tá próiseas leanúnach ar bun chun príomhrioscaí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais rialaithe inmheánaigh ar bun don bhliain atá á athbhreithniú agus chun dáta maidir leis an tuarascáil bhliantúil a fhormheas
- Tá na córais ag teacht le Treoir an FRC maidir le Bainistíocht Riosca, Rialú Inmheánach agus Tuairisciú Airgeadais agus Gnó Gaolmhar
- Níor aithníodh aon teip ná laige san athbhreithniú, agus áiteanna a aithníodh réimsí chun feabhsúcháin a dhéanamh tá próisis ann lena chinntiú go nglactar an gníomh is gá agus go ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn

Trí rannpháirtíocht leanúnach agus forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca, tá an Bord sásta go bhfuil an rialú inmheánach agus bainistíochta riosca éifeachtach i gcónaí.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tá feidhmíocht, múnla gnó, straitéis agus príomhrioscaí agus éiginnteachtaí an Ghrúpa agus an chaoi ina ndéantar na nithe sin a bhainistiú leagtha amach sa the tuarascáil maidir le straitéis agus feidhmíocht ar leathanaigh 2 go 61.

Tá cur síos ar staid airgeadais an Ghrúpa, a shreabhanna airgid, a staid leachtachta agus a chuid saoráidí iasachta san athbhreithniú airgeadais ar leathanaigh 34 chuig 39. Áirítear le Nóta 26 sna ráitis airgeadais forbhreathnú ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir lena ionstraimí airgeadais agus ghníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa agus a nochtadh do riosca creidmheasa agus rioscaí leachtachta.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá an Bord sásta tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh go bhfuil dóthain acmhainní ag an ESB chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre don chéad bhliain airgeadais eile agus don am atá le teacht. Ullmhaítear na ráitis airgeadais dá réir ar bhonn gnóthais leantaigh.

## RÁITEAS INMHARTHANACHTA

I gcomhréir le Cód na Ríochta Aontaithe, rinne comhaltaí den Bhord measúnú ar ionchas an Ghrúpa thar tréimhse cúig bliana, atá ag teacht le clár ama an Ghrúpa chun an próiseas pleanála gnó a chur i bhfeidhm. Tá an measúnú bunaithe ar sheasamh reatha agus ionchais ESB a bhreithniú, neart airgeadais a choimeád, dul chun cinn os coinne Straitéis ESB Group, fonn riosca, príomhrioscaí agus an chaoi ina ndéantar iad sin a bhainistiú.

Críochnaítear an próiseas pleanála gnó gach bliain, ar bhonn seisiúin eolais don Bhord a thugann na haonaid ghnó, mar aon le Táscairí Straitéiseacha Feidhmíochta chun an dul chun cinn a thomhas. Cuirtear na méadraigh sa phlean gnó faoi anailís íogaireachta, is é sin na boinn tuisceana taobh thiar den phlean a choigeartú chun méadrachtaí áirithe airgeadais ar nós Cistí Saor ó Oibriúcháin (FFO) go fiachas agus EBITDA a mheas. Nuair is cuí, déantar an anailís sin chun an tionchar a bheadh ag príomhrioscaí an Ghrúpa dá dtiocfadh siad chun cinn a sheachaint.

Tá tábhacht straitéiseach le hoibriúcháin cistiúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíochta agus leachtacht dhóthanach a choimeád. Cuid de straitéis bhainistiú fiachais an Ghrúpa is ea é próifíl punainne fiachais a bhaint amach a bhfuil meascán de chontrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochta ann. Cuireann áis creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa de €1.44 billiún leibhéal an-substaintiúil leachtachta fuireachais ar fáil don ESB go ceann cúig bliana. Léiríonn staid cistiúcháin ESB a neart bunúsach airgeadais agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad faighte ó gach ceann de na trí mhórghníomhaireacht. Tá tuilleadh eolais faoi aibíocht fiachais leagtha amach ar leathanach 39.

Ar bhonn thorthaí na hanailíse thuas, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhféadfaidh an Grúpa leanúint ar aghaidh ag oibriú agus na dliteanais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite thar an tréimhse cúig bliana den mheasúnú.

# 4. LUACH SAOTHAIR

## LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh taobh istigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Is é 1 Nollaig 2011 an dáta éifeachtach ar ceapadh an tUasal O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach agus ceapadh ina Chomhalta den Bhord é in Eanáir 2013. Cuimsítear ina luach saothair tuarastal bliantúil de €295,000, carr cuideachta agus ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Is ball de Scéim Pinsin ESB é.
I gcomhréir le beartas an Rialtais ag an am sin, ní bhfuair sé aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht in 2015.

### LUACH SAOTHAIR NA GCOMHALTAÍ BOIRD IS OIBRITHE

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 mar fhostaithe de chuid ESB. Is baill de Scéim Pinsin ESB iad.

### LUACH SAOTHAIR DO CHOMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA DE BORD ESB

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí neamhspleácha den Bhord (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin ná aon chineál eile luacha saothair. Tá na téarmaí agus coinníollacha leagtha amach sa litir cheapacháin, atá ar fáil ar iarratas ó Rúnaí na Cuideachta.

### CAITEACHAIS NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Chun cloí le Cód Cleachtais an Stáit, ní mór na costais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis na Comhaltaí Boird a nochtadh, agus iad briste síos de réir catagóire. I rith 2015, aisíocadh na suimeanna seo a leanas leis an bPríomhfheidhmeannach agus le Comhaltaí Boird, nó íocadh thar a gceann iad: €39,836 ar chaiteachais taistil, €34,600 ar lóistín / chothabháil, €7,289 ar shintiúis le heagraíochtaí agus le foilseacháin atá ábhartha don ghnó.

Áirítear sna costais gnó agus taistil thuas, costais an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil lena chuid dualgas mar phríomhfheidhmeannach.

### LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

| AN CATHAOIRLEACH | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Ellvena Graham | 23,075 | – |
| Lochlann Quinn | 3,952 | 75,075 |

| PRÍOMHFHEIDHMEANNACH | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 295,000 | 295,000 |
| Sochair inchánach | 15,570 | 15,570 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 48,380 | 48,380 |
| | 358,950 | 358,950 |

| NEAMHSPLEÁCH / OIBRÍ COMHALTAÍ DEN BHORD | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Anne Butler | 15,750 | 15,750 |
| Brendan Byrne | – | 14,696 |
| Dave Byrne | 15,750 | 15,750 |
| John Coleman | – | 15,750 |
| Ellvena Graham | – | 15,750 |
| Andrew Hastings | 7,372 | – |
| Sean Kelly | 15,750 | 15,750 |
| Seamus Mallon | 15,750 | 15,750 |
| Tony Merriman | 15,750 | 15,750 |
| Noreen O'Kelly[1] | – | – |
| Peter O'Sullivan | 15,750 | – |
| Noreen Wright | 15,750 | 15,750 |
| | 117,622 | 140,696 |

[1]Tharscaoil Iníon O'Kelly a táillí Boird sna blianta 2014 agus 2015

## 5. CAIDREAMH LE GEALLSEALBHÓIRÍ

### COMHPHLÉ LE GEALLSEALBHÓIRÍ

Tá 95% de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann agus 5% faoi úinéireacht Iontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe. Téann ESB i gcomhairle leis an Rialtas ar bhonn leanúnach gníomhach maidir le polasaithe tábhachtacha agus saincheisteanna straitéiseacha de réir mar a éilíonn an reachtaíocht agus Cód an Stáit. Tugann sé nuashonruithe gach ráithe maidir leis an bhfeidhmíocht airgeadais. Agus bíonn ESB i dteagmháil rialta le hIontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe.

### CRUINNIÚ CINN BHLIANA

Reáchtálann an ESB cruinniú cinn bhliana gach bliain, agus cúig mhí déag tar éis an chruinnithe dheireanaigh, ar a mhoille. Tugtar fógra roimh ré do gach scairshealbhóir, de réir mar is gá. Tugtar cuireadh do chomhaltaí den Bhord, Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca ina measc, freastal ar an gcruinniú. Tugann an Cathaoirleach léargas ar fhorbairt le linn na bliana agus iarrtar ar scairshealbhóirí aon bharúlacha atá acu a chur in iúl. Freastalaíonn an t-iniúchóir seachtrach ar an gcruinniú agus déantar vótáil trí chomhaireamh lámh nó vóta.



# INIÚCHADH AGUS RIOSCA TUARASCÁIL AN CHOISTE



Noreen O'Kelly, Cathaoirleach, Coiste Iniúchta agus Riosca

### RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Faoi Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2014, (Cód na Ríochta Aontaithe), tá freagracht ar an mBord deimhin a dhéanamh de gur cóir cothrom intuigthe í an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais ar an iomlán, agus go dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / ghealltsealbhóirí chun feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, agus tá sé sásta go sásaítear na critéir sin iontu agus is féidir leis iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh.

Bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca saincheisteanna móra freisin i ndáil leis na ráitis airgeadais agus leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna úd. Déantar achoimre sa tábla ar thaobh na láimhe deise ar an saothar úd.

Coinneoidh an Coiste Iniúchta agus Riosca a chuid gníomhaíochtaí faoi athbhreithniú lena chinntiú go mbreithnítear forbairtí na todhchaí i ndáil le saothar an Choiste Iniúchta agus Riosca a n-iomláine. Tugtar achoimre sa tábla ar dheis ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca agus leagtar amach ina n-iomláine ina Théarmaí Tagartha iad.

### PRÍOMHCHUSPÓIR

Leagtar amach ról an Choiste Iniúchta agus Riosca ina Théarmaí Tagartha, ar féidir teacht ar chóip díobh ar láithreán gréasáin ESB. Leagtar amach dualgais an Choiste Iniúchta agus Riosca sna Téarmaí Tagartha faoi na cinnlínte seo a leanas:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca
- Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN COISTE I GCAITHEAMH NA BLIANA 2015 I NDÁIL LENA DHUALGAIS A CHOMHLÍONADH

| DUALGAS | GNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais lena chinntiú go bhfuil siad cóir, cothrom agus intuisceana ar an iomlán agus gur cuireadh i bhfeidhm caighdeáin chuntasaíochta, meastacháin agus breithiúnais chuí i bhfeidhm | ■ Athbhreithniú ar shoiléire agus iomláine an mhéid a nochtar sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais agus an t-eolas nithiúil a cuireadh faoi bhráid leo<br>■ Athbhreithniú ar cé acu ar chuir an Grúpa caighdeáin chuntasaíochta agus meastacháin agus breithiúnais iomchuí i bhfeidhm, i bhfianaise thuairimí an iniúchóra sheachtraigh<br>■ Athbhreithniú ar na torthaí eatramhacha lena mbaineann ráitis airgeadais agus nótaí míniúcháin<br>■ Athbhreithniú agus formheas ar ráitis airgeadais rialála ESB<br>■ Breithniú agus ceistiú ar na modhanna ar baineadh leas astu chun idirbhearta suntasacha nó neamhghnácha agus an chaoi ar cuireadh faoi bhráid agus ar nochtadh iad sna ráitis airgeadais a mhíniú |
| **Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca**<br>Athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca | ■ Athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras rialála inmheánaí an Ghrúpa<br>■ Athbhreithniú ar na socruithe do phleanáil an leanúnachais gnó<br>■ Athbhreithniú ar Bheartas Riosca leasaithe ESB, Plean Riosca 2015 agus tuairiscí rialta riosca agus iad a mholadh lena bhfaomhadh ag an mBord<br>■ Breithniú ar athbhreithniú seachtrach Bainistíochta Riosca ESB |
| **Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois**<br>Athbhreithniú ar dhóthanacht agus slándáil na socruithe d'fhostaithe agus conraitheoirí chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le héagóir fhéideartha um thuairisciú airgeadais nó ábhair eile | ■ Athbhreithniú ar na nósanna imeachta rialála atá ann chun ráthaíocht a thabhairt maidir leis an gcomhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla<br>■ Athbhreithniú ar leordhóthanacht na bpróiseas a ghlac ESB chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (an Cód Stáit) a chinntiú<br>■ Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus beartais chun calaois a chosc agus a aithint agus cuireadh ar an eolas i leith aon cháis chalaoise<br>■ Athbhreithniú ar dhóthanacht agus slándáil na socruithe chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le héagóir fhéideartha um thuairisciú airgeadais nó ábhair eile<br>■ Breithniú ar Chód Eitice athbhreithnithe ESB |
| **Iniúchadh Inmheánach**<br>Monatóireacht agus measúnacht ar ról agus éifeachtacht fheidhm an iniúchta inmheánaigh | ■ Athbhreithniú ar an bplean iniúchta inmheánaigh agus monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean sin chun éifeachtacht na feidhme a mheas<br>■ Athbhreithniú ar thuairiscí ina mionsonraítear torthaí eochair-iniúchtaí, freagra an lucht bhainistíochta agus tráthúlacht réiteach na ngníomhartha<br>■ Cruinniú leis an gceann iniúchta inmheánaigh gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair |
| **Iniúchadh Seachtrach**<br>Monatóireacht agus athbhreithniú ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus inniúlacht an iniúchóra sheachtraigh (KPMG) agus athbhreithniú ar thorthaí an iniúchta leis an iniúchóir seachtrach | ■ Athbhreithniú agus ceistiú faoin bplean mholta iniúchta sheachtraigh lena chinntiú gur aithin KPMG gach eochair-riosca agus gur fhorbair siad nósanna imeachta iniúchta daingne<br>■ Athbhreithniú ar an tuairisc ó KPMG faoina iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus a gcuid freagraí do na saincheisteanna cuntasóireachta, rialála airgeadais agus iniúchta eile de réir mar a tháinig siad chun cinn<br>■ Forghníomhú an bheartais i leith cheapadh an iniúchóra sheachtraigh chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar<br>■ Cruinniú leis an iniúchóir seachtrach gan an lucht bainistíochta sinsearach a bheith i láthair, a thug an deis do KPMG aon chás a thabhairt le fios go rúnda<br>■ Formheas an phróisis tairisceana don iniúchadh seachtrach agus critéir roghnaithe ó 2017 i leith |

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Faigheann an Coiste Iniúchta agus Riosca na ráitis airgeadais idirbhliana agus deireadh na bliana ón lucht bainistíocht lena mbreithniú, agus stiúrann sé an saothar a dhéanann an fhoireann iniúchta inmheánaigh agus faigheann sé tuarsacálacha uathu freisin, agus pléann siad straitéis agus fócas iniúchta an iniúchóra sheachtraigh. Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí sin á cur san áireamh, chinn an Coiste Iniúchta agus Riosca na heochair-rioscaí maidir le míráiteas a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Luach tugtha anonn sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas
- Oibleagáidí pinsin
- Díorthacha agus socruithe fálaithe
- Dliteanais theagmhasacha dhlíthiúla agus nochtadh
- Cistiú margaí caipitil

Pléadh na saincheisteanna sin leis an lucht bainistíochta i rith na bliana, leis an iniúchóir tráth a rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú agus comhaontú ar a phlean iniúchta Ghrúpa an iniúchóra, nuair a rinne an t-iniúchóir athbhreithniú ar na ráitis airgeadais eatramhacha leathbhliantúla i Meán Fómhair 2015 agus freisin nuair a cuireadh an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích.

| CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH | NA BEARTA A RINNE AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA INA LEITH |
|---|---|
| **LUACH TUGTHA ANONN SÓCMHAINNÍ FADSAOLACHA AGUS CÁILMHEAS** | |
| **Punann Giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe**<br>Tugadh faoi athbhreithnithe bearnúcháin ar phunanna giniúna na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe lena chinntiú go dtiocfaidh na luacha tugtha anonn le réamhaisnéisí ar shreabhadh airgid lascainithe don todhchaí. B'éigean muirear bearnúcháin €104 mhilliún a ghearradh i ndáil leis an ngnóthas giniúna i ndiaidh an athbhreithnithe sin. Bhain an bearnúchán sin le Corby Power Limited (€58 milliún) agus le Coolkeeragh ESB Limited (€46 mhilliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nótaí 4 agus 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.<br><br>**Sócmhainní Líonra Tarchuir agus Dáileacháin**<br>Amhail an 31 Nollaig 2015, ní raibh aon táscaire maidir le bearnúchán i leith luach anonn an bhoinn rialaithe sócmhainní, ESB Networks (€7.4 billiún) agus Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (€1.8 billiún), lena gcinntear an t-ioncam rialaithe thodhchaí a thuillfear.<br><br>**Cáilmheas NIE Networks**<br>B'ionann an cáilmheas aitheanta i ngnóthas NIE Networks agus €207 milliún amhail an 31 Nollaig 2015. Tugadh faoi thástáil bhliantúil bearnúcháin ar cháilmheas i gcomhréir le IAS 36 agus ní raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil. Breithiúnais suntasacha atá sa ráta fáis agus sa ráta iomchuí lascainithe a úsáideadh leis an tástáil sin a chur i gcrích, agus tugtar míniú níos iomláine orthu i nóta 12 leis na ráitis airgeadais. | Aithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca go bhfuil réimse cinntí breithiúnais taobh thiar de na hathbhreithnithe maidir le luach anonn sócmhainní, atá ag brath go mór ar na boinn tuisceana a úsáidtear chun an luach a mheas maidir le húsáid na sócmhainní faoi thástáil.<br><br>Chun cabhrú leis an gcinneadh ó thaobh an mhuirir bhearnaithe de, rinne siad an méid seo a leanas:<br>■ Bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca páipéir mhionsonraithe lenar áiríodh tuairiscí ar na modheolaíochtaí agus na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm agus luachanna inghnóthaithe á ndíorthú lena n-áirítear na rátaí lascaine a úsáideadh.<br>■ Cheistigh an Coiste na boinn tuisceana agus na réamh-mheastacháin a chuirtear i láthair sna doiciméid<br>■ Bhreithnigh sé an fhoirm mhionsonraithe tuairiscithe agus na torthaí a fuair an t-iniúchóir seachtrach<br><br>Tar éis an athbhreithnithe thuas, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur iomchuí iad an cur chuige i leith an athbhreithnithe bearnúcháin, an nochtadh i nótaí 4 agus 10, na boinn tuisceana agus an táille bearnúcháin de €104 mhilliún. |

| MÓRCHEISTEANNA A BREITHNÍODH *(Ar lean)* | NA BEARTA A RINNE AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA INA LEITH |
|---|---|
| **OIBLEAGÁIDÍ PINSIN** | |
| I gcomhréir le Sochair Fostaithe IAS 19, léiríonn ESB a gcuid oibleagáidí tiomnaithe reatha ar an gclár comhordaithe, mar a leagtar amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá an nós sin bunaithe ar na príomhfhachtóirí seo a leanas, agus níor tháinig aon athrú orthu in 2015.<br>■ Tá an Scéim cláraithe mar Scéim Sochair Shainithe leis an Údarás Pinsean. Leagtar síos sna rialacháin a rialaíonn an Scéim na sochair atá le cur ar fáil, agus sonraítear na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin.<br>■ Ní gnáthscéim den chineál Scéim Sochair Shainithe "iarmhéid na gcostas" (mar a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas fuilleach na ranníocaíochtaí a íoc chun na sochair a mhaoiniú). Níl sé ar intinn ag an gcuideachta aon ranníocaíochtaí breise a dhéanamh, seachas go ndéanfar na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha chomh maith le hiarmhéid ranníocaíochta breise na cuideachta ar fiú €591 mhilliún í (geallta faoin gComhaontú Pinsean 2010 agus innéacsaithe ag 6.25%).<br>■ Dá dtiocfadh easnamh aníos amach anseo, tá sé ina cheangal ar an gcuideachta faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl aon dualgas ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a chinntiú dá mbeadh easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB agus gan faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. | Ní mór breithiúnas a chleachtadh sa chuntasaíocht a bhaineann leis na hoibleagáidí a léirítear sna ráitis airgeadais. Tá an Bord fós sásta gurb í an tsocraíocht chuí cuntasaíochta, arna cinneadh de réir IAS 19 Sochair Fhostaithe, lena chuid oibleagáidí reatha geallta a léiriú, mar a leagtar amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais. |
| **DÍORTHAIGH AGUS SOCRUITHE FÁLAITHE** | |
| Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an neamhchosaint atá ann dó ó rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis agus praghas tráchtearraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. I measc na bpríomhdhíorthach a úsáidtear tá babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le breosla a cheannach agus le leictreachas a dhíol. Maidir le conarthaí díorthacha nach sanntar mar chonarthaí 'úsáide féin' iad déantar cuntasaíocht orthu go príomha mar fháluithe 'sreabhadh airgid', fad is a bhfuil siad ag teacht le critéir cuntasaíochta fálaithe sreafa airgid faoi IAS 39 a mbíonn tionchar acu ar chothromas den chuid is mó seachas ar thuilleamh tuairiscithe an Ghrúpa. | Aithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca castacht na cuntasaíochta díorthach agus socruithe um fhálú, agus go bhfuil breithiúnas nach beag ag teastáil chun na socruithe cuí cuntasaíochta a chinneadh.<br><br>Chun cabhrú leis an gcinneadh maidir lena chiallmhaire is atá na socruithe cuntasaíochta, rinne siad an obair seo a leanas:<br>■ Athbhreithniú agus plé leis an lucht bainistíochta ar dhoiciméad lena leagtar amach príomhghnéithe socruithe fálaithe níos casta<br>■ Leas a bhaint as próiseas fíoraithe tríú maidir chun díorthaigh áirithe a luacháil<br>■ Torthaí na hoibre de chuid iniúchóra sheachtraigh i dtaca le díorthaigh a bhreithniú<br><br>Is ar bhunús an tsaothair sin atá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur glacadh cur chuige cuntasaíochta cuí i leith na ndíorthach airgeadais. |

| **MÓRCHEISTEANNA A BREITHNÍODH** ***(Ar lean)*** | **NA BEARTA A RINNE AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA INA LEITH** |
|---|---|
| **DLITEANAIS AGUS NOCHTADH TEAGMHASACH DLÍTHIÚIL**<br><br>Tar éis na dtuilte i gCorcaigh i Samhain 2009, thóg Aviva, mar árachóir UCC cás dlí i gcoinne ESB san Ardchúirt chun €19 milliún a aisghabháil as damáiste do mhaoin. An 5 Deireadh Fómhair 2015 thug an Ardchúirt breithiúnas sa chás agus fuair sí go raibh an ESB freagrach as 60% den damáiste a rinneadh agus go raibh UCC freagrach as 40% ar bhonn faillí rannpháirteach.<br><br>Ar bhonn na comhairle dlí a fuarthas, rinne ESB achomharc os comhair na Cúirte Achomhairc. Is dócha go n-éistfar an t-achomharc in 2017. Go dtí go n-éistfar an t-achomharc, ní reáchtálfar aon éisteacht maidir le quantum (líon iarbhír na ndamáistí a íocfar os coinne caillteanas UCC) agus tá an t-ordú maidir le costais curtha siar ag an Ardchúirt.<br><br>I dteannta éileamh UCC, seirbheáladh 156 chás éagsúil ar ESB i dtaca leis na tuilte i gCorcaigh i Samhain 2009. Ní bhfuarthas sonraí maidir leis na méideanna atá á éileamh agus dá bhrí sin, ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an gcostas a bheidh i gceist (má chinneann an Chúirt i gcoinne na Cúirte Achomhairc) ag an am sin. Ach níl ESB agus súil leis go sáródh méid iomlán na damáistí a bhronntar, má bhronntar aon damáiste, agus na costais ghaolmhara do gach caingean, an cás Aviva / UCC san áireamh, an cumhdach árachais is infheidhme aige.<br><br>Ar bhonn na comhairle dlí inmheánaí agus seachtraí atá faighte, creideann ESB gur dócha nach n-éireoidh leis an achomharc agus dá bhrí sin, níl aon soláthar déanta do na héilimh sin sna ráitis airgeadais. | Aithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca nach mór leas a bhaint as breithniúnas maidir le nochtadh agus soláthar i dtaca le héilimh dlí.<br><br>Mar bhunús leis an gcinneadh maidir leis an éileamh a rangú mar dhliteanas teagmhasach, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca an obair seo a leanas:<br>■ An chomhairle dlí inmheánach agus sheachtrach i dtaca leis an gcás a bhreithniú<br>■ Tuairimí an lucht bainistíochta a cheistiú nuair is gá<br>■ Athbhreithniú ar dhoiciméad cuntasaíochta ón lucht bainistíochta lena leagtar amach an socrú cuntasaíochta agus an nochtadh molta (féach nóta 27 de na ráitis airgeadais)<br>■ Tuairim an iniúchóra sheachtraigh a bhreithniú<br><br>Ar bhonn na hoibre sin, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur iomchuí é gan soláthar a dhéanamh i dtaca leis an gcás. |
| **CISTIÚ MARGAIDH CHAIPITIL**<br><br>I Meitheamh 2015, d'eisigh ESB Eorabhanna €500 milliún 12-bhliain cúpón seasta 2.125%. D'úsáid an chuideachta cuid d'fháltais na heisiúna a d'úsáid an chuideachta mar chuid den Tairiscint chun €300 milliún de bhannaí an Ghrúpa a aisghabháil, a bhfuil dáta aibíochta i Meán Fómhair 2017 acu.<br><br>Rinneadh machnamh ar cé acu arbh é ath-idirbheartaíocht ar an bhfiachas reatha nó cealú an fhiachais reatha a bhí i gceist le hathcheannach agus athmhaoiniú na mbannaí sin, agus cinneadh gur ath-idirbheartaíocht ar fhiachas atá ann cheana a bhí i gceist. | Aithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca a chastacht is atá an chuntasaíocht seo don eisiúint bannaí agus fuascailt sna ráiteas airgeadais.<br><br>Chun cabhrú leis an gcinneadh maidir lena chiallmhaire is atá na socruithe cuntasaíochta, rinne siad an obair seo a leanas:<br>■ Athbhreithniú agus plé leis an lucht bainistíochta ar an doiciméad cuntasaíochta a lena leagtar amach an socrú d'eisiúint agus fuascailt bannaí<br>■ Athbhreithniú ar thástáil cainníochtúil agus cáilíochtúil IAS 39<br>■ Athbhreithniú ar idirbhearta coibhéiseacha bainistíochta dliteanais le heagraíochtaí eile<br>■ Breithniú ar thorthaí na hoibre de chuid an iniúchóra sheachtraigh<br><br>Is ar bhunús an tsaothair sin atá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur glacadh cur chuige cuntasaíochta cuí i leith na heisiúna agus fuascailte bannaí. |

## CÓIR, COTHROM AGUS INTUISCEANA

Ar iarratas an Bhoird, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca breithniú ar cé acu, ina thuairimsean, an bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana, ar an iomlán, agus an dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí chun feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Déantar breithniú ar cé acu an gcuirtear an fhaisnéis i láthair na ráitis airgeadaisar ar bhealach soiléir achomair, an seachnaítear béarlagair, agus an sothuigthe don léitheoir iad.

Agus iad ag teacht ar an gconclúid, bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca na nithe seo a leanas:

- Fuair gach comhalta den Bhord cóipeanna den tuarascáil bhliantúil agus de na ráitis airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh orthu go luath sa phróiseas lena chinntiú go bhfuil príomhphointí na tuarascála bliantúla ag teacht le seasamh, feidhmíocht agus straitéis an Ghrúpa agus codanna téacs den tuarascáil bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais
- Chuir an lucht bainistíochta próiseas daingean ar bun chun an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2015, lena n-áirítear luathphleanáil, athruithe rialála agus dea-chleachtas a bhreithniú
- Síos tríd an tuarascáil, tá céimeanna chun na spriocanna straitéiseacha a ghnóthú leagtha amach
- Go n-úsáidtear na príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear agus a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil do thuairisciú an Bhoird
- Athbhreithniú ar shonraí agus faisnéis a áirítear sa tuarascáil bhliantúil ag an iniúchóir inmheánach agus seachtrach
- Go ndéantar tagairt nó léiriú leordhóthanach ar gach teagmhas agus saincheist thábhachtach, idir dhearfach agus dhiúltach, a tuairiscíodh chuig an mBord le linn na bliana

Tar éis dó a athbhreithniú a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca den tuairim go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana, ar an iomlán, go dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí chun feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

## MEASTÓIREACHT AN CHOISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Mar chuid de phróiseas meastóireachta an Bhoird, rinneadh oibriú an Choiste Iniúchta agus Riosca a mheas. Tá mionsonraí faoin bpróiseas meastóireachta leagtha amach ar leathanach 72. I measc na bpríomh-mholtaí a d'eascair as an meastóireacht agus na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2015, áirítear na cinn seo a leanas:


- Tuilleadh plé struchtúrtha le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha chun plé oscailte a éascú ag cruinnithe do bhaill amháin
- Tuilleadh ama a thabhairt chun iniúchadh inmheánach agus sceithireacht a bhreithniú
- Tuairisciú agus cumarsáid níos cuimsithe leis an mBord maidir le bainistíocht riosca agus córais rialaithe inmheánaigh fhiúntacha
- Seisiún atá tiomnaithe do na fadhbanna riosca, a tugadh aghaidh air sa seisiún straitéise a d'fhreastail an Bord ar fad air

## PLÉ LEIS AN INIÚCHÓIR SEACHTRACH

Fuair an Coiste Iniúchta agus Riosca tuarascáil ón iniúchóir seachtrach, agus rinne sé plé ar na torthaí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na réimsí breithiúnais a shonraítear ar leathanaigh 78 go 80. Thuairiscigh an t-iniúchóir leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca aon mhíshonrú a fuair siad le linn a gcuid oibre agus níl aon mhéid ábhartha nár coigeartaíodh.

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir i láthair agus tuarascálacha ón lucht bainistíochta agus ón iniúchadh inmheánach, agus tuairimí an iniúchóra seachtraigh san áireamh, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go bhfuil aghaidh chuí tugtha sna ráitis airgeadais ar na breithiúnais chriticiúla agus ar na príomh-mheastacháin (i ndáil leis na méideanna tuairiscithe agus leis an nochtú araon). Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta freisin gur scrúdaíodh go hiomchuí na boinn tuisceana suntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a chinneadh agus go bhfuil siad sách daingean.

### AN T-AM A CHAITHEANN AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA AR GACH GNÍOMHAÍOCHT




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## CEAPACHÁN AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Is é an Coiste Iniúchta agus Riosca a bhreithníonn athcheapachán an iniúchóra sheachtraigh gach cúig bliana, agus tagann an próiseas sin faoi réir tairisceana poiblí. Cuireadh an próiseas tairisceana is deireanaí i gcrích ag tús na bliana 2012 agus bronnadh conradh trí bliana ar KPMG leis an rogha chun síneadh ama a chur leis go ceann dhá bhliain eile. Baineadh leas as an rogha sin i mí Feabhra 2015.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca measúnú freisin ar neamhspleáchas an iniúchóra ar bhonn leanúnach. Ceanglaítear ar an iniúchóir seachtrach comhpháirtí iniúchta atá freagrach as iniúchadh an Ghrúpa nua a cheapadh gach cúig bliana.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go bhfuil KPMG neamhspleách neamhchlaonta.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca ag coinneáil forbairtí ar leibhéal AE i dtaca le tréimhsí mar iniúchóir faoi bhreithniú, agus ag tabhairt faoi deara na forbairtí sin agus cleachtadh margaidh i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe, glacadh cinneadh chun iniúchóir nua seachtrach a cheapadh don iniúchadh ó 2017 i leith. Is mian leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca an deis seo a ghlacadh chun buíochas a chroí a ghabháil as KPMG as an tseirbhís ar ardchaighdeán a thug sé d'ESB ar feadh na blianta.

Measann an Coiste Iniúchta agus Riosca gur ríthábhachtach é an t-iniúchadh seachtrach a phleanáil ar bhealach lena gcinntítear go ndéanfaidh an Grúpa na riachtanais rialála agus dea-chleachtais a chomhlíonadh. Eiseofar an fógra in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (OJEC) sa chéad leath de 2016. Ar bhonn na bhfreagraí a fhaightear ón bhfógra OJEC, meastar go n-eiseofaí an t-iarratas ar dhoiciméad tairisceana le gearrliosta na ngnóthas a thabharfar cuireadh dóibh ina dhiaidh, agus an próiseas ar fad le críochnú sa dara leath de 2016.

## ÉIFEACHTACH AN INIÚCHÓRA

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain, agus aiseolas ó cheistiúcháin faoi mheastóireacht ar an iniúchóir seachtrach á chur san áireamh. Tá an mheastóireacht dírithe ar réimsí ar nós stóinseacht an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáide agus rialachais. Ar an iomlán, bhí torthaí an athbhreithnithe go breá sásúil. Le linn na bliana, bhuail an comhpháirtí iniúchta le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca faoi dhó lasmuigh de na cruinnithe curtha i sceideal. Mhol Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca gur fiú bualadh le chéile níos minice idir cruinnithe.

## SERIBHÍSÍ NEAMH-INIÚCHÓIREACHTA

Tá polasaí ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca maidir le seirbhísí neamhiniúchóireachta a fháil ón iniúchóir seachtrach. Níor cheart na táillí a íoctar as seirbhísí neamh-iniúchóireachta in aon bhliain airgeadais a bheith níos mó ná na táillí iniúchóireachta don bhliain sin. Leagtar amach i nóta 9 leis na ráitis airgeadais achoimre ar tháillí a íoctar leis an iniúchóir seachtrach.

## CRUINNITHE

Bíonn rochtain iomlán neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca toradh a chruinnithe chuig an mBord. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais úr agus ábhartha ag comhalta amháin den Choiste Iniúchta agus Riosca ar a laghad ó thús deireadh na bliana. Freastalaíonn an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa, Ceann Iniúchta Inmheánaigh agus ionadaithe ón iniúchóir seachtrach ar chruinnithe ar bhonn rialta.

Ar son an Choiste Iniúchta agus Riosca

Noreen O'Kelly
Cathaoirleach, Coiste Iniúchta agus Riosca
24 Feabhra, 2016





# TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Cuireann na comhaltaí Boird a dtuarascáil mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta faoi bhráid na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa iad giniúint, tarchur, dáileachán agus soláthar leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta freisin i ngníomhaíochtaí gaolmhara, sa Bhreatain Mhór agus tá baint aige le roinnt tionscadal comhairleach san Áise agus san Afraic.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tugtar tráchtaireacht maidir le cúrsaí feidhmíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear eolas ar chúrsaí le déanaí agus ar fhorbairtí ionchasacha amach anseo. Tá feidhmíocht an ghnó agus a sheasamh airgeadais i dteannta leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa léirithe sna hathbhreithnithe ar gach príomhaonad gnó, san athbhreithniú airgeadais agus sa tuairisc riosca.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ DON BHLIAIN

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa brabús iarchánach don bhliain airgeadais 2015 ar fiú €286 milliún é i gcomparáid le brabús €215 milliún don bhliain 2014.

Íocadh díbhinn eatramhach dar luach €48 milliún (2.44 cent in aghaidh an aonaid stoic) i Meán Fómhair i ndáil le 2015.

Molann an Bord go n-íocfaí díbhinn deiridh do 2015 de 1.55 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó €31 milliún san iomlán. Tugann sé seo na díbhinní ar fad a íocadh le deich mbliana anuas go beagnach €1.5 milliún.

## SCAIRCHAIPITEAL

Rinneadh togra um leachtacht margaidh Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP) a fhormheas ag cruinniú an Bhoird i mBealtaine 2015. Is é is cuspóir an togra ná leachtacht a fheabhsú sa mhargadh ESOP, agus gheall Iontaobhaí ESOP €25 mhilliún a chaith chun stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh an ESB an méid céanna caiteachas ar fáil is atá geallta ag Iontaobhaí ESOP don tréimhse 2014-2018. Ní tosóidh ESB ag fáil seilbh ar stoc caipitil ach in 2017.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Measann Comhaltaí an Bhoird gur fhostaigh siad pearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas iomchuí acu agus gur chuir siad na hacmhainní leordhóthanacha ar fáil don fheidhmeannas airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil dualgas an ESB á chomhlíonadh maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád. Coimeádtar leabhair chuntais an ESB ag 27 Sráid Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

## INIÚCHÓIR SEACHTRACH

Tá sé curtha le fios ag an iniúchóir seachtrach, KPMG, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh san oifig in 2016.

## TUARASCÁIL FAOI ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar ESB tuarascáil bhliantúil a foilsiú i dtaca le nochtadh faoi chosaint a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. I gcomhréir leis an riachtanas seo, deimhníonn ESB go ndearnadh aon nochtadh amháin atá cosanta le ESB maidir le goid amhrasta maoine de chuid an Ghrúpa. Rinneadh an cheist a fhiosrú i gcomhréir le nósanna imeachta smachta ESB agus tuairiscíodh leis an Garda Síochána í.

## AN TACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL 2015

I gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha síos san Acht um Brústocaireacht a Rialú, tá ESB cláraithe leis an Clár Brústocaireachta ar www.lobbying.ie agus tá an tuairisceán cuí déanta aige don tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2015.

## AN TACHT TOGHCHÁIN, 1997

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.

## FORMHEAS NA TUARASCÁLA BLIANTÚLA AGUS NA RÁITEAS AIRGEADAIS 2015

Agus an moladh ón gCoiste Iniúchta agus Riosca á chur san áireamh, tá an Bord sásta go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais ina n-iomláine cóir, cothrom agus intuisceana, agus go dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí chun feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

Thar ceann an Bhoird

Ellvena Graham, Cathaoirleach

Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach

24 Feabhra, 2016

# FUINNEAMH LE HAGHAIDH COMPOIRD



# 03 RÁITIS AIRGEADAIS


Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird 87
Tuairisc an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Stocshealbhóirí
Electricity Supply Board (an ESB) 88
Ráitis Airgeadais 91
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 166

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird | 87 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (an ESB) | 88 |


## RÁITIS AIRGEADAIS


| | |
|---|---|
| Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa | 91 |
| Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh an Ghrúpa | 92 |
| Clár Comhardaithe an Ghrúpa | 93 |
| Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta | 94 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le hAthruithe ar Chothromas | 95 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas | 96 |
| Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid | 97 |
| Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid | 98 |


## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta | 99 |
| **2** | Tuairisciú ar Dheighleoga | 106 |
| **3** | Faisnéis Gheografach | 108 |
| **4** | Míreanna Eisceachtúla | 108 |
| **5** | Ioncam/(Speansais) Oibriúcháin Eile | 109 |
| **6** | Costais Oibriúcháin (lena n-áirítear Muirear Bearnúcháin) | 110 |
| **7** | Glanchostas Airgeadais agus Muirir Airgeadais Eile | 110 |
| **8** | Fostaithe | 111 |
| **9** | Brabús don Bhliain Airgeadais | 112 |
| **10** | Maoin, Gléasra agus Trealamh | 113 |
| **11** | Sócmhainní Doláimhsithe | 115 |
| **12** | Cáilmheas | 117 |
| **13** | Infheistíochtaí Sócmhainní Airgeadais | 118 |
| **14** | Fardail | 121 |
| **15** | Infháltais Trádála agus Infháltais Eile | 121 |
| **16** | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 123 |
| **17** | Athruithe ar Chothromas | 123 |
| **18** | Cánachas | 125 |
| **19** | Iasachtaí agus Fiachais Eile | 129 |
| **20** | Ionstraimí Airgeadais Díorthacha | 134 |
| **21** | Dliteanais Phinsin | 137 |
| **22** | Dliteanas – Scéim Pinsean an ESB agus Dliteanais a Bhaineann le Fostaithe | 141 |
| **23** | Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile | 142 |
| **24** | Ioncam Iarchurtha agus Deontais Rialtais | 143 |
| **25** | Soláthairtí | 144 |
| **26** | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Luach Cóir | 146 |
| **27** | Ceangaltais agus Teagmhais | 160 |
| **28** | Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara | 161 |
| **29** | Meastacháin agus Breithiúnais | 162 |
| **30** | ESB ESOP Trustee Limited | 162 |
| **31** | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais | 162 |
| **32** | Fochuideachta, Comhfhiontar agus Gnólachtaí Comhlachaithe | 163 |




# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, ina gcorpraítear ráitis airgeadais don ESB (Máthairchuideachta) agus don Ghrúpa ESB.

Faoi rialacháin rialaithe ESB, arna nglacadh de bhun na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú de réir mar a cheanglaítear ar chuideachtaí arna mbunú faoi Acht na gCuideachtaí 2014 (acht ar cuireadh in ionad Achtanna na gCuideachtaí a bhí ann roimhe sin). Ceanglaítear ar an ESB freisin a thuarascáil bhliaintúil, ina gcorpraítear na ráitis airgeadais, a chur ar fáil don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir treoirlínte rialachais chorparáidigh agus chun a chuid oibleagáidí faoi Alt 32 den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú), a chomhlíonadh maidir le tuarascáil ar imeachtaí na bliana roimhe sin a chur chuig an Aire. Forálann Acht na gCuideachtaí 2014 gur chóir ráitis airgeadais Ghrúpa a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus chinn an Bord ráitis airgeadais an ESB a ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir forálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí agus de réir Rialacháin ESB.

Ní cóir do chomhaltaí an Bhoird an ráiteas airgeadais a fhaomhadh gan a bheith sásta go dtugtar léiriú cothrom ann ar na sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an ESB, agus ar bhrabús nó chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus an ESB faoi seach ar leathanaigh 91 go 165 á n-ullmhú acu éilítear ar chomhaltaí an Bhoird:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ndáil le ESB, arna gcur i bhfeidhm de réir Achtanna na gCuideachtaí; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Grúpa agus an ESB de bheith i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil a nochtann na sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an ESB, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS is infheidhme arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Achtanna na gCuideachtaí agus de réir Rialacháin ESB. Tá freagracht acu freisin as sócmhainní an ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus dá bhrí sin, as gach céim réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.


Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus corparáide atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa agus an ESB www.esb.ie.

Tabhair do d'aire: D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.


Dearbhaíonn gach aon chomhalta Boird, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, an méid seo a leanas:

- Tugtar le ráitis airgeadais an Ghrúpa, arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ráitis airgeadais an ESB arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm de réir Rialacháin ESB, léargas fíorcheart maidir le sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais an Ghrúpa agus an ESB amhail 31 Nollaig 2015 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar chríoch sin 31 Nollaig 2015;
- Tugtar i dtuairisc na gcomhaltaí Boird atá sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an Ghrúpa agus an ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil aghaidh á thabhairt orthu; agus
- Tugtar sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais ina n-iomláine, an fhaisnéis atá riachtanach le feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas, agus is cóir, cothrom intuigthe í an tuarascáil a chuireann an fhaisnéis riachtanach do scairshealbhóirí ar fáil chun staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an ESB a mheas.

Thar ceann an Bhoird



**Ellvena Graham,** Cathaoirleach



**Pat O'Doherty,** Príomhfheidhmeannach

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG STOCSHEALBHÓIRÍ ELECTRICITY SUPPLY BOARD (AN ESB)

## TUAIRIM AGUS CONCLÚIDÍ A THÁINIG AS ÁR N-INIÚCHADH

### 1. NÍOR ATHRAÍODH ÁR DTUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Mar an iniúchóir arna cheapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna le toiliú ón Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchóireacht déanta againn ar ráitis airgeadais an ESB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 atá leagtha amach ar leathanaigh 91 go 165. Rinneadh ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) (an Ríocht Aontaithe agus Éire).

Inár dtuairim:

- tugtar le ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa, amhail 31 Nollaig 2015 agus ar a bhrabús don bhliain sin dar chríoch;
- tugtar le Clár comhardaithe na Cuideachta, léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta, amhail 31 Nollaig 2015;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa mar is cuí de réir chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta mar is cuí de réir chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004; agus
- ullmhaíodh ráiteas airgeadais na Cuideachta agus ráitis airgeadais an Ghrúpa mar is cuí de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004.

### 2. ÁR MEASÚNÚ AR NA RIOSCAÍ UM MÍRÁITEAS ÁBHARTHA

Is iad na rioscaí um míráiteas ábhartha atá sonraithe sa chuid seo den tuarascáil na rioscaí sin a measaimid, inár mbreithiúnas gairmiúil, go raibh an tionchar ba mhó acu ar: an straitéis fhoriomlán iniúchóireachta; leithdháileadh na n-acmhainní inár n-iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú. Ceapadh ár nósanna imeachta iniúchóireachta i dtaca leis na rioscaí sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine. Níor athraíodh ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais i dtaca le ceann ar bith de na rioscaí sin, agus níl tuairim curtha in iúl againn maidir leis na rioscaí aonair sin.

Agus muid ag teacht ar ár tuairim iniúchóireachta thuas ar ráitis airgeadais an Ghrúpa, is iad seo a leanas na rioscaí um míráiteas ábhartha ag a raibh an tionchar ba mhó acu ar iniúchadh an Ghrúpa:

- Luach tugtha anonn an cháilmheasa agus sócmhainní fadsaolacha: €11.3 billiún (2014: €11.1 billiún), muirear bearnúcháin €104 milliún (2014: €50 milliún) Féach leathanach 78 (Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 101 (beartas cuntasaíochta) agus nótaí 4, 10, 11 agus 12 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Tá sócmhainní fadsaolacha ag an ESB lena bhfuil luach tugtha anonn €11.1 billiún ar a chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015 (€10.9 billiún amhail an 31 Nollaig 2014) agus cáilmheas €207 milliún a bhaineann le gnó na ngreasán leictreachais i dTuaisceart Éireann (NIE Networks) (€195 milliún amhail an 31 Nollaig 2014).

Is iad sócmhainní líonra Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus punann giniúna cumhachta an Ghrúpa na sócmhainní is suntasaí de na sócmhainní seo. Ag cur san áireamh méadaíocht na sócmhainní sin i gcoimhneas le clár comhardaithe an ESB, bheadh tionchar suntasach ag bearnú féideartha ar bith ar thorthaí an Ghrúpa.

Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar luach tugtha anonn sócmhainní fadsaolacha suntasacha eile le haghaidh comharthaí bearnúcháin ar bith ar bhonn bliantúil. Tá in-aisghabhálacht na sócmhainní sin bunaithe ar réamhaisnéis agus lascainiú sreafaí airgeadais, ar próiseas daorbhreithiúnach é. Amhail an 31 Nollaig 2015 aithníodh comharthaí bearnúcháin i ndáil le stáisiún cumhachta Corby (mar thoradh ar athruithe diúltacha do chuar réamh-mheasta leictreachais na RA) agus i ndáil le stáisiúin cumhachta Coolkeeragh (mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe sa Mhargadh Aonair Leictreachais). Bunaithe ar an luach in úsáid arna ríomh le haghaidh Corby agus Coolkeeragh, aithníodh muirir bhearnúcháin €58 milliún agus €46 milliún faoi seach.

Mar gheall ar an neamhchinnteacht bhunúsach maidir le measúnú a dhéanamh ar na sreafaí airgid thirim fadtéarmacha a bhaineann le sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas, meastar gur príomhriosca iniúchóireachta é seo.

**Ár bhFreagairt**

I dtaca le punann giniúna cumhachta an Ghrúpa, fuaireamar tuiscint ar shamhlacha luach in úsáid an Ghrúpa, lena n-áirítear na boinn tuisceana a úsáideadh, an t-aschur, infhaighteacht agus brabúsacht na sócmhainní. Cheistíomar na príomhbhoinn tuisceana maidir le sreafaí airgid réamh-mheasta amach anseo agus chuireamar na boinn tuisceana i gcomparáid le sonraí díorthaithe, nuair ab fhéidir, agus rinneamar anailís íogaireachta ar an méid sin.

Chuireamar Bonn Sócmhainní Rialála ghréasáin traschuir agus dáilte an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann (ar a ndéantar an t-ioncam rialaithe amach anseo a dhearbhú) i gcomparáid le glanluach leabhair na sócmhainní sna ráitis airgeadais. Rinneamar iniúchadh chomh maith ar chomhfhreagras ábhartha idir an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus an Grúpa agus bhreathnaíomar ar na himpleachtaí do na ráitis airgeadais.

Maidir le sócmhainní NIE Networks agus cáilmheas lena mbaineann, rinneamar measúnú ar réasúntacht bhoinn tuisceana an lucht bainistíochta a úsáideadh ina samhlacha um bearnú, atá bunaithe ar an gcinneadh RP5 deiridh lena n-áirítear an ráta lascaine a úsáideadh. Chuireamar boinn tuisceana an lucht bainistíochta, nuair ab fhéidir, i gcomparáid le sonraí tríú páirtí agus rinneamar anailís íogaireachta ar na príomhbhoinn tuisceana. Chuireamar praghsanna a fuarthas le haghaidh sócmhainní comhchosúla in idirbhearta margaidh i gcomparáid leis an luach measta in úsáid arna bhunú ag an lucht bainistíochta agus na luachanna tugtha anonn.

Maidir le gach samhail um luach in úsáid, cheistíomar na príomhbhoinn tuisceana maidir le tuilleadh agus réamhaisnéisí sreafaí airgid thirim, an ráta lascaine a úsáideadh agus, nuair ab ábhartha, luach an bhearnúcháin a gearradh sa bhliain. Bhreathnaíomar cibé an bhfuil an nochtadh a rinneadh i dtaca leis na rioscaí, neamhchinnteacht meastachán agus íogaireacht an mheasúnaithe um bearnúchán ar athruithe i bpríomhbhoinn tuisceana cuí nó nach bhfuil.

- Díorthaigh agus fálú – socruithe fálaithe: glandliteanas €511 milliún (2014: glandliteanas €500 milliún) Féach leathanach 79 (Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 102 (beartas cuntasaíochta) agus nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Úsáideann an Grúpa conarthaí díorthacha agus conarthaí eile chun a neamhchosaint ar mhalairt eachtrach, ráta úis, agus riosca praghsanna tráchtearraí agus fuinnimh a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh babhtálacha boilsciú-nasctha, babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála inneácsaithe agus conarthaí tráchtala eile a bhaineann le ceannach breosla agus díol leictreachais. Tá na conarthaí sin, ach amháin babhtálacha boilsciú-nasctha an Ghrúpa nach gcáilíonn i leith cuntasaíocht fálaithe, ainmnithe isteach i roinnt éagsúla caidrimh fhálaithe sreabhaidh airgid. Tá ainmniúcháin fhálaithe agus riachtanais doiciméadúcháin lena mbaineann na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme casta agus tá luacháil na ndíorthach sin ar fad daorbhreithiúnach agus íogair i leith gluaiseachtaí



# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG STOCSHEALBHÓIRÍ ELECTRICITY SUPPLY BOARD (AN ESB) (ar lean)

in athróga bunúsacha (amhail innéacsanna ráta úis tagarmharcála agus todhchaíochtaí tráchtearraí). D'fhéadfadh athruithe beaga ar na hathróga sin tionchar suntasach a bheith acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

**Ár bhFreagairt**

Áiríodh ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta úsáid a bhaint as speisialtóirí luachála chun measúnú a dhéanamh ar luacháil na gconarthaí díorthacha agus comparáid a dhéanamh idir boinn tuisceana an Ghrúpa agus sonraí a díorthaíodh go seachtrach maidir le measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na boinn tuisceana a d'úsáid an Grúpa réasúnta. Fuaireamar doiciméid um chuntasaíocht fálaithe agus áirimh thacaíochta lena mbaineann an Ghrúpa agus rinneamar iad a mheasúnú chun a dhearbhú cibé acu an raibh an chuntasaíocht fálaithe cuí, ar tugadh cuntas mar is ceart ina leith, ar doiciméadaíodh mar is ceart iad agus ar tástáladh ar bhonn tréimhsiúil iad. Rinneamar measúnú ar cibé ar léiríodh nó nár léiríodh na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an gcuntasaíocht le haghaidh ionstraimí airgeadais díorthacha sa nochtadh.

- Dliteanas - Scéim pinsean an ESB: €648 milliún (2014: €731 milliún) Féach leathanach 79 (Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), leathanach 105 (beartas cuntasaíochta) agus nóta 22 leis na ráitis airgeadais.

**An Riosca**

Déantar socruithe pinsin do thromlach fhostaithe an ESB a mhaoiniú trí Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB (an Scéim) (ar a dtugtaí Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe an ESB roimhe seo). Tá sé ordaithe i rialacháin na Scéime go gcuirfear sochair ar fáil do bhaill na Scéime de réir foirmle atá comhaontaithe, ach níl siad sin nasctha leis na ranníocaíochtaí a cheanglaítear ar an ESB a dhéanamh faoi rialacha na Scéime. Dá réir sin, níl oibleagáid dhlíthiúil ar an ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar an ESB faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hiontaobhaithe, agus Achtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh. Níl sé sin de réir gnáthscéim sochair shainithe 'iarmhéid costais' sa chás go bhfuil sé faoi dhliteanas an fhostóra iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun easnaimh a mhaoiniú. Go stairiúil, áfach, roinnt uaireanta, nuair a thuairiscigh achtúire na Scéime easnamh agus i ndiaidh comhairliúcháin leis na páirtithe éagsúla lenar bhain, mhéadaigh an ESB agus na fostaithe araon a ranníocaíochtaí leis an Scéim chun dul i ngleic leis sin.

In 2010 thángthas ar chomhaontú pinsean úr idir an ESB agus baill na Scéime, inar áiríodh athruithe ar shochair agus athruithe achtúireacha eile ar an Scéim a d'íoc baill na Scéime. Níor athraíodh na ranníocaíochtaí seasta don ESB agus na baill ach d'aontaigh an ESB chomh maith ranníocaíocht aonuaire €591 milliún ("an Ranníocaíocht") a íoc agus dúnadh an Scéim do bhaill úra. I ráitis airgeadais 2010, shonraigh an ESB nach raibh sé beartaithe aige ranníocaíochtaí ar bith eile a dhéanamh leis an Scéim, seachas na ranníocaíochtaí seasta leanúnacha. Sonraíodh é sin go sainráite i ráitis airgeadais 2010 agus i dtréimhsí ina dhiaidh sin, ní dhearna an ESB ranníocaíochtaí ar bith leis an Scéim, seachas na ranníocaíochtaí a aontaíodh. Dá réir sin, leasaíodh an chuntasaíocht i gcomhair na Scéime in 2010 chun fabhrú a dhéanamh don Ranníocaíocht laistigh de chlár comhardaithe an ESB amháin, agus chun cuntas a thabhairt ar an gcéatadán seasta leanúnach um ranníocaíochtaí tuarastail maidir le costais seirbhíse reatha sa ráiteas ioncaim de réir mar a sholáthraítear seirbhís inphinsin.

I ndeireadh 2013, tharla díospóid idir an ESB agus a cheardchumainn i dtaca leis an scéim pinsean. Rinne an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais idirbheartaíocht maidir leis sin a raibh comhaontú idir na páirtithe mar thoradh air ar deireadh. Cuireadh oibleagáid sa chomhaontú sin ar an ESB cur síos cruinn a dhéanamh ar an Scéim pinsean ina chuntais, athluadh an oibleagáid ar na páirtithe ann maidir le dul i gcomhairle i gcás easnaimh agus sonraíodh ann nach raibh sé de rún ag ceachtar páirtí leibhéal na ranníocaíochtaí leis an Scéim a mhéadú ag an am sin. Níor athraigh an comhaontú sin dearcthaí an Bhoird i dtaca lena chuntasaíocht don Scéim agus d'athdhearbhaigh an Bord arís nach bhfuil sé beartaithe ag an nGrúpa ranníocaíochtaí ar bith eile a dhéanamh leis an Scéim. Dá réir sin is é dearcadh an Bhoird fós nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ar bith aige maidir leis seo agus go bhfuil feidhm fós leis an gcur chuige cuntasaíochta a glacadh in 2010.

Is breithiúnas suntasach é seo mar léirmhíniú ar rialacha na Scéime, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an ESB an Scéim a mhaoiniú, agus tá an chuntasaíocht lena mbaineann casta.

**Ár bhFreagairt**

Áiríodh ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta tuiscint a fháil ar staid dhlíthiúil an ESB ón abhcóide dlíthiúil inmheánach agus seachtrach. Fuaireamar uirill ó na Comhaltaí Boird nach raibh sé beartaithe ag an ESB ranníocaíochtaí ar bith eile a dhéanamh leis an Scéim seachas na cinn a bhfuil soláthar déanta ina leith i gcomhaontú pinsin 2010 agus ranníocaíocht sheasta leanúnach thuarastail bhaill na Scéime. Bhreathnaíomar ar dhoiciméid agus ar nóta mionteagaisc inmheánacha eile a chuir an ESB ar fáil dúinn maidir leis an gceist. Lena chois sin, chuireamar san áireamh gníomhartha an ESB sa tréimhse ó bhí 2010 ann, tréimhse nach ndearnadh ranníocaíochtaí breise ar bith inti leis an Scéim. Bhreathnaíomar ar cibé an raibh nó nach raibh an chuntasaíocht agus an nochtadh a rinneadh sna ráitis airgeadais maidir leis an gceist dhaorbhreithiúnach shuntasach seo cuí agus de réir na treorach cuntasaíochta ábhartha. Rinneamar athmhachnamh ar oiriúnacht na cuntasaíochta freisin i gcomhthéacs chaighdeáin IAS 19 Sochair Fostaí.

### 3. ÁR GCUR I BHFEIDHM UM ÁBHARTHACHT AGUS FORBHREATHNÚ AR SCÓIP ÁR N-INIÚCHTA

Socraíodh an ábharthacht le haghaidh ráitis airgeadais an Ghrúpa ina iomláine ag €17 milliún (2014: €12 mhilliún). Dearbhaíodh é sin ag baint úsáid as thart ar 4% de thagarmharcáil an bhrabúis roimh cháin gan éifeacht míreanna aonuaire san áireamh. Is éard is míreanna aonuaire le linn na bliana an muirear bearnúcháin €104 milliún ar shócmhainní giniúna cumhachta fadsaolacha an Ghrúpa.

Dhearbhaíomar gurb é an brabús roimh cháin gan éifeacht na míreanna aonuaire san áireamh, inár mbreithiúnas gairmiúil, an tagarmharcáil is cuí toisc go mbreathnaímid air mar cheann de na príomh-bhreithniúcháin do chomhaltaí na Cuideachta le feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a mheas.

Tuairiscímid gach míráiteas a ceartaíodh agus nach ceartaíodh a fuaireamar trínár n-iniúchadh dar luach sa bhreis ar €0.5 milliún, chomh maith le míráitis iniúchóireachta eile faoi bhun na tairsí sin nuair a cheapaimid go bhfuil gá iad a thuairisciú ar fhorais cháilíochtúla, chuig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an ESB.

Díríodh inár scóip iniúchta don Ghrúpa ar cheithre phríomhcheigheleog intuairiscithe an Ghrúpa, chomh maith le feidhm na ceannoifige, iad ar fad faoi réir iniúchadh lánscóipe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015. Le chéile, léiríonn na suíomhanna sin príomhaonaid ghnó an Ghrúpa agus is ionann iad agus sa bhreis ar 95% (2014: 95%) d'ioncam seachtrach an Ghrúpa, brabús iarchánach agus iomlán na sócmhainní, amhail agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015. Déanann foireann rannpháirtíochta an Ghrúpa iniúchtaí ar na suíomhanna sin go lárnach agus ar ábharthacht a dearbhaíodh go leithleach do gach comhpháirt.

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG STOCSHEALBHÓIRÍ ELECTRICITY SUPPLY BOARD (AN ESB) (ar lean)

### 4. NÍL RUD AR BITH LE TUAIRISCIÚ AGAINN I DTACA LE NOCHTADH NA BPRÍOMHRIOSCAÍ

Bunaithe ar an eolas a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, níl aon rud ábhartha againn le cur leis nó le haird a tharraingt air maidir le:

- Ráiteas Inmharthanachta na stiúrthóirí ar leathanach 75 i dtaca leis na príomhrioscaí, a mbainistiú, agus, bunaithe air sin, le measúnú agus ionchais na stiúrthóirí maidir le leanúint ar aghaidh an Ghrúpa thar na cúig bliana go dtí 2021; nó
- an nochtadh i nóta 1 de na ráitis airgeadais i dtaca le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid.

### 5. NÍL RUD AR BITH LE TUAIRISCIÚ AGAINN I DTACA LEIS NA CÚRSAÍ SIN A CHEANGLÁITEAR ORAINN A THUAIRISCIÚ DE RÉIR EISCEACHTA

Ceanglaíonn ISAanna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) go dtuairiscímid duitse, má thagaimid, bunaithe ar an eolas a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, ar fhaisnéis sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil neamhréireacht ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha fíricе, nó atá míthreorach ar dhóigh ar bith eile.

Go sonrach, ceanglaítear orainn a thuairisciú duit más amhlaidh:

- gur aithníomar neamhréireachtaí ar bith idir an t-eolas a fuaireamar le linn ár n-iniúchta agus ráiteas na stiúrthóirí go gceapann siad go bhfuil an tuarascáil bhliantúil cóir, cothrom agus intuigthe agus go dtugtar an fhaisnéis inti do scairshealbhóirí a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar shamhail ghnó agus ar straitéis an aonáin; nó
- nach nochtann Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na cúrsaí sin a chuirimid in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar is cuí.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') ceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura dtagann an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais arna cheangal faoin gCód mar atá sé cuimsithe sa Tuairisc ar Rialachas Boird ar leathanaigh 69 go 76 le comhlíonadh an Ghrúpa maidir le mír 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuil muid eolach faoi ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid é mura bhfuil.

De réir théarmaí ár litreach rannpháirtíochta, déanaimid athbhreithniú ar:

- ráiteas na gComhaltaí Boird, atá leagtha amach ar leathanach 75, i ndáil le gnóthas leantach;
- an chuid den Tuairisc ar Rialachas Boird ar leathanaigh 69 go 76 a bhaineann le comhlíonadh an Bhoird maidir le forálacha Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann atá sonraithe dár n-athbhreithniú;
- gnéithe áirithe um nochtadh sa tuarascáil do stocshealbhóirí ag an gCoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair.

Lena chois sin, ceanglaítear orainn in Acht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú duit, má gceapaimid, nach ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí arna sainiú le dlí a nochtadh.

### 6. TÁ ÁR GCONCLÚIDÍ MAIDIR LE CÚRSAÍ EILE A BHFUIL SÉ DE CHEANGAL ORAINN FAOI ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014 IAD A THUAIRISCIÚ LEAGTHA AMACH THÍOS

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uainn chun críocha ár n-iniúchta.

Tagann clár comhardaithe na Cuideachta leis na taifid chuntasaíochta, agus inár dtuairim, choinnigh an Chuideachta taifid chuí chuntasaíochta.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus go bhfuil an cur síos sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar phríomhghnéithe na gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i ndáil leis an bpróiseas um ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú comhsheasmhach le ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### BUNÚS ÁR DTUARASCÁLA, FREAGRACHTAÍ AGUS SRIANTA AR ÚSÁID

Faoi mar a míníodh go hiomlán sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird arna leagan amach ar leathanach 87, tá na Comhaltaí Boird freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu. Is í ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, agus tuairim a thabhairt orthu, de réir an dlí is infheidhme agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) (Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear orainn faoi na caighdeáin sin cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Is éard atá i gceist le hiniúchadh a dhéanamh de réir ISAanna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar: cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Ghrúpa nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus ar nochtadh go leormhaith iad nó nár nochtadh; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireacht ábhartha ar bith leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha, bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis, an eolas a fuaireamar le linn dúinn ár n-iniúchadh a dhéanamh a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith breathnaimid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Cé go bhfuil iniúchadh á dhéantar de réir ISAanna (an Ríocht Aontaithe agus Éire) deartha chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le míráitis nó easnaimh ábhartha a shainaithint ní féidir a chinntiú go ndéanfaidh sé amhlaidh. Ina áit sin, déanann an t-iniúchóir an t-iniúchadh a phleanáil chun an méid tástála a theastaíonn a dhearbhú chun an dóchúlacht nach sáródh comhlán na míráiteas nár ceartaíodh nó nár braitheadh an ábharthacht do na ráitis airgeadais ina n-iomláine a laghdú go leibhéal íseal go leor. Leis an tástáil seo ní mor dúinn obair shuntasach iniúchóireachta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais chomh maith le ham suntasach na mball den fhoireann iniúchóireachta is mó a bhfuil taithí acu, go háirithe an comhpháirtí rannpháirtíochta atá freagrach as an iniúchadh, a thabhairt do réimsí suibiachtúla cuntasaíochta agus tuairiscithe.

Tá an tuarascáil seo déanta do stocshealbhóirí an ESB amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014, bainteach leis an ESB de bhua na Rialachán arna nglacadh aige mar a rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2004). Rinneadh ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimid na cúrsaí sin a shonrú do stocshealbhóirí an ESB a bhfuil sé de cheangal orainn iad a thuairisciú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críocha ar bith eile. A mhéid is féidir, arna cheadú le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith eile ach amháin don ESB agus dá stocshealbhóirí, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí a shroicheamar.

Sean O'Keefe
ar son agus thar ceann
KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Reachtúil
Iniúchóireachta
Baile Átha Cliath, Éire
24 Feabhra, 2016



# RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | | | 2014 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **Gan míreanna eisceachtúla san áireamh € '000** | **Míreanna eisceachtúla nóta 4 € '000** | **Míreanna eisceachtúla san áireamh € '000** | Gan míreanna eisceachtúla san áireamh € '000 | Míreanna eisceachtúla nóta 4 € '000 | Míreanna eisceachtúla san áireamh € '000 |
| Ioncam | 2 | **3,335,401** | **-** | **3,335,401** | 3,257,954 | - | 3,257,954 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 4 / 5 | **28,943** | **-** | **28,943** | 35,240 | 132,095 | 167,335 |
| Costais oibriúcháin | 4 / 6 | **(2,728,977)** | **(104,237)** | **(2,833,214)** | (2,741,204) | - | (2,741,204) |
| Brabús oibriúcháin | | **635,367** | **(104,237)** | **531,130** | 551,990 | 132,095 | 684,085 |
| Glan-ús ar iasachtaí | 7 | **(206,957)** | **-** | **(206,957)** | (198,992) | - | (198,992) |
| Muirir mhaoinithe | 7 | **(39,659)** | **-** | **(39,659)** | (45,218) | - | (45,218) |
| Gluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 7 | **30,234** | **-** | **30,234** | (224,894) | - | (224,894) |
| Ioncam airgeadais | 7 | **1,294** | **-** | **1,294** | 1,120 | - | 1,120 |
| Glanchostas airgeadais | | **(215,088)** | **-** | **(215,088)** | (467,984) | - | (467,984) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **(9,176)** | **-** | **(9,176)** | (1,354) | - | (1,354) |
| Brabús roimh cháin | | **411,103** | **(104,237)** | **306,866** | 82,652 | 132,095 | 214,747 |
| Creidmheas / (speansas) cáin ioncaim | 18 | **(18,553)** | **(2,073)** | **(20,626)** | 646 | - | 646 |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **392,550** | **(106,310)** | **286,240** | 83,298 | 132,095 | 215,393 |
| **Inchurtha le:** | | | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **395,852** | **(106,310)** | **289,542** | 83,176 | 132,095 | 215,271 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(3,302)** | **-** | **(3,302)** | 122 | - | 122 |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **392,550** | **(106,310)** | **286,240** | 83,298 | 132,095 | 215,393 |

Tá na nótaí 1 go 32 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn,** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa

# RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **286,240** | 215,393 |
| **Míreanna nach n-athrangófar choíche i ndiaidh brabúis nó caillteanais:** | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | **17,220** | (60,728) |
| Cáin ar mhíreanna nach n-athrangófar choíche go brabús nó caillteanas | **(6,664)** | 12,118 |
| | **10,556** | (48,610) |
| **Míreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| Fálú éifeachtach glaninfheistíochta i bhfochuideachta eachtrach | **(1,362)** | (1,714) |
| Difríochtaí aistrithe ar chomhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha | **33,036** | 39,309 |
| Caillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhadh airgid | **(16,421)** | (91,644) |
| Caillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **(1,031)** | - |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid | **(66,527)** | (106,056) |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | 13,833 |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús | **1,855** | 17,161 |
| nó caillteanas | **129** | - |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas i ndáil le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | | |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh ó Ioncam Cuimsitheach Eile (ICE) | **7,799** | 12,635 |
| | **(42,522)** | (116,476) |
| **Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | **(31,966)** | (165,086) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **254,274** | 50,307 |
| **Inchurtha le:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **257,576** | 50,185 |
| Leasanna neamh-urlámhais | **(3,302)** | 122 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **254,274** | 50,307 |

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn,** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa



# CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **10,872,836** | 10,716,586 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **227,740** | 203,660 |
| Cáilmheas | 12 | **206,759** | 194,827 |
| Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **94,850** | 99,464 |
| Infheistíocht sócmhainní airgeadais | 13 | **62,563** | 63,638 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **44,777** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **236,565** | 231,624 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **207,246** | 234,374 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **11,953,336** | 11,744,173 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **96,670** | 78,838 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **214,400** | 195,517 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **7,853** | 1,705 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **751,177** | 809,523 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **133,863** | 143,731 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **1,203,963** | 1,229,314 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **13,157,299** | 12,973,487 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Cúlchiste aistrithe | | **51,376** | 19,702 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **49,799** | 123,995 |
| Cúlchistí eile | | **(151,098)** | (144,031) |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,930,558** | 1,907,807 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,860,517** | 3,887,355 |
| Leasanna neamh-urlámhais | 17 | **(1,874)** | 1,676 |
| **Cothromas iomlán** | | **3,858,643** | 3,889,031 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | 19 | **4,690,314** | 4,412,377 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **493,148** | 615,770 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 21 | **142,069** | 164,022 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **91,057** | 107,736 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **8,686** | 8,185 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **510,011** | 533,813 |
| Soláthairtí | 25 | **196,431** | 182,953 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **751,082** | 792,358 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **754,537** | 738,516 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **7,637,335** | 7,555,730 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | 19 | **418,825** | 370,592 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **154,981** | 115,300 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **54,353** | 57,966 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **695,535** | 688,148 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **48,273** | 45,031 |
| Soláthairtí | 25 | **79,000** | 58,738 |
| Dliteanais chánach reatha | | **3,250** | 4,373 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **207,104** | 188,578 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,661,321** | 1,528,726 |
| **Dliteanais iomlána** | | **9,298,656** | 9,084,456 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **13,157,299** | 12,973,487 |

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn,** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa

# CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **7,102,256** | 7,057,773 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **159,386** | 137,566 |
| Infheistíocht in institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | 13 | **100,000** | 100,000 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta | 13 | **61,782** | 61,782 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **92,905** | 53,303 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **97,586** | 105,632 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **7,613,915** | 7,516,056 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **66,843** | 53,974 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **139,398** | 136,959 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **2,250** | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **3,181,023** | 3,017,734 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **17,202** | 56,384 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **3,406,716** | 3,265,051 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **11,020,631** | 10,781,107 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,979,882** | 1,979,882 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **(35,883)** | (47,795) |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,625,100** | 1,514,040 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,569,099** | 3,446,127 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | 19 | **1,488,584** | 1,522,749 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **493,148** | 615,770 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **90,829** | 107,736 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **500,434** | 534,352 |
| Soláthairtí | 25 | **166,733** | 166,429 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **458,829** | 446,568 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **42,669** | 72,789 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **3,241,226** | 3,466,393 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | 19 | **365,397** | 330,516 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **154,981** | 115,300 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **46,460** | 49,525 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 23 | **3,393,612** | 3,115,419 |
| Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais | 24 | **33,108** | 33,108 |
| Soláthairtí | 25 | **64,576** | 49,538 |
| Dliteanais chánach reatha | | **1,513** | 6,998 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **150,659** | 168,183 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **4,210,306** | 3,868,587 |
| **Dliteanais iomlána** | | **7,451,532** | 7,334,980 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **11,020,631** | 10,781,107 |

**Ellvena Graham**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Donal Flynn,** Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa





# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail an 31 Nollaig 2015

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc caipitil € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid € '000 | Cúlchistí eile[1&2] € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán € '000 | Leasanna neamh-urlámhais € '000 | **Cothromas iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 1,979,882 | (17,893) | 278,066 | (89,878) | 1,970,275 | 4,120,452 | 2,037 | 4,122,489 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 215,271 | 215,271 | 122 | 215,393 |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | (60,728) | - | (60,728) | - | (60,728) |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | (5,543) | 5,543 | - | - | - |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | 37,595 | - | - | - | 37,595 | - | 37,595 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | |
| - Glanchaillteanais luacha chóir | - | - | (91,644) | - | - | (91,644) | - | (91,644) |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 7,470 | - | - | 7,470 | - | 7,470 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (87,040) | - | - | (87,040) | - | (87,040) |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | - | (26,486) | - | - | (26,486) | - | (26,486) |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim maidir le cothromas infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 13,833 | - | - | 13,833 | - | 13,833 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | 17,161 | 12,118 | - | 29,279 | - | 29,279 |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 12,635 | - | - | 12,635 | - | 12,635 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 37,595 | (154,071) | (54,153) | 220,814 | 50,185 | 122 | 50,307 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | (283,282) | (283,282) | (483) | (283,765) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 1,979,882 | 19,702 | 123,995 | (144,031) | 1,907,807 | 3,887,355 | 1,676 | 3,889,031 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | **1,979,882** | **19,702** | **123,995** | **(144,031)** | **1,907,807** | **3,887,355** | **1,676** | **3,889,031** |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 289,542 | 289,542 | (3,302) | **286,240** |
| Gnóthachain achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | 17,220 | - | 17,220 | - | **17,220** |
| Cúlchistí athluachála ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | (5,543) | 5,543 | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | 31,674 | - | - | - | 31,674 | - | **31,674** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | |
| - Glanchaillteanais luacha chóir | - | - | (16,421) | - | - | (16,421) | - | **(16,421)** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 7,722 | - | - | 7,722 | - | **7,722** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (63,718) | - | - | (63,718) | - | **(63,718)** |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | - | (10,531) | - | - | (10,531) | - | **(10,531)** |
| - Caillteanais chóirluacha maidir le fáluithe i gcothromas infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (1,031) | - | - | (1,031) | - | **(1,031)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | 1,855 | (6,664) | - | (4,809) | - | **(4,809)** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | 7,799 | - | - | 7,799 | - | **7,799** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE maidir le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 129 | - | - | 129 | - | **129** |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **31,674** | **(74,196)** | **5,013** | **295,085** | **257,576** | **(3,302)** | **254,274** |
| **Athruithe ar leasanna úinéireachta** | | | | | | | | |
| Éadáil fochuideachta le NCI | - | - | - | - | - | - | 127 | **127** |
| **Athruithe iomlána ar leasanna úinéireachta** | - | - | - | - | - | - | 127 | **127** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | (272,334) | (272,334) | (375) | **(272,709)** |
| Soláthar athcheannaigh ESOP[2] | - | - | - | (12,080) | - | (12,080) | - | **(12,080)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **1,979,882** | **51,376** | **49,799** | **(151,098)** | **1,930,558** | **3,860,517** | **(1,874)** | **3,858,643** |

[1] Áirítear ar chúlchistí eile (i) cúlchiste athluachála €38.8 milliún (Nollaig 2014: €44.3 milliún) a d'eascair i ndiaidh éadáil an 30% eile de Synergen Power Limited in 2009; (ii) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsean NIE Networks dar luach (€171.9 milliún) (2014: (€182.8) milliún) agus (iii) cúlchiste neamh-indáilte (€5.0) milliún a cruthaíodh ar dhíolachán sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001.

[2] Baineann soláthar athcheannaigh ESOP leis an méid atá geallta ag an ESB go dtí seo i ndáil le ceannach ó mhargadh inmheánach ESOP. Féach nóta 17 le heolas a fháil ar athcheannach ESOP.

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail an 31 Nollaig 2015

| Réiteach na n-athruithe ar chothromas | Stoc caipitil € '000 | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 1,979,882 | (88,624) | 1,346,743 | 3,238,001 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | 450,579 | 450,579 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | |
| - Glanghnóthachain luacha chóir | - | 94,342 | - | 94,342 |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | 49 | - | 49 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | (87,040) | - | (87,040) |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | 39,311 | - | 39,311 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ioncaim cuimsithigh eile (ICE) | - | (11,793) | - | (11,793) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | 5,960 | - | 5,960 |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 40,829 | 450,579 | 491,408 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | (283,282) | (283,282) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 1,979,882 | (47,795) | 1,514,040 | 3,446,127 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | **1,979,882** | **(47,795)** | **1,514,040** | **3,446,127** |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | 383,394 | **383,394** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | |
| - Glanghnóthachain luacha chóir | - | 55,089 | - | **55,089** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | (1,487) | - | **(1,487)** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | (63,718) | - | **(63,718)** |
| - Speansais oibriúcháin eile | - | 37,537 | - | **37,537** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ioncaim cuimsithigh eile (ICE) | - | (6,887) | - | **(6,887)** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | 3,458 | - | **3,458** |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **23,992** | **383,394** | **407,386** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | (272,334) | **(272,334)** |
| Soláthar athcheannaigh ESOP[1] | - | (12,080) | - | **(12,080)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **1,979,882** | **(35,883)** | **1,625,100** | **3,569,099** |

[1] Baineann soláthar athcheannaigh ESOP leis an méid atá geallta ag an ESB go dtí seo i ndáil le hathcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP. Féach nóta 17 le heolas a fháil ar athcheannach ESOP.



# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € '000 | 2014* € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **286,240** | 215,393 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **744,678** | 730,794 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(57,530)** | (59,644) |
| Glanchostais astaíochtaí | | **30,992** | (9,612) |
| (Brabús) / caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **(590)** | 1,283 |
| Brabús ar dhiúscairt lamháltas astaíochtaí | 5 | **-** | (9,838) |
| Gnóthachan neamh-airgid ar chomhshó SIRO Limited chuig institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | 4 | **-** | (93,700) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 4 / 5 | **(6,852)** | (38,395) |
| Glanchostas airgeadais | 7 | **215,088** | 467,984 |
| Éifeacht ar choigeartuithe luacha chóir i gcostais oibriúcháin | | **9,611** | 2,425 |
| Caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **9,176** | 1,354 |
| Speansas / (creidmheas) cáin ioncaim | 18 | **20,626** | (646) |
| Ioncam díbhinní | | **-** | (574) |
| Muirear bearnúcháin | 4 / 6 | **104,237** | 50,147 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **1,355,676** | 1,256,971 |
| Muirear maidir le soláthar | | **14,821** | 5,095 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **34,581** | 41,587 |
| Úsáid soláthairtí | | **(8,889)** | (13,384) |
| Úsáid na ndliteanas a bhaineann le fostaithe | | **(190,725)** | (150,940) |
| Laghdú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **20,958** | 83,116 |
| (Méadú) / laghdú ar fhardail | | **(20,191)** | 1,815 |
| (Laghdú) / méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **(43,446)** | 12,999 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | **1,162,785** | 1,237,259 |
| Cáin reatha íoctha | | **(50,934)** | (65,094) |
| Costais mhaoinithe íoctha | | **(254,844)** | (234,496) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **857,007** | 937,669 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(730,918)** | (873,811) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(42,108)** | (22,886) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní neamhreatha | | **2,528** | 432 |
| Fáltais ó dhíolachán lamháltais astaíochtaí | | **-** | 14,951 |
| Fáltais ó dhíolachán fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **4,682** | 45,290 |
| Ceannach sócmhainní airgeadais | | **(13,066)** | (23,545) |
| Díbhinn a fuarthas ó ghnólachtaí comhlachaithe | | **-** | 574 |
| Ús a fuarthas | | **1,294** | 1,120 |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | | **32,009** | 27,012 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(745,579)** | (830,863) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 17 | **(272,709)** | (283,765) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma agus léasanna airgeadais | | **(357,715)** | (157,001) |
| Fáltais ó eisiúint fiachais úir | | **274,334** | 208,662 |
| Méadú / (laghdú) ar iasachtaí eile (glan) | | **249,259** | (300) |
| Íocaíochtaí ar bhabhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | | **(17,530)** | (105,049) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(124,361)** | (337,453) |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **(12,933)** | (230,647) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir** | 16 | **143,731** | 370,848 |
| **Éifeacht luaineacht rátaí malairte ar airgead tirim atá á choinneáil** | | **3,065** | 3,530 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | 16 | **133,863** | 143,731 |

* Rinneadh athghrúpáil ar mhéideanna comparáideacha i Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid nuair is gá le comhsheasmhacht a chinntiú don dá bhliain atá i mbun taifeadta.

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € '000 | 2014* € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **383,394** | 450,579 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **491,381** | 495,438 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(32,422)** | (33,667) |
| Glanchostas astaíochtaí | | **25,642** | (7,853) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **(1,398)** | (10,646) |
| Gnóthachan neamh-airgid ar chomhshó SIRO Limited chuig institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | | **-** | (93,700) |
| Glanchostas airgeadais | | **119,770** | 127,991 |
| Éifeacht de ghluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais i gcostais oibriúcháin | | **(1,110)** | (4,019) |
| Díbhinn infhála ó ghnóthais fochuideachta | | **(8,950)** | (8,450) |
| Speansas cáin ioncaim | | **50,925** | 45,891 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **1,027,232** | 961,564 |
| Muirear maidir le soláthar | | **2,096** | 3,462 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **20,047** | 24,798 |
| Úsáid soláthairtí | | **(8,266)** | (10,828) |
| Úsáid na ndliteanas a bhaineann le fostaithe | | **(154,939)** | (115,437) |
| Méadú ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **(89,067)** | (371,706) |
| (Méadú) / laghdú ar fhardail | | **(15,413)** | 4,962 |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **206,032** | 335,710 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó na hoibríochtaí** | | **987,722** | 832,525 |
| Cáin reatha íoctha | | **(41,783)** | (30,724) |
| Ús íoctha | | **(157,270)** | (161,685) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **788,669** | 640,116 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(490,865)** | (480,795) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(39,362)** | (22,058) |
| Fáltais ó dhíolachán na sócmhainní neamhreatha | | **2,825** | 15,144 |
| Breis ar infheistíocht sócmhainní airgeadais | | **-** | (2,891) |
| Ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile a fuarthas | | **1,034** | 6,665 |
| Ús a fuarthas | | **51,903** | 46,938 |
| Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais fochuideachta | | **8,950** | 8,450 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(465,515)** | (428,547) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | **(272,334)** | (283,282) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma agus léasanna airgeadais | | **(339,953)** | (111,339) |
| Méadú / (laghdú) ar iasachtaí eile (glan) | | **249,951** | - |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(362,336)** | (394,621) |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **(39,182)** | (183,052) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir** | 16 | **56,384** | 239,436 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | 16 | **17,202** | 56,384 |

* Rinneadh athghrúpáil ar mhéideanna comparáideacha i Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid nuair is gá le comhsheasmhacht a chinntiú don dá bhliain atá i mbun taifeadta.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Corparáid reachtúil is ea Bord Soláthair an Leictreachais (an ESB) arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, agus tá sé lonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite an ESB amhail agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 an Mháthairchuideachta agus a fhochuideachtaí (ar a dtugtar ESB nó an Grúpa le chéile) agus leasanna an Ghrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe agus in aonáin chomhrialaithe.

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta faoin IFRS (na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta), arna nglacadh ag an AE (IFRS AE) agus, i gcás na Máthairchuideachta, mar atá curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear díolúine ar fáil in Acht na gCuideachtaí 2014 do Mháthairchuideachtaí a chuireann a ráitis airgeadais aonair isteach in éineacht lena ráitis airgeadais chomhdhlúite ó ráiteas ioncaim na Máthairchuideachta agus ráiteas um ioncam chuimsitheach atá ina gcuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a fhaomhtar de réir an Achta a fhoilsiú. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS sin agus léirmhínithe IFRIC (Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) a eisíodh agus atá i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta dar críoch nó roimh an 31 Nollaig 2015. Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta ar bhonn an choinbhinsiúin stairiúil ach amháin d'ionstraimí airgeadais díorthacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní airgeadais áirithe a thomhaistear ag an luach cóir.

Tá na ráitis airgeadais sin ullmhaithe in euro, agus mura shonraítear a mhalairt, rinneadh an fhaisnéis airgeadais ar fad in euro a shlánú go dtí an míle is gaire.

Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú i gcomhréir le IFRS AE éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus méideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus speansas.
Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara sin bunaithe ar stair ó thaithí agus ar fhachtóirí éagsúla eile a gceaptar iad a bheith réasúnta faoi na cúinsí.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Déanann an lucht bainistíochta breithiúnais i gcur i bhfeidhm IFRS AE a bhfuil tionchar suntasach acu ar na ráitis airgeadais agus tá plé déanta ar mheastacháin a mbaineann riosca suntasach um choigeartú ábhartha leo sa bhliain atá le teacht i nóta 29 leis na ráitis airgeadais.

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta go léir atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir gach aonán an Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach iad - seachas glacadh na gcaighdeán úr mar atá leagtha amach thíos.

Measann na Comhaltaí Boird go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ag oibriú go ceann i bhfad. Dá réir sin tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh. Tá tuilleadh sonraí maidir le staid leachtachta an Ghrúpa ar fáil i nóta 19 de na ráitis airgeadais.

### 2. BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí go léir mar aon le sciar an Ghrúpa de thorthaí agus de ghlanshócmhainní na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2015. Cuimsítear torthaí na bhfochuideachtaí, a sealbhaíodh nó a diúscraíodh sa bhliain i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta an tsealbhaithe nó suas go dtí dáta na diúscartha.

**Cuntasaíocht do chomhcheangail ghnó**

Tugtar cuntas i leith comhcheangail ghnó ag baint leas as an modh éadála amhail an dáta éadála, arb é sin an dáta ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

**Éadálacha an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin**

Ón 1 Eanáir 2010 i leith chuir an Grúpa IFRS 3 Comhcheangail Ghnó (2008) i bhfeidhm i gcuntasaíocht do chomhcheangail ghnó. Ón dáta sin i leith, tomhaiseann an Grúpa cáilmheas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine a aistríodh; agus
- suim aitheanta leasanna neamhrialaithe ar bith san fhaighteán; agus má fhaightear an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir an leasa cothromais atá cheana san faighteán; lúide
- glansuim aitheanta (luach cóir) na sócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais a glacadh.

Nuair a bhíonn an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas.
Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

**Éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010**

Le haghaidh éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus an 1 Eanáir 2010, is ionann an cáilmheas agus barrachas chostas na héadála thar leas an Ghrúpa i suim aitheanta (luach cóir) shócmhainní inaitheanta, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha an fhaighteáin.

Nuair a bhí an barrachas cáilmheasa diúltach, aithníodh gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Rinneadh costais idirbheart, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaigh an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála.

**Éadálacha roimh an 1 Eanáir 2004 (dáta an aistrithe chuig IFRSanna)**

Mar chuid dá aistriú chuig IFRSanna, roghnaigh an Grúpa nach n-athshonródh sé ach na comhcheangail ghnó sin amháin a tharla an 1 Eanáir 2003 nó ina dhiaidh sin. Maidir leis na héadálacha roimh an 1 Eanáir 2003, is ionann an cáilmheas agus an tsuim a aithníodh faoi chreat cuntasaíochta an Ghrúpa roimhe sin, UK GAAP.

**Rialú**

Díríonn samhail rialaithe IFRS 10 isteach ar cibé acu an bhfuil cumhacht ag an nGrúpa nó nach bhfuil thar institiúid infheistiúcháin, nochtadh nó cearta fáltas athraitheach óna bhainteacht leis an institiúid infheistiúcháin agus an bhfuil an cumas aige nó nach bhfuil a chumhacht a úsáid chun dul i gcion ar na fáltais sin. Go sonrach, ceanglaítear faoi IFRS 10 ar an nGrúpa na hinstitiúidí infheistiúcháin a rialaíonn sé a chomhdhlúthú ar bhonn rialú de facto.

De réir IFRS 10, déanann an Grúpa measúnú ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir lena rialú ar institiúid infheistiúcháin má léiríonn fianaise nó cúinsí gur athraigh eilimint amháin nó níos mó ná sin den tsamhail rialaithe.

**Fochuideachtaí**

Is aonáin iad fochuideachtaí arna rialú ag an ESB (tá rialú i gceist nuair atá an ESB nochta d'fháltais athraitheacha, nó nuair atá ceart na bhfáltas athraitheach aige óna bhainteacht leis an aonán agus go bhfuil an cumas aige dul i gcion ar na fáltais sin trína chumhacht ar an aonáin). Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn an rialú go dtí an dáta a gcuirtear deireadh leis. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

**Comhshocruithe**

Faoi IFRS 11, rangaíonn an Grúpa a leasanna i gcomhshocruithe mar chomhoibriochtaí nó mar chomhfhiontair ag brath ar chearta an Ghrúpa ar na sócmhainní agus na hoibleagáidí maidir le dliteanais na socruithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh breathnaíonn an Grúpa ar struchtúr agus ar fhoirm dhlíthiúil na socruithe, téarmaí conarthacha an tsocraithe mar a aontaíodh ag na páirtithe, agus nuair is cuí, fachtóirí agus cúinsí eile.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Comhoibríochtaí**
Is éard is comhoibríochtaí ann na gnóthais sin ina bhfuil sé measta go bhfuil comhsmacht ag an ESB ar an socrú agus tá cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí maidir le dliteanais an tsocraithe aici. Dá réir sin, aithnítear sciar shócmhainní, dhliteanais, ioncam, speansais agus ioncam cuimsitheach eile na Cuideachta sna cuntais chomhdhlúite faoi seach.

**Comhfhiontair**
Is éard is gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) ann na gnóthais sin a bhfuil smacht conarthacha ag an ESB i gcomhar le páirtí eile tharstu, trína bhfuil na cearta ag an nGrúpa chun glansócmhainní an tsocraithe seachas cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí dá dhliteanais.

Tugtar cuntas maidir le comhfhiontair ag baint leas as modh cuntasaíochta an chothromais. Faoi mhodh an chothromais, cuimsítear sciar an Ghrúpa de bhrabúis na gcomhfhiontar i ndiaidh cánach sa ráiteas comhdhlúite ioncaim i ndiaidh muirir úis agus airgeadais. Taispeántar sciar an Ghrúpa de mhireanna ioncaim chuimsithigh eile sa ráiteas um ioncam cuimsitheach.

Cuimsítear leasanna an Ghrúpa i nglansócmhainní nó glandliteanais na gcomhfhiontar mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar thosach an chláir chomhardaithe comhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní an éadáil móide cáilmheas, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam iar-éadála coinnithe agus speansais lúide soláthar bearnúcháin ar bith.

Fuarthas na suimeanna atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iar-éadála comhfhiontar ó na ráitis airgeadais is déanaí a ndearnadh suas go dtí dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.
I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i gcomhfhiontair a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

Déanann an Grúpa measúnú cibé an bhfuil gá le hathmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar athrú sna fíricí agus na cúinsí, nó an bhfuil comhsmacht fós ann. Rinneadh an Grúpa a bhainteacht i gcomhshocruithe a mheasúnú agus draebhaigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar ar a dtugtar cuntas fós ag baint úsáid as modh an chothromais.

**Gnólachtaí Comhlachaithe**
Tugtar cuntas ar aonáin seachas comhshocruithe agus fochuideachtaí ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag an nGrúpa, agus a bhfuil an Grúpa ábalta tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach rialaíonn nó nach gcomhrialaíonn iad, mar ghnólachtaí comhlachaithe agus baint úsáid as modh an chothromais agus cuimsítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar go n-eascraíonn tionchar suntasach go dtí an dáta nach bhfuil an tionchar ann níos mó.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúchán ar bith.

**Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú**
Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta idirghrúpa, agus ioncam agus speansais neamhréadaithe ar bith a eascraíonn as idirbhearta idirghrúpa, a dhíbirt agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíbirt i gcoinne na hinfheistíochta go dtí méid leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an dóigh chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach go dtí an méid nach bhfuil fianaise ar bhearnúchán ann amháin.

## 3. CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE ÚRA

Tá na caighdeáin agus na léirmhínithe seo a leanas arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) agus ag Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC) i bhfeidhm den chéad uair sa bhliain airgeadais reatha agus glacadh iad agus níl éifeacht shuntasach ar bith acu ar thoradh an Ghrúpa don tréimhse nó ar an staid airgeadais:

| Caighdeáin Idirnáisiúnta Úra/Leasaithe um Thuairisciú Airgeadais | Dáta Éifeachtach[1] |
|---|---|
| Feabhsuithe bliantúla maidir le timthriall IFRSanna 2011 - 2013 | 1 Eanáir 2015 (bhíothas ar fáil do luathghlacadh). |

Tá roinnt caighdeán úr, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Is iad na míreanna seo a leanas na cinn a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Ghrúpa:

| Caighdeáin Idirnáisiúnta Úra/Leasaithe um Thuairisciú Airgeadais | Dáta Éifeachtach[1] |
|---|---|
| Feabhsuithe bliantúla maidir le timthriall IFRSanna 2010 - 2012 | 1 Feabhra 2015 |
| Leasuithe ar IFRS 11: Cuntasaíocht maidir le héadálacha leasanna i gComh-Oibríochtaí | 1 Eanáir 2016 |
| Leasuithe ar IAS 16 agus IAS 38: Soiléiriú na modhanna inghlachta dímheasa agus amúchta | 1 Eanáir 2016 |
| Leasuithe ar IAS 16: Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Plandaí Iompair IAS 41 | 1 Eanáir 2016 |
| Leasuithe ar IAS 27: Modh an chothromais sna Ráitis Airgeadais Ar Leith | 1 Eanáir 2016 |
| Leasuithe ar IAS 1: Tionscnamh um Nochtadh | 1 Eanáir 2016 |
| Feabhsuithe bliantúla maidir le Timthriall IFRSanna 2012 - 2014 | 1 Eanáir 2016 |
| IFRS 14: Cuntais Iarchurtha Rialála | 1 Eanáir 2016* |
| Leasuithe ar IFRS 10 agus IAS 28: Díolachán nó ranníocaíocht sócmhainní idir infheisteoir agus a ghnólacht comhlachaithe nó a chomhfhiontar (Meán Fómhair 2014) | Iarchurtha go ceann Tréimhse Éiginnte |
| Leasuithe ar IFRS 10, IFRS 12 agus IAS 28: Aonáin Infheistiúcháin: Eisceacht an chomhdhlúthaithe á cur i bhfeidhm (Nollaig 2014) | 1 Eanáir 2016* |
| IFRS 15: Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí (Bealtaine 2014) lena n-áirítear leasuithe ar IFRS 15: Dáta éifeachtach IFRS 15 (Meán Fómhair 2015) | 1 Eanáir 2018* |
| IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais (Iúil 2014) | 1 Eanáir 2018* |

[1] Is iad na dátaí éifeachtacha atá i gceist na cinn sin a bhaineann le IFRS arna bhformhuiniú ag an EU má tá siad níos deireanaí ná dátaí éifeachtacha an IASB agus baineann siad le tréimhsí a thosaíonn ar na dátaí atá sonraithe thuas nó ina dhiaidh sin.
* Is iad seo na dátaí éifeachtacha IASB nach bhfuil formhuinithe fós faoi IFRS AE.

## 4. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, arb é sin airgeadraí feidhmiúil na Máthairchuideachta.

**Idirbhearta in airgeadraí eachtracha**
Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadaíochta a bhíonn de thoradh orthu ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa ráiteas ioncaim. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta a iompar ag an gcostas stairiúil agus ní aistrítear iad ina dhiaidh sin.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Glaninfheistíochtaí in oibríochtaí eachtracha**
Cinneann gach aonán sa Ghrúpa a airgeadra feidhmiúil féin agus tomhaistear míreanna i ráitis airgeadais gach aonáin dá réir sin san airgeadra sin. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, déantar glaninfheistíochta an Ghrúpaí i ngnóthais fochuideachta, comhfhiontair, gnólachtaí comhlachaithe thar lear agus cáilmheas gaolmhar a aistriú ag an ráta a bhíonn i réim ag dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa. Sa chás go ndéantar iasacht idirghrúpa don fhadtéarma agus nach bhfuil a glanadh pleanáilte nó réamh-mheasta, tugtar cuntas uirthi mar chuid den ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach. Aistrítear brabúis, caillteanais agus sreafaí airgid thirim gnóthais fochuideachta, comhfhiontar agus gnólachtaí comhlachaithe thar lear ag na meánrátaí don tréimhse sa chás go léiríonn sé sin neastachán réasúnta de na rátaí iarbhír.

Déileáiltear le difríochtaí malairte mar thoradh ar athaistriú chláir chomhardaithe tosaigh na ngnóthas fochuideachta, na gcomhfhiontar agus na ngnólachtaí comhlachaithe thar lear ag rátaí dúnta, mar aon leis na difríochtaí ar aistriú na gcuntas ioncaim, trí chomhpháirt ar leith cothromais (cúlchiste aistrithe) agus léirítear iad i ráiteas um ioncam cuimsitheach an Ghrúpa. Cuirtear na difríochtaí aistriúcháin a choinnítear sa chúlchiste seo ar fáil sa ráiteas ioncaim ar dhiúscairt an aonáin ábhartha.

Nuair a dhéantar iasachtaí ainmnithe in airgeadra eachtrach a ainmniú mar fhálú na glaninfheistíochta in oibríocht eachtrach, cuirtear na difríochtaí malairte ar iasachtaí dá leithéid sa chúlchiste aistrithe céanna go dtí an méid gur fáluithe éifeachtacha iad.

## 5. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

**Aitheantas agus tomhas**
Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha agus forálacha maidir le bearnúchán ar luach, ach amháin do thalamh a thaispeántar ag an gcostas lúide bearnúchán. Cuimsíonn an mhaoin, gléasra agus trealamh costais chaipitlithe fostaithe, leasanna agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

**Dímheas**
Ríomhtar an muirear don dímheas chun an costas maidir leis an maoin, an ngléasra agus an trealamh a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta thar a shaolré úsáideach mheasta ag baint úsáid as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do shaintréith agus do mhéid a mhaoine, a ghléasra agus a threalaimh. Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála. Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Gléasra giniúna agus struchtúir na stáisiún teirmeach | 20 bliain |
| Sócmhainní um ghiniúint feirmeacha gaoithe | 20 / 25 bliana |
| Gléasra dáileacháin agus struchtúir | 25 / 30 bliain |
| Gléasra tarchuir agus struchtúir | 30 bliain |
| Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidrileictreacha | 50 bliain |

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn in-dímheasa ó dháta an choimisiúnaithe (dáta ar fáil d'úsáid) ar an mbonn seo a leanas:
- Modh an mhéid chothroim i gcás sócmhainní tarchuir, dáileacháin agus ginearálta, agus
- Úsáid réamh-mheasta an ghléasra i gcás aonaid ghiniúna.

Déantar athbhreithniú ar rátaí dímheasa agus luachanna iarmharacha ar bhonn bliantúil.

**Caiteachas ina dhiaidh sin**
Ní chuimsítear caiteachas ina dhiaidh sin ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh i méid tugtha anonn na sócmhainne nó aithnítear é mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach amháin nuair is cosúil go sreabhfaidh sochair eacnamaíocha amach anseo a bhaineann leis an mír chuig an nGrúpa agus chuig an gCuideachta agus gur féidir costas na míre a thomhas go hiontaofa amháin. Gearrtar gach deisiúchán agus cothabháil eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Áirítear páirteanna spártha straitéiseacha i ndáil leis an ngnó giniúna leictreachais le maoin, gléasra agus trealamh. Déantar stoc caipitil sa ghnó gréasán a iompar laistigh de na sócmhainní atá á dtógáil ag feitheamh le coimisiúnú.

## 6. SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Is éard is léasanna airgeadais ann léasanna sa chás, mar léasaí, go ndéanann an Grúpa na rioscaí agus an luach saothair um úinéireacht ar fad a ghlacadh go suntasach, agus is éard is léasanna oibriúcháin ann na léasanna ina gcoinníonn an léasóir na rioscaí agus an luach saothair um úinéireacht sin.

Áirítear sócmhainní neamhreatha a fuarthas faoi léasanna airgeadais ar an gclár comhardaithe ag a luach caipitil coibhéiseach agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa níos gaire agus thar a shaolréanna úsáideacha measta. Taifeadtar na dliteanais chomhfhreagracha mar léas airgeadais iníoctha agus gearrtar gné úis na n-íocaíochtaí léasa airgeadais ar an ráiteas ioncaim ar ráta tréimhsiúil seasta úis. Gearrtar cíosanna léasa oibriúcháin ar an ráiteas ioncaim ar bhonn méid chothroim thar théarma an léasa.

## 7. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS CÁILMHEAS

**(a) Cáilmheas**
Cuirtear cáilmheas a eascraíonn ar éadáil fochuideachtaí i láthair ar leithligh ar an gclár comhardaithe. Chun tomhas a dhéanamh ar ch※áilmheasa ag an aitheantas tosaigh a fheiceáil, féach nóta 12 leis na ráitis airgeadais.

**Tomhas ina dhiaidh sin**
Tomhaistear cáilmheas ag an gcostas lúide caillteanais bhearnúcháin charntha. Déantar cáilmheas a thástáil gach bliain i gcomhair bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne nó an aonaid ghiniúna airgid a mhéid in-aisghabhála.

Is é méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonad giniúna airgid a luach in úsáid nó a luach cóir lúide costais le díol, cibé is airde. Agus an luach in úsáid á mheasúnú, déantar na sreafaí airgid todhchaí measta a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha de luach ama an airgid agus de na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn nó an aonad giniúna airgid.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin maidir le cáilmheas sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus ní aisiompaítear iad.

**(b) Lamháltais astaíochtaí**
Taifeadtar lamháltais astaíochtaí a cheannaigh an ESB mar shócmhainní doláimhsithe ag an luach margaidh
ar dháta na heisiúna.

De réir mar a thagann astaíochtaí chun cinn, taifeadtar muirear sa ráiteas ioncaim chun an méid a theastaíonn chun an dliteanas don Údarás a ghlanadh a léiriú. Áirítear ar an soláthar sin luach tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí atá coinnithe, chomh maith le luach margaidh reatha lamháltas breise ar bith eile a theastaíonn chun an oibleagáid a ghlanadh. Cuirtear na lamháltais sin ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, chun an dliteanas le haghaidh astaíochtaí iarbhír $CO_2$ le linn na bliana sin a chumhdach. Dá bhrí sin ní dhéantar lamháltais a choinnítear ag an gcostas mar shócmhainní doláimhsithe a amúchadh toisc go gcoinnítear iad chun an dliteanas astaíochtaí a ghlanadh an bhliain dar gcionn.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)**

**(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile**
Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire agus sócmhainní doláimhsithe faighte eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta faighte eile a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun an tsócmhainn shainiúil a fháil agus a chur in úsáid. Tomhaistear na costais sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, atá measta thar a shaolréanna úsáideacha ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliana |
| Sócmhainní doláimhsithe eile | 20 bliain |

Déantar costais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí inaitheanta agus uathúla arna rialú ag an nGrúpa agus an Máthairchuideachta, agus ar dócha go nginfidh siad sochair eacnamaíocha a sháróidh costais thar bhliain amháin, a aithint mar shócmhainní doláimhsithe. Áirítear costais forbartha bogearraí, fostaithe agus rann cuí forchostas ábhartha ar na costais dhíreacha. Tomhaistear na costais sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, atá measta thar a shaolréanna úsáideacha measta (trí go cúig bliana) ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

## 8. BEARNÚ SÓCMHAINNÍ SEACHAS CÁILMHEAS

Níl sócmhainní ag a bhfuil saolré úsáideach éiginnte faoi réir amúchta agus déantar iad a thástáil le haghaidh bearnúcháin gach bliain. Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta a thástáil le haghaidh bearnúcháin sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an méid tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir sócmhainne lúide costais le díol nó a luach in úsáid, cibé is airde. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (CGU).

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach in úsáid bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena ghiniúint as an tsócmhainn agus tá sé bunaithe ar dhearcadh seachtrach maidir le giniúint cumhachta réamhaisnéise agus praghsanna réamhaisnéise cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme) agus tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnú an mhargaidh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn.

## 9. COSTAIS IASACHTAÍ

Cuirtear costais iasachtaí atá curtha i leith tógáil mórshócmhainní, dá bhfuil sé riachtanach tréimhse shuntasach a chaitheamh lena ndéanamh réidh le húsáid, le costais na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe na n-iasachtaí, go dtí cibé am a bheidh na sócmhainní réidh go hiomlán don úsáid atá beartaithe dóibh. Aithnítear gach costas iasachtaí eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Tá an ráta um chaipitliú a cuireadh i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiachas amuigh an ESB agus, nuair is infheidhme, cuirtear ráta atá sainiúil don tionscadal i bhfeidhm.

## 10. FARDAIL

Déantar fardail a iompar ag an meánchostas nó ag an glanluach inréadaithe, cibé is ísle. Cuimsíonn an costas gach praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha. Tá an glanluach réadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díola lúide costais eile a bhfuiltear ag súil lena dtabhú roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar ar leith le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus ó úsáid nuair is cuí.

## 11. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS

**(a) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**

**Infháltais trádála agus infhháltais eile**
Aithnítear infhháltais trádála agus infhháltais eile i dtosach ag a luach cóir, arb é sin an bhunsuim arna sonrasc de ghnáth, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain lúide an soláthar a rinneadh do bhearnúchán.
Déantar soláthairtí sainiúla sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann, mar shampla, sa chás nach bhfuiltear ábalta íoc as. Déantar soláthar breise ar bhonn punainne chun caillteanais bhreise a thabhaíodh a íoc, bunaithe ar anailís ar chaillteanas a tharla roimhe sin a tugadh chun dáta de réir dhálaí reatha an mhargaidh.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Chun críocha an ráitis ar shreabhadh airgid thirim, áirítear ar an airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim, airgead ar láimh, éarlaisí is iníoctha ar éileamh agus infheistíochtaí ardleachtacha gearrthéarmacha eile lena bhfuil aibíochtaí bunúsacha trí mhí nó níos lú ná sin, lúide rótharraingtí bainc atá iníoctha ar éileamh.

**Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile a thaifeadadh i dtosach ag an luach cóir, arb é sin an bhunsuim arna sonrascadh de ghnáth, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

**Iasachtaí le cuideachtaí an Ghrúpa agus infhháltais uathu**
Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí le Cuideachtaí an Ghrúpa agus infhháltais uathu nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad ar na sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe, ach amháin sna cinn lena bhfuil aibíochtaí níos faide ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a áirítear ar shócmhainní neamhreatha. Cuimsítear iasachtaí agus infhháltais eile laistigh d'infhháltais trádála agus infhháltais eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ag an luach cóir agus ag an gcostas amúchta as sin amach.

**Sócmhainní nó dliteanais airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas**
Is ionann ionstraimí airgeadais a rangaítear mar shócmhainní nó mar dhliteanais ag an luach cóir tríd an ráiteas ioncaim agus ionstraimí airgeadais atá coinnithe lena dtrádáil nó atá ainmnithe ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas ag an dáta tionscanta.

Nuair a aithnítear na sócmhainní sin ar dtús, aithnítear iad ag an luach cóir, agus aithnítear costais idirbheart sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag an luach cóir. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar na sócmhainní airgeadais sin sa bhrabús nó sa chaillteanas de réir mar a eascraíonn siad.

Is iad na hionstraimí a choinnítear i gcomhair trádála na cinn a fhaightear go príomha chun críocha díola sa ghearrthéarma, mar chuid de phunann infheistíochta ar a ndéantar bainistiú le chéile agus áit a mbíonn brabús gearrthéarmach ann.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**
Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthacha chun a neamhchosaint ar mhalairt eachtrach, ráta úis, agus riosca praghsanna tráchtearraí a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh babhtálacha ráta úis, babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha, babhtálacha airgeadra, réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe agus conarthaí tráchtala eile a bhaineann le ceannach breosla agus díol leictreachais.
Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás go ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)**

nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí le comhlíonadh. Dá bhrí sin ní thagann na conarthaí sin faoi scóip IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.

Tugtar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí díorthacha nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí féinúsáide mar dhíorthaigh thrádála agus aithnítear iad ar an gclár comhardaithe ag an luach cóir. Sa chás go bhfuil caidreamh cuntasaíochta fálaithe ainmnithe agus gur cruthaíodh go bhfuil sé éifeachtach, aithneofar na hathruithe ar an luach cóir de réir IAS 39 mar fháluithe sreabhadh airgid nó fáluithe luacha chóir.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra a fhálú. Áirítear gach díorthach den sórt sin ag an luach cóir agus déantar iad a atomhas chuig an luach cóir ar dháta an chláir chomhardaithe. Tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin ainmnithe mar a bheith coinnithe chun críocha fálaithe. Bunaítear ainmniú an chaidrimh um fhálú ar dháta tionscanta an chonartha agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach maidir lena chuspóir a bhaint amach agus gur féidir éifeachtacht an fhálú a thomhas go hiontaofa. Braitheann ionramháil na ngnóthachan agus na gcaillteanas ar atomhas ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus cibé an bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar fhálú luacha chóir nó mar fhálú sreabhaidh airgid.
Déileáiltear le díorthaigh nach cuid iad de na caidrimh fálaithe éifeachtaigh amhail is dá mba rud é go raibh siad coinnithe le haghaidh trádála, agus taifeadtar gach gluaiseacht luacha chóir tríd an ráiteas ioncaim.

**(i) Fáluithe ar an sreabhadh airgid**
Sa chás go bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach ainmnithe mar fhálú ar inathraitheacht i sreafaí airgid de dhliteanas aitheanta, ceangaltas daingean nó idirbheart réamhaisnéise an-dóchúil, aithnítear an chuid éifeachtach de ghnóthachan nó de chaillteanas ar bith ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bíonn aitheantas sócmhainn nó dliteanais neamhairgeadais mar thoradh ar an gceangaltas daingean nó ar an idirbheart réamhaisnéise, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é ar thomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach de ghnóthachan nó caillteanas ar bith sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim fálaithe nó caidreamh fálaithe ach táthar ag súil fós go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, fágtar an gnóthachan nó an caillteanas ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura bhfuil an t-idirbheart fálaithe dóchúil níos mó, aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas carntha neamhréadaithe in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(ii) Fálú glaninfheistíochta in aonán eachtrach**
Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraí glaninfheistíocht in oibríocht eachrach, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ar aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear cion neamhéifeachtach ar bith láithreach sa ráiteas ioncaim.

**(c) Iasachtaí lena mbaineann ús**
Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús i dtosach ag an luach cóir lúide costais idirbhearta inchurtha. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh sonraítear na hiasachtaí sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis ghlain.

**(d) Conarthaí árachais**
Le linn an ghnáthchúrsa gnó, soláthraítear ráthaíochtaí agus bannaí na Máthairchuideachta chuig fochuideachtaí na Máthairchuideachta. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí sin faoi IFRS 4 mar chonarthaí árachais. Sa chás go bhfuiltear ag súil nach ndéanfar éilimh ar bith ar na conarthaí sin, ní dhéantar soláthar ar bith i ráitis airgeadais na Máthairchuideachta. Sa chás go bhfuil éilimh dóchúil, cuirtear an beartas um sholáthairtí (15) i bhfeidhm.

## 12. RANNÍOCAÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR AGUS DEONTAIS CHAIPITIL NEAMH-INAISÍOCTHA

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair agus deontais chaipitil neamh-inaisíoctha a fuarthas suas go dtí 1 Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoileadh ar an ráiteas ioncaim iad ar bhonn comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha.

I ndiaidh chur i bhfeidhm IFRIC 18 - Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, aithnítear ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas i ndiaidh 1 Iúil 2009 (dáta éifeachtach an léirmhínithe) go hiomlán ar chríoch na seirbhísí a fuarthas, sa ráiteas ioncaim.

## 13. STOC CAIPITIL

Tomhaistear aonaid an stoic chaipitil ag an bpraghas ar a n-eisíodh iad i dtosach chuig an Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna agus chuig ESB ESOP Trustee Limited.

## 14. CÁIN IONCAIM

Cuimsíonn cáin ioncaim ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin go dtí an méid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach in ioncam cuimsitheach eile nó i gcothromas.

**(a) Cáin reatha**
Soláthraítear an cháin reatha ag na rátaí reatha agus ríomhtar iad ar bhonn na dtorthaí don tréimhse. Ní áiríonn an speansas cáin ioncaim ar an ráiteas ioncaim cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis na ngnóthas comhfhiontair, toisc go bhfuil sé sin san áireamh laistigh de líne ar leith ar thosach an ráitis ioncaim le haghaidh brabús ó chomhfhiontair.

**(b) Cáin iarchurtha**
Soláthraítear cáin iarchurtha ag baint úsáid as an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe, lena ndéantar soláthar i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais. Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach go dtí an méid a mheasann an Bord go bhfuil sé níos dóchúla go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaí na ndifríochtaí bunúsacha sealadacha a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil lena gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina n-aisiompaítear na difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

## 15. SOLÁTHAIRTÍ

Aithnítear soláthar, má tá oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa, i ngeall ar imeacht san am a chuaigh thart, ar féidir é a mheas go hiontaofa, agus má tá sé dóchúil go dteastóidh eis-sreabhadh de shochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a ghlanadh. Cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid todhchaí ionchais a lascainiú ag ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

**Soláthar le haghaidh dúnadh stáisiún giniúna**
Is ionann an soláthar le haghaidh dúnadh stáisiúin ghiniúna agus luach reatha mheastacháin reatha na gcostas a bhaineann le dúnadh na stáisiún ag deireadh a saolréanna úsáideacha.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le dúnadh na stáisiún go hiomlán ag tosach shaolré na sócmhainne, ach déantar iad a lascainiú ar luachanna reatha ag baint úsáid as ráta saor ó riosca. Déantar na costais a chaipitliú sa mhaoin, gléasra agus trealamh agus déantar iad a dhímheas thar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is cuí. Déantar na leasuithe ar na costais mheasta lascainithe a chaipitliú sna sócmhainní ábhartha agus déantar iad a dhímheas thar an chuid atá fanta de shaolré na sócmhainní ábhartha. De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a sholáthar i dtosach ar bhonn lascainithe, méadaítear an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid an tsoláthair agus an ráta lascaine a bhí i bhfeidhm ar an dáta tomhais deireanach (a thugtar cothrom le dáta gach bliain) agus áirítear é ar an ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an dóigh sin, beidh an soláthar cothrom leis na costais mheasta dúnta ag deireadh shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na stáisiún. Socraítear an caiteachas iarbhír i gcoinne an tsoláthair de réir mar a dhúntar na stáisiúin.
Áirítear an soláthar maidir leis na costais a bhaineann leis na stáisiúin ghiniúna a dhúnadh laistigh de na soláthairtí reatha nó neamhreatha mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

### 16. DEIGHLEOGA OIBRIÚCHÁIN - IFRS 8

Mar thoradh ar an gclár fiachas mórdhíola Eorabhannaí €3 billiún, atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, tá feidhm ag riachtanais um nochtadh IFRS 8 - Deighleoga Oibriúcháin maidir leis an nGrúpa. Sainítear in IFRS 8 an dóigh ar cheart d'aonán faisnéis a nochtadh maidir lena dheighleoga ag baint úsáid as an gcur chuige bainistíochta faoina gcuirtear faisnéis faoi dheighleoga i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear do thuairisciú inmheánach. Rinneadh an fhaisnéis airgeadais maidir le deighleoga ar a ndéanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord, an Príomhchinnteoir Oibriúcháin (COMD) le chéile, athbhreithniú rialta, d'fhonn cinntí a dhéanamh maidir le hacmhainní a leithroinnt agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht a chur i láthair i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

### 17. IONCAM

**(a) Ioncam leictreachais**

Cuimsíonn ioncam luach na ndíolachán a fhaightear ó ghiniúint, ó dháileadh agus ó dhíol leictreachais, mar aon le hearraí agus seirbhísí eile do chustaiméirí lasmuigh den Ghrúpa agus ní áirítear cáin bhreisluacha leis. Áirítear ar ioncam leictreachais luach na n-aonad a sholáthraítear do chustaiméirí idir dáta an léimh mhéadair is déanaí agus an deireadh na tréimhse agus áirítear an meastachán in infháltais trádála agus infháltais eile sa chlár comhardaithe mar ídiú neamhbhilleáilte. Aithnítear ioncam leictreachais ar ídiú leictreachais.

**(b) Ioncam ó chonarthaí**

Aithnítear ioncam ó chonarthaí ar bhonn cionroinnt ama trí thagairt do chéim chríochnaithe an chonartha ar dháta an chláir chomhardaithe.

### 18. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a thabhaítear don Ghrúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

### 19. COSTAIS

**(a) Costais fuinnimh**

Áirítear ar chostais fuinnimh costais dhíreacha breosla (gual agus
gás go príomha), leictreachas ceannaithe, Muirir um Úsáid an Chórais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachas ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Chuaigh an Grúpa isteach i gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha áirithe le haghaidh méideanna seasta. Is féidir leis an nGrúpa méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí atá sa bhreis nó faoi na rátaí margaidh a aisghabháil nó is féidir iad a aisíoc leis an margadh faoin tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)

**(b) Costais oibriúcháin agus chothabhála eile**

Baineann costais oibriúcháin agus chothabhálaeile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadal, costais conraitheoirí agus costais forais. Aithnítear na costais sin sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(c) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar éarlaisí bainc, ar a ngearrtar ús ag na rátaí úis éarlaise atá i bhfeidhm.

Cuimsíonn na costais airgeadais caiteachas úis ar iasachtaí, leachtú na lascaine ar sholáthairtí, muirir mhaoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais luacha chóir ar ionstraimí airgeadais nach gcáilíonn le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, caillteanais ar ionstraimí fálaithe a aithnítear ar an ráiteas ioncaim agus athrangú na méideanna a aithníodh roimhe in ioncam cuimsitheach eile.

### 20. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

D'úsáid an Grúpa an téarma eisceachtúil chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe ar gá, i dtuairim an lucht bainistíochta, iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méide nó a dteagmhais, nó i ngeall go ndearbhaítear go bhfuil gnóthachain agus caillteanais áirithe de chineál neamhfhillteach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar mhíreanna eisceachtúla costais maidir le hathstruchtúrú, bearnúcháin shuntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha ar mheastacháin agus costais aonuaire sa chás go bhfuil aitheantas ar leithligh tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa ar fáil i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

### 21. DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

**(a) Dliteanais athstruchtúraithe**

Tá sochair i dtaca le foirceannadh deonach iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord an ESB agus Foireann Ceardchumainn agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí iomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair sin. Aithníonn an Grúpa na sochair foirceanta nuair atá sé tiomanta go follasach gan an fhéidearthacht réadúil go dtarraingeofaí as, do phlean mionsonraithe foirmiúil an fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó sochair foirceanta a chur ar fáil mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le fostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh.

Aithnítear sochair foirceanta le haghaidh iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas nuair atá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa agus nuair a glacadh leis an tairiscint. Déantar gnáth-shochair foirceanta nach bhfuil cumhdaithe faoin gcomhaontú réamhluaite a chlárú mar chaiteachas nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a aistarraingt a thuilleadh nó nuair a aithníonn an Grúpa na costais as athstruchtúrú, cibé acu a tharlaíonn níos luaithe. Déantar sochair a bhfuiltear ag súil lena socrú níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a lascainiú go dtí an luach reatha. Ní dhéantar soláthar i leith caillteanais oibriúcháin todhchaí.

**(b) Dliteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe**

Aithnítear na costais a bhaineann le saoire agus bónais nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís lena méadaítear a dteidlíocht i leith neamhláithreachtaí cúitithe amach anseo.




# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)


### 22. OIBLEAGÁIDÍ PINSIN

Feidhmíonn cuideachtaí an Ghrúpa scéimeanna pinsean éagsúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, a maoinítear trí íocaíochta le cistí arna riar ag iontaobhaithe. Is éard is scéim ranníocaíochtaí sainithe ann scéim pinsean faoina n-íocann an Grúpa ranníocaíochtaí seasta isteach i gciste ar leith ach sa chás nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar bith ag an nGrúpa ranníocaíochtaí ar bith eile a íoc mura bhfuil go leor acmhainní sa chiste chun na sochair a bhaineann le seirbhís na bhfostaithe a íoc le gach ball den scéim sna tréimhsí reatha nó roimhe sin. Is éard is scéim sochair shainithe ann scéim pinsean nach scéim ranníocaíochtaí sainithe í.

**Scéimeanna pinsean i bPoblacht na hÉireann**

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean, ar a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB (an Scéim) (ar a dtugtaí Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe an ESB roimhe seo) agus Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe an ESB.

Déantar pinsin do thromlach na bhfostaithe sa ghnó leictreachais a mhaoiniú trí scéim pinsin ranníocach ar a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB. Dílsítear an ciste in iontaobhaithe a ainmníonn an ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Tá an Scéim cláraithe mar Scéim Sochair Shainithe leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear an Scéim. Déantar na sochair iníoctha a dhearbhú faoi threoir na samhla pinsean, Meantuilleamh Athluacháilte Gairme (CARE) maidir le sochair a thuilleamh i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar an tuarastal deiridh roimhe seo). Níl oibleagáid dhlíthiúil ar bith ar an ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choinneáil sa chás go bhfuil easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta an ESB a athrú gan chomhaontú an ESB agus faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar an Chuideachta faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe, agus Achtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh.

De réir an Chomhaontuithe Pinsean 2010 (arna fhaomhadh ag na fostaithe i mí Iúil 2010 agus arna dhaingniú ag Bord an ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), d'aontaigh an ESB go ndéanfaidís instealladh airgid aonuaire sa Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, agus a raibh luach aontaithe €591 milliún aige chun criche achtúireacha amhail an 1 Eanáir 2010. Níor athraíodh na rátaí seasta ranníocaíochta don fhostóir ná do na fostaithe. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le duine úr ar bith dul isteach sa Scéim.

Dearbhaíodh na hoibleagáidí don Scéim atá léirithe i ráitis airgeadais an ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaí. Ag cur san áireamh nach gnáth-Scéim DB "comhardú costas" an scéim (ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), ní mór a bheith stuama maidir leis na hoibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, mar a luadh thuas, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl oibleagáid ar bith ar an ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid ranníocaíochta breise €591 milliún na Cuideachta (ar ndearnadh tiomantas ina leith mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010). Dá bhrí sin, chinn an ESB gur cheart do na ráitis airgeadais a oibleagáidí don Scéim a léiriú, ina gcuimsítear an méid seo a leanas:
a) tá méid ar bith atá fágtha le híoc i ndáil leis an ranníocaíocht aonuaire a aontaíodh de bhun Chomhaontaithe 2010 (€591 milliún in airgead 2010 le híoc thar roinnt blianta)
b) gealltanais a bhí déanta cheana maidir le seirbhís san am a chuaigh thart (luach reatha na ranníocaíochtaí comhaontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010), agus
c) Iarchláir Théarfa Dheonacha (VS) - d'aithin an Chuideachta in 2010 go bhfuil tiomantas sa todhchaí ann maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi iarchláir Théarfa Dheonacha. Déanfaidh an ESB ranníocaíochtaí pinsean i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear iad sin ag an luach cóir.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas le 16.4%) sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear méideanna ar bith nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanas ar an gclár comhardaithe.

Is scéim ranníocaíochtaí sainithe í Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe an ESB agus tugtar cuntas ar ranníocaíochtaí leis an scéim ar bhunús ranníocaíochta sainithe agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra ar an ioncam sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéimeanna pinsean i dTuaisceart Éireann**

Feidhmíonn Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks), ar fochuideachta í atá faoi lán-úinéireacht an Ghrúpa, scéim sochair shainithe maidir le gach fostaí incháilithe. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáid sochair shainithe NIE Networks ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus déantar í a lascainiú ag ráta a roghnaítear trí thagairt a dhéanamh don ráta toraidh reatha atá ag bannaí corparáideacha ardchaighdeáin atá cothrom leis na dliteanais de réir airgeadra agus téarma. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean ag an luach cóir. Faightear luachálacha iomlána achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus tugtar cothrom le dáta iad go bliantúil ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha go hiomlán sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe ar an ráiteas ioncaim thar na tréimhsí a bhain leas as seirbhís na bhfostaithe. Aithnítear costais seirbhíse san am a chuaigh thart lena n-áirítear caillteanais ghiorrúcháin sa ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Áirítear an t-ioncam úis ó shócmhainní scéim pinsean agus caiteachas úis ar dhliteanais scéim pinsean laistigh den ghlanchostas airgeadais.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**2. TUAIRISCIÚ AR DHEIGHLEOGA**

Mar thoradh ar fhiachas a thrádáiltear go poiblí a bheith eisithe aige, cuimsítear an Grúpa laistigh de scóip IFRS 8 - Deighleoga Oibriúcháin, agus tá an nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais seo.

Chun críocha bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe ina cheithre phríomhdheighleog intuairiscithe, ar rannáin straitéiseacha an Ghrúpa iad atá á mbainistiú ar leithligh agus cuirtear faisnéis bhainistíochta inmheánach maidir leo ar fáil don Fhoireann Feidhmiúcháin agus don Bhord, a dtagraítear dóibh le chéile mar Phríomhchinnteoir Oibriúcháin an Ghrúpa. Tugann trí rannán chorparáideacha eile tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhrannáin oibriúcháin an Ghrúpa agus luaitear le chéile mar Dheighleoga Eile san fhaisnéis thíos iad.

Tá cur síos déanta ar phríomhdheighleoga intuairiscithe an Ghrúpa mar a leanas:

**(a) Tá Electric Ireland** ar cheann de na príomhsholáthróirí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus chuaigh sé isteach sa mhargadh baile i dTuaisceart Éireann in 2015. Tá scair shuntasach ag Electric Ireland den mhargadh neamhbhaile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Faightear ioncaim go príomha ó leictreachas a dhíol le custaiméirí.

**(b) Baineann ESB Networks** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú an ghréasáin dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an ghréasáin tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Gnólacht rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) trí tháillí Úsáidte Córais atá iníoctha ag gineadóirí agus soláthraithe leictreachais. Tá sé imfhálaithe trína rialú trí ghnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

**(c) Cuimsíonn na Margaí Giniúna agus Mórdhíola** gnólachtaí giniúna agus infheistíochta idirnáisiúnta ar fud an Ghrúpa. Laistigh den deighleog gnólachta seo, feidhmíonn an Grúpa stáisiúin chumhachta agus feirmeacha gaoithe i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

**(b) Baineann Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú an ghréasáin dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an ghréasáin tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann. Faigheann NIE Networks a ioncam den chuid is mó ó tháillí a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais maidir le húsáid na gcóras dáileacháin agus ó tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí tarchurtha a bhailítear ó Oibritheoir an Chórais i dTuaisceart Éireann (SONI).

**(e) Áirítear ar Dheighleoga Eile** torthaí soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Tá na deighleoga seo á rialú le rialachán, agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil idirbhearta idir deighleoga oibriúcháin ar neamhthuilleamaí, ar socrú é sin atá cosúil le hidirbheart le tríú páirtithe. Áirítear ar an deighleog seo freisin formhór chostais mhaoinithe an Ghrúpa, toisc go ndéantar tromlach ghníomhaíocht an Chisteáin go lárnach. Ní dhéantar costais airgeadais a ghearradh ar dheighleoga oibriúcháin eile arís.

Rinneadh Nuáil a bhunú chun deiseanna infheistíochtaí úra a chomhordú agus díriú orthu chun gnó úr a fhorbairt agus a fhás i gcomhthéacs timpeallacht atá ag athrú. Oibríonn an deighleog seo taobh le croí-dheighleoga oibriúcháin an Ghrúpa. Tá sé beartaithe de réir mar a aithneofar deiseanna gnó agus de réir mar a éireoidh siad inmharthana, aistreofar iad chuig an gcroí-dheighleog oibriúcháin ábhartha. Tuairiscítear Nuáil chuig CODM mar chomhchuid ar leith laistigh de Dheighleoga Eile.

Déanann CODM monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh d'fhonn acmhainní a leithdháileadh idir deighleoga agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht na ndeighleog a luacháil bunaithe ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na ndeighleog chuig CODM.

**Ioncam de réir an táirge**

Déantar deighleoga intuairiscithe a roinnt de réir an chineáil ioncaim táirge a thuilltear. Cuimsíonn ioncaim Electric Ireland ioncam ó leictreachas agus gás a dhíol le custaiméirí. Tá ioncam an ghnó Margaí Giniúna agus Mórdhíola ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá áirithe laistigh de Dheighleoga Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)**

**(a) Ráiteas Ioncaim**

**(i) Ioncam deighleoige - 2015**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 2,095,907 | 407,880 | 472,241 | 279,630 | 79,743 | - | **3,335,401** |
| Ioncam idir-dheighleog | 4,418 | 546,172 | 936,479 | 21,672 | 198,558 | (1,707,299) | **-** |
| **Ioncam** | 2,100,325 | 954,052 | 1,408,720 | 301,302 | 278,301 | (1,707,299) | **3,335,401** |
| **(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2015** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (8,288) | (365,361) | (206,227) | (147,697) | (17,105) | - | **(744,678)** |
| Costais oibriúcháin eile | (2,047,985) | (335,015) | (961,122) | (105,336) | (242,140) | 1,707,299 | **(1,984,299)** |
| Muirear bearnúcháin (mír eisceachtúil) | - | - | (104,237) | - | - | - | **(104,237)** |
| **(iii) Toradh oibriúcháin 2015** | | | | | | | |
| Brabús oibriúcháin (lena n-áirítear mír eisceachtúil) | 44,052 | 286,644 | 137,079 | 48,269 | 15,086 | - | **531,130** |
| Glanchostas airgeadais | (149) | (665) | (29,528) | (57,557) | (127,189) | - | **(215,088)** |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (179) | - | (8,997) | - | **(9,176)** |
| **Brabús / (caillteanas) roimh cháin** | 43,903 | 285,979 | 107,372 | (9,288) | (121,100) | - | **306,866** |

**(i) Ioncam deighleoige - 2014**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 2,052,897 | 463,001 | 423,246 | 256,921 | 61,889 | - | 3,257,954 |
| Ioncam idir-dheighleog | 3,806 | 496,900 | 1,026,650 | 23,359 | 197,799 | (1,748,514) | - |
| **Ioncam** | 2,056,703 | 959,901 | 1,449,896 | 280,280 | 259,688 | (1,748,514) | 3,257,954 |
| **(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2014** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (8,608) | (357,649) | (220,527) | (130,082) | (13,928) | - | (730,794) |
| Costais oibriúcháin eile | (1,984,142) | (342,473) | (1,063,797) | (94,398) | (223,967) | 1,748,514 | (1,960,263) |
| Muirear bearnúcháin | - | - | (50,147) | - | - | - | (50,147) |
| **(iii) Toradh oibriúcháin 2014** | | | | | | | |
| Míreanna eisceachtúla (nóta 4) | - | - | 38,395 | - | 93,700 | - | 132,095 |
| Brabús oibriúcháin (lena n-áirítear míreanna eisceachtúla) | 63,953 | 292,785 | 162,190 | 55,800 | 109,357 | - | 684,085 |
| Glanchostas airgeadais | (1,132) | (1,293) | (35,044) | (50,607) | (379,908) | - | (467,984) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (326) | - | (1,028) | - | (1,354) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh cháin** | 62,821 | 291,492 | 126,820 | 5,193 | (271,579) | - | 214,747 |

[1] Áirítear le deighleog NIE Networks dímheas ar ardú luacha chóir arna aithint le héadáil NIE Networks.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)

### (b) Nochtadh eile

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní neamh-reatha breise (cé is móite d'éadálacha)** | | |
| Electric Ireland | **10,895** | 8,129 |
| ESB Networks | **494,477** | 447,859 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **175,965** | 340,398 |
| NIE Networks | **134,977** | 102,057 |
| Deighleoga Eile | **56,659** | 61,195 |
| **Iomlán** | **872,973** | 959,638 |

Áirítear le sócmhainní neamh-reatha breise (gan éadálacha) infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (cé is móite de liúntais d'astuithe) agus sócmhainní airgeadais.

## 3. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

### (a) Sócmhainní neamh-reatha de réir suímh gheografaigh

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **7,767,937** | 7,738,533 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **3,717,022** | 3,520,201 |
| An chuid eile den domhan | **24,566** | 19,441 |
| **Iomlán** | **11,509,525** | 11,278,175 |

Ciallaíonn sócmhainní neamh-reatha, chun na críche seo, maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, cáilmheas, infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainní airgeadais agus infháltais trádála agus infháltais eile. Eisítear ionstraimí airgeadais dhíorthaigh, sócmhainní cánach iarchurtha agus sócmhainní pinsean.

### (b) Ioncam seachtrach de réir an mhargaidh gheografaigh

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,792,331** | 2,720,517 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **528,051** | 515,738 |
| An chuid eile den domhan | **15,019** | 21,699 |
| **Iomlán** | **3,335,401** | 3,257,954 |

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Cuireann an Grúpa míreanna áirithe i láthair ar leithligh ar mhíreanna neamhghnácha de bhua a méide agus a minicíochta iad, i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí lárnacha leanúnacha. Tá an cur i láthair seo déanta sa ráiteas ioncaim chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht ghnó bhunúsach an Ghrúpa. Úsáideann an Grúpa a bhreithiúnas agus measúnú á dhéanamh aige ar na míreanna áirithe ar chóir iad a nochtadh mar mhíreanna eisceachtúla.

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Muirir bhearnúcháin (taifeadtear muirear bearnúcháin 2014 sna costais oibriúcháin (nóta 6)) | **(104,237)** | - |
| Gnóthachan luacha chóir (neamh-airgid) ar chailleadh rialaithe fochuideachta | **-** | 93,700 |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | 38,395 |
| **Iomlán** | **(104,237)** | 132,095 |

**Muirir bhearnúcháin**

Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - ordaítear le Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an méid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir sócmhainne lúide na costais lena dhiúscairt, nó a luach in úsáid, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach in úsáid trí Ghlanluach Reatha (NPV) na sreafaí airgid thirim sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Thug na táscairí seo a leanas an spreagadh le hathbhreithnithe bearnúcháin a dhéanamh ar stáisiúin ghiniúna áirithe.

- Tionchar an bhrú leanúnach anuas ar chorrlaigh leictreachais mórdhíola sa Bhreatain Mhór (GB) (spréach-raonta difríochta agus ioncam acmhainne) ar stáisiún cumhachta Corby (Corby)
- An laghdú ar oibriú stáisiún cumhachta Chúil Chaorach (Coolkeeragh)





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA (ar lean)

**Muirir bhearnúcháin (ar lean)**

Stáisiún Tuirbíní Gáis Comh-thimthrialla (CCGT) 350MW sa Bhreatain Mhór is ea Corby atá á oibriú go rathúil ag an ESB trí Chomhaontú Oibríochtaí agus Cothabhála (O&M) óna dháta coimisiúnaithe in 1994. Ar dtús ba é 20% scairshealbhú an ESB in Corby agus méadaíodh é sin go 50% in 2000 tar éis ceann de na scairshealbhóirí bunaidh scor den ghnó. Ba é E.ON a choimeád an sciar eile de 50%, cuideachta a bhfuil comhaontú dola fadtéarmach aici le Corby.

Le linn na tréimhse 2001 - 2010, d'oibrigh an ESB an stáisiún go rathúil ar aon dul leis an gcomhaontú dola. I mí na Bealtaine 2011, cheannaigh an ESB an sciar 50% a bhí ag E.ON in Corby agus sannadh an comhaontú dola don ESB mar chuid den idirbheart. D'íoc an ESB glanchomaoin de Stg£34 milliún ar sciar 50% E.ON.

Taifeadadh muirear bearnúcháin €31.2 milliún (Stg£24 milliún) i gcostais oibriúcháin in 2014 (nóta 6) i ndáil le Corby de dheasca athruithe diúltacha ar chuar réamh-mheasta na Breataine Móire maidir le praghas leictreachais mhórdhíola agus de thoradh nár éirigh go rathúil le Corby sa cheant acmhainne in 2014. Lean leis an meath sa chuar in 2015 agus theip ar Corby conradh acmhainne inghlactha a fháil i gceant acmhainne na Breataine Móire, agus dá bhri sin rinneadh athbhreithniú bearnúcháin eile. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo tógadh muirear bearnúcháin d'fhuilleach iomlán an luacha tugtha anonn €57.8 milliún (Stg£41 milliún) agus aithnítear é sa dheighleog Margaí Giniúna agus Mórdhíola. Ba ráta réamhchánach 5.7% é an ráta lascaine iarbhír chun na sreafa airgid leis an nglanluach reatha (NPV) a aimsiú (2014: 6.0%). Tá na hinsreafaí airgid bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin, agus ar phraghsanna ceant acmhainne réamh-mheasta. Tá na heis-sreafaí airgid i ndáil le caiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna faomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach agus ar an sreabhadh airgid.

Tuirbín gáis comh-thimthrialla (CCGT) 400 MW is ea Cúil Chaorach i dTuaisceart Éireann arna choimisiúnú i Meitheamh 2005. Idir 2005 agus 2006 aithníodh muirear bearnúcháin €50.0 milliún i ndáil le Cúil Chaorach. Tháinig an bearnúchán seo chun cinn mar gheall ar laghdú i bhfeidhmíocht theicniúil an ghléasra. Tá slándáil an chórais á cur ar fáil ag Cúil Chaorach i dTuaisceart Éireann faoi láthair, ach in ainneoin sin, tá laghdú ar a reáchtálann sé sa Mhargadh Aonair Leictreachais. Is é is cúis leis an laghdú ná go bhfuil fuinneamh a ghintear ó theicneolaíochtaí eile níos tíosaí, agus go bhfuil roinnt gléasra gáis, cosúil le Cúil Chaorach, atá in SEM freisin agus san iomaíocht le haghaidh reáchtáil. Mar thoradh ar an reáchtáil laghdaithe seo, rinneadh athbhreithniú bearnúcháin inar aithníodh muirear bearnúcháin €46.4 milliún (Stg£33 milliún) sa bhliain reatha i ndeighleog Mhargaí Giniúna agus Mórdhíola. Is é €59.0 milliún (Stg£42 milliún) fuilleach an luacha tugtha anonn. Ba ráta réamhchánach 5.7% é an ráta lascaine iarbhír chun na sreafa airgid leis an nglanluach reatha (NPV) a aimsiú. Tá na hinsreafaí airgid bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin. Tá na heis-sreafaí airgid i ndáil le caiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna faomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach agus ar an sreabhadh airgid.

**Gnóthachan ar thiontú fochuideachta go hinstitiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm uirthi**

Chuir an ESB tús le líonra ardchumais Chábla Snáthoptaice go hÁitreabh a sheachadadh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí i suíomhanna roghnaithe uirbeacha ar fud Phoblacht na hÉireann trí chomhaontú comhfhiontair nuálaíoch le Vodafone Ireland Limited. Thosaigh an comhfhiontar ag rolladh amach an líonra snáithín ar fud na hÉireann trí mheán sainchuspóireach, SIRO Limited (SIRO) (Evolve Structuring Services Limited roimhe sin). B'fhochuideachta 100% de chuid an ESB í SIRO roimh chomhaontú an chomhfhiontair. Ghnóthaigh Vodafone leas 50% in SIRO ag dáta chomhaontú an chomhfhiontair, agus tharla eachtra caillte rialaithe don ESB. In 2014 rinne an Grúpa fuílleach a infheistíochta cothromais 50% a thaifeadadh ag luach cóir, ónar tháinig gnóthachan neamhairgid arbh fhiú €93.7 milliún é (déantar tagairt do nóta 13 i gcomhair tuilleadh sonraí).

**Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Thug an ESB díol a leasa chun críche 30 Aibreán 2014 in Bizkaia Energia SL agus i bhfochuideachta ESBI Facility Management España SL ar leis an nGrúpa 100% di le cleamhnaí de chuid ArcLight Capital Partners, LLC.

B'ionann an brabús ar dhiúscairt scairsheilbh an ESB in Bizkaia Energia SL agus ESBI Facility Management España SL, agus €38.4 milliún, arbh é na fáltais a fuarthas lúide luach tugtha anonn na hinfheistíochta amhail an lá díola, caiteachais díola dhírigh, cúlchiste aistriúcháin ghaolmhar agus cúlmhéideanna fálaithe de shreabhadh airgid arna n-athaicmiú nuair a dhíoltar iad.

## 5. IONCAM / (SPEANSAIS) OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | **590** | (1,283) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí[1] | **6,852** | - |
| Gnóthachan ag eascairt as díolachán lamháltais astaíochtaí | **-** | 9,838 |
| Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair | **32,222** | 32,222 |
| Díbhinní a fuarthas | **-** | 574 |
| Gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní arna dtomhas ar luach chóir trí bhrabús agus chaillteanas (nóta 13) [2] | **(2,847)** | (6,111) |
| Caillteanas ar chomhdhlúthú na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu[3] | **(7,874)** | - |
| **Iomlán** | **28,943** | 35,240 |

[1] Baineann an brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí le díol feirmeacha gaoithe in Airvolution ar áiríodh €26.1 milliún de i maoin, gléasra agus trealamh (nóta 10).

[2] Baineann na gluaiseachtaí luacha chóir sna blianta 2015 agus 2014 le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí i bhfiontair in-athnuaite i seilbh Novusmodus, arna sonrú i nóta 13.

[3] Féach ar nóta 13 le haghaidh tuilleadh eolais maidir le tiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (LENA N-ÁIRÍTEAR MUIREAR BEARNÚCHÁIN)

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 8) | **421,192** | 413,662 |
| Costais bhreosla | **653,667** | 796,822 |
| Costais eile a bhaineann le leictreachas | **434,732** | 298,404 |
| Oibríochtaí agus cothabháil | **474,708** | 451,375 |
| Muirir bhearnúcháin (nótaí 10 / 11) | **104,237** | 50,147 |
| Dímheas agus amúchadh (nótaí 10 / 11) | **744,678** | 730,794 |
| **Iomlán** | **2,833,214** | 2,741,204 |

Curtha san áireamh i gcostais bhreosla tá muirear arbh fhiú €nialas é (2014: gnóthachain €3.2 milliún) a bhaineann le gluaiseacht luach cóir na mbabhtálacha tráchtearraí breosla nár sainíodh mar fháluithe ar an sreabhadh airgid.

## 7. GLANCHOSTAS AIRGEADAIS AGUS MUIRIR MHAOINITHE EILE

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí | **259,583** | 247,039 |
| Lúide ús caipitlithe | **(52,626)** | (48,047) |
| **Glan-ús ar iasachtaí** | **206,957** | 198,992 |
| | | |
| **Muirir mhaoinithe:** | | |
| - ar scéim pinsean NIE Networks (nóta 21) | **5,651** | 4,283 |
| - ar scéim pinsean an ESB (nóta 22) | **30,788** | 34,686 |
| - ar dhliteanais a bhaineann le fostaithe (nóta 22) | **1,190** | 2,372 |
| - ar chostais dúnta stáisiúin chumhachta (nóta 25) | **1,568** | 2,947 |
| - ar sholáthairtí eile (nóta 25) | **462** | 930 |
| **Iomlán na muirear maoinithe** | **39,659** | 45,218 |
| | | |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais:** | | |
| - babhtálacha airgeadra/ráta úis: fáluithe ar an sreabhadh airgid, aistriú ó Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI) | **7,722** | 7,470 |
| - babhtálacha ráta úis agus babhtálacha boilsciú-nasctha nach gcáilíonn do chuntasaíocht fhálaithe | **(37,958)** | 217,427 |
| - conarthaí malairte eachtraí nach gcáilíonn do chuntasaíocht fhálaithe | **2** | (3) |
| **Iomlán na gcaillteanas / (gnóthachan) luacha chóir ar ionstraimí airgeadais** | **(30,234)** | 224,894 |
| | | |
| **Costas airgeadais** | **216,382** | 469,104 |
| **Ioncam airgeadais** | **(1,294)** | (1,120) |
| **Glanchostas airgeadais** | **215,088** | 467,984 |

Ríomhtar na muirir mhaoinithe i leith soláthairtí i gcomhréir leis an mbeartas um lascainiú oibleagáidí íocaíochta sa todhchaí.

Chomh maith leis na suimeanna a aistríodh ón ioncam cuimsitheach eile maidir le babhtálacha ráta úis agus conarthaí malairte eachtraí a nochtadh thuas, tá €63.7 milliún breise (2014: €87.0 milliún) aistrithe ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid chuig glanchostas airgeadais agus muirir mhaoinithe eile i rith na bliana. Déantar na méideanna sin a fhritháireamh go hiomlán, áfach, ag gluaiseachtaí in aistriú na n-iasachtaí bunúsacha d'airgeadra eachtrach fálaithe ag na rátaí malairte a bhí i réim.

In 2014, chomhaontaigh an Grúpa agus a bhainc chontrapháirtithe athstruchtúrú ar a bhabhtálacha boilsciú-nasctha, lena n-áirítear leasuithe ar roinnt dá dtéarmaí criticiúla. Áiríodh leis na hathruithe sin síneadh ama le tréimhse éigeantach scoir na mbabhtálacha ó 2015 go 2022, chomh maith le socrú láithreach in 2014 ar íocaíochtaí faibhriúcháin (dlite le híoc sa bhliain 2015 roimhe sin), leasuithe ar ghné ráta úis seasta na mbabhtálacha, agus méadú i líon na gcontrapháirtithe babhtálacha. Tá tuilleadh íocaíochtaí faibhriúcháin sceidealaithe le tarlú gach cúig bliana, ag tosú sa bhliain 2018, agus an faibhriúchán atá fágtha le híoc ar aibíocht. Mar thoradh ar na hathruithe seo, b'ionann agus €95.7 milliún na híocaíochtaí faibhriúcháin a rinneadh ar na babhtálacha in 2014.
D'eascair gluaiseachtaí dearfacha luacha chóir arbh fhiú €29.8 milliún iad ar na babhtálacha boilsciú-nasctha in 2015 (2014: gluaiseachtaí diúltacha luacha chóir €244.9 milliún). Aithníodh iad sin laistigh de chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, mar nach raibh cuntasaíocht fhálaithe ar fáil do na hionstraimí seo.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 8. FOSTAITHE

**GRÚPA**

**(a) Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2015<br>Líon | 2014<br>Líon |
|---|---|---|
| Electric Ireland | **346** | 313 |
| ESB Networks | **3,204** | 3,120 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **973** | 983 |
| NIE Networks | **1,208** | 1,254 |
| Deighleoga Eile | **1,574** | 1,479 |
| **Iomlán** | **7,305** | 7,149 |

**(b) Costais fostaí i rith na bliana**

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)** | | |
| Tuarastail | **455,758** | 435,195 |
| Ragobair | **36,730** | 34,379 |
| Costais leasa shóisialaigh | **33,753** | 31,292 |
| Sochair phárolla eile[1] | **32,203** | 28,619 |
| | **558,444** | 529,485 |
| | | |
| Párolla caipitlithe | **(191,652)** | (173,225) |
| **Glanchostas párolla maidir le fostaithe** | **366,792** | 356,260 |
| | | |
| **(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Scaoilchostas – clár téarfa NIE Networks | **-** | 3,144 |
| Muirear pinsean – scéimeanna eile[2] | **44,127** | 42,031 |
| Muirear do scéim pinsin NIE Networks[3] | **10,273** | 12,227 |
| | **54,400** | 57,402 |
| | | |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **421,192** | 413,662 |

1 Is iad costais taistil agus cothabhála agus fabhruithe maidir le hiarmhéideanna saoire ag deireadh na bliana a áirítear leis na sochair seo den chuid is mó.

2 Áirítear leis an muirear pinsin le scéimeanna eile ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe an ESB, Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB (ar a dtugtaí Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe an ESB roimhe seo) agus an roinn 'Options' de Scéim NIE Networks.

3 Ní bhaineann muirear scéim pinsin NIE Networks ach amháin leis an roinn 'Focus' sa Northern Ireland Electricity Scheme (an Scéim NIE Networks). Féach nóta 21 le haghaidh tuilleadh sonraí.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**8. FOSTAITHE (ar lean)**

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

**(a) Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochta gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2015 Líon | 2014 Líon |
|---|---|---|
| Electric Ireland | **283** | 225 |
| ESB Networks | **3,204** | 3,120 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **626** | 624 |
| Deighleoga Eile | **850** | 806 |
| **Iomlán** | **4,963** | 4,775 |

**(b) Costais fostaí i rith na bliana**

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan pinsean a áireamh)** | | |
| Tuarastail | **321,526** | 306,182 |
| Ragobair | **29,808** | 28,504 |
| Costais leasa shóisialaigh | **20,722** | 19,259 |
| Sochair phárolla eile[1] | **20,933** | 19,032 |
| | **392,989** | 372,977 |
| Párolla caipitlithe | **(134,146)** | (124,335) |
| **Glanchostas párolla maidir le fostaithe** | **258,843** | 248,642 |
| **(c) Pinsean agus costais eile um shochar fostaí** | | |
| Muirear pinsin[2] | **31,697** | 30,933 |
| **Iomlán na gcostas maidir le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **290,540** | 279,575 |

[1] Is iad costais taistil agus cothabhála agus fabhruithe maidir le hiarmhéideanna saoire ag deireadh na bliana a áirítear leis na sochair seo den chuid is mó

[2] Áirítear leis an muirear pinsin le scéimeanna eile ranníocaíochtaí chuig Scéim Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe an ESB agus chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB (ar a dtugtaí Scéim Aoisliúntais Ghinearálta Fostaithe an ESB roimhe seo).

**9. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS**

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Luaitear an brabús don bhliain airgeadais tar éis gearradh/(cur chun sochair): | | |
| Dímheas agus amúchadh | **744,678** | 730,794 |
| Muirear bearnúcháin[1] | **104,237** | 50,147 |
| Muirir léas oibriúcháin | **13,940** | 10,851 |
| Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair[2] | **(32,222)** | (32,222) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | **(590)** | (8,555) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus sócmhainní doláimhsithe | **(6,852)** | (38,395) |
| Gnóthachan luacha chóir (neamh-airgid) ar chailleadh rialaithe fochuideachta | **-** | (93,700) |
| Caillteanas ar chomhdhlúthú institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | **7,874** | - |
| **Luach saothair an iniúchóra:** | | |
| - Iniúchadh ar ráitis airgeadais aonair agus Ghrúpa[3] | **320** | 320 |
| - Seirbhísí dearbhaithe eile | **290** | 290 |
| - Seirbhísí comhairleacha cánach (aonáin Mháthairchuideachta agus NIE Networks amháin) | **36** | 23 |
| - Seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile | **67** | 164 |
| - Seirbhísí iniúchóireachta NIE Networks agus dearbhaithe eile[4] | **104** | 106 |
| **Luach saothair chomhaltaí Boird an ESB (Máthairchuideachta):** | | |
| - Táillí | **142** | 216 |
| - Luach saothair eile | **359** | 359 |

[1] Muirear bearnúcháin (nótaí 10 / 11)
[2] Áirítear amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile €32.2 milliún agus ioncam iarchurtha eile €25.3 milliún laistigh de nóta 24 faoi ioncam iarchurtha agus deontais rialtais.
[3] €180,000 (2014: €180,000) bainteach leis an Máthairchuideachta.
[4] €104,000 (2014: €106,000) bainteach le haonáin NIE Networks arna n-iniúchadh ag EY.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**10. MAOIN, GLÉASRA & TREALAMH**

| **GRÚPA** | Talamh agus foirgnimh € '000 | Gléasra agus innealra € '000 | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € '000 | Sócmhainní á dtógáil € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 1,161,523 | 14,846,597 | 16,008,120 | 1,129,110 | **17,137,230** |
| Breisithe | 392 | 180,240 | 180,632 | 732,576 | **913,208** |
| Scoir/diúscairtí | (99) | (5,953) | (6,052) | - | **(6,052)** |
| Aistriú sócmhainní arna sealbhú le díol arís | 146 | 435,137 | 435,283 | - | **435,283** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 17,646 | 303,209 | 320,855 | (320,855) | **-** |
| Aistrithe chuig institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (3,409) | **(3,409)** |
| Aistrithe ó/(chuig) sócmhainní doláimhsithe | - | 82 | 82 | (1,160) | **(1,078)** |
| Difríochtaí aistrithe | 593 | 273,984 | 274,577 | 36,142 | **310,719** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 1,180,201 | 16,033,296 | 17,213,497 | 1,572,404 | **18,785,901** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 1,180,201 | 16,033,296 | 17,213,497 | 1,572,404 | **18,785,901** |
| Breisithe | 100 | 235,367 | 235,467 | 579,058 | **814,525** |
| Scoir/diúscairtí | (1,299) | (12,329) | (13,628) | (26,164) | **(39,792)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 21,865 | 429,977 | 451,842 | (451,842) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (31,604) | **(31,604)** |
| Difríochtaí aistrithe | 552 | 258,393 | 258,945 | 40,258 | **299,203** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 1,201,419 | 16,944,704 | 18,146,123 | 1,682,110 | **19,828,233** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 636,876 | 6,343,391 | 6,980,267 | - | **6,980,267** |
| Muirear don bhliain | 23,234 | 673,921 | 697,155 | - | **697,155** |
| Scoir/diúscairtí | (59) | (5,549) | (5,608) | - | **(5,608)** |
| Aistrithe chuig sócmhainní arna sealbhú le díol arís | 59 | 270,251 | 270,310 | - | **270,310** |
| Bearnúchán | - | 31,246 | 31,246 | - | **31,246** |
| Aistrithe ó/(chuig) sócmhainní doláimhsithe | - | (82) | (82) | - | **(82)** |
| Difríocht aistrithe | 134 | 95,893 | 96,027 | - | **96,027** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 660,244 | 7,409,071 | 8,069,315 | - | **8,069,315** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 660,244 | 7,409,071 | 8,069,315 | - | **8,069,315** |
| Muirear don bhliain | 21,317 | 685,050 | 706,367 | - | **706,367** |
| Scoir/diúscairtí | (642) | (11,985) | (12,627) | - | **(12,627)** |
| Bearnúchán | - | 104,237 | 104,237 | - | **104,237** |
| Difríocht aistrithe | 126 | 87,979 | 88,105 | - | **88,105** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 681,045 | 8,274,352 | 8,955,397 | - | **8,955,397** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | **520,374** | **8,670,352** | **9,190,726** | **1,682,110** | **10,872,836** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2014** | 519,957 | 8,624,225 | 9,144,182 | 1,572,404 | **10,716,586** |
| **Leabharluach glan an 1 Eanáir 2014** | 524,647 | 8,503,206 | 9,027,853 | 1,129,110 | **10,156,963** |

I rith na bliana rinne an Grúpa €52.6 milliún d'ús a chaipitliú (2014: €48.0 milliún) i sócmhainní á dtógáil, ag baint úsáide as ráta úis éifeachtach de 4.7% (2014: 4.9%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa an 31 Nollaig 2015 ná €88.0 milliún (2014: €89.2 milliún).

Áirítear maoin, gléasra agus trealamh ar leabharluach glan €nialais amhail an 31 Nollaig 2015 leis an méid thuas ar chostas €3,613.9 million (2014: €3,173.1 milliún).

Baineann scor/diúscairtí sna blianta 2015 agus 2014 araon den chuid is mó le deireadh a chur le sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán, chomh maith le diúscairt feirmeacha gaoithe forbarthacha ó shócmhainní á dtógáil in 2015 (féach nóta 5).

**Muirir bhearnúcháin**

Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a nocht táscairí bearnúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir an luach in úsáid agus a nglanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2015.

Chuathas i mbun athbhreithniú ar ghléasra CCGT Corby thall sa Bhreatain Mhór agus ar ghléasra CCGT Chúil Chaorach i dTuaisceart Éireann ag deireadh na bliana. Aithníodh muirear bearnúcháin sna ráiteas ioncaim arbh fhiú €57.8 milliún (2014: €31.2 milliún) i ndáil le Corby agus €46.4 milliún i ndáil le Cúil Chaorach. Is é €nialas fuilleach an luacha tugtha anonn do Corby agus €59.0 milliún maidir le Cuil Chaorach.

Féach ar nóta 4 le haghaidh tuilleadh eolais faoi na muirir bhearnúcháin thuas.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Talamh agus foirgnimh € '000 | Gléasra agus innealra € '000 | Sócmhainní iomlána i gcoimisiún € '000 | Sócmhainní á dtógáil € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 1,128,260 | 11,259,834 | 12,388,094 | 743,789 | **13,131,883** |
| Breisithe | 382 | 78,526 | 78,908 | 425,248 | **504,156** |
| Scoir/diúscairtí | (99) | (5,463) | (5,562) | - | **(5,562)** |
| Aistriú sócmhainní arna sealbhú le díol arís | 146 | 435,137 | 435,283 | - | **435,283** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 17,646 | 293,414 | 311,060 | (311,060) | **-** |
| Aistrithe chuig institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (3,409) | **(3,409)** |
| Aistrithe chuig / (ó) sócmhainní doláimhsithe | - | 82 | 82 | (1,142) | **(1,060)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 1,146,335 | 12,061,530 | 13,207,865 | 853,426 | **14,061,291** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 1,146,335 | 12,061,530 | 13,207,865 | 853,426 | **14,061,291** |
| Breisithe | 92 | 98,562 | 98,654 | 439,155 | **537,809** |
| Scoir/diúscairtí | (1,054) | (12,329) | (13,383) | - | **(13,383)** |
| Aistrithe amach as sócmhainní á dtógáil | 21,082 | 386,664 | 407,746 | (407,746) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | (27,645) | **(27,645)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 1,166,455 | 12,534,427 | 13,700,882 | 857,190 | **14,558,072** |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 633,477 | 5,630,294 | 6,263,771 | - | **6,263,771** |
| Muirear don bhliain | 20,720 | 454,134 | 474,854 | - | **474,854** |
| Scoir/diúscairtí | (59) | (5,276) | (5,335) | - | **(5,335)** |
| Aistriú sócmhainní arna sealbhú le díol arís | 59 | 270,251 | 270,310 | - | **270,310** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | (82) | (82) | - | **(82)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 654,197 | 6,349,321 | 7,003,518 | | **7,003,518** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 654,197 | 6,349,321 | 7,003,518 | - | **7,003,518** |
| Muirear don bhliain | 17,920 | 446,844 | 464,764 | - | **464,764** |
| Scoir/diúscairtí | (481) | (11,985) | (12,466) | - | **(12,466)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 671,636 | 6,784,180 | 7,455,816 | - | **7,455,816** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | **494,819** | **5,750,247** | **6,245,066** | **857,190** | **7,102,256** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2014** | 492,138 | 5,712,209 | 6,204,347 | 853,426 | **7,057,773** |
| **Leabharluach glan an 1 Eanáir 2014** | 494,783 | 5,629,540 | 6,124,323 | 743,789 | **6,868,112** |

I rith na bliana rinne an Mháthairchuideachta €22.2 milliún d'ús a chaipitliú (2014: €23.7 milliún) i sócmhainní á dtógáil, ag baint úsáide as ráta úis éifeachtach de 4.2% (2014: 4.2%).

Is é luach tugtha anonn na sócmhainní neamh-in-dímheasa an 31 Nollaig 2015 ná €82.3 milliún (2014: €83.8 milliún).

Áirítear maoin, gléasra agus trealamh ar leabharluach glan €nialais amhail an 31 Nollaig 2015 leis an méid thuas ar chostas €2,992.4 milliún (2014: €2,868.1 milliún).

Baineann scor/diúscairtí sna blianta 2015 agus 2014 araon den chuid is mó le deireadh a chur le sócmhainní a bhí dímheasta go hiomlán.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| GRÚPA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000 | Lamháltais astaíochtaí € '000 | Bogearraí arna bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 550,570 | 60,241 | 22,783 | **633,594** |
| Breisithe bogearraí | 9,590 | - | 13,296 | **22,886** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 52,842 | - | **52,842** |
| Bearnú astaíochtaí | - | (5,113) | - | **(5,113)** |
| Diúscairtí bogearraí | (1,395) | - | - | **(1,395)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (58,014) | - | **(58,014)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 10,857 | - | (10,857) | **-** |
| Aistrithe (chuig) / ó mhaoin, gléasra agus trealamh | (82) | - | 1,160 | **1,078** |
| Difríochtaí aistrithe | 11,758 | 67 | 191 | **12,016** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 581,298 | 50,023 | 26,573 | **657,894** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 581,298 | 50,023 | 26,573 | **657,894** |
| Breisithe bogearraí | 12,076 | - | 33,306 | **45,382** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 32,153 | - | **32,153** |
| Diúscairtí bogearraí | (332) | - | - | **(332)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (50,213) | - | **(50,213)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 26,153 | - | (26,153) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 31,604 | - | - | **31,604** |
| Difríochtaí aistrithe | 11,133 | - | 27 | **11,160** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 661,932 | 31,963 | 33,753 | **727,648** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 395,229 | - | - | **395,229** |
| Muirear don bhliain | 33,639 | - | - | **33,639** |
| Scoir/diúscairtí | (124) | - | - | **(124)** |
| Bearnúchán | 18,901 | - | - | **18,901** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 82 | - | - | **82** |
| Difríochtaí aistrithe | 6,507 | - | - | **6,507** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 454,234 | - | - | **454,234** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 454,234 | - | - | **454,234** |
| Muirear don bhliain | 38,311 | - | - | **38,311** |
| Scoir/diúscairtí | (56) | - | - | **(56)** |
| Difríochtaí aistrithe | 7,419 | - | - | **7,419** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 499,908 | - | - | **499,908** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | **162,024** | **31,963** | **33,753** | **227,740** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2014** | 127,064 | 50,023 | 26,573 | **203,660** |
| **Leabharluach glan an 1 Eanáir 2014** | 155,341 | 60,241 | 22,783 | **238,365** |

Áirítear le costais bhogearraí sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach agus a ceannaíodh go seachtrach. Is iad na sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach is cúis leis an gcuid is mó de na costais sin, áfach.

Áirítear leis na sócmhainní doláimhsithe eile naisc ghreille agus sócmhainní eile um fhorbairt feirme gaoithe.

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain dár gcionn.

Gearrtar amúchadh na sócmhainní doláimhsithe chun dochair sa ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**Muirear bearnúcháin**

I gcaitheamh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 is amhlaidh a bhain bearnúchán €18.9 milliún le sócmhainní doláimhsithe eile ag éirí as éadáil fheirm ghaoithe fheidhmeach an Ghrúpa, feirm ghaoithe Iarthar Durham sa Bhreatain Mhór. D'eascair an bearnúchán sin as athruithe diúltacha do chuar réamh-mheasta na Breataine Móire do Phraghas an Leictreachais Mhórdhíola agus as laghdú i dtáirgeachta na gaoithe le hais an cháis ghnó bhunaidh. Ríomhadh an bearnúchán trí chomparáid a dhéanamh idir glanluach reatha na sreafa airgid amach anseo agus glanluach leabhar na feirme gaoithe amhail 31 Nollaig 2014. Ba ráta réamhchánach 5% é an ráta lascaine iarbhír a cuireadh chun feidhme i leith na sreafa airgid chun an glanluach reatha a aimsiú.

**11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile € '000 | Lamháltais astaíochtaí € '000 | Bogearraí arna bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 402,533 | 53,390 | 15,269 | **471,192** |
| Breisithe bogearraí | 9,344 | - | 12,714 | **22,058** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 46,426 | - | **46,426** |
| Bearnú astaíochtaí | - | (4,204) | - | **(4,204)** |
| Diúscairtí bogearraí | (195) | - | - | **(195)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (45,507) | - | **(45,507)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 2,811 | - | (2,811) | **-** |
| Aistrithe (chuig) / ó mhaoin, gléasra agus trealamh | (82) | - | 1,142 | **1,060** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 414,411 | 50,105 | 26,314 | **490,830** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 414,411 | 50,105 | 26,314 | **490,830** |
| Breisithe bogearraí | 8,556 | - | 30,806 | **39,362** |
| Ceannach astaíochtaí | - | 21,402 | - | **21,402** |
| Diúscairtí bogearraí | (567) | - | - | **(567)** |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | (39,462) | - | **(39,462)** |
| Aistrithe amach as bogearraí arna bhforbairt | 25,879 | - | (25,879) | **-** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 27,645 | - | - | **27,645** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 475,924 | 32,045 | 31,241 | **539,210** |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 332,722 | - | - | **332,722** |
| | | - | - | |
| Muirear don bhliain | 20,584 | - | - | **20,584** |
| Scoir/diúscairtí | (124) | - | - | **(124)** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 82 | - | - | **82** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 353,264 | - | - | **353,264** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 353,264 | - | - | **353,264** |
| Muirear don bhliain | 26,617 | - | - | **26,617** |
| Scoir/diúscairtí | (57) | - | - | **(57)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 379,824 | - | - | **379,824** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2015** | **96,100** | **32,045** | **31,241** | **159,386** |
| **Leabharluach glan an 31 Nollaig 2014** | 61,147 | 50,105 | 26,314 | **137,566** |
| **Leabharluach glan an 1 Eanáir 2014** | 69,811 | 53,390 | 15,269 | **138,470** |

Áirítear le costais bhogearraí sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach agus a ceannaíodh go seachtrach. Is iad na sócmhainní a forbraíodh go hinmheánach is cúis leis an gcuid is mó de na costais sin, áfach.

Áirítear leis na sócmhainní doláimhsithe eile naisc ghreille agus sócmhainní eile um fhorbairt feirme gaoithe.

Ní amúchtar lamháltais astaíochtaí mar go mbíonn siad i seilbh lena socrú an bhliain dár gcionn.

Gearrtar amúchadh na sócmhainní doláimhsithe chun dochair sa ráiteas ioncaim mar chuid de chostais oibriúcháin.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**12. CÁILMHEAS**

| | € '000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 182,013 |
| Difríochtaí aistrithe | 12,814 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 194,827 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 194,827 |
| Difríochtaí aistrithe | 11,932 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **206,759** |

Aithníodh an cáilmheas i ndáil le héadáil NIE Nollaig i mí na Nollag 2010, a bhaineann le luach cóir an toraidh ionchais ar infheistíocht amach anseo i mBonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) ghnó NIE Networks. Déantar athbhreithniú ar cháilmheas go bliantúil i mí na Nollag maidir le bearnú, trí mheasúnú a dhéanamh ar shuim in-aisghabhála na hinfheistíochta, bunaithe ar a luach le linn fónaimh.

Cuireadh an tástáil bhliantúil bhearnúcháin ar cháilmheas i gcrích i mí na Nollag 2015 i gcomhréir le IAS 36. Measadh nach raibh aon laghdú ar luach an cháilmheasa ag teastáil.

Ríomhann an Grúpa an luach le linn fónaimh ag baint úsáide as samhail sreabhaidh airgid lascainithe 20 bliain, agus críochluach bunaithe ar RAB, a fhreagraíonn do shaolré fónaimh ionchais an bhoinn bhunsócmhainní. Déantar an sreabhadh airgid amach anseo a choigeartú do rioscaí a bhaineann leis an infheistíocht agus déantar iad a lascainiú ag úsáid ráta lascaine réamhchánach de 6.9% (2014: 6.9%).

Tá an ráta lascaine a úsáideadh ina phríomh-spreagthóir luachála agus cinneadh an ráta trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe (WACC) iomchuí a chur le chéile do NIE Networks agus trí chomparadóirí ábhartha a thagarmharcáil. I measc táscairí tábhachtacha eile áirítear boilsciú agus toimhdí rialála. Fuarthas na rátaí boilscithe fadtéarmacha a úsáideadh ón UK Office of Budget Responsibility (Oifig um Fhreagracht Buiséid na Ríochta Aontaithe), agus tá siad bunaithe faoi láthair ar ráta fadtéarmach 2.75%. Déantar toimhdí i ndáil leis an toradh rialála i bhfianaise cinntí rialála roimhe sin sa Ríocht Aontaithe.

Eochair-fhachtóirí nuair a bhíonn luach an cháilmheasa á mheasúnú is iad na leibhéil ionchas i leith caiteachais chaipitiúil sa todhchaí agus oiriúnacht an toraidh a cheadaítear ar an RAB. Comhaontaítear an dá cheann leis an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann (NIAUR) mar chuid den athbhreithniú Praghais Rialála. Creideann an lucht bainistíochta ar dháta na tástála bearnaithe nach raibh aon athruithe réasúnta féideartha ar na heochairtháscairí luachála, a bheadh ina gcúis le luach tugtha anonn na hinfheistíochta a bheith ní ba mhó ná an tsuim in-aisghabhála.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| GRÚPA | Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € '000 | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | - | 49,359 | **49,359** |
| Breisithe | 916 | 19,737 | **20,653** |
| Aistrithe chuig SIRO Limited | 2,891 | - | **2,891** |
| Aistrithe ó mhaoin, gléasra agus trealamh (chuig SIRO Limited) | 3,409 | - | **3,409** |
| Diúscairtí | - | (3,894) | **(3,894)** |
| Aistrithe chuig suimeanna iníoctha eile | (98) | - | **(98)** |
| Sciar de chaillteanais | (1,354) | - | **(1,354)** |
| Gluaiseacht luacha chóir - aistriú chuig an ráiteas ioncaim (nóta 5) | - | (6,111) | **(6,111)** |
| Tiontú fochuideachta go hinstitiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm uirthi (nóta 4) | 93,700 | - | **93,700** |
| Difríochtaí aistrithe | - | 4,547 | **4,547** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 99,464 | 63,638 | **163,102** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 99,464 | 63,638 | **163,102** |
| Breisithe | 4,178 | 8,888 | **13,066** |
| Aistrithe chuig suimeanna iníoctha eile | 803 | - | **803** |
| Sciar de chaillteanais | (9,176) | - | **(9,176)** |
| Gluaiseacht luacha chóir ar fháluithe sreabhaidh airgid | (902) | - | **(902)** |
| Gluaiseacht luacha chóir - aistriú chuig an ráiteas ioncaim (nóta 5) | - | (2,847) | **(2,847)** |
| Comhdhlúthú institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | - | (10,905) | **(10,905)** |
| Difríochtaí aistrithe | 483 | 3,789 | **4,272** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **94,850** | **62,563** | **157,413** |

**Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Baineann an ghluaiseacht luacha chóir ar fháluithe sreabhaidh airgid d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le díorthaigh arna seilbh in Raheenleagh Power Limited, a bhí ainmnithe mar chaidrimh fhálaithe sreabhaidh airgid sna haonáin sin.

Baineann difríochtaí aistrithe i gcomhair institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le Tilbury Green Power Holdings Limited ós sa Bhreatain Mhór atá an chuideachta seo lonnaithe agus is é steirling a hairgeadra feidhmiúil.

| Ainm na cuideachta | Tír | **Sealúchas amhail 31 Nollaig 2015 % scairchaipitil faoi úinéireacht** | Sealúchas amhail 31 December 2014 % scairchaipitil faoi úinéireacht |
|---|---|---|---|
| Oweninny Power Limited[1] | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Emerald Bridge Fibres Limited[1] | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| SIRO Limited (Evolve Structuring Services Limited roimhe sin) | Poblacht na hÉireann | **50** | 50 |
| Raheenleagh Power Limited | Poblacht na hÉireann | **50** | - |
| Kingspan ESB Limited | An Bhreatain Mhór | **50** | - |
| Tilbury Green Power Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **47** | - |

[1] Bhí na hinfheistíochtaí in Oweninny Power Limited agus in Emerald Bridge Fibres Limited arna sealbhú ag €nialas amhail an 31 Nollaig 2015.

**SIRO Limited (Evolve Structuring Services Limited roimhe sin)**
Comhshocrú neamhliostaithe is ea SIRO atá faoi chomhrialú an Ghrúpa agus ina bhfuil 50% leas úinéireachta ag an nGrúpa. Bhunaigh an Grúpa SIRO agus thóg Vodafone Ireland Limited leas ann de 50% i mí na Samhna 2014.

Thóg Vodafone a chuid scaireanna in SIRO de bhun Shocrú Comhfhiontair (JVA) arna chur i gcrích ag an dá pháirtí.

Rinneadh SIRO a struchtúrú mar mheán ar leith, faoi chomhrialú an Ghrúpa agus Vodafone Ireland Limited agus tá leas iarmharach ag an nGrúpa i nglansócmhainní na cuideachta. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in SIRO rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi. Tá tiomantas tugtha ag an ESB cistiú caipitil a sholáthar do SIRO arb ionann é agus €85 milliún sna chéad chúig bliana eile.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

**Tilbury Green Power Holdings Limited (Tilbury)**
I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, chuaigh an Grúpa i mbun comhpháirtíochta 47% in Tilbury, comhshocrú a rinneadh le Green Investment Bank (47%) agus an cuibhreannas EPC / O&M (6.0%). Is é an cuspóir leis an gcomhshocrú seo gléasra bithmhaise a thógáil agus a oibriú sa Bhreatain Mhór

Is é €47.2 milliún an tsuim a infheistíodh in Tilbury go dtí seo, dá bhfuil €2.4 milliún curtha ar aghaidh mar chothromas agus €44.8 milliún mar iasachtaí scairshealbhóirí.

Tá Tilbury deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais na meán. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Tilbury rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi mar tá leas iarmharach ag an nGrúpa i nglansócmhainní an tsocraithe.

Chuaigh an Grúpa i mbun socrú 15 bliana le Tilbury le cumhacht fhisiciúil, deimhnithe oibleagáidí inathnuaite agus deimhnithe díolúine tobhach a cheannach ón ngléasra. Braitheann na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh seo ar tháirgeadh iarbhír na cumhachta.

**Raheenleagh Power Limited (Raheenleagh)**
I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, chuaigh an Grúpa i mbun comhpháirtíochta 50% in Raheenleagh, comhshocrú a rinneadh le Coillte Teoranta. Is é an cuspóir leis an gcomhshocrú seo feirm gaoithe 35 MW a thógáil agus a oibriú i bPoblacht na hÉireann. Is é €5.6 milliún an tsuim a infheistíodh in Raheenleagh go dtí seo, dá bhfuil €1.8 milliún curtha ar aghaidh mar chothromas agus €3.8 milliún mar iasachtaí scairshealbhóirí.

Tá Raheenleagh deighilte go dlíthiúil ó na páirtithe agus ní thugtar dóibh leis an bhfoirm dhlíthiúil ná leis an socrú conartha aon chearta díreacha ar shócmhainní agus dliteanais na meán. Dá bhrí sin, tá leas an Ghrúpa in Raheenleagh rangaithe mar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi mar tá leas iarmharach ag an dá pháirtí i nglansócmhainní an tsocraithe.

Chuaigh an Grúpa i mbun socrú 15 bliana le Raheenleagh le cumhacht fhisiciúil a cheannach ón bhfeirm gaoithe. Braitheann na híocaíochtaí a dhéantar faoin gconradh seo ar tháirgeadh iarbhír na cumhachta.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 13. INFHEISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (ar lean)

Is mar seo a leanas atá sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, sócmhainní reatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncam agus speansais a bhaineann lena leasanna sna hinstitiúidí infheistiúcháin sin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu:

| Ráiteas coimrithe ar ioncam | SIRO Limited 2015 €'000 | 2014 €'000 | Tilbury Green Power Holdings Limited 2015 €'000 | 2014 €'000 | Institiúidí infheistiúcháin eile ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu[1] 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | **20** | - | **-** | - | **-** | - |
| Caillteanas | **(16,730)** | (1,071) | **-** | - | **(1,622)** | (1,636) |
| **Sciar chaillteanais an Ghrúpa** | **(8,365)** | (536) | **-** | - | **(811)** | (818) |

| Coimriú ar an gclár comhardaithe | 2015 €'000 | 2014 €'000 | 2015 €'000 | 2014 €'000 | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | **71,426** | 99,930 | **-** | - | **361** | - |
| Sócmhainní reatha | **5,549** | 65 | **95,307** | - | **-** | - |
| Sócmhainní neamhreatha | **129,475** | 108,949 | **6,192** | - | **27,033** | - |
| Dliteanais reatha | **(23,345)** | (10,016) | **-** | - | **(25,712)** | - |
| Dliteanais neamhreatha | **-** | - | **(95,307)** | - | **-** | - |
| **Glansócmhainní** | **183,105** | 198,928 | **6,192** | - | **1,682** | - |

Réiteach na suimeanna thuas leis an infheistíocht aitheanta sa chlár comhardaithe:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leas cothromais an Ghrúpa** | **50%** | 50% | **47%** | - | **50%** | 50% |
| **Glansócmhainní** | **183,105** | 198,928 | **6,192** | - | **1,682** | - |
| Sciar an Grúpa | **91,553** | 99,464 | **2,910** | - | **841** | - |
| Coigeartuithe eile | **(454)** | - | **-** | - | **-** | - |
| **Luach tugtha anonn leas cothromais an Ghrúpa** | **91,099** | 99,464 | **2,910** | - | **841** | - |

[1] In 2015, áirítear le hinstitiúidí infheistiúcháin eile ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu Emerald Bridge Fibres Limited, Oweninny Power Limited agus Raheenleagh Power Limited. In 2014, bhí Emerald Bridge Fibres Limited agus Oweninny Power Limited ina measc.

**Leasanna i sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag luach cóir trí bhrabús agus caillteanas**
Tá gnó caipitil fiontair, Novusmodus, in úinéireacht an Ghrúpa, ar gnó é ina bhfuil caipiteal síl infheistithe in aonáin teicneolaíochta éiritheacha. Déantar na hinfheistíochtaí sin a bhainistiú ar mhaithe le toradh infheistíochta amháin agus iompraítear mar sin iad ag luach cóir tríd an ráiteas ioncaim. Níl aon sócmhainn airgeadais arna sealbhú ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas á rialú ag an ESB. Áirítear leis na breisithe infheistíochtaí i líon cuideachtaí fuinnimh ghlain agus cuideachtaí teicneolaíochta nua agus infheistíocht bhreise freisin i gciste fuinnimh ghlain VantagePoint. Rinneadh luacháil chóir ar na hinfheistíochtaí sin ag deireadh na bliana agus aistríodh an ghluaiseacht chuig an ráiteas ioncaim. Baineann na gluaiseachtaí luacha chóir sna blianta 2015 agus 2014 go príomha le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí áirithe sa chiste.

D'fhéadfadh páirtnéirí an Ghrúpa sa chiste VantagePoint glaoch air amhail an 31 Nollaig 2015 le hinfheistíocht bhreise €0.4 milliún a dhéanamh sa chiste (2014: €0.8 milliún).

**Tiontú Geothermal International Limited ina fhochuideachta iomlán.**
I rith na bliana, ghnóthaigh an ESB scairshealbhú iomlán Geothermal International Limited agus dá bhrí sin tiontaíodh an infheistíocht sócmhainní airgeadais lena mbaineann ina fhochuideachta iomlán. Ba é €10.9 milliún luach tugtha anonn infheistíocht an Ghrúpa ag dáta an tsealbhaithe agus aithníodh caillteanas €7.9 milliún sa ráiteas ioncaim ar thiontú ina fhochuideachta iomlán (nóta 5).

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu €'000 | Gnóthais fochuideachta €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014 | - | 61,782 |
| Aistriú chuig SIRO Limited | 2,891 | - |
| Aistriú ó mhaoin, gléasra agus trealamh (chuig SIRO Limited) | 3,409 | - |
| Tiontú SIRO Limited ó fhochuideachta go hinstitiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm uirthi (nóta 4) | 93,700 | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 100,000 | 61,782 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 100,000 | 61,782 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **100,000** | **61,782** |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 14. FARDAIL

| | GRÚPA 2015 €'000 | 2014 €'000 | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ábhair | **29,489** | 20,262 | **8,630** | 4,255 |
| Breosla | **67,181** | 58,576 | **58,213** | 49,719 |
| **Iomlán** | **96,670** | 78,838 | **66,843** | 53,974 |

B'ionann na fardail a ídíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015 agus €123.7 milliún (2014: €137.1 milliún). Níor aithníodh aon bhearnú fardail i rith na bliana (2014: €nialas).

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | GRÚPA 2015 €'000 | 2014 €'000 | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Infháltais reatha** | | | | |
| Infháltais leictreachais miondíola - billeáilte | **89,881** | 88,933 | **67,140** | 66,690 |
| Infháltais leictreachais miondíola - neamhbhilleáilte | **187,853** | 205,484 | **140,462** | 156,627 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais miondíola | **277,734** | 294,417 | **207,602** | 223,317 |
| Infháltais a bhaineann le linn SEM | **54,882** | 74,485 | **32,087** | 49,839 |
| Infháltais Úsáide Córais (lena n-áirítear neamhbhilleáilte) | **212,527** | 207,848 | **38,377** | 38,502 |
| Infháltais leictreachais eile | **38,082** | 106,552 | **28,316** | 84,660 |
| Iomlán na n-infháltas leictreachais | **583,225** | 683,302 | **306,382** | 396,318 |
| Infháltais trádála - neamh-leictreachais | **58,683** | 37,521 | **11,024** | 9,788 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **16,218** | 9,549 | **-** | - |
| Infháltais eile | **56,706** | 47,638 | **7,271** | 19,995 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **2,836,676** | 2,574,643 |
| Réamhíocaíochtaí | **36,345** | 31,513 | **19,670** | 16,990 |
| **Iomlán** | **751,177** | 809,523 | **3,181,023** | 3,017,734 |

| | GRÚPA 2015 €'000 | 2014 €'000 | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Infháltais neamhreatha** | | | | |
| Méideanna dlite ó ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **44,777** | - | **-** | - |

**Riosca creidmheasa mórdhíola agus miondíola**
Is féidir infháltais trádála agus infháltais eile a roinnt ina gcustaiméirí deiridh leictreachais mhiondíola (billeáilte agus neamhbhilleáilte), infháltais a bhaineann le linn an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM), infháltais Úsáide Córais, agus infháltais eile (neamh-leictreachais).

Tá uas-nochtadh creidmheasa an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig leagtha amach ar leathanach 122. Tá réamhíocaíochtaí de €36.3 milliún (2014: €31.5 milliún) eisiata ón anailís toisc nach mbraitear aon nochtadh creidmheasa a bheith ann maidir leo siúd. I gcás na Máthairchuideachta, eisítear ó na hiarmhéideanna sonraithe freisin méideanna dlite ó fhochuideachtaí de €2,836.7 milliún (2014: €2,574.6 milliún).

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

| | GRÚPA 2015 | | | GRÚPA 2014 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhála €'000 | Soláthairtí bearnaithe €'000 | Glanmhéid infhála €'000 | Ollmhéid infhála €'000 | Soláthairtí bearnaithe €'000 | Glanmhéid infhála €'000 |
| Méideanna nach bhfuil dlite thar téarma | **662,145** | **-** | **662,145** | 706,854 | - | 706,854 |
| Dlite thar téarma < 30 lá | **57,416** | **(842)** | **56,574** | 30,288 | (513) | 29,775 |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | **35,179** | **(6,785)** | **28,394** | 30,015 | (3,311) | 26,704 |
| Dlite thar téarma > 120 lá | **24,479** | **(20,846)** | **3,633** | 29,459 | (23,125) | 6,334 |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | **35,927** | **(27,064)** | **8,863** | 39,259 | (30,916) | 8,343 |
| **Iomlán** | **815,146** | **(55,537)** | **759,609** | 835,875 | (57,865) | 778,010 |

| | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2015 | | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA 2014 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhála € '000 | Soláthairtí bearnaithe € '000 | Glanmhéid infhála € '000 | Ollmhéid infhála €'000 | Soláthairtí bearnaithe €'000 | Glanmhéid infhála €'000 |
| Méideanna nach bhfuil dlite thar téarma | **269,089** | **-** | **269,089** | 401,369 | - | 401,369 |
| Dlite thar téarma < 30 lá | **39,324** | **(670)** | **38,654** | 6,366 | (331) | 6,035 |
| Dlite thar téarma 30 - 120 lá | **18,021** | **(1,533)** | **16,488** | 19,941 | (2,280) | 17,661 |
| Dlite thar téarma > 120 lá | **20,569** | **(20,420)** | **149** | 23,282 | (23,125) | 157 |
| Dlite thar téarma níos mó ná bliain | **22,919** | **(22,622)** | **297** | 27,002 | (26,123) | 879 |
| **Iomlán** | **369,922** | **(45,245)** | **324,677** | 477,960 | (51,859) | 426,101 |

Ní mheasann lucht Bainistíochta go mbeidh aon chaillteanas suntasach maidir le hinfháltais nach ndearnadh soláthar dóibh mar atá léirithe thuas. Mar a mhínítear thíos, ní bhearnaítear méideanna atá thar téarma, lena n-áirítear méideanna atá thar téarma níos mó ná bliain, ach amháin sa mhéid a bhfuil fianaise ann nach mbeidh siad in-aisghabhála ar deireadh. Déantar an chuid is mó den soláthar bearnaithe ar bhonn comhchoiteann seachas sainiúil agus ríomhtar í ar bhunús leibhéal an riosca creidmheasa a bhraitear i ndáil leis na bun-iarmhéideanna. Is é seo a leanas an ghluaiseacht sa lamháltas do bhearnú maidir le hinfháltais trádála i rith na bliana:

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | 2015 € '000 | 2014 € '000 | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **57,865** | 51,427 | **51,859** | 45,802 |
| Caillteanas bearnaithe aitheanta | **22,807** | 24,350 | **17,560** | 23,016 |
| Soláthar a úsáideadh | **(25,135)** | (17,912) | **(24,174)** | (16,959) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **55,537** | 57,865 | **45,245** | 51,859 |

**Infháltais leictreachais mhiondíola**

Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, cúlbhannaí cuí a bheith ann agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa, méid agus fad an fhiachais. Baineann an riosca is mó in Electric Ireland le cuntais mhiondíola leictreachais a dúnadh agus atá i riaráiste. Anuas air sin, féadfaidh custaiméirí áirithe, i bhfianaise méadú na hiomaíochta, soláthraithe a athrú sula nglanann siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), i gcomhair le gach cuideachta soláthair leictreachais, ag déanamh iarrachta teacht ar réiteach ar an bhfeiniméan seo (ar a dtugtar 'debt hopping'). Déantar na cuntais sin a bhainistiú laistigh de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa trí mheascán de leanúint inmheánach fiachais, úsáid gníomhaireachtaí bailiúcháin fiachais agus caingean dlí nuair is gá, lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Tá an beartas soláthair do bhearnú maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola bunaithe ar thaithí stairiúil ar fhiachais a dhíscríobhadh. Is féidir soláthar a dhéanamh i dtaobh iarmhéideanna faoi leith sa chás go bhfuil fianaise díospóide ann nó easpa cumais an fiachas a shocrú. Déantar soláthar breise ar bhunús punainne chun caillteanais ionchais a chlúdach bunaithe ar anailís ar chaillteanais roimhe seo agus ar mheasúnú ar thionchar coinníollacha eacnamaíocha agus saincheisteanna faoi leith an tionscail. Ní dhéantar soláthar nuair atá socruithe oiriúnacha aisíocaíochta i bhfeidhm agus nuair atá fianaise ann gur féidir iarmhéideanna a aisghabháil ar deireadh, d'ainneoin go bhféadfadh na hiarmhéideanna sin a bheith i riaráiste go trom. Bíonn cúlbhannaí arna sealbhú i bhfoirm éarlaisí slándála ar chuntais chustaiméirí nua. Ba é €102,000 an t-iarmhéid miondíola billeáilte aonair ba mhó gan íoc amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: €224,000).

Tá rialuithe maidir le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna a sonrascadh. In 2015, bhí soláthar de €55.5 milliún i gceist le hinfháltais leictreachais ag deireadh na bliana (2014: €57.8 milliún). Ba é €104,000 an méid aonair custaiméara ba mhó a díscríobhadh le linn na bliana (2014: €272,000) a bhain le cuideachta a leachtaíodh. Baineann infháltais mhiondíola leictreachais le Poblacht na hÉireann den chuid is mó, agus baineann 5% (2014: 6%) le hioncam ó Thuaisceart Éireann.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ar thomhaltas nach bhfuil sonrasctha go fóill.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Infháltais linn SEM**

Déantar riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le linn SEM a bhainistiú ag na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais tríd an linn SEM. Tá na feidhmeanna sin go léir imfhálaithe óna chéile agus tá na freagrachtaí roinnte idir feidhmeanna na cúloifige, na hoifige láir agus na hoifige tosaigh. Tá an fheidhm Cúloifige Trádála freagrach as custaiméirí a shonrascadh agus as gach cuntas infhála a chothabháil. Is í féilire glanta cuntas SEM a rialaíonn na téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim SEM.

**Infháltais Úsáid Córais**

Is é atá i gceist le hioncam ó Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann ná ioncam ó Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS), ioncam ó Úsáid Tarchurtha Córais (TUoS) agus táillí Oibriúcháin agus Cothabhála (O&M) i leith gineadóirí atá nasctha leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 25 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS agus déantar ioncam ceadaithe an Úinéara Sócmhainne Tarchurtha (TAO) a shonrascadh do EirGrid thar 12 ghála mhíosúla, agus bíonn gach sonrasc dlite 36 lá gnó tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc maidir le 158 gineadóir le linn 2015 i leith táillí oibriúcháin agus cothabhála. Is é 20 lá gnó na téarmaí creidmheasa maidir leis na sonraisc sin.

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-Chomhaontú DUoS a d'fhaomh an Coimisiún um Rialú Fuinnimh (CER) an 1 Lúnasa 2002 a agairt. Foráiltear leis an gcuid seo go gcaithfidh gach soláthraí urrús a chur ar fáil. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dóibh clárú leis an gcomhaontú DUoS. Ní mór do na soláthraithe uile urrús a sholáthar de réir chuid 7.2. Déantar riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú trí na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm, mar atá leagtha síos i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DuOS, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. I gcás mainneachtana soláthraí, de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, tá cumhdach urrúis i bhfeidhm do gach soláthraí.

I gcás mainneachtana soláthraí, de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, déantar riosca creidmheasa TUoS a bhainistiú trí na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Rialaítear nósanna imeachta maidir le EirGrid a bheith ag íoc ioncam TUoS atá dlite do ESB Networks mar TAO tríd an gComhaontú Bonneagair idir EirGrid agus an ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe as a stuaim féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá go leor dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Meastar dá réir sin go bhfuil an riosca creidmheasa íseal maidir le hinfháltais TUoS. Ba é €41.1 milliún an méid a bhí dlite maidir le hioncam TUoS amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: €41.9 milliún), arb é sin an t-iarmhéid infhála Úsáide Córais is mó i bPoblacht na hÉireann. Fuarthas an méid seo tar éis dheireadh na bliana.

Maidir leis an ngnó Líonraí i dTuaisceart Éireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir i leith úsáid an chórais dáileacháin, muirir Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais agus muirir i leith seirbhísí tarchuir a ghearrtar ar SONI (Oibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann). Maolaítear an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais Úsáide Córais ó sholáthraithe leictreachais trí hurrús a fháil i bhfoirm taiscí airgid thirim, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ó Mháthairchuideachtaí. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, íoctar as naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Is ionann na gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe agus níos lú ná 30 lá maidir le hinfháltais trádála ó sholáthraithe leictreachais. Is é €12.8 milliún an méid infhála is mó maidir le húsáid leictreachais córais i dTuaisceart Éireann amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: €12.5 milliún).

**Infháltais leictreachais eile**

Áirítear le hinfháltais leictreachais eile méideanna i ndáil leis an tobhach PSO chomh maith le méideanna a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil san áireamh le SEM

**Infháltais trádála agus infháltais eile - neamh-leictreachais**

Baineann infháltais trádála (neamh-leictreachais) le hiarmhéideanna dlite i leith trádáil neamh-leictreachas an Ghrúpa agus oibríochtaí eile. Áirítear leis méideanna atá dlite i dtaobh oibríochtaí teileachumarsáide, comhairliúcháin, bhainistíocht saoráidí agus oibriúcháin coimhdeacha eile an Ghrúpa. Ní mheastar go bhfuil an riosca creidmheasa atá ag baint leis na hiarmhéideanna sin suntasach. Is é €8.6 milliún an t-iarmhéid aonair is mó laistigh den chatagóir sin amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: €9.7 milliún) a bhí dlite ó chuideachta sheachtrach.

## 16. AIRGEAD TIRIM AGUS COMHLUACHA AIRGID THIRIM

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | 2015 € '000 | 2014 € '000 | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **133,863** | 143,731 | **17,202** | 56,384 |

## 17. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

**(i) Stoc Caipitil**

Tá 1,979,881,885 aonad stoic caipitil eisithe ar luach €1 an ceann.

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Arna gcuimsiú mar:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí comhshóite | **1,880,888** | 1,880,888 |
| Stoc arna eisiúint lena suibscríobh ag ESOT | **98,994** | 98,994 |
| **Iomlán** | **1,979,882** | 1,979,882 |

De réir an Achta leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, comhshódh cothromas an ESB go stoc caipitil an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh don Roinn Airgeadais é. Ag an am céanna, rinne ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar Iontaobhas do scéim scairsheilbhe fostaithe an ESB, suibscríbhinn do 5% den stoc. I measc na bpríomhcheart a ghabhann le gach aonad stoic chaipitil áirítear an ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dhearbhaítear a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ag am foirceanta.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**17. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS (ar lean)**

**(i) Stoc Caipitil (ar lean)**
Rinne an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001 chun foráil a dhéanann go bhfuil 10% de stoc caipitil eisithe an ESB dílsithe san Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha anois, agus go gcoinníonn an tAire Airgeadais 85% de stoc caipitil an ESB agus an ESOP 5% den stoc.

Bunaítear leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé d'éifeacht ag Acht 2011 úinéireacht an stoic in ESB a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe sin a aistriú go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amhail an 6 Iúil 2011 agus ón dáta sin ar aghaidh.

**(ii) Aischeannach ESOP**
Rinne togra leachtacht an mhargaidh i ndáil le ESOP a fhaomhadh ag cruinniú an Bhoird i mí na Bealtaine 2015. Ba é cuspóir an togra leachtacht sa Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) a fheabhsú, trína dtugann Iontaobhas ESOP tiomantas chun ciste €25 milliún a chaitheamh le stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh an ESB cómhaoiniú ar fáil i ndáil leis an caiteachas atá tiomanta ag Iontaobhas ESOP le linn na tréimhse 2014 - 2018. Ní thosóidh an ESB ar an stoc caipitil a thógáil go dtí 2017. Aithníodh soláthar athcheannaigh ESOP de €12.1 milliún sna ráitis airgeadais 2015 maidir le hathcheannach stoc caipitil ag an Iontaobhas ESOP.

**(iii) Leas neamh-urlámhais - Grúpa**
Baineann leasanna neamh-urlámhais amhail an 31 Nollaig 2015 leis na scairshealbha mionlaigh in Crockahenny Wind Farm Limited, Mountain Lodge Power Limited, Airvolution Energy Limited, Coriolis Energy Limited agus Geothermal International Limited.

**(iv) Cúlchistí fálaithe sreabhaidh airgid, athluachála agus cúlchistí eile - Grúpa agus Máthairchuideachta**
Is ionann an cúlchiste fálaithe go príomha agus luach cóir na ndíorthach atá ina gcuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha sreabhaidh airgid amhail dheireadh na bliana. Ós chun críocha fálaithe, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in IAS 39, atá na díorthaigh arna sealbhú, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí luacha chóir seachas iad a mhuirearú don ráiteas ioncaim le linn na bliana agus déanfar iad a mhuirearú don ráiteas ioncaim sa tréimhse chéanna leis an idirbheart comhfhreagrach.

**Áirítear seo a leanas le cúlchistí eile:**
- B'ionann cúlchistí athluachála agus €38.8 million (2014: €44.3 milliún) a tháinig chun cinn i ndiaidh éadáil an 30% a bhí fágtha de Synergen Power Limited in 2009. Tá an cúlchiste seo á amúchadh chuig tuilleamh coinnithe thar an téarma céanna le dímheas na sócmhainní gaolmhara a fuarthas;
- Cúlchistí neamh-indáilte de €5.0 milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; agus
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim le sochair shainithe an NIE, glan ó na coigeartuithe gaolmhara cánach iarchurtha, arb ionann iad agus (€172.0) milliún (2014: (€182.8) milliún); agus
- Soláthar athcheannaigh ESOP de €12.1 milliún a bhaineann leis an méid atá tiomanta ag an ESB go dtí seo i ndáil le hathcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

**(v) Díbhinní**

| GRÚPA | 2015 €'000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| An díbhinn iomlán a íocadh 13.77 (2014: 14.33) cent in aghaidh an aonaid stoic caipitil | **272,334** | 283,282 |
| Díbhinn chuig leas neamh-urlámhais | **375** | 483 |
| **Iomlán** | **272,709** | 283,765 |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 2015 €'000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| An díbhinn iomlán a íocadh 13.77 (2014: 14.33) cent in aghaidh an aonaid stoic caipitil | **272,334** | 283,282 |
| **Iomlán** | **272,334** | 283,282 |

B'ionann na díbhinní iomlána a íocadh i rith 2015 agus €272.3 milliún lena n-áirítear díbhinn dheiridh €10.3 milliún (0.52 cent in aghaidh an aonaid stoic) maidir le 2014, an chuid eile den díbhinn speisialta €213.7 milliún dearbhaithe ag an mBord i mí Iúil 2014 agus díbhinn eatramhach €48.3 milliún (2.44 cent in aghaidh an aonaid stoic) a íocadh i nDeireadh Fómhair maidir le 2015.

Tá an Bord ag moladh díbhinn dheiridh anois de 1.55 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó comhiomlán €30.7 milliún.

I rith 2013, d'fhaomh Bord an ESB beartas díbhinne athbhreithnithe, ar beartas é atá comhaontaithe leis an Rialtas agus atá beartaithe an tréimhse go dtí ar a laghad 2020 a chlúdach. Is iad seo a leanas príomhpharaiméadair an bheartais sin:
- Socraíodh an sprioc don cóimheas íocaíochtaí amach díbhinne ag 30% do 2013 agus 2014, chomh maith leis na Díbhinní Speisialta sprice ó dhiúscairt cumas ginte neamhstraitéiseach in 2013–2014 arb ionann é agus €400 milliún.
- Ó 2015 ar aghaidh, méadófar an sprioc don cóimheas íocaíochtaí amach de réir a chéile.
- Is é aidhm an ESB díbhinn eatramhach a íoc laistigh de gach bliain airgeadais, agus go n-íocfaí an t-iarmhéid mar dhíbhinn dheiridh tar éis dheireadh na bliana.
- Aontaíonn an ESB leis an Rialtas gur príomhchuspóir polasaí don Chuideachta é rátáil creidmheasa BBB+ ar a laghad a choinneáil, agus gur cheart tús áite a thabhairt dó sin nuair atáthar ag déanamh breithnithe ar íocaíochtaí díbhinne faoin mbeartas ar cuireadh síos air thuas.





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS**

| (a) Speansas / (creidmheas) cáin ioncaim | 2015 €'000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Speansas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **45,021** | 40,166 |
| Gannsoláthar/(rósholáthar) na bliana a d'imigh | **(1,735)** | 2,561 |
| Luach caillteanais cánach a géilleadh do chomhfhiontair | **137** | 131 |
| | **43,423** | 42,858 |
| **Speansas cánach iarchurtha** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha | **(3,322)** | (43,507) |
| Laghdú ar an ráta cánach[5] | **(19,568)** | - |
| Gannsoláthar na bliana a d'imigh | **93** | 3 |
| | **(22,797)** | (43,504) |
| **Iomlán** | **20,626** | (646) |

| Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh | 2015 €'000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **306,866** | 214,747 |
| Móide: sciar tar éis cánach de chaillteanas comhfhiontair | **9,176** | 1,354 |
| **Brabús roimh cháin (gan caillteanas comhfhiontair a bheith san áireamh)** | **316,042** | 216,101 |
| Cáin ag 12.5% | **39,505** | 27,013 |
| Costais neamh-inasbhainte[1] | **5,209** | 4,842 |
| Ioncam neamh-incháinithe [2] | **-** | (4,872) |
| Infheistíocht a dhíscríobh [3] | **-** | 3,619 |
| Gnóthachan luacha chóir ar chailleadh rialaithe fochuideachta [4] | **-** | (11,712) |
| Ioncam a ngearrtar cáin air ar ráta cháin corparáide níos airde | **49** | 546 |
| Tionchar rátaí cánacha i ndlínsí eachtracha | **(2,209)** | (22,638) |
| Tionchar ráta cánach laghdaithe na Ríochta Aontaithe ar cháin iarchurtha arna sonrú ag ráta cánach na hÉireann [5] | **(20,064)** | - |
| Leasuithe ar mheastacháin na bliana a d'imigh [6] | **(1,642)** | 2,564 |
| Míreanna eile | **(222)** | (8) |
| **Speansas / (creidmheas) cáin ioncaim** | **20,626** | (646) |

[1] Áirítear leis na speansais neamh-inasbhainte an tionchar cánach a bhain le soláthar a chruthú don aischeannach scaireanna ESOP. Féach nóta 30.

[2] Baineann Ioncam neamh-incháinithe in 2014 leis an mbrabús a bhain le díol scairshealbhú 50% in Bizkaia Energia SL a bhí cáilithe d'fhaoiseamh scairsheilbhe shubstaintiúil.

[3] Baineann an díscríobh infheistíochta leis an mbearnú ar luacha tugtha anonn Corby Power Limited agus West Durham Wind Farm Holdings 2 Limited in 2014.

[4] I rith 2014, chuaigh an ESB i mbun comhaontú comhfhiontair le Vodafone Ireland Limited chun líonra ardchumais Chábla Snáthoptaice go hÁitreabh (FTTB) a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí i suíomhanna roghnaithe uirbeacha ar fud Phoblacht na hÉireann. I ndiaidh an comhaontú comhfhiontair a chur i gcrích, bhí infheistíocht an ESB in SIRO Limited laghdaithe go 50%, agus dá réir sin, níor mhór í a shonrú arís ar luach cóir. D'eascair gnóthachan luacha chóir as sin, a léiríonn luach cóir an ESB dá scairshealbhú 50%. Ní thagann an gnóthachan seo faoi réir cánach corparáide agus mar sin tá sé áirithe mar choigeartú buan chun críche cánach.

[5] Bhí foráil i mBuiséad mí Iúil 2015 na Ríochta Aontaithe go laghdófaí ráta cánach chorparáidigh na Ríochta Aontaithe go 18% thar tréimhse suas go dtí 2020. Achtaíodh go substaintiúil na laghduithe i ráta cánach chorparáidigh na Ríochta Aontaithe ó 20% go 19% (le héifeacht ó 1 Aibreán 2017), agus tuilleadh laghduithe go 18% (le héifeacht ó 1 Aibreán 2020) an 26 Deireadh Fómhair 2015. Laghdóidh sé sin muirear cánach reatha an Ghrúpa sa todhchaí dá réir. Ríomhadh an dliteanas cánach iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2015 bunaithe ar ráta 18% (2014: 20%) agus achtaíodh go substaintiúil ar dháta an chláir chomhardaithe é.

[6] D'eascair rósholáthar agus gannsoláthar na bliana a d'imigh maidir le 2014 agus 2015 as coigeartuithe ar roinnt cuntas reachtúil d'eintiteas aonair a bhí curtha sa leabhar tar éis na ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur i gcrích.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| **GRÚPA** | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **1,753** | 739 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | **25,556** | 32,802 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **87,266** | 91,384 |
| Soláthairtí | **3,663** | 4,459 |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | **6,151** | 8,421 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **82,857** | 96,569 |
| **Iomlán** | **207,246** | 234,374 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **731,414** | 760,291 |
| Soláthairtí | **166** | 156 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **18,322** | 29,524 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 2,387 |
| **Iomlán** | **751,082** | 792,358 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(543,836)** | (557,984) |

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| **2015** | Iarmhéid amhail an 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 739 | 1,014 | - | - | **1,753** |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 32,802 | (582) | (6,664) | - | **25,556** |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 91,384 | (4,118) | - | - | **87,266** |
| Soláthairtí | 4,459 | (796) | - | - | **3,663** |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 8,421 | (2,270) | - | - | **6,151** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 96,569 | (17,779) | (1,365) | 5,432 | **82,857** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 234,374 | (24,531) | (8,029) | 5,432 | **207,246** |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 760,291 | (37,833) | - | 8,956 | **731,414** |
| Soláthairtí | 156 | 10 | - | - | **166** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29,524 | (8,298) | (11,148) | 8,244 | **18,322** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 2,387 | (1,207) | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 792,358 | (47,328) | (11,148) | 17,200 | **751,082** |
| **Glansócmhainn/(dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | **(557,984)** | **22,797** | **3,119** | **(11,768)** | **(543,836)** |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**GRÚPA (ar lean)**

| **2014** | Iarmhéid amhail an 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | **IARMHÉID AMHAIL AN 31 NOLLAIG € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 551 | 188 | - | - | **739** |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 21,555 | (871) | 12,118 | - | **32,802** |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 96,079 | (4,695) | - | - | **91,384** |
| Soláthairtí | 4,305 | 154 | - | - | **4,459** |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 8,686 | (265) | - | - | **8,421** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 48,546 | 43,214 | 1,645 | 3,164 | **96,569** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 179,722 | 37,725 | 13,763 | 3,164 | **234,374** |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 748,351 | 2,813 | - | 9,127 | **760,291** |
| Soláthairtí | 143 | 13 | - | - | **156** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 57,160 | (8,704) | (28,151) | 9,219 | **29,524** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 2,288 | 99 | - | - | **2,387** |
| **Dliteanais / (sócmhainní) cánacha iarchurtha iomlán** | 807,942 | (5,779) | (28,151) | 18,346 | **792,358** |
| **Glansócmhainn/(dliteanas) cánach iarchurtha don bhliain** | (628,220) | 43,504 | 41,914 | (15,182) | **(557,984)** |

Ní bhaineann aon dáta éaga leis an uair a d'fhéadfaí caillteanais cánach sa Ghrúpa a úsáid.

Níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe fochuideachtaí an Ghrúpa thar lear ar dhá chúis; níl aon tiomantas ann na cúlchistí sin a dháileadh go ceann i bhfad, sin nó deimhníodh nach n'éireoidh aon cháin as an seoltán. Níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe comhfhiontair an Ghrúpa mar go bhfuil sé de chumas ag an nGrúpa aisdúichiú na gcúlchistí sin go hÉirinn a rialú. B'ionann cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí thar lear, comhfhiontair agus cuideachtaí comhlacha agus €508 milliún (2014: €668 million) amhail an 31 Nollaig 2015.

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha** | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **87,267** | 91,384 |
| Soláthairtí | **2,684** | 3,184 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **7,635** | 11,064 |
| **Iomlán** | **97,586** | 105,632 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **457,649** | 445,388 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Iomlán** | **458,829** | 446,568 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(361,243)** | (340,936) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 18. CÁNACHAS (ar lean)

### MÁTHAIRCHUIDEACHTA (ar lean)

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| 2015 | Iarmhéid amhail an 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Iarmhéid amhail an 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 91,384 | (4,117) | - | **87,267** |
| Soláthairtí | 3,184 | (500) | - | **2,684** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 11,064 | - | (3,429) | **7,635** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 105,632 | (4,617) | (3,429) | **97,586** |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 445,388 | 12,261 | - | **457,649** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 446,568 | 12,261 | - | **458,829** |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(340,936)** | **(16,878)** | **(3,429)** | **(361,243)** |

| 2014 | Iarmhéid amhail an 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Iarmhéid amhail an 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 96,079 | (4,695) | - | 91,384 |
| Soláthairtí | 3,144 | 40 | - | 3,184 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 16,897 | - | (5,833) | 11,064 |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 116,120 | (4,655) | (5,833) | 105,632 |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 433,581 | 11,807 | - | 445,388 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 434,761 | 11,807 | - | 446,568 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | (318,641) | (16,462) | (5,833) | (340,936) |





# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

| (a) GRÚPA | Iasachtaí iontaofa € '000 | Iasachtaí neamhiontaofa € '000 | 2015 Iomlán € '000 | 2014 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaí reatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 99,278 | 18,893 | **118,171** | 103,738 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | 272,574 | 28,080 | **300,654** | 266,854 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | 371,852 | 46,973 | **418,825** | 370,592 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 97,538 | 27,305 | **124,843** | 108,890 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 240,439 | 112,853 | **353,292** | 320,556 |
| Tar éis cúig bliana | 427,296 | 344,883 | **772,179** | 799,549 |
| | 765,273 | 485,041 | **1,250,314** | 1,228,995 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 339,082 | - | **339,082** | 22,194 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 1,205,870 | 248,989 | **1,454,859** | 1,697,882 |
| Tar éis cúig bliana | 1,103,199 | 542,860 | **1,646,059** | 1,463,306 |
| | 2,648,151 | 791,849 | **3,440,000** | 3,183,382 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | 3,413,424 | 1,276,890 | **4,690,314** | 4,412,377 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | 3,785,276 | 1,323,863 | **5,109,139** | 4,782,969 |

Féach ar rannán (c) le haghaidh sonraí faoi rátaí úis infheidhmithe.

| **Iasachtaí reatha de réir saoráide** | Tag | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 5 | **347,067** | 101,350 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 6 | **24,785** | 211,127 |
| Socrú maidir le maoiniú breosla | 3 | **-** | 29,922 |
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **18,893** | 2,388 |
| Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa | 7 | **28,080** | 25,805 |
| | | **418,825** | 370,592 |

| **Iasachtaí neamhreatha de réir saoráide** | Tag | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|---|
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **485,041** | 386,876 |
| Eurobonds an ESB | 1 | **1,918,096** | 1,745,910 |
| Eurobonds NIE Networks | 4 | **791,849** | 749,987 |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 5 | **765,273** | 842,119 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 6 | **730,055** | 687,485 |
| | | **4,690,314** | 4,412,377 |

Ach amháin i gcás iasachtaí a bhaineann le fiachas airgeadais tionscadail neamhiontaofa, atá urraithe i gcoinne sócmhainní sonracha, níl aon cheann de na hiasachtaí urraithe i gcoinne sócmhainní an Ghrúpa.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí rátáil A- ag an ESB ó Standard & Poor's, BBB+ ó Fitch agus Baa1 (arb ionann é agus BBB+) ó Moody's faoi seach. Bhí an t-ionchas ar gach ceann de na trí gníomhaireachtaí rátála cobhsaí ag 31 Nollaig 2015.

**1. Eurobonds an ESB**

Tugtar sonraí sa tábla thíos faoi Eurobonds an ESB atá san áireamh in iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2015:

| Eisitheoir | Luach | Dáta | Aibíocht | Cúpón |
|---|---|---|---|---|
| ESB Finance Limited | Stg£275.0 milliún | Márta 2010 | 10 bliain | 6.500% |
| ESB Finance Limited | Euro €300.0 milliún | Meán Fómhair 2012 | 5 bliain | 6.250% |
| ESB Finance Limited | Euro €500.0 milliún | Samhain 2012 | 7 bliain | 4.375% |
| ESB Finance Limited | Euro €300.0 milliún | Samhain 2013 | 10 bliain | 3.494% |
| ESB Finance Limited | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | 12 bliain | 2.125% |

Ar an 5 Meitheamh 2015, d'éirigh leis an ESB Eurobond €500 milliún a chruinniú ar ráta seasta 2.125%, agus atá le teacht in aibíocht i Meitheamh 2027. Ina theannta sin, ar an dáta céanna, d'éirigh leis an nGrúpa cuid, arb ionann agus €300 í, dá fhiachais Eurobond €600 milliún a bhí cruinnithe ar dtús i Meán Fómhair 2012, mar a dhéantar cur síos air thuas, a aischeannach.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**1. Eorabhannaí ESB (ar lean)**
Ós rud é nach bhfuil mórán difríocht idir téarmaí an bhanna atá ann faoi láthair, ó thaobh na cainníochta de nó na cáilíochta de, agus gurb ionann an contrapháirtí faoin gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 39 - Aithint agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais, meastar gur malartú ionstraimí fiachais é an t-idirbheart seo seachas eisiúint fiachas nua. Ós rud é gur malartú ionstraimí fiachais atá ann cheana a bhí ann, imeascadh an difríocht idir luach tairisceana na mbannaí reatha agus parluach na heisiúna nua (€41.7 milliún), sa ghlanráta nua úis sna bannaí nua. Déanfar an €41.7 milliún a amúchadh ar an ráiteas ioncaim thar saol na mbannaí nua. Rinneadh €2.0 milliún a amúchadh ar an ráiteas ioncaim amhail an 31 Nollaig 2015.

**2. Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa**
Chuir Carrington Power Limited (CPL), ar fochuideachta í atá 100% in úinéireacht ESB, i gcrích dúnadh airgeadais stáisiún cumhachta gástuirbín comhthimthrialla 881 MW in Carrington, in aice le Manchain i mí Mheán Fómhair 2012. Rinneadh an t-airgeadas a struchtúrú ar bhonn fiachais / cothromais 70:30, agus chuir sindeacáit banc an fiachas Stg£523.0 milliún ar fáil trí airgeadais tionscadail neamhiontaofa, lena corpraítear tacaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin ó Ghníomhaireacht Creidmheasa Onnmhairiúcháin na hEilvéise, SERV. Tarraingíodh Stg£372.4 milliún (2014: Stg£305.9 milliún) fiachais amhail dheireadh na bliana. Tá an stáisiún sceidealta a bheith coimisiúnaithe faoin mbliain 2016, agus iad Stg£509.8 milliún na sócmhainní atá á dtógáil ag deireadh na bliana. Baineann an chuid eile den fhiachas seo le feirm gaoithe sa Bhreatain Mhór.

**3. Socrú maidir le hairgeadú breosla**
Socrú maoinithe do bhreoslaFuair an Grúpa €30.0 milliún i mí na Nollag 2012 ó dhíolachán fardal breosla, agus rinne sé conradh ag an am céanna iad a cheannach ar ais i mí na Nollag 2015 ag praghas seasta. B'ionann an t-idirbheart agus socrú airgeadais agus deileáiltear leis ar an gcaoi sin sna ráitis airgeadais. Aisíocadh an méid de réir an sceidil i Nollaig 2015.

**4. Eorabhannaí NIE Networks**
Mar chuid d'éadáil NIE Networks, rinneadh Eurobond a éadáil arb ionann é agus Stg£175.0 milliún ag luach cóir ag dáta na héadála. Bhí ráta cúpóin seasta 6.875% ag an tsaoráid seo agus tá sé iníoctha in 2018.

I mí an Mheithimh 2011, d'eisigh NIE Networks Limited banna steirling 15 bliana de Stg£400.0 milliún le cúpón seasta de 6.375%.

**5. Iasachtaí bainc fadtéarmacha**
Áirítear le hiasachtaí bainc fadtéarmacha €406.0 milliún fiachais ar ráta comhlúthach ar tógadh amach ar iasacht iad ar bhonn déthaobhach, agus is fiachas ar ráta seasta an chuid eile.

Aontaíodh saoráid creidmheasa imrothlaigh i mí Eanáir 2015 arb ionann é agus €1.44 billiún le sindeacáit a bhfuil 14 banc inti, chun airgead a tharraingt anuas de réir mar a theastaíonn sé suas go Feabhra 2020, agus é de rogha ag an nGrúpa lena síneadh go ceann dhá bhliain eile. Amhail an 31 Nollaig 2015, b'ionann an méid tarraingte anuas den tsaoráid sin agus €250 milliún.

I mí Dheireadh Fómhair 2014 cuireadh €100 milliún sa bhreis leis an tsaoráid a síníodh i mí na Nollaig 2013 le Banc Infheistíochta na hEorpa ('EIB') chun tacú le naisc inathnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann, rud a d'fhág luach iomlán na saoráide ar €200 milliún, ag brath ar chríochnú caiteachais chaipitiúil sonraithe áirithe. Tá an tsaoráid neamhtharraingthe amhail an 31 Nollaig 2015.

**6. Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh**
Eisíodh an chéad láithriú de nótaí gan urrús, le réimse infheistitheoirí institiúideacha, i Nollaig 2003. Eisíodh na nótaí ráta fhosaithe sin i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling agus amhail an 31 Nollaig 2015, is ionann iad sin agus US$370.0 milliún, ag dul in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023, agus Stg£20.0 milliún, ag dul in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023. aisíocadh US$256.5 milliún den chéad fhiachas láithrithe phríobháidigh i Nollaig 2015 i gcomhréir leis an sceideal.

Eisíodh an dara láithriú de nótaí gan urrús i Meitheamh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollair na Stát Aontaithe, steirling agus euro agus amail an 31 Nollaig 2015, b'ionann iad agus US$253.0 milliún, ag teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2016 agus 2019, Stg£85.0 milliún ag teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2017 agus 2021 agus €40.0 milliún ag teacht in aibíocht in 2019. Féach nóta 26(f) i gcomhair fiachas láithrithe phríobháidigh arna babhtáil ina euro ag an tús.

Baineann coinníollacha áirithe leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus le saoráidí áirithe eile a éilíonn ar ESB clúdach úis áirithe a choinneáil mar aon le cúnaint sócmhainne. Chomhlíon ESB chun dáta le gach ceann de na ceanglais cúnaint a bhaineann leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus leis na saoráidí eile.

**7. Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa**
Bhí maoiniú neamhiontaofa tionscadail ghearrthéarma de Stg£20.6 milliún tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2015. Baineann sé sin le hairgeadú tionscnamh Airvolution (institiúid infheistiúcháin Novusmodus).

**Fálú glaninfheistíochta in oibríochtaí eachtracha**
San áireamh le hiasachtaí thuas tá iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling, ar iasachtaí iad atá sainithe mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta atá ainmnithe i steirling sa Ríocht Aontaithe, mar a bhfuil cur síos air thíos:

| Iasachtaí atá ainmnithe i steirling atá sainithe mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Luach amhail an 1 Eanáir | **73,477** | 80,041 |
| Aisíocaíochtaí sa bhliain | **(13,123)** | (11,822) |
| Caillteanas ar aistriú go Euro | **4,627** | 5,258 |
| Luach amhail an 31 Nollaig | **64,981** | 73,477 |
| Gnóthachan ar aistriú iasachta euro inghrúpa go fochuideachta (tugtha go OCI) | **3,265** | 3,544 |





# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Iontaofa iasachtaí € '000 | 2015 Iomlán € '000 | 2014 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Iasachtaí reatha** | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 92,823 | **92,823** | 89,467 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | 272,574 | **272,574** | 241,049 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | 365,397 | **365,397** | 330,516 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 97,538 | **97,538** | 88,535 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 240,439 | **240,439** | 249,163 |
| Tar éis cúig bliana | 427,297 | **427,297** | 497,566 |
| | 765,274 | **765,274** | 835,264 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 45,438 | **45,438** | 22,194 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 345,195 | **345,195** | 363,191 |
| Tar éis cúig bliana | 332,677 | **332,677** | 302,100 |
| | 723,310 | **723,310** | 687,485 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | 1,488,584 | **1,488,584** | 1,522,749 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | 1,853,981 | **1,853,981** | 1,853,265 |

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta**

Baineann na príomhrioscaí leachtachta os comhair an Ghrúpa le riachtanais sreabhadh airgid a eascraíonn ó oibriúcháin laethúla, oibleagáidí fiachais ag teacht chun aibíochta agus maoiniú na gclár infheistíochta caipitil. Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistíocht ar an riosca trí mheascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid agus áiseanna tiomnaithe bainc nár tarraingíodh. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht maidir le saoráidí le bainc chaidrimh agus le margaí caipitil fiachais chun aon cheanglas a éiríonn as fiachas ag dul in aibíocht agus caiteachas caipitil a réamh-mhaoiniú.

Bhí níos mó ná €1.5 billiún ar fáil ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2015 in airgead tirim nó comhluacha airgid thirim agus i saoráidí bainc tiomanta, rud a chinntíonn go bhféadfaí éilimh ar leachtacht a chomhlíonadh de réir mar a theastaíonn sé. Áirítear leis na saoráidí bainc tiomanta saoráid iasachta shindeacáite le líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith orthu chomh maith le saoráidí leis an EIB. Tá saoráidí san áireamh sa mhéid atá nochta, arb ionann iad agus €145 mhilliún (a d'fhéadfaí a mhéadú go €200 milliún) agus nach féidir iad a tharraingt ach amháin i gcoinne caiteachais caipitil sceidealaithe sonraithe.

Is í an aidhm atá ag straitéis bhainistíocht fiachais an Ghrúpa ná go mbeidh próifíl phunann fiachais aige ina mbeidh meascán ilghnéitheach contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrach neamhiontaofa agus maoiniú iontaofa teoranta nuair is cuí agus cuirtear san áireamh costais cistiúcháin cuntais agus maolú riosca araon. Tá gach saoráid iasachtaíochta ag comhlíonadh leis na hAchtanna Leictreachais agus le riachtanais rialála ábhartha.

Is mar seo a leanas atá próifíl aibíochta an mhéid tugtha anonn d'iasachtaí an Ghrúpa, agus dáta éaga na n-áiseanna iasachta bainc tiomanta neamh-tharraingthe ábhartha:

| | Fiachas Tarraingthe - Grúpa | | Fiachas Tarraingthe - Máthairchuideacht | | Saoráid Neamhtharraingthe - Grúpa agus Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag dul in aibíocht** | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
| I mbliain amháin nó níos lú | **418,825** | 370,592 | **365,397** | 330,516 | **-** | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **463,925** | 131,084 | **142,976** | 110,729 | **145,000** | 200,000 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **1,808,151** | 2,018,438 | **585,634** | 612,354 | **1,190,000** | 1,387,161 |
| Níos mó ná cúig bliana | **2,418,238** | 2,262,855 | **759,974** | 799,666 | **-** | - |
| | **5,109,139** | 4,782,969 | **1,853,981** | 1,853,265 | **1,335,000** | 1,587,161 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta (ar lean)**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha iasachtaí an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Áirítear iasachtaí a bhfuil luach tugtha anonn €3,255.5 milliún (2014: €2,929.7 milliún) acu in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní cuid de dhliteanais na Máthairchuideachta iad.

| | Luach méid € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliain € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,785,276 | 4,694,995 | 528,860 | 596,682 | 1,786,736 | 1,782,717 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,323,863 | 1,880,859 | 114,181 | 95,352 | 511,393 | 1,159,933 |
| **Iasachtaí iomlána** | **5,109,139** | **6,575,854** | **643,041** | **692,034** | **2,298,129** | **2,942,650** |
| **31 Nollaig 2014** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,617,913 | 4,438,521 | 479,353 | 267,019 | 2,045,914 | 1,646,235 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,165,056 | 1,771,297 | 71,400 | 83,583 | 477,649 | 1,138,665 |
| **Iasachtaí iomlána** | 4,782,969 | 6,209,818 | 550,753 | 350,602 | 2,523,563 | 2,784,900 |

**(c) Bainistíocht riosca ráta úis**

Rinneadh beartas ráta úis an Ghrúpa a nuashonrú in 2013 agus is é an sprioc atá leis tromlach mór a fhiachais a bheith ag ráta úis seasta (nó nasctha le boilsciú) chomh fada le haibíocht, agus go mbeidh íosmhéid 50% seasta (nó nasctha le boilsciú) i gcónaí. Baintear é sin amach trí iasachtaí a fháil go díreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. Bhí 92% d'fhiachas an Ghrúpa seasta chomh fada le haibíocht nó nasctha le boilsciú amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: 96%). Nochtar luach cóir bhabhtálacha ráta úis i nóta 20.

Maidir le dliteanais airgeadais a thuilleann ioncam, tugann an tábla seo a leanas le fios a rátaí úis éifeachtacha amhail dáta an chláir chomhardaithe, ag cur san áireamh éifeacht bhabhtálacha ráta úis agus bhabhtálacha tras-airgeadra:

| | **Ráta úis éifeachtach %** | **Iomlán € '000** | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh (ráta úis seasta) | **6.5** | **754,840** | 24,785 | 47,658 | 349,634 | 332,763 |
| Iasachtaí neamhiontaofa (ráta úis seasta) | **6.0** | **1,323,863** | 46,973 | 27,305 | 361,842 | 887,743 |
| Iasachtaí fadtéarmacha eile (ráta úis seasta agus athraitheach) | **4.9** | **3,030,436** | 347,067 | 388,962 | 1,096,675 | 1,197,732 |

Áirítear le hiasachtaí fadtéarmacha eile san anailís seo dliteanais ráta comhlúthaigh €406.0 milliún (2014: €171.5 milliún).

Socraíodh ráta úis éifeachtach ar na hiasachtaí socrúcháin phríobháidigh trí úsáid bhabhtálacha tras-airgeadra agus bhabhtálacha ráta úis. Socraíodh an ráta éifeachtúil ar iasachtaí neamhiontaofa steirling de £412.5 milliún ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Is é 0.43% an ráta comhlúthach a bheadh ar na buniasachtaí steirling agus euro amhail an 31 Nollaig 2015 in éagmais na mbabhtálacha ráta úis seo, ag teacht leis na rátaí úis atá i réim ar iasachtaí den fhad céanna sna limistéir airgeadaíocha sin. Áirítear babhtálacha nasctha le boilsciú ar leibhéil rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú, agus riosca ráta úis á mbainistiú. Beidh tionchar ag athruithe buana i rátaí úis ar thuillimh chomhdhlúite thar téarma níos faide. Meastar go mbeadh brabús roimh chánachas méadaithe agus cothromas laghdaithe faoi na méideanna atá ar taispeáint thíos dá mbeadh méadú ginearálta de 50 bonnphointe i rátaí úis ann (agus rátaí úis comhfhreagracha fírinneacha) amhail an 31 Nollaig. Déanann an anailís seo talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile seasmhach, go háirithe rátaí airgeadra eachtracha, lena n-áirítear an toimhde nach n-athróidh rátaí boilscithe.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)**

**(c) Bainistíocht riosca ráta úis (ar lean)**

| | **31 Nollaig 2015** 50 bp méadú gnóthachan / (caillteanas) € '000 | **31 Nollaig 2015** laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 | 31 Nollaig 2014 50 bp méadú gnóthachan / (caillteanas) € '000 | 31 Nollaig 2014 laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús iníoctha | **(2,030)** | **2,030** | (858) | 858 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | **42,640** | **(43,244)** | 59,513 | (61,924) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) luacha chóir | **19,106** | **(19,106)** | 18,304 | (18,304) |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhardaithe i leith rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais dhíorthaigh, mar iompraítear fiachas agus taiscí eile ag costas amúchta agus mar sin ní athraíonn a luach tugtha anonn de réir mar a athraíonn rátaí úis;
- déantar íogaireacht úis fhabhraithe i leith ghluaiseachtaí i rátaí úis a ríomh bunaithe ar ghlan-nochtadh ráta comhlúthaigh maidir le fiachas, taiscí agus ionstraimí díorthaigh;
- déantar talamh slán de go bhfuil díorthaigh atá sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid i gcoinne athruithe i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- aitear leis an gcos chomhlúthach d'aon bhabhtáil nó le haon fhiachas ráta comhlúthaigh amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe cheana féin; dá bhrí sin, imríonn athrú ar rátaí úis tionchar ar thréimhse iomlán 12 mhí maidir le sciar an úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. DÍORTHAIGH**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí**

Iompraítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Is é atá i gceist le luach cóir ionstraime airgeadais ná an praghas a bhfaighfear chun sócmhainn a dhíol nó a íocfar chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh amhail dáta an tomhais. Is é an modh a úsáidtear chun luach cóir ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh ná anailís sreabhaidh airgid lascainithe, a úsáideann ráta lascainithe cúpóin nialasaigh agus a léiríonn riosca ó contrapháirtithe creidmheasa. Cuireann an modh seo ar chumas an Ghrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ráta úis atá i réim sa mhargadh, ag cur san áireamh aibíocht agus corrlach creidmheasa.

Is iad seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, arna ngrúpáil de réir aicme ionstraime:

| | | | **2015** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | **Iomlán € '000** |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | - | (28,607) | - | **(24,857)** |
| Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú | - | - | (619,204) | (14,838) | **(634,042)** |
| Babhtálacha airgeadra | 43,040 | 5,768 | - | - | **48,808** |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 283 | 6,820 | (12,049) | (14,013) | **(18,959)** |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 11,999 | 82,523 | (94,677) | (178,253) | **(178,408)** |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 177,493 | 119,289 | - | - | **296,782** |
| | **236,565** | **214,400** | **(754,537)** | **(207,104)** | **(510,676)** |

| | | | 2014 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | Iomlán € '000 |
| Babhtálacha ráta úis | 1,849 | - | (35,352) | - | (33,503) |
| Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú | - | - | (626,136) | (15,070) | (641,206) |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (28,611) | (3,764) | (32,375) |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 1,444 | 16,919 | (7,251) | (28,663) | (17,551) |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 82,611 | 136,960 | (41,166) | (141,081) | 37,324 |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 145,720 | 41,638 | - | - | 187,358 |
| | 231,624 | 195,517 | (738,516) | (188,578) | (499,953) |

| | | | **2015** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | **Iomlán € '000** |
| Babhtálacha ráta úis | 17 | - | - | - | **17** |
| Babhtálacha airgeadra | 43,040 | 5,768 | - | - | **48,808** |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 283 | 6,767 | (2,174) | (13,898) | **(9,022)** |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 11,999 | 82,523 | (40,495) | (136,761) | **(82,734)** |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 37,566 | 44,340 | - | - | **81,906** |
| | **92,905** | **139,398** | **(42,669)** | **(150,659)** | **38,975** |

| | | | 2014 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sócmhainní neamhreatha € '000 | Sócmhainní reatha € '000 | Dliteanais neamhreatha € '000 | Dliteanais reatha € '000 | Iomlán € '000 |
| Babhtálacha ráta úis | 636 | - | (115) | - | 521 |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (28,611) | (3,764) | (32,375) |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 1,444 | 16,846 | (5,005) | (28,116) | (14,831) |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 29,095 | 120,113 | (39,058) | (136,303) | (26,153) |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 22,128 | - | - | - | 22,128 |
| | 53,303 | 136,959 | (72,789) | (168,183) | (50,710) |

Ach amháin i gcás babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, tá formhór na n-iarmhéideanna díorthacha atá ar taispeáint sna táblaí thuas ainmnithe mar fháluithe sreabhaidh airgid ar riosca ráta úis, airgeadra nó tráchtearra ag éirí as ús, ioncam nó sreafaí airgid chostas oibriúcháin a mbaineann an-dóchúlacht leo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh tríd an difríocht idir an praghas conartha ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha agus ráta úis saor ó riosca á úsáid.

Is é 0.9% an ráta úis ar baineadh úsáid as chun sreafaí airgid measta sa todhchaí a lascainiú (2014: 0.9%). Tá an ráta bunaithe ar chuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh (ar lean)**

**(i) Babhtálacha rátaí úis**

Rinne an Grúpa babhtálacha ráta úis, arb ionann iad agus Stg£805.0 milliún, a fhorghníomhú maidir le cuid dá iasachtaí áirithe lena n-áirítear fiachas airgeadais tionscadail a d'urraigh Carrington Power Limited agus West Durham Wind Farm Limited agus maidir le hiasachtaí ar ráta seasta i seilbh na Máthairchuideachta agus ESB Finance Limited.

I gcás babhtálacha ráta úis, cuireann an luach cóir san áireamh na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i réim ag deireadh na bliana. De bhrí go ndéantar babhtálacha ráta úis a "mharcáil-go-margadh" ag deireadh na bliana, tá a luach tugtha anonn cothrom lena luach cóir.

Aithníodh gnóthachan iomlána luacha chóir €8.6 million (2014: gnóthachain €27.9 milliún) i rith na bliana maidir le babhtálacha ráta úis, ar aithníodh gnóthachain €2.9 milliún go díreach i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, agus gnóthachain €5.7 milliún aitheanta in OCI (2014: aithníodh caillteanas de €54.3 milliún in OCI).

**(ii) Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú**

Rinneadh babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú, a raibh luach cóir €272.5 milliún ar éadáil acu, a fháil i mí na Nollag 2010 mar chuid de cheannach ghnó NIE Networks. Ní raibh na babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú cáilithe le haghaidh cuntasaíochta fálaithe faoi IAS 39 ar éadáil ghnó NIE Networks. Tá tionchar ar luach cóir babhtálacha an ráta úis nasctha le boilsciú ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna miondíola (RPI) amach anseo sa Ríocht Aontaithe.

Rinne an Grúpa agus a bhainc contrapháirtithe comhaontú le linn 2014 maidir leis na babhtálacha a athstruchtúrú, lena n-áirítear leasuithe ar théarmaí áirithe criticiúla. Áiríodh sna hathruithe seo síneadh ama le tréimhse éigeantach scoir na mbabhtálacha ó 2015 go 2022, lena n-áirítear socrú láithreach ar íocaíochtaí fabhraithe €90.1 milliún in 2014 (dlite le híoc in 2015 roimhe sin), leasuithe ar ghné ráta úis seasta na mbabhtálacha, agus méadú i líon na gcontrapháirtithe babhtálacha. Tá tuilleadh íocaíochtaí faibhriúcháin sceidealaithe le tarlú gach cúig bliana, ag tosú sa bhliain 2018, agus an faibhriúchán atá fágtha le híoc ar aibíocht in 2036.

Ag eascrú as gluaiseachtaí réamhráta úis agus réamhphraghsanna RPI le linn na bliana, rinneadh gluaiseachtaí luach cóir de €7.2 milliún in 2015 (2014: gluaiseachtaí diúltacha cóirluacha arbh fhiú €244.9 milliún iad). Aithníodh iad sin mar chuid de na costais airgeadais sa ráiteas ioncaim.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**

Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraí agus úis ar luach cóir bhabhtálacha airgeadra. Rangaítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fháluithe sreabhaidh airgid agus baineann siad, den chuid is mó, le babhtálacha trasairgeadra a dhéantar i ndáil leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh, a ndéantar cur síos air i nóta 19. Chuathas i mbun na mbabhtálacha trasairgeadra seo chun ús ar dhollair Mheiriceá agus ar steirling agus aisíocaíochtaí príomhaí ar an mbunfhiachas a bhabhtáil go euro, rud a fhágann go bhfálófaí an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na tréimhsí de bharr athstruchtúrú go haibíocht ó 2010 go 2023.

Tháinig neamhéifeachtúlacht de réir bhrí IAS 39 ar na babhtálacha airgeadra i rith na bliana agus aithníodh muirear €nialasach (2014: creidmheas €0.3 milliún) laistigh de chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim mar thoradh uirthi. Áirítear ar leithligh sa ráiteas ioncaim 2015 €63.7 milliún a aistríodh ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid (2014: aistriú €87.0 milliún) a d'éirigh as babhtálacha trasairgeadra agus atá fritháirithe go hiomlán ag gluaiseachtaí in aistriú na mbuniasachtaí fálaithe airgeadra eachtraigh ag na rátaí malairte a bhí i réim (féach nóta 7).

Chomh maith le conarthaí airgeadra eachtraigh ar aghaidh a ndeachthas isteach iontu i ndáil le hiasachtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis conarthaí airgeadra eachtraigh a dhéanamh maidir le ceannacháin linne, riachtanais cheannacháin bhreosla (atá i ndollar Mheiriceá agus steirling) agus i ndáil le tionscadail stáisiún cumhachta (lena n-áirítear Carrington Power Limited). Tá aibíochtaí ag na conarthaí sin a mhaireann go dtí 2022. Aithníodh gluaiseachtaí diúltacha iomlána luacha chóir €1.4 milliún (2014: gluaiseachtaí diúltacha €20.9 milliún) i rith na bliana i ndáil lena leithéid de chonarthaí malairte eachtraí, agus ar aithníodh astu gluaiseacht dhiúltach luacha chóir de €13.0 milliún (2014: gluaiseachtaí dearfacha de €0.6 milliún) trí ioncam cuimsitheach eile agus gluaiseacht dhearfach luach cóir de €11.6 milliún (2014: gluaiseachtaí diúltacha €21.5 million) sa ráiteas ioncaim.

**Ordlathas luacha chóir**

Tá tuilleadh eolais faoi na modhanna chun ionstraimí airgeadais a luacháil san áireamh i nóta 26.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)**

**(b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta - aibíocht na n-ionstraimí airgeadais díorthacha**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha ionstraimí airgeadais díorthacha, lena n-áirítear na glansreafaí airgid gaolmhara neamhlascainithe atá inchurtha ina leith. Táthar ag súil go n-imreoidh na hionstraimí airgeadais díorthacha sin tionchar ar bhrabús nó caillteanas thar tréimhse ama a bheidh cosúil leis na heis-sreafaí airgid. Áirítear glandliteanais ionstraime airgeadais díorthaí €549.6 milliún (2014: €449.2milliún) le hiarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsítear iad mar chuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta. Féach nóta 26 (b) chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais na Máthairchuideachta.

| | Luach tugtha anonn € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliain € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 28,607 | 116,337 | 11,862 | 14,772 | 39,948 | 49,755 |
| Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú | 634,042 | 769,639 | 14,900 | 11,935 | 104,776 | 638,028 |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 26,062 | 26,291 | 13,974 | 2,985 | 2,024 | 7,308 |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 272,930 | 273,872 | 170,783 | 73,442 | 29,647 | - |
| **Dliteanais san iomlán** | **961,641** | **1,186,139** | **211,519** | **103,134** | **176,395** | **695,091** |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | 21,912 | 3,728 | 3,649 | 13,810 | 725 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | 105,950 | 11,490 | 5,702 | 63,649 | 25,109 |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 7,103 | 7,078 | 6,795 | 249 | 34 | - |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 94,522 | 94,025 | 81,963 | 12,026 | 36 | - |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 296,782 | 296,241 | 118,698 | 103,577 | 73,966 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | **450,965** | **525,206** | **222,674** | **125,203** | **151,495** | **25,834** |
| **(Glansócmhainní)/glandliteanais dhíorthacha** | **510,676** | **660,933** | **(11,155)** | **(22,069)** | **24,900** | **669,257** |
| **31 Nollaig 2014** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 35,352 | 100,563 | 10,380 | 10,736 | 32,244 | 47,203 |
| Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú | 641,206 | 773,622 | 15,151 | 12,392 | 123,394 | 622,685 |
| Babhtálacha airgeadra | 32,375 | (24,838) | 1,348 | (5,119) | (27,084) | 6,017 |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 35,914 | 35,175 | 27,847 | 3,851 | 2,355 | 1,122 |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 182,247 | 182,264 | 141,092 | 41,172 | - | - |
| **Dliteanais san iomlán** | 927,094 | 1,066,786 | 195,818 | 63,032 | 130,909 | 677,027 |
| Babhtálacha ráta úis | 1,849 | 24,823 | 3,619 | 3,638 | 10,558 | 7,008 |
| Conarthaí malairte eachtraigh | 18,363 | 18,355 | 16,908 | 1,426 | 21 | - |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas breosla | 219,571 | 219,995 | 136,968 | 47,309 | 35,718 | - |
| Conarthaí ar aghaidh do phraghas leictreachais | 187,358 | 187,928 | 41,343 | 52,921 | 93,664 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | 427,141 | 451,101 | 198,838 | 105,294 | 139,961 | 7,008 |
| **(Glansócmhainní)/glandliteanais dhíorthacha** | 499,953 | 615,685 | (3,020) | (42,262) | (9,052) | 670,019 |





# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN**

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa don fhoireann i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in ailt (a) agus (b) thíos. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i dTuaisceart Éireann leagtha amach in alt (c).

**(a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann**

**(i) Scéim Pinsin Sochair Sainithe ESB (An Scéim) (ar a tugadh Scéim Ginearálta um Aoisliúntas d'Fhostaithe ESB roimhe seo).**

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsean ranníocach a dtugtar Scéim Sochair Shainithe d'Fhostaithe Ginearálta ESB uirthi. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe ainmnithe ag ESB agus a chuid ball chun leasa na bhfostaithe agus a gcuid cleithiúnaithe agus iadsan amháin. Is scéim le sochair shainithe an Scéim agus tá sé cláraithe mar sin leis an Údarás Pinsean.

Leagtar amach sna rialacháin a rialaíonn an Scéim na sochair atá le soláthar agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill rannchuidithe. Bíodh is gur tairbhí sochair shainithe na tairbhí sin, níl aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun na tairbhí sin a choinneáil má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB a fháil agus faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann sa todhchaí, tá dualgas ar an gCuideachta faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire le haghaidh a fhaofa. Is cur chuige éagsúil é seo ón gcur chuige sochair shainithe 'iarmhéid costais' a úsáidtear go hiondúil, ina n-iarrtar ar an bhfostóir iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun sochair a mhaoiniú.

**Stair**

Is é an cleachtas atá ann le fada ná go bhfuil ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon socraithe ag rialacháin na Scéime ar feadh tréimhsí fada. Tá easnamh sa Scéim tuairiscithe ag achtúire na Scéime roinnt uaireanta ó thús na 1980í. Chuaigh ESB i mbun comhairliúcháin gach uair, de réir a oibleagáidí faoi rialacha na Scéime leis an gcoiste, na hiontaobhaithe agus an achtúire. Tar éis idirphlé leis na gceardchumann, thángthas ar réiteach do na heasnaimh trí ranníocaíochtaí na cuideachta agus ball na Scéime araon a mhéadú.

Bhí easnamh achtúireachta €1,957.0 milliún ann amhail an 31 Nollaig 2008 agus thángthas ar Chomhaontú Pinsin 2010 ina dhiaidh sin. Glacadh leis nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar a leithéid d'easnamh trí ranníocaíochtaí a mhéadú. Cuireadh clabhsúr le hidirbheartaíocht idir an Chuideachta agus Grúpa Ceardchumann ESB (ionadaithe na bhfostaithe) leis an gComhaontú Pinsin 2010 (ar fhaomh na fostaithe i mí Iúil 2010 é agus ar dhaingnigh Bord ESB go foirmiúil é an 20 Deireadh Fómhair 2010). Ar phríomhghnéithe an Chomhaontaithe sin, áiríodh tabhairt isteach múnla pinsin 'Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha
(CARE)' i gcomhair na sochar a thuillfear tar éis 1 Eanáir 2012, cosc ar mhéadaithe pinsin agus pá, deireadh a chur leis an nasc fadbhunaithe idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus go gcuirfear tástáil sócmhainneachta i bhfeidhm i ndáil le haon mhéadú pinsin sa todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta socraithe don fhostóir agus do bhaill na Scéime. Ghlac ESB faoi théarmaí an Chomhaontaithe instealladh airgid aonuaire a dhéanamh sa Scéim, a bheidh iníoctha thar líon blianta agus a raibh luacháil comhaontaithe €591.0 milliún aici chun críocha achtúireacha amhail an 1 Eanáir 2010. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le haon duine eile dul isteach sa Scéim. D'fhaomh an tAire na hathruithe a raibh an Comhaontú Pinsin 2010 ina údar leo ina dhiaidh sin.

Níl easnamh ag an Scéim ar bhonn achtúireacha leanúnach. Bheadh easnamh aici dá ndéanfaí í a foirceannadh (ag an gCaighdeán Íosmhaoinithe) ach tá plean maoinithe faofa ag an Údarás Pinsin chun an t-easnamh sin a réiteach faoin mbliain 2018. De réir an athbhreithnithe deiridh ar an gCaighdeán Íosmhaoinithe a rinneadh in 2015, táthar ag cloí leis an plean sin agus níl sé beartaithe an Scéim a fhoirceannadh. Níl sé beartaithe ag an gcuideachta go ndéanfaí aon ranníocaíocht eile, ach amháin na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha (suas go dtí 16.4% den tuarastal inphinsin, chomh maith le ranníocaíochtaí fostaí suas le 8.5%) mar aon le hiarmhéid ranníocaíocht bhreise na Cuideachta arb ionann í agus €591.0 milliún (ar cuid de Chomhaontú 2010 é). Má tharlaíonn sé sa todhchaí go mbeidh easnamh ann, níl aon athrú ar oibleagáid na Cuideachta, mar atá leagtha amach i rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis na páirtithe don Scéim.

**Sainmhínithe**

Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:
- Luacháil Achtúireachta Leanúnach.
- Caighdeán Íosmhaoinithe, de réir Achtanna na bPinsean.
- Cuntasaíocht, mar atá leagtha amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19 (Athbhreithnithe), Sochair Fostaí.

Déanann gach ceann de na modhanna sin measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí faoi leith agus baineann siad úsáid as boinn toimhde agus réamh-mheastachán a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.

**Luacháil Achtúireachta Leanúnach**

Déanann an modh luachála seo talamh slán de go leanfaidh an Scéim agus an Chuideachta araon i mbun ghnó go ceann i bhfad - ní luacháil ar uair foirceanta atá ann. Dheimhnigh achtúire na Scéime in 2015 go bhfuil an Scéim i gcothromaíocht ar bhonn achtúireachta leanúnach, i.e. go bhfuiltear ag réamh-mheas go mbeidh an Scéim in ann a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a dlitear iad, bunaithe ar na boinn toimhde atá déanta.

**Foirceannadh / Luacháil an Chaighdeáin Íosmhaoinithe**

Éilíonn Acht na bPinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh freisin cibé an bhféadfadh sí caighdeán faoi leith atá forordaithe a chomhlíonadh, a dtugtar an Caighdeán Íosmhaoinithe (MFS) air. Déanann sé sin meastachán cibé an mbeadh an Scéim in ann na sochair a chinntiú ar dháta faoi leith dá ndéanfaí an Scéim a fhoirceannadh ar an dáta sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé beartaithe ag ESB an Scéim a fhoirceannadh.

Thuairiscigh achtúire na Scéime ag deireadh na bliana 2011 nár shásaigh an Scéim bunriachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe. Leag iontaobhaithe na Scéime, le comhaontú ESB, plean maoinithe isteach chuig an Údarás Pinsean chun aghaidh a thabhairt air sin, agus faomhadh an plean sin i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is é an aidhm atá ag an bplean maoinithe seo ná na riachtanais um Íoschaighdeán Cistithe a réiteach faoi dheireadh na bliana 2018 agus le linn 2015 dheimhnigh Achtúire na Scéime go bhfuil an Plean seo ag baint amach a gcuspóir chun a dhéanamh amhlaidh bunaithe ar leibhéil ranníocaíochta reatha (lena n-áirítear an tiomantas €591.0 milliún a rinneadh sa Chomhaontú Pinsean 2010).

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**Cuntasaíocht**
Is é IAS 19 (athbhreithnithe) 'Sochair Fostaí' an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun an cinneadh a dhéanamh faon gcaoi ar cheart sochair iar-fhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB.

Léiríonn na ráitis airgeadais na hoibleagáidí seo a leanas don Scéim:
- Ranníocaíochtaí leanúnacha - aithnítear iad seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Áirítear oibleagáidí don scéim freisin arb ionann iad agus €648.1 milliún ar an gclár comhardaithe, agus cuimsíonn siad iad seo a leanas;
- Instealladh an Chomhaontú Pinsin 2010 - rinne an chuideachta tiomantas instealladh airgid eisceachtúil arb ionann é agus €591.0 milliún (PV in airgead 2010 bunaithe ar ráta 6.25%) isteach sa Scéim thar tréimhse suas le 12 bhliain. Tá na méideanna atá le híoc fós don Scéim faoin gcuid seo den Chomhaontú Pinsin faoi réir go héifeachtach ag muirear airgeadais bliantúil agus déantar iad a chur sa ráiteas ioncaim mar speansais. Íocadh €249.0 milliún isteach sa Scéim chun dáta.
- Ranníocaíochtaí seirbhíse roimhe seo - áirítear le ráta ranníocaíochta leanúnach ESB ranníocaíochta i dtreo seirbhíse roimhe seo a fabhraíodh in 2010. Aithnítear luach reatha ranníocaíochtaí sa todhchaí maidir leis an tseirbhís roimhe seo ar an gclár comhardaithe.
- Cláir Théarfa Dheonacha (VS) Roimhe Seo - d'aithin an Chuideachta tiomantas seasta sa todhchaí in 2010 maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear luach cóir na ranníocaíochtaí sin sa todhchaí ar an gclár comhardaithe freisin.

**(b) Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe - Poblacht na hÉireann**
Feidhmíonn ESB scéim faofa le ranníocaíochtaí sainithe freisin, ar a dtugtar Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (Scéim Phinsin Fochuideachtaí ESB roimhe seo), i gcomhair fostaithe fochuideachtaí ESB (seachas NIE Networks) agus, ón 1 Samhain 2010, foireann oibre nua na Máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí socraithe. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus d'fheadfaí iad a íoc i bhfoirm cnapshuim agus/nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na Scéime i gciste ar leith á riaradh ag iontaobhaithe. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus b'ionann é agus €8.6 milliún (2014: €7.5 milliún).

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**
Is baill iad formhór na bhfostaithe i NIE Networks Limited agus a bhfochuideachtaí de Scéim Pinsin NIE Networks (Scéim NIE Networks). Tá dhá chuid ag an scéim sin: 'Options', ar socrú ceannach airgid é trína meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na mball de ghnáth suas go dtí uasmhéid de 6% den tuarastal, agus 'Focus' a sholáthraíonn sochair atá bunaithe ar thuarastal inphinsin ar scor nó ar fhágáil seirbhíse níos luaithe. Coinnítear sócmhainní Scéim NIE Networks faoi iontaobhas agus infheistíonn na hiontaobhaithe iad ar chomhairle bainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

D'fhoilsigh an IASB leagan leasaithe de IAS 19 Sochair Fostaí i mí Mheithimh 2011 a bhfuil feidhm leis do thréimhsí bliantúla dár tús 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar an athrú sin, cinntíonn an Grúpa an glanspeansas úis tríd an ráta lascaine a úsáideadh chun an oibleagáid pinsin ag tús na tréimhse bliantúla a thomhas a úsáid leis an nglandliteanas.

**Boinn toimhde airgeadais**
Tá luacháil a rinne achtúirí neamhspleácha ar chuid Focus de Scéim NIE Networks chun críche nochtuithe IAS 19 bunaithe ar na boinn toimhde seo a leanas:

| | % amhail an 31 Nollaig 2015 | % amhail an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | **3.80** | 3.50 |
| Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **1.90** | 1.90 |
| Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin | **3.00** | 3.25 |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | **1.90** | 1.90 |

Is é 3.8% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsean a ríomh amhail 31 Nollaig 2015 (2014: 3.5%). Socraíodh é seo trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán amhail an dáta sin. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)**

**Toimhdí maidir le mortlaíocht**
Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil a bheidh ag baill ag am scoir leagtha amach thíos. Tá na toimhdí seo bunaithe ar thtáblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear lamháltas d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil sa todhchaí leo.

| | Amhail an 31 Nollaig 2015 Fir Blianta | Amhail an 31 Nollaig 2015 Mná Blianta | Amhail an 31 Nollaig 2014 Fir Blianta | Amhail an 31 Nollaig 2014 Mná Blianta |
|---|---|---|---|---|
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **27.1** | **29.7** | 26.5 | 29.0 |
| Pinsinéirí sa todhchaí atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **29.1** | **31.7** | 28.1 | 30.6 |

**Sócmhainní agus dliteanais pinsin**
Is iad seo a leanas na sócmhainní agus dliteanais i gcuid Focus de Scéim NIE Networks:

| | Amhail an 31 Nollaig 2015 €'000 | Amhail an 31 Nollaig 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | **289,938** | 269,856 |
| Bannaí | **276,179** | 515,082 |
| Infheistíocht chreidmheasa in ilshócmhainní | **239,510** | - |
| Fás éagsúlaithe | **539,971** | 527,598 |
| Eile | **6,676** | 6,649 |
| Luach cóir sócmhainní plean | **1,352,274** | 1,319,185 |
| Luach reatha oibleagáidí maoinithe | **(1,494,343)** | (1,483,207) |
| **Glaneasnamh** | **(142,069)** | (164,022) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)**

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)**

| | Amhail an 31 Nollaig 2015 €'000 | Amhail an 31 Nollaig 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Athrú in oibleagáid sochair** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **1,483,207** | 1,299,395 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costas seirbhíse reatha | **10,126** | 9,861 |
| Costas úis | **54,549** | 57,225 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **603** | 605 |
| (gnóthachan) / caillteanas achtúireach - tionchar athrú toimhdí | **(46,943)** | 102,159 |
| (Gnóthachan) / caillteanas achtúireach - caillteanas ó thaithí | **(23,437)** | - |
| Sochair a íocadh | **(78,530)** | (82,658) |
| Ath-choinnroinnt dliteanas PES go NIE Networks Limited | **2,604** | - |
| Eile | **-** | (446) |
| Costas seirbhíse san am a caitheadh | **147** | 2,367 |
| Difríocht aistrithe ar oibleagáid sochair sa bhliain | **92,017** | 94,699 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **1,494,343** | 1,483,207 |
| **Athrú i sócmhainní plean** | | |
| Luach cóir sócmhainní plean ag tús na bliana | **1,319,185** | 1,189,729 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Ús ar shócmhainní plean | **48,898** | 52,942 |
| Gnóthachain / (caillteanais) achtúireacha | **(53,160)** | 41,431 |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **31,281** | 31,488 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **603** | 605 |
| Ath-choinnroinnt dliteanas PES go NIE Networks Limited | **2,604** | - |
| Eile | **(120)** | - |
| Sochair a íocadh | **(78,530)** | (82,658) |
| Ranníocaíocht Airteagal 75 | **-** | 323 |
| Difríocht aistrithe ar shócmhainní sa bhliain | **81,513** | 85,325 |
| **Luach cóir sócmhainní plean ag deireadh na bliana** | **1,352,274** | 1,319,185 |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní plean don bhliain** | **(4,261)** | 94,373 |

| Is é seo a leanas anailís ar na méideanna arna n-aithint i gcostais fostaí mar chuid de shochair fostaí: | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(10,126)** | (9,861) |
| Costais seirbhíse san am a caitheadh | **(147)** | (2,367) |
| **Muirear sochair shainithe iomlán sa bhliain** | **(10,273)** | (12,228) |

| Anailís ar na méideanna arna n-aithint i gcostais airgeadais, mar ghlan-ús scéime pinsin: | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní scéime pinsin | **48,898** | 52,942 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | **(54,549)** | (57,225) |
| **Glan-ús scéime pinsin** | **(5,651)** | (4,283) |

| Anailís ar na méideanna arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach: | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **(53,160)** | 41,431 |
| Gnóthachain / (caillteanas) achtúireach ar dhliteanais | **70,380** | (102,159) |
| **Glan-ghnóthachan / (caillteanas) achtúireacha** | **17,220** | (60,728) |

**Anailís íogaireachta**
Is iad na méideanna atá ar taispeáint thíos an tionchar a bheadh ag athruithe réasúnta féideartha ar cheann amháin de na toimhdí achtúireachta ábhartha amhail an dáta tuairiscithe ar an oibleagáid sochair shainithe, dá gcoinneofaí gach toimhde seasmhach.

| **Dliteanas Pinsin** | 2015 € 'm | 2014 € 'm |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (athrú 0.1%) | **19.6** | 21.2 |
| Ráta boilscithe (athrú 0.1%) | **(19.9)** | (19.4) |
| Mortlaíocht sa todhchaí (1 bliain) | **(43.2)** | (49.4) |

D'ainneoin nach gcuireann an anailís san áireamh dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo faoin bplean, cuireann sé neastachán ar fáil d'íogaireacht na dtoimhdí a thaispeántar.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE**

| GRÚPA | Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000 | Dliteanais a bhaineann le fostaithe: Athstruchtúrú dliteanais € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | **766,228** | 152,271 | 30,500 | **182,771** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 29,360 | **29,360** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(69,844)** | (21,492) | (27,347) | **(48,839)** |
| Muirear airgeadaíochta | **34,686** | 2,372 | - | **2,372** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | 13 | 25 | **38** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | **731,070** | 133,164 | 32,538 | **165,702** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | **731,070** | 133,164 | 32,538 | **165,702** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar ar an ráiteas ioncaim | **-** | (3,998) | 28,306 | **24,308** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(113,729)** | (18,644) | (27,191) | **(45,835)** |
| Muirear airgeadaíochta | **30,788** | 1,190 | - | **1,190** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | 14 | 31 | **45** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **648,129** | 111,726 | 33,684 | **145,410** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **493,148** | 91,057 | - | **91,057** |
| Dliteanais reatha | **154,981** | 20,669 | 33,684 | **54,353** |
| **Iomlán** | **648,129** | **111,726** | **33,684** | **145,410** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000 | Dliteanais a bhaineann le fostaithe: Athstruchtúrú dliteanais € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | **766,228** | 152,091 | 23,592 | **175,683** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 24,798 | **24,798** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(69,844)** | (21,492) | (24,100) | **(45,592)** |
| Muirear airgeadaíochta | **34,686** | 2,372 | - | **2,372** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | **731,070** | 132,971 | 24,290 | **157,261** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | **731,070** | 132,971 | 24,290 | **157,261** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar ar an ráiteas ioncaim | **-** | (3,998) | 24,045 | **20,047** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(113,729)** | (18,738) | (22,471) | **(41,209)** |
| Muirear airgeadaíochta | **30,788** | 1,190 | - | **1,190** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **648,129** | 111,425 | 25,864 | **137,289** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **493,148** | 90,829 | - | **90,829** |
| Dliteanais reatha | **154,981** | 20,596 | 25,864 | **46,460** |
| **Iomlán** | **648,129** | **111,425** | **25,864** | **137,289** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)**

**Dliteanas - Scéim Pinsean an ESB**
Féach nóta 21 (a).

**Dliteanais athstruchtúraithe**
Is ionann an soláthar seo agus an costas a mheastar a bhainfeadh le híocaíochtaí iarfhostaíochta d'iarfhostaithe, seachas na méideanna sin a chuimsítear faoin scéim phinsin. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le híocaíochtaí leanúnacha a dhéanamh le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh luathscoir dheonaigh cheana, atáthar ag súil a bheith scaoilte go hábhartha faoi 2027. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

**Eile**
De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá soláthar déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe, bónais agus socruithe roinnte brabúis.

**23. TRÁDÁIL AGUS MÉIDEANNA INÍOCTHA EILE**

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | 2015 €'000 | 2014 €'000 | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
| **Méideanna Iníoctha Reatha:** | | | | |
| Méideanna iníoctha trádála | 350,692 | 358,845 | 180,786 | 205,736 |
| Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha | 76,815 | 62,781 | - | - |
| Méideanna iníoctha eile | 43,070 | 21,701 | 19,089 | 12,471 |
| Cánacha fostaíochta | 20,199 | 17,520 | 18,216 | 15,680 |
| Cáin bhreisluacha | 35,681 | 46,618 | 14,992 | 21,981 |
| Fabhruithe | 85,737 | 101,660 | 20,741 | 20,759 |
| Méideanna dlite d'fhochuideachtaí | - | - | 3,104,118 | 2,829,356 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaí | 83,341 | 79,023 | 35,670 | 9,436 |
| **Iomlán** | 695,535 | 688,148 | 3,393,612 | 3,115,419 |

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Méideanna iníoctha neamhreatha:** | | | | |
| Méideanna iníoctha eile | 8,686 | 8,185 | - | - |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**24. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS**

| GRÚPA | Soláthar ranníocaíochtaí agus eile €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 608,320 |
| Infhála | 29,695 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (59,644) |
| Difríochtaí aistrithe | 473 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 578,844 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 578,844 |
| Infhála | 36,959 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (57,530) |
| Difríochtaí aistrithe | 11 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 558,284 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas** | |
| Dliteanais neamhreatha | 510,011 |
| Dliteanais reatha | 48,273 |
| **Iomlán** | 558,284 |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Ranníocaíochtaí soláthair agus eile €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 591,779 |
| Infhála | 9,348 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (33,667) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 567,460 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 567,460 |
| Infhála | 1,034 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (32,422) |
| Aistriú chuig an nGrúpa | (2,530) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 533,542 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas** | |
| Dliteanais neamhreatha | 500,434 |
| Dliteanais reatha | 33,108 |
| **Iomlán** | 533,542 |

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais caipitil a fuarthas roimh mhí Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá ag teacht le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha. Tá tuilleadh cur síos déanta ar an gcuntasaíocht a dhéantar ar ranníocaíochtaí soláthair tar éis mhí Iúil 2009 sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta sna ráitis airgeadais seo.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**25. SOLÁTHAIRTÍ**

| GRÚPA | Stáisiún cumhachta costais dúnta € '000 | Astaíochtaí soláthairtí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 139,004 | 63,958 | 56,776 | **259,738** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 49,125 | - | **49,125** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 4,813 | **4,813** |
| - Dúnadh stáisiúin | 282 | - | - | **282** |
| Arna úsáid sa bhliain | (7,303) | (63,910) | (6,081) | **(77,294)** |
| Muirear airgeadaíochta | 2,947 | - | 930 | **3,877** |
| Difríochtaí aistrithe | 175 | 158 | 817 | **1,150** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | 135,105 | 49,331 | 57,255 | **241,691** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 135,105 | 49,331 | 57,255 | **241,691** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 63,145 | - | **63,145** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 14,821 | **14,821** |
| ESOP provision (note 30) | - | - | 12,080 | **12,080** |
| Arna úsáid sa bhliain | (5,139) | (50,259) | (3,750) | **(59,148)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,568 | - | 462 | **2,030** |
| Difríochtaí aistrithe | 173 | (85) | 724 | **812** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 131,707 | 62,132 | 81,592 | **275,431** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 129,693 | - | 66,738 | **196,431** |
| Dliteanais reatha | 2,014 | 62,132 | 14,854 | **79,000** |
| **Iomlán** | **131,707** | **62,132** | **81,592** | **275,431** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Stáisiún cumhachta costais dúnta € '000 | Astaíochtaí soláthairtí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | 134,487 | 53,545 | 44,668 | **232,700** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 38,572 | - | **38,572** |
| - Dlíthiúil agus Eile | - | - | 3,462 | **3,462** |
| Arna úsáid sa bhliain | (7,303) | (51,403) | (3,524) | **(62,230)** |
| Muirear Airgeadaíochta | 2,532 | - | 931 | **3,463** |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 129,716 | 40,714 | 45,537 | **215,967** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015** | 129,716 | 40,714 | 45,537 | **215,967** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim | | | | |
| - Astaíochtaí | - | 47,044 | - | **47,044** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 2,096 | **2,096** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 12,080 | **12,080** |
| Arna úsáid sa bhliain | (5,139) | (39,462) | (3,127) | **(47,728)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,388 | - | 462 | **1,850** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | 125,965 | 48,296 | 57,048 | **231,309** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 123,951 | - | 42,782 | **166,733** |
| Dliteanais reatha | 2,014 | 48,296 | 14,266 | **64,576** |
| **Iomlán** | **125,965** | **48,296** | **57,048** | **231,309** |



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**25. SOLÁTHAIRTÍ (ar lean)**

**Costais dúnta stáisiún cumhachta**
Is ionann an soláthar €131.7 milliún amhail an 31 Nollaig 2015 (2014: €135.0 milliún) do dhúnadh stáisiún agus luach reatha an mheastacháin reatha ar na costais a bhaineann le stáisiúin ghiniúna a dhúnadh ag deireadh a saolréanna fónta eacnamaíocha. Táthar ag súil go ndúnfaí formhór na stáisiún giniúna roimh an mbliain 2025. Mar gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, áirítear muirear maoinithe sa ráiteas ioncaim agus cuirtear leis an soláthar gach bliain é. Déantar athscrúdú ar an soláthar do dhúnadh stáisiún cumhachta gach bliain agus athríomhtar an dliteanas de réir dátaí dúnta reatha na stáisiún a bhfuiltear ag súil leo. Áirítear le luach measta costais dúnta sa todhchaí amhail dáta an chláir chomhardaithe díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán suímh, scor foirne agus costais ghaolmhara.

Tá roinnt éiginnteachtaí ann a imríonn tionchar ar ríomh an tsoláthair do dhúnadh stáisiún, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú nach rabhthas ag súil leis, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus athruithe sa ráta lascaine. Agus an soláthar á ríomh aige, tá an meastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héiginnteachtaí sin, ach d'fhéadfadh athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na toimhdí tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair. Déantar sreafaí airgid sa todhchaí a lascainiú go dtí luach reatha trí úsáid a bhaint as rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe cúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

**Soláthairtí astaíochtaí**
De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa, aithnítear soláthar chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Cuirtear lamháltais a cheannaítear i rith na bliana ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, ag teacht leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír i rith na bliana. Is ionann soláthar dheireadh na bliana agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais. Tomhaistear an oibleagáid ag méid tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí $CO_2$ caipitlithe, chomh maith leis an luach margaidh atá ag aon lamháltas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shocrú.

**Soláthairtí eile**
Meastacháin stuama atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais do thríú páirtithe, i ndáil le héilimh a cuirtear in iúl nó a ndéantar soláthar ina leith ag deireadh na bliana. De réir gnáthchleachtas tráchtála, tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh i soláthar dheireadh na bliana.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR

### (a) Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais

**Timpeallacht riosca**

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malairt eachtrach, ráta úis, athruithe praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), agus riosca oibriúcháin. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa mar is cuí. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear Coiste Airgeadais agus Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste chomh maith le haghaidh a athbhreithnithe.

Is iad feidhmeanna na hoifige tosaigh agus oifige láir na haonad ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Trading (atá laistigh de Generation and Wholesale Markets) agus Electric Ireland. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca an Ghrúpa ar an iomlán. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin. Cinntíonn feidhm Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa go mbainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a thabharfaidh cosaint don Ghrúpa ó chaillteanas agus go léireofar meas ag an am céanna ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí a dhéantar chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaintí a eascraíonn as táirgeadh agus díol leictreachais a dheighilt ina gconarthaí ar aghaidh praghas breosla, conarthaí ar aghaidh praghas leictreachais agus conarthaí malairte eachtraí. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint ar uair a socraithe nó ar uair a ndíolta.

**Struchtúr um thuairisciú riosca**

Rinne an Bord, tríd an bPríomhfheidhmeannach, an fhreagracht níos leithne a tharmligean do Choiste Trádála an Ghrúpa (GTC) as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa. Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun neamhchosaint riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus an aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a dhoiciméadú le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa infheidhmithe do gach ceann de na gnóthaí sin.

Laistigh de gach ceann de na haonaid ghnó sin, tá Coiste Bainistíochta Riosca Trádála bunaithe chun feidhmiú mar an príomh-mhaoirseoir ar riosca trádála ar leibhéal an aonáin aonair imfhálaithe. Ar an gcoiste sin tá ceann na feidhme tuloifige, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh a chinntiú leis an mbeartas céanna, teorann riosca trádála a bhainistiú agus cinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm.

Tugann na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála tuairisc don GTC. Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh go dtí feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-neamhchosaint an Ghrúpa d'athruithe praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa. Bíonn oibriúcháin trádála na n-aonad gnó faoi réir athbhreithnithe ag Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi bheartas agus chuspóirí an Ghrúpa maidir le Bainistíocht Riosca, féach ar leathanaigh 14 go 19 den Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca.

**Cuntasaíocht fálaithe**

Úsáideann ESB iasachtaí agus ionstraimí éarlais chun cistí breise a infheistiú. Agus úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a thagann chun cinn de ghnáth in oibríochtaí ó iasachtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus steirling, ó fhochuideachtaí airgeadra iasachta, agus ó úsáid soláthraithe airgeadra iasachta. Baintear úsáid as cuntasaíocht fálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálaithe ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbhearta tráchtearraí fálaithe áirithe chun costais bhreosla a shocrú agus chun nasc níos dlúithe a dhéanamh, nuair is féidir, idir ioncam leictreachais agus ionchuir bhreosla. Tá na socruithe sin go léir ainmnithe i gcoibhnis fálaithe, agus i bhformhór na gcásanna comhlíonann siad critéir shonracha IAS 39 maidir le cuntasaíocht fhálaithe. Sa chás go gcomhlíontar critéir fálaithe IAS 39 i dtaobh babhtálacha trasairgeadra, babhtálacha ráta úis, conarthaí malairte eachtraigh, conarthaí ar aghaidh praghas breosla agus conarthaí ar aghaidh praghas leictreachais, tá na hionstraimí sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid ar ús, ioncam nó costais oibríochtúil eile atá tuartha agus rídhóichí. Breathnaítear mar sin féin ar aon díorthach ar láimh nach bhfuil sainithe go sonrach i gcoibhnis fálaithe ó pheirspictíocht cuntasaíochta mar fhálú eacnamaíoch bailí.



# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar shócmhainní agus dhliteanais airgeadais, gan soláthairtí agus dliteanais atá bainteach le fostaithe a áireamh, amhail an 31 Nollaig 2015 agus an 31 Nollaig 2014:

| | Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / (dliteanas) coinnithe ar chostas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh le caidrimh fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh gan caidrimh fálaithe | | **Iomlán** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | **-** | - | **44,777** | - | **-** | - | **-** | - | **44,777** | - |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **62,563** | 63,638 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **62,563** | 63,638 |
| Díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **165,993** | 218,544 | **70,572** | 13,080 | **236,565** | 231,624 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais neamhreatha** | **62,563** | 63,638 | **44,777** | - | **165,993** | 218,544 | **70,572** | 13,080 | **343,905** | 295,262 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | **-** | - | **751,177** | 809,523 | **-** | - | **-** | - | **751,177** | 809,523 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **133,863** | 143,731 | **-** | - | **-** | - | **133,863** | 143,731 |
| Díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **181,205** | 75,435 | **33,195** | 120,082 | **214,400** | 195,517 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais reatha** | **-** | - | **885,040** | 953,254 | **181,205** | 75,435 | **33,195** | 120,082 | **1,099,440** | 1,148,771 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | **62,563** | 63,638 | **929,817** | 953,254 | **347,198** | 293,979 | **103,767** | 133,162 | **1,443,345** | 1,444,033 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **4,690,314** | 4,412,377 | **-** | - | **-** | - | **4,690,314** | 4,412,377 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **8,686** | 8,185 | **-** | - | **-** | - | **8,686** | 8,185 |
| Díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **110,664** | 94,164 | **643,873** | 644,352 | **754,537** | 738,516 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais neamhreatha** | **-** | - | **4,699,000** | 4,420,562 | **110,664** | 94,164 | **643,873** | 644,352 | **5,453,537** | 5,159,078 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **-** | - | **418,825** | 370,592 | **-** | - | **-** | - | **418,825** | 370,592 |
| Nithe iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **695,535** | 688,148 | **-** | - | **-** | - | **695,535** | 688,148 |
| Díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **115,647** | 57,284 | **91,457** | 131,294 | **207,104** | 188,578 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais reatha** | **-** | - | **1,114,360** | 1,058,740 | **115,647** | 57,284 | **91,457** | 131,294 | **1,321,464** | 1,247,318 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | **-** | - | **5,813,360** | 5,479,302 | **226,311** | 151,448 | **735,330** | 775,646 | **6,775,001** | 6,406,396 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(b) Forbhreathnú ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais (ar lean)**

| | Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas | | Sócmhainní (dliteanais) atá á gcoinneáil ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthacha le gaolmhaireachtaí fálaithe | | Ionstraimí airgeadais díorthacha gan gaolmhaireachtaí fálaithe | | **Iomlán** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 | **2015 € '000** | 2014 € '000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **63,443** | 41,435 | **29,462** | 11,868 | **92,905** | 53,303 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **-** | - | **63,443** | 41,435 | **29,462** | 11,868 | **92,905** | 53,303 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **-** | - | **3,181,023** | 3,017,734 | **-** | - | **-** | - | **3,181,023** | 3,017,734 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **17,202** | 56,384 | **-** | - | **-** | - | **17,202** | 56,384 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **69,400** | 17,209 | **69,998** | 119,750 | **139,398** | 136,959 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,198,225** | 3,074,118 | **69,400** | 17,209 | **69,998** | 119,750 | **3,337,623** | 3,211,077 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **-** | - | **3,198,225** | 3,074,118 | **132,843** | 58,644 | **99,460** | 131,618 | **3,430,528** | 3,264,380 |
| **DLITEANAIS** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | **-** | - | **1,488,584** | 1,522,749 | **-** | - | **-** | - | **1,488,584** | 1,522,749 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **21,968** | 59,445 | **20,701** | 13,344 | **42,669** | 72,789 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **1,488,584** | 1,522,749 | **21,968** | 59,445 | **20,701** | 13,344 | **1,531,253** | 1,595,538 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachais eile | **-** | - | **365,397** | 330,516 | **-** | - | **-** | - | **365,397** | 330,516 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **-** | - | **3,393,612** | 3,115,419 | **-** | - | **-** | - | **3,393,612** | 3,115,419 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **74,040** | 51,959 | **76,619** | 116,224 | **150,659** | 168,183 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,759,009** | 3,445,935 | **74,040** | 51,959 | **76,619** | 116,224 | **3,909,668** | 3,614,118 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **5,247,593** | 4,968,684 | **96,008** | 111,404 | **97,320** | 129,568 | **5,440,921** | 5,209,656 |

Ní dhéantar anailís ar sholáthairtí agus ar dhliteanais fostaithe an Ghrúpa sa tábla thuas, ná san anailís eile a leanas. Áirítear leis sin an dliteanas don oibleagáid phinsin de €648.1 milliún an 31 Nollaig 2015 (2014: €731.0 milliún). Féach nótaí 21, 22 agus 25 chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo agus leis na soláthairtí agus dliteanais fostaithe eile.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(c) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta**

Sa tábla seo a leanas leagtar amach aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus sócmhainní comhchosúla), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaí, agus na glansreafaí airgid neamhlascainithe atá inchurtha le hionstraimí airgeadais díorthacha. Tá iasachtaí a bhfuil luach tugtha anonn €3,255.1 milliún (2014: €2,929.7 milliún), agus glansócmhainní ionstraimí airgeadais díorthacha €549.6 million (2014: €449.2 milliún) san áireamh ar iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsíonn siad cuid de shócmhainní agus de dhliteanais na Máthairchuideachta. Féach nótaí 19, 20 agus 23 chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

| | Méid tugtha anonn € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conarth-acha - glan € '000 | Laistigh de 1 bhliain € '000 | 1-2 bhliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | | | | |
| Iasachtaí | 5,109,139 | 6,575,854 | 643,041 | 692,034 | 2,298,129 | 2,942,650 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaí san áireamh) | 565,000 | 565,000 | 556,314 | 8,686 | - | - |
| Dliteanas airgeadais díorthach | 961,641 | 1,186,139 | 211,519 | 103,134 | 176,395 | 695,091 |
| **Dliteanais iomlána** | **6,635,780** | **8,326,993** | **1,410,874** | **803,854** | **2,474,524** | **3,637,741** |
| Sócmhainn airgeadais dhíorthach | 450,965 | 525,206 | 222,674 | 125,203 | 151,495 | 25,834 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **450,965** | **525,206** | **222,674** | **125,203** | **151,495** | **25,834** |
| **Glandliteanais** | **6,184,815** | **7,801,787** | **1,188,200** | **678,651** | **2,323,029** | **3,611,907** |
| **31 Nollaig 2014** | | | | | | |
| Iasachtaí | 4,782,969 | 6,209,818 | 550,753 | 350,602 | 2,523,563 | 2,784,900 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile (gan iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaí san áireamh) | 553,171 | 553,171 | 544,986 | 8,185 | - | - |
| Dliteanas airgeadais díorthach | 927,094 | 1,066,786 | 195,818 | 63,032 | 130,909 | 677,027 |
| **Dliteanais iomlána** | 6,263,234 | 7,829,775 | 1,291,557 | 421,819 | 2,654,472 | 3,461,927 |
| Sócmhainn airgeadais dhíorthach | 427,141 | 451,101 | 198,838 | 105,294 | 139,961 | 7,008 |
| **Iomlán na sócmhainní** | 427,141 | 451,101 | 198,838 | 105,294 | 139,961 | 7,008 |
| **Glandliteanais** | 5,836,093 | 7,378,674 | 1,092,719 | 316,525 | 2,514,511 | 3,454,919 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla**

Téann an Grúpa isteach in idirbhearta díorthacha faoi mháistir-chomhaontuithe an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). Go ginearálta, faoi chomhaontuithe dá leithéidí déantar na méideanna atá dlite ó gach contrapháirtí ar lá aonair i ndáil le gach idirbheart atá le híoc san airgeadra nó tráchtearra céanna a chomhtháthú i nglanmhéid amháin atá iníoctha ag páirtí amháin le páirtí eile. I roinnt cúinsí, mar shampla, nuair a tharlaíonn imeacht creidmheasa amhail mainneachtain - gach idirbheart gan íoc faoin gcomhaontú a fhoirceannadh, déantar luach an fhoirceanta a mheasúnú agus ní bhíonn ach glanmhéid amháin iníoctha i nglanadh na n-idirbheart go léir.

Cuirtear faisnéis ar fáil sna táblaí seo a leanas maidir le hiarmhairt na hathluachála le haghaidh ionstraimí atá faoi réir máistir-chomhaontuithe athluachála in-fheidhmithe nó comhaontaithe chomhchosúil agus maidir le méideanna tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais aitheanta atá faoi réir na gcomhaontuithe thuas.

| GRÚPA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais ar an gclár comhardaithe € '000 | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € '000 | Glanmhéid € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 3,750 | (1,520) | 2,230 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| Conarthaí um malairt eachtrach | 7,103 | (6,179) | 924 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | (74,708) | 19,814 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 296,782 | (65,563) | 231,219 |
| | **450,965** | **(147,970)** | **302,995** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (28,607) | 1,520 | (27,087) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (634,042) | - | (634,042) |
| Conarthaí um malairt eachtrach | (26,062) | 17,296 | (8,766) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (272,930) | 129,154 | (143,776) |
| | **(961,641)** | **147,970** | **(813,671)** |
| **31 Nollaig 2014** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 1,849 | (1,011) | 838 |
| Conarthaí um malairt eachtrach | 18,363 | (16,783) | 1,580 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 219,571 | (132,075) | 87,496 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 187,358 | (20,614) | 166,744 |
| | 427,141 | (170,483) | 256,658 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (35,352) | 1,011 | (34,341) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (641,206) | - | (641,206) |
| Babhtálacha airgeadra | (32,375) | - | (32,375) |
| Conarthaí um malairt eachtrach | (35,914) | 31,874 | (4,040) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (182,247) | 137,598 | (44,649) |
| | (927,094) | 170,483 | (756,611) |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(d) Máistir-chomhaontuithe glanluachála nó comhaontuithe comhchosúla (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais ar an gclár comhardaithe € '000 | Méideanna nach bhfuil fritháirithe ar an gclár comhardaithe € '000 | Glanmhéid € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 17 | - | 17 |
| Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | 48,808 |
| Conarthaí um malairt eachtrach | 7,050 | (5,757) | 1,293 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | (60,196) | 34,326 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 81,906 | (76,606) | 5,300 |
| | **232,303** | **(142,559)** | **89,744** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Conarthaí um malairt eachtrach | (16,072) | 13,635 | (2,437) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | 128,924 | (48,332) |
| | **(193,328)** | **142,559** | **(50,769)** |
| **31 Nollaig 2014** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 636 | (115) | 521 |
| Conarthaí um malairt eachtrach | 18,290 | (16,710) | 1,580 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 149,208 | (131,089) | 18,119 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 22,128 | (20,614) | 1,514 |
| | 190,262 | (168,528) | 21,734 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (115) | 115 | - |
| Babhtálacha airgeadra | (32,375) | - | (32,375) |
| Conarthaí um malairt eachtrach | (33,121) | 30,815 | (2,306) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (175,361) | 137,598 | (37,763) |
| | (240,972) | 168,528 | (72,444) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(e) Riosca creidmheasa**

Eascraíonn riosca creidmheasa ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ionstraimí airgeadais díorthacha agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais, chomh maith le neamhchosaintí creidmheasa do chustaiméirí mórdhíola agus miondíola, lena n-áirítear infháltais gan íoc agus idirbhearta tiomnaithe.

| Sócmhainní airgeadais | 2015 GRÚPA € '000 | 2015 MÁTHAIRCHUIDEACHTA € '000 | 2014 GRÚPA € '000 | 2014 MÁTHAIRCHUIDEACHTA € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **795,954** | **3,181,023** | 809,523 | 3,017,734 |
| Infheistíocht sócmhainní airgeadais | **62,563** | **-** | 63,638 | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **133,863** | **17,202** | 143,731 | 56,384 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **450,965** | **232,303** | 427,141 | 190,262 |
| | **1,443,345** | **3,430,528** | 1,444,033 | 3,264,380 |

**Infháltais trádála agus infháltais eile**

Nochtadh an riosca mórdhíola agus creidmheasa a eascraíonn as infháltais trádála agus infháltais eile i nóta 15.

**Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais**

Déantar dlúthmhonatóireacht ar riosca creidmheasa a eascraíonn as infheistíochtaí sócmhainní airgeadais, sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas san áireamh, agus léirítear é sa luach tugtha anonn ag deireadh na bliana.

**Riosca creidmheasa a bhaineann leis an gCisteán (maidir le hairgead tirim agus ionstraimí díorthacha)**

Nochtar an Grúpa do riosca creidmheasa ó chontrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc acu i bpáirt leo agus lena ndéanann siad gnó laistigh de mhargaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa an nochtadh do gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátálacha creidmheasa glactha ná lú ná BBB nó a choibhéis.
Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus forghníomhaítear é sin i gcomhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an Achta um Idirbhearta Airgeadais ag Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Léiríonn an tSonraíocht agus na Ceanglais na cineálacha díorthach a fhéadfaidh an ESB a dhéanamh agus na riachtanais ghaolmhara nach mór don ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthach. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní sealbhaíonn nó ní thrádálann an Grúpa ionstraimí díorthacha chun críocha amhantracha. Bíonn neamhchosaintí, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnaí. Ní raibh caillteanais ar bith ag an nGrúpa mar thoradh ar mhainneachtain contrapháirtithe dá leithéidí a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)**

Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa a bhaineann le staideanna tráchtearraí chomh maith. Eascraíonn siad sin ó ionstraimí airgeadais díorthacha a dhéantar chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fhálú agus déantar iad a bhainistiú de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire (an tAcht um Idirbhearta Airgeadais ag Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992). Bunaíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtí chun nochtadh neamh-chomhthaobhaithe a shrianadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar ghlan-neamhchosaintí, riachtanais chomhthaobhacha agus ar chomhlíonadh. Teastaíonn comhthaobhacht ó aonaid ghnó an ESB, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ó pháirtithe éagsúla, i bhfoirm Litreacha Creidmheasa go sonrach ó chontrapháirtithe cumhachta Conradh Difríochta áirithe. Ba ionann iomlán na comhthaobhachta a bhí sealbhaithe ag deireadh na bliana agus €49.7 milliún (2014: €100.1 milliún). I bhfianaise na gcúinsí reatha eacnamaíocha, tá fios maith ag an nGrúpa faoi athruithe ar bith ar acmhainneacht creidmheasa na gcontrapháirtithe, agus má tharlaíonn a leithéid d'athrú, déantar gach beart oiriúnach chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú tuilleadh.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(f) Bainistíocht riosca airgeadraí eachtracha**

Eascraíonn neamhchosaintí airgeadraí eachtracha go príomha trí cheannach breosla agus cumhachta, costais ollchóirithe stáisiúin a theastaíonn, ceannacháin eile a ainmnítear in airgeadraí eachtracha, iasachtaí in airgeadraí eachtracha (lena n-áirítear an socrúchán príobháideach ar a gcuirtear síos i nóta 19) agus infheistíochtaí lasmuigh de limistéar an euro.

Úsáidtear conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun an luaineacht a eascraíonn ó neamhchosaintí airgeadraí eachtracha a laghdú. Baineann na conarthaí réamhcheannaigh airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2015 le sreafaí airgid tuartha a bhfuiltear ag súil leo tarlú suas go dtí 2028.

Ag deireadh na bliana, b'ionann punann fiachais iomlán an ESB agus €5.1 billiún (2014: €4.8 billion), a raibh €1.8 billiún de á shealbhú ag an Máthairchuideachta (2014: €1.8 billiún). Ainmníodh an fiachas bunúsach sna hairgeadraí seo a leanas, roimh bhabhtálacha agus ina ndiaidh:

| GRÚPA | Roimh bhabhtálacha 2015 (%) | Roimh bhabhtálacha 2014 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2015 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2014 (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **47** | 44 | **58** | 59 |
| Dollar SAM | **11** | 15 | **-** | - |
| Steirling | **42** | 41 | **42** | 41 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Roimh bhabhtálacha 2015 (%) | Roimh bhabhtálacha 2014 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2015 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2014 (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **45** | 36 | **75** | 75 |
| Dollar SAM | **31** | 39 | **-** | - |
| Steirling | **24** | 25 | **25** | 25 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

Mar a taispeánadh thuas, déantar formhór phunann fiachais na Máthairchuideachta a bhabhtáil go euro don phríomhshuim agus don ús araon; dá bhrí sin, laghdaítear an neamhchosaint do riosca airgeadra eachtraigh sa Ghrúpa. Agus a chuid oibríochtaí eachtracha á mbainistiú aige, tuigeann an Grúpa faoi iasachtaí a fháil in airgeadraí a mheaitseálann airgeadra feidhmeach na hoibríochta eachtraí. Dá bhrí sin, tá cion suntasach d'fhiachas ainmnithe i steirling, mar thoradh ar éadáil NIE Networks go príomha.

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar rátaí malairte in airgeadra eachtrach amhail an 31 Nollaig cothromas a mhéadú agus brabús roimh chánachas a laghdú faoin méid atá leagtha amach thíos. Déantar an anailís sin talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile mar an gcéanna, agus áirítear leis an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, a bhfuil siad ar fad i ngaolmhaireachtaí éifeachtacha fálaithe amhail an 31 Nollaig 2015.

| GRÚPA | 31 Nollaig 2015 Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | 31 Nollaig 2015 Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 | 31 Nollaig 2014 Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | 31 Nollaig 2014 Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Neartú 10% | | | | |
| Dollar SAM | **(25,275)** | **540** | (32,769) | - |
| Steirling | **19,641** | **(3,434)** | - | 30,257 |
| Franc na hEilvéise | **(948)** | **-** | (1,365) | (501) |
| Lagú 10% | | | | |
| Dollar SAM | **30,891** | **(660)** | 40,051 | - |
| Steirling | **(24,006)** | **4,197** | - | (36,197) |
| Franc na hEilvéise | **1,158** | **-** | 1,668 | 501 |

Rinneadh na boinn tuisceana seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:
- ní bhíonn tionchar ag athruithe i luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireachtaí fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fáluithe sreabhaidh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile amháin;
- déantar athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha atá ainmnithe mar fháluithe glaninfheistíochta ag eascairt ó athruithe sa ráta malairte euro go steirling a thaifeadadh go díreach sa chothromas, agus ní dhéantar neamhéifeachtúlacht ar bith a thoimhdiú.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (g) Bainistíocht riosca ó phraghsanna tráchtearraí

Ba shuntasach le blianta beaga anuas an luaineacht i bpraghsanna an bhreosla is gá do ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais an Ghrúpa agus déanann an Grúpa bainistíocht ar an nochtadh mar thoradh air do ghluaiseachtaí praghsanna breosla ar bhonn roghnaíoch fála. Chuaigh an Grúpa isteach i réamhchonarthaí praghsanna tráchtearraí i ndáil le ceannach an gháis agus guail a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais – féach nóta 20 le tuilleadh sonraí a fháil. Déantar réamhchonarthaí a luacháil bunaithe ar na méideanna fisiciúla atá conraithe agus gan íoc, agus ar na réamhphraghsanna ar tháirgí comhchosúla, ar dháta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú nuair is gá ar bhunús cuar oiriúnach réamhráta úis.

D'imreodh méadú ginearálta 10% ar an bpraghas gáis agus guail amhail an 31 Nollaig 2015 tionchar ar chothromas agus ar bhrabús roimh chánachas faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déanann an anailís sin talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear léi an tionchar atá ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm, agus gach ceann acu i ngaolmhaireachtaí fálaithe éifeachtacha amhail an 31 Nollaig 2015. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| | 31 Nollaig 2015 | | 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000** | Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **42,072** | **(2,340)** | 78,763 | (2,972) |

| | 31 Nollaig 2015 | | 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000** | Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **5,707** | **(2,340)** | 24,894 | (2,972) |

Dhéanfadh méadú ginearálta 10% ar Phraghas Imeallach Córais an Mhargaidh Leictreachais Aonair amhail an 31 Nollaig 2015 ioncam cuimsitheach eile agus brabús roimh chánachas a laghdú faoi na méideanna atá leagtha amach thíos. Déantar talamh slán de san anailís go bhfanfaidh gach athróg eile, rátaí malairte eachtraí go háirithe, mar an gcéanna, agus áirítear léi an tionchar ar luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá i bhfeidhm. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile mar an gcéanna.

| | 31 Nollaig 2015 | | 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| **GRÚPA** | **Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000** | Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
| Caillteanas i ngeall ar mhéadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **(29,775)** | **-** | (66,098) | - |

Ní imreodh gluaiseacht 10% sa Phraghas Imeallach Córais amhail an 31 Nollaig 2015 aon tionchar suntasach ar ioncam cuimsitheach eile, ná ar bhrabúis roimh cháin na Máthairchuideachta in 2015 nó in 2014.

| | 31 Nollaig 2015 | | 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000** | **Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000** | Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
| Caillteanas i ngeall ar mhéadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **-** | **-** | (28,207) | - |

Rinneadh an anailís íogaireachta atá tugtha thuas don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta a ríomh amhail an 31 Nollaig 2015 trí úsáid a bhaint as na bunphraghsanna tráchtearraí agus rátaí airgeadra eachtraigh seo a leanas:

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| Gás (Stg. p/therm) | **33.70** | 50.15 |
| SMP (€/MWh) | **45.09** | 56.67 |
| Gual ($SAM/tona) | **43.27** | 66.39 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh ($SAM = €1) | **1.09** | 1.241 |
| Idirbhearta i ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1) | **0.7340** | 0.7789 |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (h) Luach cóir

Is iad seo a leanas luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais a iompraíodh ag an gcostas amúchta, mar aon leis na méideanna tugtha anonn atá léirithe sa chlár comhardaithe:

| | **GRÚPA** | | **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Luach tugtha anonn 2015 € '000** | **Luach cóir 2015 € '000** | **Luach tugtha anonn 2015 € '000** | **Luach cóir 2015 € '000** |
| **31 Nollaig 2015** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,690,314 | 5,290,073 | 1,488,584 | 1,875,656 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha | 418,825 | 472,381 | 365,397 | 460,410 |
| **Iasachtaí iomlána** | **5,109,139** | **5,762,454** | **1,853,981** | **2,336,066** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile neamhreatha | 8,686 | 8,513 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile reatha | 695,535 | 695,535 | 3,393,612 | 3,393,612 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile neamhreatha | (44,777) | (66,001) | - | - |
| Infháltais trádála agus infháltais eile reatha | (751,177) | (751,177) | (3,181,023) | (3,181,023) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (133,863) | (133,863) | (17,202) | (17,202) |
| **Glandliteanais** | **4,883,543** | **5,515,461** | **2,049,368** | **2,531,453** |

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | Luach tugtha anonn 2014 € '000 | Luach cóir 2014 € '000 | Luach tugtha anonn 2014 € '000 | Luach cóir 2014 € '000 |
| **31 Nollaig 2014** | | | | |
| Fiachas fadtéarmach | 4,412,377 | 5,226,255 | 1,522,749 | 1,928,662 |
| Iasachtaí gearrthéarmacha | 370,592 | 433,804 | 330,516 | 413,960 |
| **Iasachtaí iomlána** | 4,782,969 | 5,660,059 | 1,853,265 | 2,342,622 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile neamhreatha | 8,185 | 8,022 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 688,148 | 688,148 | 3,115,419 | 3,115,419 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | (809,523) | (809,523) | (3,017,734) | (3,017,734) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (143,731) | (143,731) | (56,384) | (56,384) |
| **Glandliteanais** | 4,526,048 | 5,402,975 | 1,894,566 | 2,383,923 |

De bhrí go bhfuil infháltais trádála agus infháltais eile dlite taobh istigh de bhliain amháin, agus go bhfuil soláthar déanta dóibh sa chás go bhfuil siad bearnaithe, meastar go bhfuil a luach tugtha anonn ar aon dul go hábhartha lena luach cóir.

Ríomhtar luach cóir trádála agus infháltais eile agus iad bunaithe ar luach reatha sreafaí airgid thirim sa todhchaí, arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe.

Is luachanna córa Leibhéal 2 iad iasachtaí agus fiachas eile. Is é an teicníocht luachála a úsáidtear d'iasachtaí agus d'fhiachas eile comparáid a dhéanamh idir an stoc fiachais agus costas imeallach fiachais (ó na príomh-mhargaí maoinithe) chomh maith le lascainiú trí úsáid a bhaint as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh an airgeadra ábhartha.

**Luach cóir - rátaí lascaine**

Tá na rátaí úis a úsáidtear chun sreafaí airgid thirim sa todhchaí a lascainiú, nuair is infheidhme, bunaithe ar an gcuar toraidh EURIBOR ag an dáta tuairiscithe móide an raon difríochta creidmheasa seasta cuí, agus is seo a leanas iad:

| | **2015 %** | 2014 % |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíocht eile | **2.2** | 1.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **0.9** | 0.9 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **1.0** | 1.1 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas luacha chóir**

Déantar anailís sa tábla thíos ar na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna n-iompar ag an luach cóir, de réir an mhodha luachála. Déantar na leibhéil éagsúla atá ábhartha do na shócmhainní agus na dliteanais airgeadais arna sealbhú ag an nGrúpa a shainiú mar a leanas:

- Leibhéal 2: ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais chomhionanna, atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. faighte ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

| GRÚPA | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | **48,808** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 7,103 | - | **7,103** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | - | **94,522** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 574 | 296,208 | **296,782** |
| - Babhtálacha ráta úis | 3,750 | - | **3,750** |
| Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas | - | 61,993 | **61,993** |
| | **154,757** | **358,201** | **512,958** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (26,062) | - | **(26,062)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | (95,674) | **(272,930)** |
| - Babhtálacha ráta úis | (28,607) | - | **(28,607)** |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (634,042) | - | **(634,042)** |
| | **(865,967)** | **(95,674)** | **(961,641)** |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | **(711,210)** | **262,527** | **(448,683)** |

| | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2014** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 18,363 | - | 18,363 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 149,206 | 70,365 | 219,571 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 333 | 187,025 | 187,358 |
| - Babhtálacha ráta úis | 1,849 | - | 1,849 |
| Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas | - | 63,068 | 63,068 |
| | 169,751 | 320,458 | 490,209 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | (32,375) | - | (32,375) |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (35,914) | - | (35,914) |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (175,362) | (6,885) | (182,247) |
| - Babhtálacha ráta úis | (35,352) | - | (35,352) |
| - Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (641,206) | - | (641,206) |
| | (920,209) | (6,885) | (927,094) |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | (750,458) | 313,573 | (436,885) |

Ba cheart a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthacha á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le bunidirbhearta lena mbaineann rioscaí fritháirithe. Socraítear luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha tríd an difríocht idir an praghas conarthach ar aghaidh agus an praghas reatha ar aghaidh a lascainiú le haghaidh aibíocht iarmharach an chonartha trí úsáid a bhaint as ráta úis saor ó riosca.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)**

**(i) Ordlathas ag an luach cóir (ar lean)**

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2015** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | 48,808 | - | **48,808** |
| - Babhtálacha ráta úis | 17 | - | **17** |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 7,050 | - | **7,050** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 81,906 | **81,906** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 94,522 | - | **94,522** |
| | **150,397** | **81,906** | **232,303** |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (16,072) | - | **(16,072)** |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (177,256) | - | **(177,256)** |
| | **(193,328)** | **-** | **(193,328)** |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | **(42,931)** | **81,906** | **38,975** |

| | Leibhéal 2 € '000 | Leibhéal 3 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2014** | | | |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha Ráta Úis | 636 | - | 636 |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | 18,290 | - | 18,290 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 22,128 | 22,128 |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 149,208 | - | 149,208 |
| | 168,134 | 22,128 | 190,262 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | |
| - Babhtálacha airgeadra | (32,375) | - | (32,375) |
| - Conarthaí um malairt eachtrach | (33,121) | - | (33,121) |
| - Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (175,361) | - | (175,361) |
| - Babhtálacha ráta úis | (115) | - | (115) |
| | (240,972) | - | (240,972) |
| **Glansócmhainn/(glandliteanas)** | (72,838) | 22,128 | (50,710) |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (i) Ordlathas ag an luach cóir (ar lean)

**Tomhas luachanna córa - Teicníochtaí luachála agus ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite**
Sa tábla seo a leanas taispeántar an teicníocht luachála atá á húsáid chun luachanna córa Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite atá á n-úsáid.

| Cineál | Teicníocht luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirghaolmhaireacht idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ag an luach cóir |
|---|---|---|---|
| Babhtálacha airgeadra, conarthaí um malairt eachtrach agus babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 - Luacháil reatha sreafaí airgid malairte eachtraigh a bheidh faoi chonradh sa todhchaí trí úsáid a bhaint as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh a tógadh.<br><br>Tógtar an cuar cúpóin nialasaigh trí úsáid a bhaint as cuar toraidh úis an airgeadra ábhartha. | | |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla agus leictreachais | Leibhéal 2 - Cinntítear luach cóir na réamhchonarthaí breosla agus leictreachais trí threoir réamhphraghsanna gáis, guail agus carbóin, agus déantar an luach a gheofar as sin a lascainiú do luachanna reatha.<br><br>Leibhéal 3 - Cinntítear luach cóir roinnt réamhchonarthaí breosla agus leictreachais sonracha trí threoir réamhphraghsanna leictreachais nach bhfuil inbhraite. | Praghas Imeallach Córais (SMP) | Méadódh/(laghdódh) an luach cóir measta dá mbeadh an SMP níos ísle/(níos airde)<br><br>Go ginearálta tarlaíonn athrú comhchosúil treoch i bpraghsanna gáis le hathrú ar SMP. |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | Leibhéal 2 - Úsáidtear agus bailíochtaítear luachála neamhspleácha trí úsáid a bhaint as luacháil reatha na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo trí úsáid a bhaint as cuar lascainithe cúpóin nialasaigh tógtha<br><br>Tógtar an cuar cúpóin nialasaigh trí úsáid a bhaint as cuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha.<br><br>Déantar sreafaí airgid sa todhchaí a mheas trí úsáid a bhaint as leibhéil tagarmhairc RPI a bhfuiltear ag súil leo chomh maith le rátaí arna socrú ag LIBOR a bhfuiltear ag súil leo. | | |
| Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas | **Sreafaí airgid thirim lascaine:** Breithnítear sa tsamhail luachála ar luach reatha sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí.<br><br>Cinntítear an íocaíocht a bhfuiltear ag súil léi trí bhreithniú a dhéanamh ar na cásanna féideartha maidir le hioncam réamh-mheasta agus ollchorrlaigh, sreafaí airgid i ngach cás agus an dóchúlacht a bhaineann le gach cás.<br><br>**Teicníocht um chomparáid an mhargaidh:** Tá an tsamhail luachála bunaithe ar iolraí margaidh a díorthaítear ó phraghsanna luaite cuideachtaí atá inchomparáide leis an institiúid infheistiúcháin agus ollchorrlach na hinstitiúide infheistiúcháin a bhfuiltear ag súil léi. | Ráta fáis ioncaim bhliantúil réamhaisnéise; Ollchorrlach réamhaisnéise | De ghnáth déanann Novusmodus measúnú ar luach a infheistíochtaí bunaithe ar na hionchais atá againn maidir le fáltais a d'fhéadfaí a réadú i ndiúscairt.<br><br>Spreagfaidh roinnt ionchur na luach seo de ghnáth lena n-áirítear cumas na hinstitiúide infheistiúcháin a hioncam agus a corrlaigh ghaolmhara a fhás as a dtiocfaidh EBITDA níos airde agus luachanna níos airde dá réir sin. |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR (ar lean)

### (i) Ordlathas ag an luach cóir (ar lean)

Sa tábla seo a leanas taispeántar réiteach ó iarmhéideanna tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 go dtí iarmhéideanna ag deireadh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2015 do thomhais luacha chóir i Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir:

| GRÚPA | Sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas € '000 | Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais € '000 | Réamhchonarthaí praghsanna breosla € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 63,068 | 187,025 | 63,480 | **313,573** |
| Ceannacháin | 8,888 | - | - | **8,888** |
| Iomlán na ngnóthachan nó na gcaillteanas: | | | | |
| - sa bhrabús nó sa chaillteanas | (13,752) | - | - | **(13,752)** |
| - in OCI | - | 148,416 | (152,506) | **(4,090)** |
| Socraíochtaí | - | (39,233) | (6,648) | **(45,881)** |
| Gluaiseachtaí aistrithe | 3,789 | - | - | **3,789** |
| **Iarmhéid deiridh - glan** | **61,993** | **296,208** | **(95,674)** | **262,527** |

Iompraítear sócmhainní airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas ag an luach cóir. Nuair is infheidhme, tá an luach cóir bunaithe ar an ráiteas um luacháil ciste is déanaí atá ar fáil, atá coigeartaithe do lascaine leachtachta. Maidir le hinfheistíochtaí neamhspleácha, tá an mhodheolaíocht luachála atá in úsáid ag teacht le Treoirlínte Luachála Cothromais Phríobháidigh Idirnáisiúnta agus Caipitil Fiontair arna bhforbairt ag roinnt cumainn chaipitil fiontair idirnáisiúnta. De bhrí go dteastaíonn teicníochtaí luachála bunaithe ar mhúnla chuige seo, a bhfuil roinnt ionchur neamh-inbhraite i gceist leis, tá gach sócmhainn airgeadais ag an luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas rangaithe mar infheistíochtaí Leibhéal 3 sa bhliain reatha.

Baineann réamhchonarthaí praghsanna breosla agus réamhchonarthaí praghsanna leictreachais atá áirithe ag Leibhéal 3 san ordlathas luacha chóir le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar roinnt boinn tuisceana réamhphraghsanna, a bhfuil roinnt ionchur neamh-inbhraite i gceist leo, lena n-áirítear réamh-ionchuir thoimhdithe leictreachais, carbóin agus gáis thar tréimhsí fadtéarmacha.

**Anailís íogaireachta - Luachanna córa Leibhéal 3**
I gcás na réamhchonarthaí praghsanna breosla agus leictreachais is iad na héifeachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe féideartha réasúnta ar cheann amháin de na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite, dá gcoinneofaí na hionchuir eile seasmhach.

| GRÚPA | **31 Nollaig 2015**<br>Gnóthachan/ (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile € '000 | Gnóthachan/ (caillteanas) brabúis roimh cháin € '000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **(35,705)** | **-** |
| Caillteanas i ngeall ar mhéadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **(29,775)** | **-** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 27. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Oibleagáidí léasanna oibriúcháin

| Is iad seo a leanas na ceangaltais iomlána faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe atá dlite: | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **14,256** | 12,962 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **39,378** | 29,012 |
| I ndiaidh cúig bliana | **147,469** | 116,355 |
| **Iomlán le híoc** | **201,103** | 158,329 |

Baineann léasanna oibriúcháin atá le híoc ag an nGrúpa le talamh agus le foirgnimh a fháil ar cíos go ginearálta. Tá na costais léasa seo bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte ar an dáta tionscanta agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbhreithnithe cíosa gach cúig bliana ar an meán. Níl srianta suntasacha nó srianta neamhghnácha ar bith curtha ar an nGrúpa le téarmaí na léasanna oibriúcháin.

### (b) Ceangaltais chaipitil

| | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Faoi chonradh le haghaidh | **336,912** | 381,159 |

### (c) Ceangaltais conarthaí breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha i bhfeidhm maidir le soláthar gáis do thréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2019. Déantar soláthar sna socruithe sin i leith athruithe praghsála ar aon dul le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair ba chuí, rinneadh díorthaigh leabaithe a dheighilt agus luacháladh iad de réir IAS 39.

### (d) Nochtadh eile

De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, choinnigh Aviva mar árachóir UCC lena chaingean dlí i gcoinne an ESB san Ard-Chúirt ag iarraidh €19 milliún a aisghabháil as damáiste a rinneadh dá mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015 thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas ar an gcás agus cinneadh go raibh an ESB 60% faoi dhliteanas as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.

Bunaithe ar chomhairlí dlí a fuarthas, rinne an ESB achomharc in aghaidh an chinnidh os comhair na Cúirte Achomhairc. Is cosúil go n-éisteofar an t-achomharc in 2017. Go dtí go n-éisteofar an t-achomharc, ní bheidh aon éisteacht maidir le 'quantum' (.i. méid iarbhír na ndamáistí is iníoctha i ndáil le caillteanais de chuid UCC) agus chuir an Ard-Chúirt bac ar a ordú maidir le costais.

Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an bhreithiúnas sa chás UCC, seirbheáladh 156 sraith d'imeachtaí dlí a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna a éilítear i ndáil leis na himeachtaí seo agus dá bhrí sí ní féidir meastúchán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (dá gcinnfeadh an Chúirt Achomhairc in aghaidh an ESB) faoi láthair. Bíodh sin mar atá, níl an ESB ag súil go ndéanfaidh méid iomlán na ndamáiste le dámhachtain, más ann, agus na costais lena mbaineann i ndáil le gach caingean dlí, lena n-áirítear an chaingean Aviva/UCC, a chlúdach árachais is infheidhme a shárú.

Creideann an ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dochúlacht go n-éireoidh leis an achomharc agus dá réir sin, ní dhearnadh soláthar ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

**Comhlachtaí leathstáit**
Cosúil le go leor aonán eile, déileálann an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí státurraithe eile cosúil le Ervia agus Bord na Móna. Déantar comhaontuithe fadtéarmacha idir an ESB agus Bord na Móna i ndáil le ceannach móna do na Stáisiúin Lár na Tíre.

**Bainc faoi úinéireacht stát na hÉireann**
Bíonn idirbhearta ag an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag Rialtas na hÉireann. Tá gach idirbheart de chuid an ESB le bainc dá leithéid ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh comhchruinniú iasachtaí ábhartha ar bith ag an ESB le bainc ar bith dá leithéid i rith na bliana nó amhail an 31 Nollaig 2015. Bhí sciar den airgead tirim agus de na coibhéisí airgid thirim i dtaisce le bainc dá leithéid, mar a léirítear i nóta 16.

**Leasanna na gcomhaltaí Boird**
Seachas na leithdháiltí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag na Comhaltaí Boird in ESB nó i bhfochuideachtaí dá chuid ag am ar bith i rith na bliana.

**Aischeannach ESOP**
Féach ar nóta 30 le sonraí faoi aischeannach ESOP a fháil.

**Gnóthais fochuideachta**
I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, cheannaigh Máthairchuideachta an ESB seirbhísí innealtóireachta, comhairleoireachta agus seirbhísí eile, lena n-áirítear seirbhísí cíosa, arb ionann iad agus €149.8 milliún (2014: €131.6 milliún) óna fochuideachtaí.

Le linn na bliana, bhí díolacháin ag Máthairchuideachta an ESB dar luach €149.6 milliún (2014: €113.3 milliún) d'fhochuideachtaí. Baineann na díolacháin sin le seirbhísí bainistíochta den chuid is mó, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais agus díolacháin leictreachais.

Le linn na bliana, fuair Máthairchuideachta an ESB ús dar luach €50.8 milliún (2014: €46.5 milliún) ó fhochuideachtaí agus d'íoc siad ús dar luach €170.5 milliún (2014: €72.3 milliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idirchuideachta.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí méideanna iníoctha ag Máthairchuideachta an ESB de €3,104.1 milliún (2014: €2,829.4 milliún) lena fochuideachtaí. Baineann na méideanna iníoctha sin den chuid is mó le méideanna a bhí i dtaisce d'fhochuideachtaí, iasachtaí a thóg ESB Finance Limited agus a thug sé ar iasacht do Mháthairchuideachta an ESB, chomh maith le méideanna atá dlite i dtaobh seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí iarmhéideanna infhála ag Máthairchuideachta an ESB de €2,836.7 milliún (2014: €2,574.6 milliún) óna fochuideachtaí. Baineann na méideanna infhála seo le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí le fochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí iarmhéideanna infhála ag Máthairchuideachta an ESB óna fochuideachtaí i ndáil le cothromas agus ranníocaíochtaí caipitil, dar luach €61.8 milliún (2014: €61.8 milliún).

**Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Chuir an ESB seirbhísí ar fáil i rith na bliana do Oweninny Power Limited de €0.7 milliún (2014: €0.5 milliún), do Emerald Bridge Fibres Limited de €0.1 milliún (2014: €0.1 milliún), do SIRO Limited de €1.8 milliún (2014: €0.2 milliún), do Tilbury Green Power Limited de €5.3 milliún (2014: €nialas) agus do Raheenleagh Power Limited ar méid arb ionann agus €4.5 million (2014: €nialas).

I rith na bliana bhí ceannacháin ag an ESB ó Emerald Bridge Fibres Limited de €0.1 milliún (2014: €nialas) agus ó Kingspan ESB Limited de €0.9 million (2014: €nialas).

Cuireadh maoiniú caipitil €1.8 milliún (2014: €nialas) ar aghaidh chuig Raheenleagh Power Limited, agus €2.9 million (2014: €nialas) chuig Tilbury Green Power Holdings Limited.

Bhí €50.4 milliún dlite ag an Grúpa ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais orthu amhail an 31 Nollaig 2015, arb ionann é agus €3.8m (2014: €nialas) ó Raheenleagh Power Limited, €1.8 million (2014: €1.8 million) ó Oweninny Power Limited, €44.8 milliún (2014: €nialas) ó Tilbury Green Power Holdings Limited agus €nialas (2014: €0.9 million) ó Emerald Bridge Fibres Limited. Níor cuireadh caipiteal ar bith ar aghaidh le linn na bliana chuig SIRO Limited.

B'ionann an t-ús ar iasachtaí a bhí infhála ó Emerald Bridge Fibres Limited agus €0.4 milliún le haghaidh 2015 (2014: €0.3 million) agus €0.4 milliún ó Oweninny Power Limited (2014: €nialas).

Tá tiomantas tugtha ag an ESB maoiniú caipitil a sholáthar do SIRO Limited arb ionann é agus €85.0 milliún sna chéad chúig bliana eile.

| **Príomhchúiteamh bainistíochta** | 2015 € '000 | 2014 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | **2,506** | 2,409 |
| Sochair iarfhostaíochta | **359** | 318 |
| Sochair fhoirceanta | - | 387 |
| | **2,865** | 3,114 |

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leis seo luach saothair na gComhaltaí Boird agus an fhoireann feidhmiúcháin.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 29. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Bíonn gá le líon suntasach boinn tuisceana agus meastachán breithiúnach a dhéanamh nuair a bhíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar na speansais a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar chúinsí eile lena n-áirítear meastacháin maidir leis an todhchaí a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú leanúnach.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athraitheas maidir le boinn tuisceana nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha suntasach a imirt ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta dóibh:

(a) Ní mór breithiúnas a fheidhmiú i gcás cuntasaíocht a dhéanamh ar dhliteanas pinsin an ESB. Tá an Bord sásta go dtabharfaidh an ionramháil chuntasaíochta chuí, arna dearbhú de réir IAS 19 Sochair Fostaí, aitheantas dá oibleagáidí tiomanta reatha, mar atá leagtha amach sa nóta leis na ráitis airgeadais.

(b) Baineann an luach in úsáid, de réir IAS 36 Bearnú Sócmhainní, le cáilmheas, mar a chuirtear síos air i nóta 12.

(c) An luach in úsáid, de réir IAS 36 Bearnú Sócmhainní, i ndáil le sócmhainní fadsaolacha mar a mhínítear thíos.

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach in úsáid bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena nginiúint as an tsócmhainn agus tá sé bunaithe ar athbhreithniú mionsonraithe déanta ar an nginiúint cumhachta atá tuartha agus ar phraghsanna tuartha do chumhacht, ghás, charbón agus d'acmhainn (más infheidhme) agus ar thráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha luach ama an airgid agus na riosca a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn. Teastaíonn breithiúnas i gcomhair mheastachán na n-ioncam réamh-mheasta agus uainíocht an chaiteachais agus braitheann sé ar na fachtóirí eacnamaíocha a bhaineann leis na sócmhainní sin.

(d) Mar a thuairiscítear i nóta 26 alt (h), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fachtóirí agus boinn tuisceana nach bhfuil, de riachtanas, bunaithe ar ionchur inbhraite. Rinneadh iad sin a rangú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 3, faoi réir bhrí IFRS 13 Tomhas Luacha Chóir. Sa bhliain 2010, fuair an Grúpa, mar chuid d'éadáil NIE Networks, babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha a bhfuil fad tréimhse níos mó ná 20 bliain acu, a cuireadh le punann reatha an Ghrúpa d'ionstraimí airgeadais leibhéal 3.

(e) Costais a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun soláthairtí reatha agus dliteanais a bhaineann le fostaithe a réiteach, amhail costais um stáisiúin chumhachta a dhúnadh agus oibleagáidí téarfa dheonaigh. Léirítear na dliteanais sin i nótaí 21, 22 agus 25.

(f) Tomhas ar roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana a dteastaíonn ardleibhéal meastacháin agus breithiúnais ina leith, lena n-áirítear ioncam leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltais trádála agus infháltais eile a ríomh, luacháil stoic bhreosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolréanna úsáideacha na sócmhainní neamhreatha agus fabhruithe maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill chomh maith. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

(g) Soláthraíonn an ESB seirbhísí do thart ar 1.5 billiún duine aonair agus gnó, ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Tá sé ar an eolas nach n-íocfar fiacha áirithe atá dlite leis an ESB trí mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin, bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiach nach mbailítear, de réir mar a mheastar, a dhearbhú. Áirítear fachtóirí amhail staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna áirithe tionscail ar na meastacháin sin (féach nóta 15).

(h) Le teacht ar nochtadh eile, féach ar nóta 27 le tuilleadh eolais a fháil ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais i ndáil le héilimh leanúnach dhlíthiúla.

## 30. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Rinne an ESB ESB ESOP Trustee Limited a chorprú le linn 2001, le hinfheistíocht €1, mar iontaobhaí le hAontaobhas Úinéireachta Fostaithe an ESB (ESOT) agus le Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa an ESB (APSS). Faoi théarmaí chruthú ESB ESOP Trustee Limited, níl sé de chumas nó de cheart an ESB smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní nó ar bhainistíocht na Cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gCuideachta iontaobhais, agus tá ceathrar stiúrthóirí uirthi thar ceann fostaithe an ESB agus beirt stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin tá diansrianta ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú chearta an ESB i leith shócmhainní agus bhainistíocht na Cuideachta. De réir IAS 27 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leithligh, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa an ESB. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015, chuaigh an ESB i gcomhaontas lena dtabharfar tacaíocht do cheannach stoic chaipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Mar cuid den chomhaontú sin, thug an ESB tiomantas cómhaoiniú a chur ar fáil i ndáil leis na ceannacháin arna ndéanamh ag Iontaobhais ESOP, ar luach suas le €25 milliún. Ní thosóidh an ESB ar an stoc caipitil a thógáil go dtí 2017. Aithníodh soláthar athcheannaigh ESOP de €12.1 milliún sna ráitis airgeadais 2015 maidir le hathcheannach stoic chaipitil ag an Iontaobhas ESOP.

Féach ar nóta 17 le tuilleadh sonraí a fháil.

## 31. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 24 Feabhra 2016.



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 32. FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| ESB Energy International Ltd. | 1 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Ltd. | 1 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 1 | 100 | Infheistíochtaí idirnáisiúnta |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 1 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Networks Ltd. | 8 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 5 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Finance Ltd. | 2 | 100 | Maoiniú |
| ESB Electric Ireland Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| **Fochuideachta neamhdhíreach** | | | |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI Contracting Ltd. | 1 | 100 | Conrú |
| ESBI Consultants Ltd. | 1 | 100 | Comhairleacht |
| ESBI Computing Ltd. | 1 | 100 | Seirbhísí ríomhaireachta |
| Elfinance Ltd. | 1 | 100 | Creidmheas custaiméirí |
| ESB Independent Energy Ltd. | 1 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Energy NI Ltd. | 1 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 1 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Gort Windfarms Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockahenny Wind Farm Ltd. | 1 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Utility O&M Services Ltd. | 14 | 100 | Oibriú & seirbhísí cothabhála |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Telecoms Ltd. | 1 | 100 | Teileachumarsáid |
| Electricity Supply Board Services B.V. | 12 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Ltd. | 10 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESBII UK Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Giniúint Cumhachta Technology Snd. Bhd. | 21 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Facility Management UK Ltd. | 4 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| ESBI Georgia Ltd. | 15 | 100 | Bainistíocht tarchuir |
| Marchwood Power Development Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Knottingly Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountainlodge Power Ltd. | 1 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| Tullynahaw Power Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Woodhouse Wind Farm Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Trading Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kobai Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Orliven Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Cappawhite Wind Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Waterfern Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Wind Development Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) 2 Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**32. FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| Devon Wind Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Solar (NI) Ltd. | 5 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairliúcháin um ghnó agus bainistíocht |
| Crockdun Windfarm (NI) Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESBI Eng & FM (Botswana) (Proprietary) Ltd. | 11 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairliúcháin um ghnó agus bainistíocht |
| Airstream Wind Energy Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 6 | 100 | Tarchur agus dáileadh cumhachta |
| Sillahertane Energy Project Two Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| NIE Network Services Ltd. | 6 | 100 | Conraitheoireacht bonneagair |
| Synergen Power Ltd. | 16 | 100 | Giniúint cumhachta |
| ESB Novus Modus GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Wythegill) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Mossmorran) Ltd. | 17 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Potato Pot) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hafod-Y-Dafal) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Agney Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Rawcliffe Bridge) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (New Rides Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Junction 2A) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Biglis Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Muircleugh) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Scottow) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Airfield) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Blakemore) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Car Ban Wind Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Church House Farm) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Grimoldby) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hartwood Hill) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Kinegar) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Lancarr) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Middle Balbeggie) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Plas Bodewryd) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (RGM) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Roseland) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts 2) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Washpit Drove) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (West Scales) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Wilton) Ltd. | 7 | 90 | Giniúint cumhachta |
| ESB 1927 Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 1 | 100 | Laghdú astaíochtaí carbóin |
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 1 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| Carrington Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| Capital Pensions Management Ltd. | 6 | 100 | Riarachán scéim pinsean |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| EC02 Cambrian Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mount Eagle Wind Farm Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | 1 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corby Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |



# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**32. FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR AGUS GNÓLACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)**

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| NIE Finance PLC | 6 | 100 | Maoiniú |
| ESB Services BV (Holland) | 12 | 100 | Oibriú agus cothabháil |
| Castlepook Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| **Gnóthais fochuideachta neamhrialaithe** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 18 | 100 | Scéim um scairsheilbh foirne |
| **Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| Oweninny Power Ltd. | 1 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Emerald Bridge Fibres Ltd. | 1 | 50 | Teileachumarsáid |
| UNES Operation and Maintenance Inc. | 19 | 50 | Oibriú & seirbhísí cothabhála |
| Kingspan ESB Ltd. | 2 | 50 | Gníomhaíochtaí comhairliúcháin um ghnó agus bainistíocht |
| SIRO Ltd. (Evolve Structuring Services Ltd roimhe sin) | 2 | 50 | Snáithín chuig an bhFoirgneamh |
| Raheenleagh Power Ltd. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd. | 4 | 47 | Giniúint cumhachta |
| **Gnólachtaí comhlachaithe** | | | |
| Pesaka Technologies | 20 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Rousch Pakistan Power | 13 | 7 | Giniúint cumhachta |
| Blarghour Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Glendye Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Turnalt Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Kirk Hill Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Lower Alt Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |

Is í príomháit ghnó an ESB 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

**Nótaí:**

1 Cúirt Stiofáin, 18-21 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
2 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
3 Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire, N17 1QT
4 Tricor Services Europe LLP, 4ú hurlár, 50 Mark Lane, Londain, EC3R 7QR
5 2 Electra Road, Maydown, Doire, BT47 6 UL
6 120 Malone Road, Béal Feirste, BT9 5HT
7 Palladium House, 1-4 Argyll Street, Londain, W1F 7TA
8 Teach Chlann Liam, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2
9 22 - 24 King Street, Maidenhead, SL6IEF
10 Shellingwood House, Westwood Way, Westwood Business Park, Coventry, CV48J2
11 Deloitte House, 1ú Urlár, Plot, 64518, Fairgrounds Office Park, Gaborne, an Bhotsuáin
12 22ú Urlár, Menara, EON Bank, Lala Raja Laut, 50350, Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
13 94 - W, 3ú Urlár, AAMIR Plaza, Jinnah Avenue, Blue Area, Islamabad, an Phacastáin
14 58 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2
15 39 Gamsakhurdia Ave, Suite 42, Tbilisi, an tSeoirsia
16 Ionad Cumhachta, Bóthar Theach Pigeon, an Rinn, Baile Átha Cliath 4
17 50 Lothian Road, Festival Square, Dún Éideann, Albain, EH3 9WJ
18 43 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
19 Nispetiye Cad Akmerkez E3, Blok K,13 Etiler/Besiktas, an Tuirc
20 Level 1, Menara Yavasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
21 10ú Urlár, Wisma Havela, Thakardos, No 1 Jalan Raja Laut, 50350 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia

# Tuarascáil na gComhaltaí Boird maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002)

**Réamhrá**
Bhí téarmaí íocaíochtaí le linn 2015 faoi réir dhá mhír reachtaíochta:
- An tAcht um Íoc Pras, 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002) chun dul i ngleic le híocaíocht déanach in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí arna soláthar don ESB ag soláthraithe atá bunaithe san AE.


**Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí íocaíochtaí caighdeánacha**
Tá beartas ag an ESB gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaíodh. Tá na téarmaí caighdeánacha a shonraítear san ordú ceannaigh caighdeánach glan in aghaidh na míosa. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i gceist sa chás gur aontaíodh conradh ar leith leis an soláthraí.

**Comhlíonadh na reachtaíochta**
Cloíonn an ESB le ceanglais na reachtaíochta i ndáil le híocaíochtaí soláthraithe seachtracha laistigh den AE ar gach bealach ábhartha.


**Nósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm**
Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí curtha i bhfeidhm lena n-áirítear róil agus dualgais atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

**Cód Iompair um Íocaíocht Phras**
In 2015 seoladh Cód Iompair um Íocaíocht Phras ag an Rialtas, atá ar fáil ar www.promptpayment.ie. Tá an ESB i measc na sínitheoirí leis an gcód seo agus tugann sé faoi soláthraithe a íoc go tráthúil, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh leis an gCód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**Sonraí maidir le híocaíochtaí úis don bhliain 2015**
Nuair a fhaigheann an ESB iarratas ó sholáthraí, is é beartas an ESB an t-ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha a íoc. Ní dhearnadh íocaíocht ar bith dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana 2015 (2014: €nialas).



**Ellvena Graham**
Cathaoirleach



**Pat O'Doherty**
Príomhfheidhmeannach

24 Feabhra, 2016



# GLUAIS

**1. An Clár 'Better Energy' (BER)**
Lainseáladh an clár seo faoi Thionscnamh Fostaíochta an Rialtais, 'Better Energy - The National Upgrade Programme' ar an 11 Bealtaine 2011. Is é an cuspóir atá leis méadú mór a sheachadadh san infheistíocht fuinnimh inbhuanaithe maidir le foirgnimh agus saoráidí atá ann a uasghrádú.

**2. Business in the Community (BIC)**
Oibríonn 'Business in the Community' leis na cuideachtaí is mó in Éirinn chun cabhrú leo a bhfreagracht shóisialta chorparáideach (CSR) agus a straitéisí inbhuanaitheachta a fhorbairt, a bhainistiú agus a thomhas.

**3. An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER)**
Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) comhlacht neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann.

**4. Conarthaí Difríochta (CFDanna)**
Is éard is conradh difríochta ann (CFD) conradh idir dhá pháirtí, ceannaitheoir agus díoltóir, ina ndéantar coinníoll de go n-íocfadh an ceannaitheoir an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach ag am an chonartha. Má tá an difríocht diúltach, íocfaidh an díoltóir leis an gceannaitheoir ansin.

**5. Caighdeán Domhanda an Chumainn Teagmhála Custaiméirí**
Is éard atá i gceist le Cumann Teagmhála Custaiméirí ná sraith príomhphrionsabal arna sainmhíniú agus arna gcomhaontú ag saineolaithe tionscail agus scairshealbhóirí, agus ar ceapadh iad chun cur le hiontaofacht agus le héifeachtúlacht na hoibríochta um theagmháil custaiméirí.

**6. Plean um Fheabhas na Seirbhíse do Chustaiméirí 2013 - 2016**
Tá an plean bunaithe ar aiseolas ó chustaiméirí agus déantar breac-chuntas ann ar dheich bpríomhréimse a ndíreofar aird na cuideachta orthu thar an tréimhse go dtí 2016 chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí.

**7. EBITDA**
Brabús oibriúcháin roimh ús, chánachas, dhímheas, bhearnúchán, amúchadh agus mhíreanna eisceachtúla.

**8. Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais (EMR)**
Beartas de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe is ea an t-Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais, chun infheistíocht i leictreachas slán, ísealcharbóin a spreagadh chomh maith le slándáil soláthar leictreachais na Breataine Móire agus a inacmhainneacht do thomhaltóirí a fheabhsú.

**9. Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúine.**
I mí na Samhna 2013, sheol an ESB an Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúine', infheistíocht um fhreagracht chorparáideach lena bhfeicfear os cionn € 2 mhilliún in aghaidh na bliana á íoc thar raon tionscnamh pobal-bhunaithe agus saincheisteanna-bhunaithe.

**10. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)**
Comhlacht poiblí neamhspleách is ea an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil arna bunú faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Tá sí ar an líne thosaigh maidir le cosaint agus póilíneacht an chomhshaoil.

**11. 4You Safety**
Is tionscnamh é an clár '4You Safety', ina ndírítear ar athrú iompraíochta, agus a bhfuil sé mar aidhm aige cur le cultúr sláinte agus sábháilteachta na heagraíochta agus tacú leis an bhfoireann scileanna neamhtheicniúla maidir le sábháilteacht a fhorbairt. Áirítear leis na huirlisí 4You atá ar fáil measúnuithe ar chultúr sábháilteachta, ceistneoirí maidir le hiompraíocht ceannasaíochta sábháilteachta, ceannasaíocht sábháilteachta agus cláir agus ceardlanna don fhórsa oibre, agus cóitseáil sábháilteachta '4You'.

**12. An Bhreatain Mhór (GB)**
Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain.

**13. Gigeavata (GW)**
Is éard is gigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 billiún vata.

**14. Uaireanta Gigeavata (GWh)**
Is éard is uaireanta gigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 billiún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**15. Bearnú**
Dearbhaítear muirear bearnúcháin nuair a sháraíonn méid tugtha anonn (luach leabhair) na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála.

**16. An Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM)**
Forbairt is ea an Spriocshamhail Eorpach seo a d'eascair as an Triú Pacáiste Fuinnimh agus is scáth-théarma é do liosta mionsonraithe de threoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE atá nua agus comhchoiteann, agus atá le cur i bhfeidhm chun margadh aonair leictreachais mórdhíola ar fud an AE a chumasú. Nuair a chuirfear i bhfeidhm na treoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE chomhchoiteanna seo ar fud an AE, beifear in ann leictreachas agus gás a thrádáil gan bhac ar fud an Aontais.

**17. Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha**
Sraith athruithe sa reachtaíocht comhshaoil is ea an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha atá ceaptha le hastaíochtaí ó phróisis táirgeachta tionsclaíocha a laghdú, ós cuid mhór den truailliú foriomlán na hEorpa iad.

**18. Comhchomhairle Comhionannais**
Comhchomhlacht is ea an Chomhchomhairle Comhionannais a baineadh as ionadaithe ó lucht bainistíocht an ESB agus ón nGrúpa ceardchumann chun comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn.

**19. Comhfhiontar**
Cuideachta nó aonán eile a rialaítear i gcomhar le páirtithe eile.

**20. Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL)**
Gás nádúrtha leachtaithe, leacht trédhearcach, gan dath, neamhthocsaineach a chruthaítear nuair a dhéantar gás nádúrtha a fhuarú go -162°C (-260°F).

**21. Díobhálacha Am Caillte (LTIanna)**
Gortú a bhaineann leis an obair atá ina údar d'asláithreacht ar feadh lá amháin nó níos mó, ag comhaireamh ón lá i ndiaidh an ghortuithe, sula bhfilleann an duine ar an ngnáthobair nó ar obair theoranta.

**22. Meigeavata (MW)**
Is éard is meigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 mhilliún vata.

**23. Uaireanta Meigeavata (MWh)**
Is éard is uaireanta meigeavata ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 mhilliún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**24. An Clár Náisiúnta um Méadrú Cliste**
Bhunaigh an CER agus é ag obair go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Clár Náisiúnta um Méadrú Cliste i ndeireadh 2007.

**25. Northern Ireland Environment Agency (NIEA)**
Gníomhaireacht fheidhmeannach de chuid na Roinne Comhshaoil is ea Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann a bhfuil an sprioc straitéiseach aici rath agus dea-bhail a chruthú trí bhainistíocht agus rialú éifeachtach ar chúrsaí comhshaoil agus oidhreachta.

**26. Costais gan lód**
Is costais gineadóra iad na costais gan lód atá neodrach do leibhéil aschuir

**27. Oibleagáid Thuaisceart Éireann maidir le hAthnuaiteáin (NIRO)**
Is í Oibleagáid Thuaisceart Éireann maidir le hAthnuaiteáin an príomhchóras tacaíochta chun méadú ar ghiniúint inathnuaite leictreachais a spreagadh i dTuaisceart Éireann.

**28. Ciste Novusmodus**
Is ciste caipitil fiontair é an Ciste Novusmodus, ina mbíonn caipiteal síl infheistithe i dteicneolaíochtaí éiritheacha.

# GLUAIS

**29. OHSAS 18001**
Is éard is OHSAS 18001 Deimhniú Bainistíochta Ceirde, Sláinte agus Sábháilteachta ann caighdeán idirnáisiúnta ina soláthraítear creat chun na rioscaí a bhaineann leis na tsláinte agus leis an tsábháilteacht i gcuideachtaí a shainaithint, a rialú agus a laghdú

**30. Ardán do thrádáil Thar an gCuntar**
Uirlisí airgeadais (conarthaí praghas leictreachais go sonrach) a chuireann ar chumas rannpháirtithe san SEM a riosca a laghdú (agus mar sin luaineacht an phraghas leictreachais dá gcustaiméirí) trí na táirgí sin a thrádáil go díreach ('thar an gcuntar') lena chéile, seachas trí idirghabhálaí nó trí mhalartán, ar mhaithe lena nochtadh d'athruithe i bpraghas mórdhíola leictreachais a fhálú.

**31. PAS 55**
Is éard is PAS 55 ann sonraíocht Institiúid Chaighdeán na Breataine (BSI) atá ar fáil go poiblí le haghaidh bainistíocht sócmhainní fisiciúla a bharrfheabhsú. Soláthraítear sainmhínithe soiléire agus sonraíocht riachtanas ann maidir le córas bainistíochta optamaithe lánsaoil do gach cineál sócmhainne fisiciúla a bhunú agus a fhíorú.

**32. Aip PowerCheck**
Soláthraíonn an aip PowerCheck faisnéis fhíor-ama do chustaiméirí maidir le cur isteach beartaithe agus neamhbheartaithe ar an soláthar cumhachta, lena n-áirítear na hamanna measta a thiocfaidh sé ar ais.

**33. Athbhreithniú Praghsanna 4 (PR4)**
Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus cuimsíonn an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna (PR4) an tréimhse 2016 go 2020 agus leagann sé amach na hioncaim iomlána rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin mar atá dearbhaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.

**34. Tréimhse Rialála 5 (RP5)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 5 (RP5) ná tréimhsí rialála a mhaireann ar feadh 5 bliana chun praghsanna a rialú le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2012 go dtí an 31 Márta 2017 mar atá dearbhaithe ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**35. Tréimhse Rialála (RP6)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 6 (RP6) ná tréimhsí rialála a mhaireann ar feadh 5 bliana chun praghsanna a rialú le linn na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 31 Márta 2024 mar atá dearbhaithe ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**36. Toradh ar Chaipiteal a Úsáideadh (ROCE)**
Léirítear leis an toradh ar chaipiteal a úsáideadh an toradh foriomlán ar chaipiteal arna dtabhairt ag fiachas agus cothromas araon.

**37. An Margadh Aonair Leictreachais (SEM)**
Is éard atá i gceist leis an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) margadh leictreachais mórdhíola atá linn-bhunaithe agus atá i bhfeidhm ó thuaidh agus ó dheas de theorainn na hÉireann.

**38. Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO)**
Tá SEM á oibriú ag SEMO, Comhfhiontar idir EirGrid agus SONI, oibreoirí an chórais tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.

**39. SIRO**
Comhfhiontar le Vodafone is ea SIRO a thabharfaidh seirbhís leathanbhanda ar luas 1 gigighiotán sa soicind (Gbps) do 500,000 custaiméir i gcaoga bailte ar fud na hÉireann trí úsáid a bhaint as an líonra dáileacháin atá ann.

**40. Eangach Chliste**
Gréasán nó Eangach tarchuir agus dáilte leictreachais aistrithe ina n-úsáidtear cumarsáid dhá bhealach, ardbhraiteoirí agus ríomhairí dáilte chun feabhas a chur ar éifeachtacht, iontaofacht agus sábháilteacht seachadadh agus úsáid cumhachta.

**41. Méadair Chliste**
Tá méadair chliste ar an gcéad ghlúin eile um méadar fuinnimh. Cuirfear iad sin in ionad na seanmhéadar leictreachais agus gáis a chuirfidh deireadh leis an ngá le cuairt a thabhairt ar an teach chun an méadar a léamh agus cuirfidh sé deireadh leis an ngá le meastacháin a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**42. Íoc Mar a Úsáidtear Níos Cliste**
Leis na táirgí Íoc Mar a Úsáidtear Níos Cliste cuirtear ar chumas úsáideoirí a n-úsáid leictreachais a rialú agus an úsáid a rianú le monatóir ionas go mbeadh siad ar an eolas i gcónaí maidir le cé mhéid airgid atá á chaitheamh acu ar leictreachas.

**43. Fótavoltach Gréine**
Is é seo an téarma a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun radaíocht na gréine a thiontú go díreach go leictreachas. Is í an ghrianchill bunús na teicneolaíochta, a bhfuil sraitheanna d'ábhar leathsheoltóra ann a ghineann sruth leictreach nuair a ionradaítear le fuinneamh na gréine í. Foinse fuinnimh ghlan, inathnuaite is ea fótavoltach gréine.

**44. Raon Spréiche**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an gháis a úsáidtear lena ghiniúint.

**45. Costais dúisithe**
Is iad na costais dúisithe na costais don ghineadóir más gá go gcastar air tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta.

**46. Cúlchiste Cothromaithe Forlíontach**
Tá an tseirbhís Cúlchiste Cothromaithe Forlíontach deartha leis an Eangach Náisiúnta a thacú i ndáil le cothromú an chórais sá chás neamhghnách nach mbeadh dóthain acmhainne sa mhargadh leis an éileamh a shásamh.

**47. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**
Bhunaigh Rialtas na hÉireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann faoin Acht Fhuinneamh Inmharthana 2002.

**48. An tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI)**
Cinntíonn an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann feidhmiú sábháilte, slán agus eacnamaíoch na heangaí leictreachais ardvoltais i dTuaisceart Éireann agus i gcomhoibriú le Eirgrid tá sé freagrach chomh maith as an margadh leictreachais mórdhíola uile-oileáin a reáchtáil.

**49. Praghas Imeallach Córais (SMP)**
An praghas mórdhíola ar leictreachas le haghaidh gach leath uair an chloig.

**50. Údarás Iomaíochta agus Margaí RA (CMA)**
Is rannóg Rialtais phoiblí neamhaireachta neamhspleách é Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe sa Ríocht Aontaithe (RA), chun iomaíocht a chur chun cinn chun tairbhe custaiméirí, laistigh agus lasmuigh den RA araon.

**51. An Ríocht Aontaithe (RA)**
Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann

**52. Rialtóir Fóntas (UR)**
An roinn Rialtais neamhaireachta neamhspleách a cuireadh a bun le rialú éifeachtach a chinntiú do na tionscail leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart na hÉireann.

**53. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach**
Tagraíonn an Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU) do láithreacht an ESB laistigh de, agus a úinéireacht ar, shócmhainní ar fud gach ceann de mhíreanna an tslabhra breisluacha leictreachais, lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.

Ceannoifig an ESB
27 Sráid Mhic Liam Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
DO2 KT92
Éire
T: +353 1 676 5831
R-phost: info@esb.ie
www.esb.ie
Twitter: @ESBGroup
LinkedIn: https://www.linkedin.com/company/esb
YouTube: https://www.youtube.com/user/ESBVideo

Tá an tuarascáil seo priontáilte ar
pháipéar atá FSC-dheimhnithe